

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
12 Iúil 2019



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2019/1154 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 1
- ★ Rialachán (AE) 2019/1155 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosáí (Cód Víosáí) 25
- ★ Rialachán (AE) 2019/1156 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfeistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 345/2013, (AE) Uimh. 346/2013 agus (AE) Uimh. 1286/2014 ⁽¹⁾ 55
- ★ Rialachán (AE) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlach a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta ⁽¹⁾ 67

TREORACHA

- ★ Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle 79
- ★ Treoir (AE) 2019/1159 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 2008/106/CE maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/45/EC maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit ⁽¹⁾ 94

⁽¹⁾ Tá ábharthacht ag an téacs seo maidir leis an LEE.

- ★ Treoir (AE) 2019/1160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE a mhéid a bhaineann le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfeistíochta ⁽¹⁾ 106
 - ★ Treoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 2009/33/CE a mhéid a bhaineann le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn ⁽¹⁾ 116
-

II *Gníomhartha neamhrechtacha*

COMHAONTUITHE IDIRINSTITIÚIDEACHA

- ★ **Ráiteas comhpháirteach** ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún 131

⁽¹⁾ Tá ábharthacht ag an téacs seo maidir leis an LEE.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

**RIALACHÁN (AE) 2019/1154 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 20 Meitheamh 2019**

maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is é cuspóir an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, a áirithiú go ndéanfar acmhainní bitheolaíoch a mairí a shaothrú ar bhealach lena gcruthófar dálaí inbhuanaithe eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta.
- (2) Is páirtí é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (“Coinbhinsiún ICCAT”).
- (3) Ag Cruinniú Bliantúil 2016 an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (“ICCAT”) in Vilamoura na Portaingéile, d’aithin Páirtithe Conarthacha ICCAT agus Páirtithe, Eintitis nó Eintitis Iascaireachta Comhoibrítheacha Neamhchonarthacha, (“CPCanna”) gur ghá aghaidh a thabhairt ar staid scáfar an cholgán (*Xiphias gladius*) sa Mheánmhuir (“colgán Meánmhuirí”), a bhfuil ró-iascaireacht á déanamh air le 30 bliain anuas. Chuige sin, lena n-áirítear chun cliseadh an stoic a sheachaint, agus tar éis dó anailís a dhéanamh ar chomhairle eolaíoch an Bhuanchoiste um Thaighde agus Staidreamh (SCRS), ghlac ICCAT Moladh 16-05 lena mbunaítear plean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán Meánmhuirí (“plean téarnaimh ICCAT”). I bhfianaise nach féidir na leibhéil bhithmhais lena bhféadfaí an uastáirgeacht inbhuanaithe (UTI) a bhaint amach sa ghearrthéarma le bitheolaíocht, struchtúr agus dinimic reatha an stoic colgán Meánmhuirí, fiú dá nglacfaí bearta bainistíochta práinneacha as cuimse amhail dúnadh iomlán an iascaigh, tá sé beartaithe tréimhse 2017-2031 a chumhdach le plean téarnaimh ICCAT. Tháinig Moladh ICCAT 16-05 i bhfeidhm an 12 Meitheamh 2017 agus tá sé ina cheangal ar an Aontas.

⁽¹⁾ IO C 440, 6.12.2018, lch. 174.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 6 Meitheamh 2019.

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

- (4) Chuir an tAontas in iúl do Rúnaíocht ICATT i litir i Nollaig 2016 go raibh bearta áirithe a leagtar síos i Moladh 16-05 ICCAT le teacht i bhfeidhm san Aontas in Eanáir 2017, go háirithe bearta i dtaca leis an tréimhse choiscithe atá socraithe ó 1 Eanáir go 31 Márta, agus i dtaca le leithdháileadh na gcuótaí le haghaidh iascaigh an cholgáin Mheánmhuirí. Ba cheart gach beart eile a leagtar síos i Moladh 16-05 ICCAT, mar aon le bearta eile atá curtha i bhfeidhm cheana, a bheith san áireamh sa phlean téarnaimh a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá seasamh an Aontais in eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh le bheith bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil chun a áirithiú go mbainisteofar acmhainní iascaigh i gcomhréir le cuspóirí CBI, go háirithe leis an gcuspóir maidir le stoic éisc a athbhunú nó a chothabháil os cionn leibhéil bhithmhaise atá in acmhainn an UTI a tháirgeadh, fiú más é 2031 an dáta faoinar gá an cuspóir sin a bhaint amach sa chás áirithe seo, agus leis an gcuspóir maidir le dálaí a chur ar fáil le haghaidh tionscal gabhála agus próiseála iascaireachta agus le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ar talamh atá inmharthana agus iomaíoch ó thaobh na heacnamaíochta de. Ag an am céanna, agus pointe (d) d'Airteagal 28 (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 á chur san áireamh, lena ndéantar foráil cothrom iomaíochta d'oibreoirí an Aontais *vis-à-vis* oibreoirí eile ó thrú tíortha a chur chun cinn.
- (6) Cuirtear san áireamh i bplean téarnaimh ICCAT sainiúlachtaí na gcineálacha éagsúla trealaimh iascaireachta agus teicnící iascaireachta. Le linn dó plean téarnaimh ICCAT a chur chun feidhme, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit féachaint leis an méid seo a leanas a chur chun cinn: gníomhaíochtaí iascaireachta cósta agus taighde ar threalamh agus teicnící iascaireachta atá roghnaitheach, sa chaoi go laghdaíonn siad foghabhála speiceas leochaileach, agus ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol, agus úsáid an trealaimh agus na dteicnící sin, lena n-áirítear trealaimh agus teicnící a úsáidtear in iascaigh thraidisiúnta agus mhionscála, rud a chuirfidh le caighdeán cóir maireachtála le haghaidh geilleagair áitiúla.
- (7) Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, bunaítear coincheap na n-íosmhéideanna tagartha caomhnaithe. D'fhonn an chomhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart coincheap íosmhéideanna ICCAT a chur chun feidhme i ndlí an Aontais mar íosmhéideanna tagartha caomhnaithe.
- (8) De bhun Moladh 16-05 ICCAT, ní mór na colgáin Mheánmhuirí a ghabhtar agus atá faoi bhun an íosmhéid tagartha chaomhnaithe a aiscur. Baineann an méid sin le gabhála colgán Meánmhuirí atá níos mó ná na teorainneacha foghabhála arna leagan síos ag na Ballstáit ina bpleananna iascaireachta bliantúla. Chun go mbeidh a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta faoi ICCAT á gcomhlíonadh ag an Aontas, foráiltear le hAirteagal 5a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 (*) do mhaoluithe ón oibleagáid gabhála colgán Meánmhuirí a thabhairt i dtír i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98, déantar forálacha áirithe de Mholadh 16-05 ICCAT a chur chun feidhme agus leis an Moladh sin leagtar síos an oibleagáid colgáin Mheánmhuirí soithí a théann thar a gcuóta leithdháilte nó a n-uasmhéid foghabhála ceadaithe a aiscur. Áirítear soithí a bhíonn i mbun iascaireacht áineasa i raon feidhme an Rialacháin Tarmligthe sin.
- (9) I bhfianaise go gcuirfear Moladh 16-05 ICCAT chun feidhme leis an bplean téarnaimh a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart na forálacha Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) a bhaineann leis an gcolgán Meánmhuirí i a scriosadh.
- (10) Roimhe seo tháinig fás rábach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta le sruthliona i dtaca le hiarracht iascaireachta agus le heaspa roghnaíochta leordhóthanaí. Ba bhaol tromchúiseach don spriocspeiceas é an fás neamhrialaithe a tháinig ar na gníomhaíochtaí sin agus, le Rialachán (CE) Uimh. 1239/98 ón gComhairle (°), cuireadh toirmeasc ar iad a úsáid chun éisc mhór-imirceacha, lena n-áirítear colgán, a ghabháil.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, amháil dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Tuinníní Atlantacha agus faoin gCoinbhinsiún um Chomhar Iltaobhach sa Tódhchaf in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 16, 23.1.2015, lch. 23).

(**) Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choibhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).

(°) Rialachán (CE) Uimh. 1239/98 ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 894/97 lena leagtar síos bearta teicniúla áirithe chun acmhainní iascaigh a chaomhnú (IO L 171, 17.6.1998, lch. 1).

- (11) Chun comhlíonadh CBI a áirithiú, glacadh reachtaíocht de chuid an Aontais chun córas rialaithe, cigireachta agus forfheidhmithe a bhunú, ina n-áirítear an comhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN). Go háirithe, le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ⁽⁷⁾, bunaítear córas rialaithe, cigireachta agus forfheidhmithe de chuid an Aontais ag a bhfuil cur chuige cuimsitheach agus comhtháite chun comhlíonadh rialacha uile CBI a áirithiú. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾, leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle ⁽⁹⁾, bunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú. Áirítear sna Rialacháin sin cheana féin forálacha lena gcumhdaítear roinnt beart a leagtar síos i Moladh 16-05 ICCAT. Dá bhrí sin, ní gá na forálacha sin a áireamh sa Rialachán seo.
- (12) Sna socruithe maidir le cairtfhostú soithí iascaireachta, is minic a bhíonn an caidreamh idir an t-úinéir, an cairtfhostóir agus an Stát brataí doiléir. Déanann roinnt oibreoirí a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí NNN na rialuithe a sheachaint trí mhí-úsáid a bhaint as na socruithe sin. Cuirtear toirmeasc ar an gcairtfhostú le Rialachán (AE) 2016/1627 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ maidir le hiascaigh tuinnín goirm. Mar bheart coiscitheach chun stoc atá ag téarnamh a chosaint agus ar mhaithe le comhsheasmhacht le dlí an Aontais, is iomchuí toirmeasc comhchosúil a ghlacadh sa phlean téarnaimh a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (13) Faoi reachtaíocht an Aontais, ba cheart moltaí ICCAT a chur chun feidhme d'fhonn iascairí an Aontais agus iascairí tríú tír a chur ar comhchéim agus chun a áirithiú gur féidir le gach duine glacadh leis na rialacha.
- (14) Chun moltaí ICCAT amach anseo lena leasófar nó lena bhforlíonfar plean téarnaimh ICCAT a chur chun feidhme go pras i ndlí an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmlígean chuig an gCoimisiún maidir leis na hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, agus forálacha áirithe den Rialachán seo maidir le sprioc-amanna le haghaidh tuairisciú faisnéise, tréimhsí ama le haghaidh coiscithe, íosmhéid tagartha caomhnaithe, leibhéil lamháiltais gabhálacha teagmhasacha uile agus foghabhálacha, saintréithe teicniúla trealaimh iascaireachta, céatadán ghlacadh an chuóta chun críche an Coimisiúin a chur ar an eolas, mar aon le faisnéis maidir le soithí iascaireachta a chur ar fáil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽¹¹⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (15) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca leis an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo a chuir na Ballstáit isteach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾.
- (16) Ba cheart na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bheith gan dochar do mholtaí ICCAT a chur chun feidhme i ndlí an Aontais amach anseo tríd an ngnáthnós imeachta reachtach.

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d'fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

⁽⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú a chur chun feidhme (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2016/1627 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín goirm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 ón gComhairle (IO L 252, 16.9.2016, lch. 1).

⁽¹¹⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (17) Faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle ⁽¹³⁾, is 3 500 duán an líon uasta duán is ceadmhach do shoithí atá ag díriú ar cholgáin a chur nó a thógáil ar bord, agus faoi Mholadh 16-05 ICCAT is 2 500 duán an líon uasta duán is ceadmhach. D'fhonn an moladh sin a chur chun feidhme go hiomchúí i ndlí an Aontais, is gá Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 a leasú dá réir.
- (18) Le Roinn 2 de Chaibidil III de Rialachán (AE) 2017/2107, leagtar síos bearta teicniúla agus rialaithe áirithe a mhéid a bhaineann leis an gcolgán Meánmhuirí. Tá na bearta a leagtar síos i Moladh 16-05 ICCAT, agus a chuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais leis an Rialachán seo, níos sriantaí agus níos beaichte ionas gur féidir leis na stoic téarnamh. Dá bhrí sin, ba cheart Roinn 2 de Chaibidil III de Rialachán (AE) 2017/2107 a scriosadh agus ba cheart na bearta ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo a chur ina háit,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha ginearálta maidir leis an bplean téarnaimh ilbhliantúil don cholgán (*Xiphias gladius*) sa Mheánmhuir (“colgán Meánmhuirí”) a bheith á chur chun feidhme ag an Aontas arna ghlacadh ag ICCAT, ag tosú ó 2017 agus ag leanúint ar aghaidh go dtí 2031.

Airteagal 2

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais, agus soithí de chuid an Aontais a bhíonn i mbun iascaigh áineasa:
- (i) a ghabhann colgáin Mheánmhuirí; nó
- (ii) a dhéanann colgáin a thrasloingsiú nó a iompar ar bord, lena n-áirítear lasmuigh de limistéar Choinbhinsiún ICCAT;
- (b) soithí iascaireachta tríú tír agus soithí tríú tír a bhíonn i mbun iascaigh áineasa agus a oibríonn in uiscí an Aontais agus a ghabhann colgáin Mheánmhuirí;
- (c) soithí tríú tír a ndéantar cigireacht orthu i gcalafoirt na mBallstát agus a mbíonn ar bord acu colgáin Mheánmhuirí, nó táirgí iascaigh de thionscnamh colgán Meánmhuirí agus nár tugadh i dtír cheana nó nár trasloingsíodh i gcalafoirt cheana.

Airteagal 3

Cuspóir

De mhaolú ar Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, is é is cuspóir don Rialachán seo bithmhais colgán Meánmhuirí a bhaint amach a fhreagraíonn don UTI faoi 2031, agus dóchúlacht de 60 % ar a laghad ann go mbainfear an cuspóir sin amach.

Airteagal 4

Gaol le dlíthe eile de chuid an Aontais

Tá feidhm ag Rialachán seo agus ag na Rialacháin seo a leanas, nó de mhaolú ar na Rialacháin sin, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh leo:

- (a) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
- (b) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾;
- (c) Rialachán (AE) 2017/2107.

⁽¹³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11).

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistíú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

*Airteagal 5***Sainmhínte**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “soitheach iascaireachta” soitheach ar bith atá feistithe le haghaidh saothrú tráchtála a dhéanamh ar acmhainní bitheolaíocha muirí;
- (2) ciallaíonn “soitheach iascaireachta de chuid an Aontais” soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain air agus atá cláraithe san Aontas;
- (3) ciallaíonn “limistéar Choinbhinsiún ICCAT” uiscí uile an Aigéin Atlantaigh agus na farraigí máguaird;
- (4) ciallaíonn “an Mheánmhuir” uiscí farraige na Meánmhara soir ó líne 5°36' I;
- (5) ciallaíonn “CPCanna” páirtithe conarthacha i gCoinbhinsiún ICCAT agus Páirtithe, Eintitis nó Eintitis Iascaireachta Chomhoibrítheacha Neamhchonarthacha;
- (6) ciallaíonn “údarú iascaireachta” údarú arna eisiúint i leith soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a thugann teidlíocht dó gníomhaíochtaí iascaireachta sonracha a dhéanamh le linn tréimhse shonraithe, i limistéar ar leith nó le haghaidh iascach ar leith ar choinníollacha sonracha;
- (7) ciallaíonn “deis iascaireachta” teidlíocht dhlíthiúil chainníochtaithe iascaireachta, arna sloinneadh i dtéarmaí gabhálacha nó iarracht iascaireachta;
- (8) ciallaíonn “stoc” acmhainn bhítheolaíoch farraige ar ann di i limistéar bainistíochta ar leith;
- (9) ciallaíonn “táirgí iascaigh” orgánaigh uisceacha a eascraíonn as gníomhaíocht iascaireachta ar bith, nó as táirgí a fhaightear uathu sin;
- (10) ciallaíonn “ábhair mhuirí aiscurtha” gabhálacha a chuirtear ar ais san fharraige;
- (11) ciallaíonn “iascaigh áineasa” gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála lena saothraítear acmhainní bitheolaíocha farraige chun críocha áineasa, turasóireachta nó spóirt;
- (12) ciallaíonn “sonraí an chórais um fhaireachán soithí” sonraí maidir le céannacht soithigh iascaireachta, suíomh geografach, dáta, am, cúrsa agus luas a tharchuirtear, le gléasanna rianaithe satailíte suiteáilte ar bord soithí iascaireachta, chuig an ionad faireacháin iascaigh sa Bhallstát brataí;
- (13) ciallaíonn “tabhairt i dtír” aon chainníocht táirgí iascaigh atá ar bord soithigh iascaireachta a dhíluchtú ar tír den chéad uair;
- (14) ciallaíonn “trasloingsiú” na táirgí iascaigh go léir nó aon chuid díobh atá ar bord soithigh a dhíluchtú chuig soitheach eile;
- (15) ciallaíonn “cairtfhostú” socrú lena ndéanann oibreoir i mBallstát eile nó i dtríú tír Conradh i leith soitheach iascaireachta atá faoi bhratach Ballstáit ar feadh tréimhse áirithe ama gan an bhratach a athrú;
- (16) ciallaíonn “spiléir” trealamh iascaireachta atá déanta de phríomhdhorú ar a bhfuil cuid mhaith duán ar fhodhoruithe (snúdaí) a bhfuil a bhfad agus a spásáil ag brath ar an speiceas a bhfuiltear ag díriú air;
- (17) ciallaíonn “duán” píosa de shreang cruach agus é lúbtha faobhraithe;
- (18) ciallaíonn “slat agus ruaim” dorú ar shlat a n-úsáideann duánaithe í agus a chastar ar fhearas rothlaithe (roithleán) chun an ruaim a chasadh.

TEIDEAL II

BEARTA BAINISTÍOCHTA, BEARTA CAOMHNAITHE TEICNIÚLA AGUS BEARTA RIALAITHE

CAIBIDIL 1

Bearta bainistíochta*Airteagal 6***Iarracht Iascaireachta**

1. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh iarrachtaí iascaireachta soithí iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain acu i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh an cholgáin Mheánmhuirí atá ar fáil don Bhallstát sin.
2. Beidh toirmeasc ar aon chuóta le haghaidh an cholgáin Mheánmhuirí nár baineadh feidhm as a thabhairt anonn.

*Airteagal 7***Leithdháileadh deiseanna iascaireachta**

1. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nuair a bheidh na deiseanna iascaireachta a bheidh ar fáil dóibh á leithroinnt acu, úsáidfidh na Ballstáit critéir thrédhearcacha oibiachtúla, lena n-áirítear critéir de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha, agus féachfaidh siad freisin le cuótaí náisiúnta a dháileadh go cothrom ar chodanna éagsúla na gcabhlach agus aird á tabhairt ar iascaigh thraidisiúnta agus mhionscála, agus le dreasachtaí a sholáthar do shoithí iascaireachta an Aontais a mbeidh trealamh roghnaitheach iascaireachta á úsáid acu nó a mbeidh teicnící iascaireachta á n-úsáid acu a bhfuil a dtionchar ar an gcomhshaoil laghdaithe.
2. Déanfaidh gach Ballstát foráil maidir le foghabháil colgán laistigh dá chuóta colgán Meánmhuirí agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin nuair a chuirfidh sé a phlean iascaireachta bliantiúil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 9. Áiritheofar leis an bhforáil sin go ndéanfar gach colgán Meánmhuirí marbh a asbhaint ón gcúota.
3. Féachfaidh na Ballstáit le haon mhéadú ar dheiseanna iascaireachta a thiocfaidh as cur chun feidhme rathúil an Rialacháin seo a leithdháileadh ar shoithí iascaireachta nach raibh aon chuóta colgán Meánmhuirí leithdháilte orthu roimhe seo agus a chomhlíonann na critéir maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

*Airteagal 8***Teorainneacha toillte**

1. Beidh feidhm ag teorainn toillte de réir chineál trealamh iascaireachta na soithí iascaireachta ar feadh thréimhse an phlean téarnaimh a leagtar amach sa Rialachán seo. Cuirfidh na Ballstáit teorainn de réir chineál trealamh iascaireachta le líon na soitheach iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe colgáin Mheánmhuirí a ghabháil chuig meánlíon bliantiúil na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a rinne colgáin Mheánmhuirí a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír le linn na tréimhse ó 2013 go 2016.
2. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh úsáid a bhaint as líon na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a rinne colgáin Mheánmhuirí a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír in 2016, chun an teorainn toillte a ríomh, más rud é go bhfuil an líon sin níos ísle ná meánlíon na soitheach le linn thréimhse 2013-2016. Beidh feidhm ag an teorainn toillte sin maidir le soithí iascaireachta de réir an chineáil trealamh.
3. Féadfaidh na Ballstáit lamháltas de 5 % a chur i bhfeidhm ar an teorainn toillte dá dtagraítear i mír 1 ar feadh na mblianta 2018 agus 2019.
4. Faoin 1 Márta gach bliain, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na bearta a ghlacfar chun teorainn a chur le líon na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe colgáin Mheánmhuirí a ghabháil. Beidh an fhaisnéis sin san áireamh i dtarchur na bpleananna iascaireachta bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 9.

*Airteagal 9***Pleananna iascaireachta bliantúla**

1. Cuirfidh na Ballstáit a bpleananna iascaireachta bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Márta gach bliain. Déanfar na pleananna iascaireachta bliantúla sin a chur isteach san fhormaid mar a leagtar amach sna Treoirínte ICCAT maidir le sonraí agus faisnéis a chur isteach, agus áireofar sna pleananna sin faisnéis mhionsonraithe i dtaca leis an gcúota le haghaidh colgán Meánmhuirí a leithdháileadh, de réir cineál trealamh iascaireachta, an cuóta arna leithdháileadh ar iascaigh áineasa agus, i gcás inarb ábhartha, ar fhoghabháilacha san áireamh.
2. Cuirfidh an Coimisiún na pleananna bliantúla iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 le chéile agus déanfaidh sé iad a chomhtháthú i bplean iascaireachta de chuid an Aontais. Tarchuirfidh an Coimisiún an plean iascaireachta sin de chuid an Aontais chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 15 Márta gach bliain.

*CAIBIDIL 2***Bearta caomhnaithe teicniúla**

Roinn 1

Séasúir iascaireachta*Airteagal 10***Tréimhsí coiscithe**

1. Ní dhéanfar colgáin Mheánmhuirí a ghabháil (mar spriocspeiceas nó mar fhoghabháil), a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír le linn na tréimhse coiscithe. Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta gach bliain a bheidh an tréimhse coiscithe.

2. D'fhonn colgáin Mheánmhuirí a chosaint, cuirfear tréimhse choiscthe i bhfeidhm ar shoithí spiléir a bheidh ag díriú ar an tuinnín colgach sa Mheánmhuir (*Thunnus alalunga*) ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Samhain gach bliain.
3. Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar éifeachtacht na dtréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus, chun comhlíonadh an Airteagail seo a áirithiú agus cuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha ar fad maidir leis na rialuithe agus cigireachtaí iomchuí a rinneadh sa bhliain roimhe faoi bhráid an Choimisiúin ar a laghad dhá mhí agus 15 lá roimh chruinniú bliantúil ICCAT gach bliain. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT ar a laghad dhá mhí roimh chruinniú bliantúil ICCAT gach bliain.

Roinn 2

Íosmhéid tagartha caomhnaithe, gabháil de thaisme agus foghabháil

Airteagal 11

Íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh colgáin Mheánmhuirí

1. De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh toirmeasc ar cholgán Meánmhuirí a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a iompar, a stóráil, a dhíol nó a chur ar taispeántas nó a chur ar díol, lena n-áirítear i gcás iascaigh áineasa:
 - (a) gabhálacha agus foghabhálacha níos lú ná 100 cm ar fad ón ngiall íochtarach go gabhal an eireabaill (LJFL); nó
 - (b) gabhálacha agus foghabhálacha níos lú ná 11.4 kg beomhéachain, nó níos lú ná 10.2 kg meáchain i ndiaidh na geolbhaigh a bhaint agus an t-iasc a ghlanadh.
2. Ní féidir ach eiseamail iomlána colgán Meánmhuirí a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír nó a iompar tar éis teacht i dtír den chéad uair, is é sin le rá gan aon chuid sheachtrach de chorp an éisc a bheith bainte de nó gan aon eiseamal a bhfuil a gheolbhaithe bainte de agus atá glanta a bheith san áireamh.

Airteagal 12

Gabhálacha de thaisme colgán Meánmhuirí faoi bhun an íosmhéid tagartha chaomhnaithe

In ainneoin mhír Airteagal 11(1), féadfaidh soithí iascaireachta a bheidh ag déanamh iascaireacht ghníomhach colgán Meánmhuirí gabhálacha de thaisme colgán Meánmhuirí faoi bhun an íosmhéid tagartha chaomhnaithe a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a aistriú, a thabhairt i dtír, a iompar, a stóráil, a dhíol nó a chur ar taispeántas nó a chur ar díol, ar choinníoll nach rachaidh na gabhálacha sin thar 5 %, de réir meáchain nó líon na n-eiseamal, de ghabháil iomlán colgán Meánmhuirí na soithí iascaireachta lena mbaianeann.

Airteagal 13

Foghabhálacha

1. Ní rachaidh foghabhálacha colgán Meánmhuirí tráth ar bith tar éis oibríocht iascaireachta thar an teorainn foghabhála arna bunú ag na Ballstáit ina bpleananna iascaireachta bliantúla maidir leis an gabháil iomlán ar bord de réir mheáchain nó líon na n-eiseamal.
2. De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní dhéanfaidh soithí iascaireachta nach bhfuil ag díriú ar cholgáin Mheánmhuirí aon cholgán a choinneáil ar bord a rachaidh thar an teorainn foghabhála sin.
3. De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nuair a bheidh an cuóta do cholgáin Mheánmhuirí a leithdháiltear ar an mBallstát brataí ídithe, scaoilfear saor aon cholgán Meánmhuirí a gabhadh beo.
4. I gcás ina mbeidh an cuóta cholgáin Mheánmhuirí a leithdháiltear ar an mBallstát brataí ídithe, beidh toirmeasc ar cholgáin Mheánmhuirí mharbha a phróiseáil agus a thráchtáil agus déanfar gach gabháil a thaifeadh. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis maidir le cainníocht colgán Meánmhuirí marbh den sórt sin ar fáil ar bhonn bliantúil don Choimisiún a chuirfidh ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT í, i gcomhréir le hAirteagal 21.

Roinn 3

Saintréithe teicniúla an trealaimh iascaireachta*Airteagal 14***Saintréithe teicniúla an trealaimh iascaireachta**

1. Socrófar gur 2 500 duán an líon uasta duán is ceadmhach do shoithí iascaireachta atá ag díriú ar cholgáin Mheánmhuirí a chur nó a iompar ar bord.
2. De mhaolú ar mhír 1, ceadófar foireann 2 500 duán rigeáilte ionaid ar bord soithí iascaireachta le haghaidh turas níos faide ná dhá lá ar choinníoll go ndéanfar í a fháisceadh agus a stuáil go hiomchuí ar dheiceanna íochtair ionas nach bhféadfar í a úsáid go héasca.
3. Ní bheidh méid an duáin níos lú ná 7 cm ar airde.
4. Ní rachaidh fad na spiléar peiligeach thar 30 muirmhíle (55.56 km).

CAIBIDIL 3

Bearta rialaithe

Roinn 1

Taifead ar shoithí*Airteagal 15***Údaruithe iascaireachta**

1. Eiseoidh na Ballstáit údaruithe iascaireachta chuig soithí iascaireachta atá ag díriú ar cholgáin Mheánmhuirí agus a bhfuil a mbratach ar foluain acu, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/2403, go háirithe in Airteagal 20 agus Airteagal 21 de.
2. Ní cheadófar ach do shoithí de chuid an Aontais, a áirítear i dtaifead ICCAT ar shoithí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 16 agus Airteagal 17, colgáin Mheánmhuirí a áireamh mar sprioc, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a iompar nó a phróiseáil, gan dochar do na forálacha a leagtar síos maidir le foghabhálacha in Airteagal 13.
3. Déanfar soithí iascaireachta mórscaála atá údaraithe ag na Ballstáit a chlárú i dtaifead ICCAT ar shoithí atá 20 méadar nó níos mó ar fad san iomlán agus atá údaraithe chun oibriú i limistéar Choinbhinsiún ICCAT.

*Airteagal 16***Faisnéis maidir le soithí atá údaraithe colgáin Mheánmhuirí agus tuinníní colgacha Meánmhuirí a ghabháil sa bhliain reatha**

1. Gach bliain cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach agus san fhormáid a leagtar síos i dTreoir ICCAT maidir le sonraí agus faisnéis a chur isteach:
 - (a) faoin 1 Eanáir, an fhaisnéis maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe colgáin Mheánmhuirí a ghabháil, mar aon le soithí atá údaraithe colgáin Mheánmhuirí a ghabháil i gcomhthéacs iascaigh áineasa.
 - (b) faoin 1 Márta, an fhaisnéis maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe díriú ar thuinníní colgacha Mheánmhuirí.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) faoin 15 Eanáir gach bliain chuig Rúnaíocht ICCAT agus cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) faoin 15 Márta gach bliain chuig Rúnaíocht ICCAT.

Áireofar san fhaisnéis maidir leis na soithí iascaireachta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír den mhír seo ainm an tsoithigh agus a uimhir ar chlár chabhlaigh an Aontais (CFR) mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ⁽¹⁵⁾.

⁽¹⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (IO L 34, 9.2.2017, lch. 9).

2. Sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon mhodhnú a dhéanfar ar an bhfaisnéis maidir le soithí iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 30 lá ón modhnú sin. Déanfaidh an Coimisiún, laistigh de 45 lá tar éis dháta an mhodhnaithe, an fhaisnéis sin a tharchuir chuig Rúnaíocht ICCAT.
3. Sa bhreis ar aon fhaisnéis a tharchuirfear chuig Rúnaíocht ICCAT i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá, de bhun Airteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2017/2403, sonraí nuashonraithe na soithí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur gan mhoill chuig Rúnaíocht ICCAT.

Airteagal 17

Faisnéis maidir le soithí a údaraíodh díriú ar cholgáin Mheánmhuirí le harpúin nó spiléir pheiligeacha le linn na bliana roimhe

1. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach an fhaisnéis seo a leanas maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a údaraíodh iascaireacht spiléir pheiligigh nó iascaireacht harpúin a dhéanamh inar díriodh ar cholgáin Mheánmhuirí le linn na bliana roimhe sin:
 - (a) ainm an tsoithigh (i gcás nach bhfuil ainm air, an uimhir chláráithe gan inisealacha na tíre san áireamh);
 - (b) Uimhir chlár cabhlaigh an Aontais (CFR) mar a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218;
 - (c) uimhir thaifid ICCAT.
2. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 isteach san fhormáid a leagtar síos i dTreoirlínte ICCAT maidir le sonraí agus faisnéis a chur isteach.
3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 31 Iúil gach bliain.

Roinn 2

Faireachán agus faireachas

Airteagal 18

Córas um fhaireachán soithí

1. Chun críocha rialaithe, ní chuirfear isteach ar tharchur shonraí an chórais um fhaireachán soithí (VMS) ó shoithí iascaireachta atá údaraithe colgáin Mheánmhuirí a ghabhal fad agus atá na soithí sin i gcalafort.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh a n-ionaid faireacháin iascaigh na teachtaireachtaí ón gcóras um fhaireachán soithí a fuarthas ó na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus chuig comhlacht a ainmneoidh sé i bhfioram agus ag úsáid na formáide “fotha sonraí https”. Cuirfidh an Coimisiún na teachtaireachtaí sin ar aghaidh go leictreonach chuig Rúnaíocht ICCAT.
3. Áiritheoidh na Ballstáit:
 - (a) go ndéanfar teachtaireachtaí VMS ó shoithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain orthu a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún gach dhá uair ar a laghad;
 - (b) i gcás mífheidhm theicniúil ar an gcóras um fhaireachán soithí, go gcuirfear teachtaireachtaí malartacha, a fuarthas i gcomhréir le hAirteagal 25(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011, ó na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu ar aghaidh chuig an gCoimisiún laistigh de 24 uair an chloig i ndiaidh dá n-ionaid faireacháin iascaigh iad a fháil;
 - (c) go mbeidh uimhriú seicheamhach (le haitheantóir uathúil) ar gach teachtaireacht VMS a sheolfar ar aghaidh chuig an gCoimisiún chun dúbláil a sheachaint;
 - (d) go gcomhlíonfaidh teachtaireachtaí VMS a chuirtear ar aghaidh chuig an gCoimisiún Airteagal 24(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011.
4. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go ndéileálfar go rúnda leis na teachtaireachtaí VMS go léir a chuirfear ar fáil dá shoithí cigireachta agus go mbeidh siad teoranta d'oibrichtaí cigireachta ar muir.

Airteagal 19

Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a chairtfhostú

Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a chairtfhostú le haghaidh díriú ar cholgáin Mheánmhuirí.

*Airteagal 20***Clár breathnóirí eolaíoch náisiúnta le haghaidh soithí spiléir pheiligigh**

1. Cuirfidh gach Ballstát ag a bhfuil cuóta do cholgáin Mheánmhuirí clár breathnóirí eolaíoch náisiúnta chun feidhme le haghaidh soithí spiléir pheiligigh a bheidh ag díriú ar cholgáin Mheánmhuirí i gcomhréir leis an Airteagal seo. Leis an gclár breathnóirí náisiúnta, comhlíonfar na híosaighdeáin a leagtar síos in Iarscríbhinn I.
2. Áiritheoidh gach Ballstát lena mbaineann go n-implonófar breathnóirí eolaíoch náisiúnta ar 10 % ar a laghad de shoithí spiléir pheiligigh atá thar 15 mhéadar ar fad san iomlán agus a bheidh ag díriú ar cholgáin Mheánmhuirí. Déanfar an céatadán a thomhas de réir laethanta, líon na gcur nó, líon na soithí nó líon na dturas iascaireachta.
3. Déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann cur chuige le haghaidh faireachán eolaíoch a dhearadh agus a chur chun feidhme chun an fhaisnéis a bhailiú maidir le gníomhaíochtaí na soithí spiléir pheiligigh atá faoi bhun agus suas le 15 mhéadar ar fad san iomlán atá faoi bhratach an Bhallstáit sin. Déanfaidh gach Ballstát brataí mionsonraí maidir leis an gcur chuige sin le haghaidh faireachán eolaíoch a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina phlean bliantúil iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 9 faoi 2020.
4. Cuirfidh an Coimisiún mionsonraí maidir leis an gcur chuige le haghaidh faireachán eolaíoch dá dtagraítear i mír 3 faoi bhráid Bhuainchoiste ICCAT um Thaighde agus um Staidreamh (SCRS) láithreach le go ndéanfar meastóireacht orthu. Beidh aon chur chuige le haghaidh faireachán eolaíoch faoi réir fhorghnóirí Choimisiúin ICCAT ag cruinniú bliantúil ICCAT sula gcuirfear chun feidhme iad.
5. Déanfaidh na Ballstáit doiciméad aitheantais oifigiúil a eisiúint dá mbreathnóirí eolaíoch náisiúnta.
6. Chomh maith le cúraimí na mbreathnóirí eolaíoch a leagtar síos in Iarscríbhinn I, ceanglóidh na Ballstáit ar bhreathnóirí eolaíoch na sonraí seo a leanas maidir le colgáin Mheánmhuirí a mheasúnú agus a thuairisciú:
 - (a) líon aischur na n-eisemal a bhí faoi bhun an íosmhéid tagartha chaomhnaithe;
 - (b) méid agus aois aibíochta réigiún-sonrach;
 - (c) úsáid gnáthóige, chun comparáid a dhéanamh idir líon na gcolgán Meánmhuirí atá ar fáil do na hiascaigh éagsúla, lena n-áirítear comparáid idir spiléir thraidisiúnta agus iascaigh spiléir mhéisipheiligeacha;
 - (d) tionchar na n-iascach spiléir mhéisipheiligh ar chomhdhéanamh gabhála, sraith na gabhála in aghaidh an aonaid iarrachta agus méid-dáileadh na ngabhálacha; agus
 - (e) meastachán míosúil ar chion na n-iasc sceitheach agus na n-iasc óg inghafa sna gabhálacha.
7. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis a bailíodh faoina gclár breathnóirí eolaíoch náisiúnta ón mbliain roimhe chuig an gCoimisiún. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 31 Iúil gach bliain.

Roinn 3

Gabhálacha a rialú*Airteagal 21***Gabhálacha a thaifeadh agus a thuairisciú**

1. Coinneoidh an máistir ar gach soitheach atá údaraithe colgáin Mheánmhuirí a ghabháil logleabhar iascaireachta i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II agus cuirfidh sé faisnéis an logleabhair faoi bhráid an Bhallstáit brataí.
2. Gan dochar do na hoibleagáidí tuairiscithe ar na Ballstáit a bunaíodh i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, cuirfidh na Ballstáit tuarascálacha ráithiúla ar gach gabháil colgán Meánmhuirí a rinne soithí údaraithe a raibh a mbratach ar foluain acu chuig an gCoimisiún, mura rud é go gcuirfear an fhaisnéis sin go míosúil. Cuirfear na tuarascálacha ráithiúla sin, agus úsáid á baint as formáid na tuarascála maidir le sonraí comhiomlánaithe gabhála, agus 15 lá ar a dhéanaí tar éis dheireadh gach ráithe (eadhon faoin 15 Aibreán, faoin 15 Iúil agus faoin 15 Deireadh Fómhair gach bliain agus faoin 15 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin). Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 30 Aibreán, faoin 30 Iúil agus faoin 30 Deireadh Fómhair gach bliain agus faoin 30 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin.

3. Chomh maith leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas faoi shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhí údaraithe iascaireacht spiléir pheiligigh nó iascaireacht harpúin a dhéanamh inar díriodh ar cholgáin Mheánmhuirí le linn na bliana roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh gach bliain:

- (a) faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta de réir spriocspeicis agus limistéir, bunaithe ar shampláil nó ar an gcabhlach ar fad, lena n-áirítear:
 - (i) tréimhse nó tréimhsí iascaireachta agus líon iomlán bliantúil laethanta iascaireachta an tsoithigh;
 - (ii) limistéir gheografacha, de réir dhronuilleoga staitistiúla ICCAT, do na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann an soitheach;
 - (iii) cineál soithigh;
 - (iv) líon na nduán a úsáideann an soitheach;
 - (v) líon na n-aonad spiléir a úsáideann an soitheach;
 - (vi) fad iomlán na n-aonad spiléir don soitheach;
- (b) sonraí faoi na gabhálacha, sa tréimhse ama-limistéar is lú is féidir, lena n-áirítear:
 - (i) méid agus, más féidir, dáileadh aoise na ngabhálacha;
 - (ii) gabhálacha agus comhdhéanamh gabhála in aghaidh an tsoithigh;
 - (iii) iarracht iascaireachta (meánlíon laethanta iascaireachta in aghaidh an tsoithigh, meánlíon duán in aghaidh an tsoithigh, meánlíon aonad spiléir in aghaidh an tsoithigh, meánfhad iomlán spiléir in aghaidh an tsoithigh).

Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 31 Iúil gach bliain.

4. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, mír 2 agus mír 3 isteach san fhormaid a leagtar síos i dTreoirlínte ICCAT maidir le sonraí agus faisnéis a chur isteach.

Airteagal 22

Sonraí maidir leis na cuótaí a baineadh amach

1. Gan dochar d'Airteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas gan mhoill nuair a mheasfar gur baineadh amach 80 % den chuóta do cholgáin Mheánmhuirí a leithdháileadh ar chineál trealamh iascaireachta.
2. Nuair a bhainfidh gabhálacha carntha colgán Meánmhuirí 80 % den chuóta náisiúnta amach, cuirfidh na Ballstáit bhrataí sonraí maidir leis na gabhálacha ar aghaidh chuig an gCoimisiún ar bhonn seachtainiúil.

Roinn 4

Gabhálacha agus trasloingsiú

Airteagal 23

Calafóirt ainmnithe

1. Maidir le gabhálacha colgán Meánmhuirí, lena n-áirítear foghabhálacha agus colgáin Mheánmhuirí a ghabhtar i gcomhthéacs iascaigh áineasa gan aon chlib greamaithe ar gach eiseamal dá dtagraítear in Airteagal 30, ní thabharfar i dtír iad ach i gcalafóirt ainmnithe amháin.
2. Ainmneoidh gach Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 43(5) de Rialachán (CE) 1224/2009, calafóirt ina dtabharfar na gabhálacha agus an trasloingsiú sin de cholgáin Mheánmhuirí dá dtagraítear i mír 1 i dtír.
3. Faoin 15 Feabhra gach bliain, cuirfidh na Ballstáit liosta calafóirt ainmnithe faoi bhráid an Choimisiúin. Faoin 1 Márta gach bliain, cuirfidh an Coimisiún an liosta sin faoi bhráid Rúnaíocht ICCAT.

*Airteagal 24***Réamhfhógra**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais arb é 12 mhéadar nó níos mó fad na soithí sin san iomlán, a áirítear sa liosta soithí dá dtagraítear in Airteagal 16 den Rialachán seo. Cuirfear an réamhfhógra dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 chuig údarás inniúil an Bhallstáit nó CPC a bhfuil sé i gceist acu úsáid a bhaint as a chalafoirt nó as a shaoráidí maidir le tabhairt i dtír, agus chuig an mBallstát brataí, murab ionann é agus Ballstát an chalafoirt.
2. Cuirfidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais, ar lú ná 12 mhéadar fad na soithí sin san iomlán agus a áirítear ar an liosta soithí dá dtagraítear in Airteagal 16, an fhaisnéis seo a leanas in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit, lena n-áirítear an Ballstát brataí, nó don CPC ar mian leo úsáid a bhaint as a chalafoirt nó as a shaoráidí maidir le tabhairt i dtír, agus chuig an mBallstát brataí murab ionann é agus Ballstát an chalafoirt, ar a laghad ceithre huair an chloig roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach:
 - (a) an t-am a mheastar a bhainfear an calafort amach;
 - (b) meastachán ar an gcainníocht colgán Meánmhuirí arna coinneáil ar bord; agus
 - (c) faisnéis maidir leis an limistéar geografach inar tógadh an ghabháil.
3. Más giorra ná turas ceithre huair an chloig an turas idir na meánna agus an calafort, féadfar na meastúcháin ar na cainníochtaí de cholgán Meánmhuirí arna gcoinneáil ar bord a mhodhnú aon tráth roimh theacht chun calafoirt.
4. Coinneoidh údarás Bhallstáit an chalafoirt taifead ar gach réamhfhógra a thugtar sa bhliain reatha.

*Airteagal 25***Trasloingsiú**

1. Déanfar toirmeasc a chur i ngach cúinse ar thrasloingsiú ar muir ag soithí de chuid an Aontais a mbíonn colgáin Mheánmhuirí á n-iompar ar bord acu, nó ag soithí tríú tír in uisce an Aontais.
2. Gan dochar d'Airteagal 51, Airteagal 52 (2) agus (3) agus Airteagal 54 agus 57 de Rialachán (AE) 2017/2107, ní dhéanfaidh soithí colgáin Mheánmhuirí a thrasloingsiú ach i gcalafoirt ainmnithe amháin.

Roinn 5

Cigireachtaí*Airteagal 26***Pleananna cigireachta bliantúla**

1. Foinn 31 Eanáir gach bliain, cuirfidh na Ballstáit a bpleananna cigireachta bliantúla ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Cuirfear na pleananna cigireachta sin ar bun i gcomhréir leis an méid seo a leanas:
 - (a) na cuspóirí, na tosaíochtaí agus na nósanna imeachta chomh maith le tagarmharcanna le haghaidh gníomhaíochtaí cigireachta a leagadh amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1986 ón gCoimisiún ⁽¹⁶⁾; agus
 - (b) an clár gníomhaíochta náisiúnta um an gcolgán Meánmhuirí a rialú a bunaíodh faoi Airteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
2. Cuirfidh an Coimisiún na pleananna cigireachta náisiúnta le chéile agus déanfaidh sé iad a chomhtháthú i bplean cigireachta an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún an plean sin a thraschur chuig Rúnaíocht ICCAT, lena fhorhúiniú ag ICCAT, maille leis na pleananna iascaireachta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 9.

⁽¹⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1986 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2018 lena mbunaítear clár shonracha maidir le rialuithe agus cigireachtaí d'iascaigh áirithe agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2012/807/AE, 2013/328/AE, 2013/305/AE agus 2014/156/AE (IO L 317, 14.12.2018, lch. 29).

*Airteagal 27***Scéim ICCAT maidir le Comhchigireacht Idirnáisiúnta**

1. Déanfar gníomhaíochtaí comhchigireachta idirnáisiúnta i gcomhréir le Scéim ICCAT maidir le Comhchigireacht Idirnáisiúnta ("Scéim ICCAT") a leagtar amach in Iarscríbhinn III.
2. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil a soithí iascaireachta údaraithe colgáin Mheánmhuirí a ghabháil cigirí a shannadh agus déanfar cigireachtaí ar muir faoi Scéim ICCAT. Féadfaidh an Coimisiún nó comhlacht a ainmneoidh sé cigirí de chuid an Aontais a shannadh do Scéim ICCAT.
3. Más rud é, tráth ar bith, go bhfuil níos mó ná 50 soitheach iascaireachta atá faoi bhratach Ballstáit i mbun iascach colgán Meánmhuirí i limistéar Choinbhinsiún ICCAT, déanfaidh an Ballstát sin soitheach cigireachta a imscaradh chun críche cigireachta agus rialú ar muir sa Mheánmhuir ar feadh na tréimhse a bheidh na soithí sin ann. Measfar go mbeidh an oibleagáid sin comhlíonta freisin i gcás ina gcomhoibreoidh Ballstáit le chéile chun soitheach cigireachta a imscaradh nó i gcás ina ndéanfar soitheach cigireachta de chuid an Aontais a imscaradh sa Mheánmhuir.
4. Comhordóidh an Coimisiún, nó comhlacht a ainmneoidh sé, na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta don Aontas. Féadfaidh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit lena mbaineann, clár chomhchigireachta a tharraingt suas le cur ar chumas an Aontais a oibleagáid faoi scéim ICCAT a chomhlíonadh. Glacfaidh na Ballstáit a bhfuil a soithí iascaireachta i mbun iascaigh colgán Meánmhuirí na bearta is gá chun cur i bhfeidhm na gclár comhchigireachta sin a éascú, go háirithe maidir leis na hacmhainní daonna agus ábhair is gá agus maidir leis na tréimhsí a úsáidfear na hacmhainní sin agus na limistéir gheografacha ina bhfuil siad le himscaradh.
5. Faoin 1 Nollaig gach bliain, cuirfidh na Ballstáit ainmneacha na gcigirí agus na soithí cigireachta a bhfuil sé beartaithe acu iad a shannadh do scéim ICCAT le linn na bliana ina dhiaidh sin in iúl don Choimisiún. I gcomhar leis na Ballstáit, bainfidh an Coimisiún úsáid as an bhfaisnéis sin chun plean bliantúil maidir le rannpháirtíocht an Aontais i scéim ICCAT a tharraingt suas agus seolfaidh an Coimisiún an plean sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 1 Eanáir gach bliain.

*Airteagal 28***Cigireachtaí i gcás sárúithe**

Sa chás go sáróidh soitheach a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain aige forálacha an Rialacháin seo áiritheoidh an Ballstát sin go ndéanfar cigireacht fhisiciúil ar an soitheach sin faoina údarás ina chalafoirt nó, i gcás nach mbeidh an soitheach i gceann dá chalafoirt, go ndéanfaidh duine a bheidh ainmnithe ag an mBallstát sin é.

CAIBIDIL 4

Iascaigh áineasa*Airteagal 29***Bearta bainistíochta**

1. Déanfaidh gach Ballstát ina gceadaítear iascaigh áineasa le haghaidh colgáin Mheánmhuirí foráil maidir le cuóta le haghaidh iascaigh áineasa laistigh dá chuóta náisiúnta agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin nuair a chuirfidh sé a phlean iascaireachta bliantúil ar aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 9. Áiritheofar leis an bhforáil sin go ndéanfar gach colgán Meánmhuirí marbh a asbhaint ón gcuóta.
2. Na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcás na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a bhíonn i mbun iascaigh áineasa le haghaidh colgáin Mheánmhuirí, áiritheoidh siad go bhfuil na soithí sin san áireamh san fhaisnéis ar shoithí údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 30(2). Soithí nach bhfuil san áireamh san fhaisnéis sin, ní bheidh siad údaraithe colgáin Mheánmhuirí a iascach.
3. Beidh toirmeasc ar cholgáin Mheánmhuirí a ghabhfar in iascaigh áineasa a dhíol nó a mhargú ar dhóigh ar bith.
4. In ainneoin Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh toirmeasc ar níos mó ná aon cholgán amháin sa lá a ghabháil, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír i gcás iascaigh áineasa. Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann na bearta is gá chun a áirithiú, a mhéid is féidir, agus a éascú go scaoilfear saor cholgáin Mheánmhuirí a ghabhfar beo faoi chuimsiú iascaireachta áineasa, agus féadfaidh siad bearta níos sriantaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcosaint do cholgáin Mheánmhuirí.

*Airteagal 30***Bearta rialaithe**

1. Ní údarófar ach soithí “slat agus ruaim” colgáin Mheánmhuirí a ghabháil in iascaigh áineasa.
2. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis ar shoithí áineasa údaraithe a chuirfear chuig Rúnaíocht ICCAT i gcomhréir le pointe (a) d’Airteagal 16(1):
 - (a) ainm an tsoithigh (i gcás nach bhfuil ainm air, an uimhir chláraithe gan códlitreacha na tíre san áireamh);
 - (b) an t-ainm a bhí ar an soitheach, i gcás inarb ábhartha;
 - (c) fad iomlán an tsoithigh;
 - (d) ainm agus seoladh úinéir nó úinéirí an tsoithigh iascaireachta agus oibreoir nó oibreoirí an tsoithigh.
3. Déanfar sonraí na gabhála, lena n-áirítear fad (ón ngiall íochtarach go gabhal an eireabail) agus beomheáchan slánaithe gach colgáin Mheánmhuirí a ghabhfar, a choinneofar ar bord agus a thabharfar i dtír i gcomhthéacs iascaigh áineasa, a thairiscíú i gcomhréir le hAirteagal 21.
4. Aon cholgán Meánmhuirí a thugtar i dtír, beidh sé iomlán, nó beidh a gheolbhaigh bainte de, nó beidh sé glanta, agus sin i gcalafort ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 23, nó le clib greamaithe ar gach eiseamal. Beidh uimhir thírshonrach uathúil ar gach clib agus beidh na clibeanna crioscáildíonach.
5. Bunóidh na Ballstáit clár clibeála chun críocha an Rialacháin seo agus cuirfidh siad sonraíochtaí an chláir sin san áireamh sna pleananna iascaireachta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 9.
6. Ní údaróidh gach Ballstát na clibeanna sin a úsáid ach amháin chomh fada agus a bheidh líonta na ngabhálacha carntha laistigh den chuóta a leithdháileadh air.
7. Gach bliain cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar chur chun feidhme an chláir clibeála chuig an gCoimisiún, dhá mhí agus 15 lá ar a laghad roimh chruinniú bliantúil ICCAT. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ó na Ballstáit le chéile agus cuirfidh sé chuig Rúnaíocht ICCAT í dhá mhí ar a laghad roimh chruinniú bliantúil ICCAT.

TEIDEAL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA*Airteagal 31***Tuarascáil bhliantúil**

1. Faoin 15 Meán Fómhair gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil, le haghaidh na bliana féilire roimhe sin, ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, mar aon le haon fhaisnéis bhreise, de réir mar is iomchuí, faoi bhráid an Choimisiúin.
2. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil faisnéis maidir leis na céimeanna a glacadh chun foghabhálacha a mhaolú agus colgáin Mheánmhuirí aiscurtha atá faoi bhun an íosmhéid tagartha caomhnaithe a laghdú, agus maidir le haon taighde ábhartha sa réimse sin.
3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a gheofar de bhun mhír 1 agus mhír 2 le chéile agus cuirfidh sé ar aghaidh í chuig Rúnaíocht ICCAT faoin 15 Deireadh Fómhair gach bliain.
4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i ndáil le ceanglais mhionsonraithe maidir le formáid na tuarascála bliantúla dá dtagraítear san Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

*Airteagal 32***Athbhreithniú**

Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú an phlean téarnaimh a leagtar amach sa Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2025.

*Airteagal 33***Maoiniú**

Chun críocha Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾, measfar gur plean ilbhliantúil de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a bheidh sa phlean téarnaimh a leagtar amach sa Rialachán seo.

*Airteagal 34***An nós imeachta i gcomhair leasuithe**

1. I gcás inar gá d'fhonn moltaí ICCAT lena ndéanfaí plean téarnaimh ICCAT a leasú nó a fhorlíonadh agus a bheadh ceangailteach ar an Aontas, a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, agus a mhéid nach rachadh leasuithe ar dhlí an Aontais thar mholtaí ICCAT, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an méid seo a leanas a leasú:

- (a) spriocdhátaí chun faisnéis a thuairisciú mar a leagtar síos in Airteagal 9(1) agus (2), Airteagal 10(3), Airteagal 16(1) agus (3), Airteagal 17(1) agus (3), Airteagal 21(2) agus (3), Airteagal 22(2), Airteagal 23(3), Airteagal 26(1), Airteagal 27(5) agus Airteagal 31(1) agus (3);
- (b) tréimhsí coiscthe le haghaidh tréimhsí coiscthe dá bhforáiltear in Airteagal 10(1) agus (2);
- (c) an t-íosmhéid tagartha caomhnaithe a leagtar síos in Airteagal 11(1);
- (d) na leibhéil lamhátais dá dtagraítear in Airteagal 12 agus Airteagal 13;
- (e) saintréithe teicniúla an trealamh iascaireachta a leagtar síos in Airteagal 14(1) go (4);
- (f) céatadán ghlacadh an chuóta a leagtar síos in Airteagal 22(1) agus (2);
- (g) an fhaisnéis ar shoithí dá dtagraítear in Airteagal 16(1) agus (2), Airteagal 17(1), Airteagal 21(1), (2), (3) agus (4) agus Airteagal 30(2); agus
- (h) Iarscríbhinní I, II agus III.

2. Aon leasú a ghlacfar i gcomhréir le mír 1, beidh sé teoranta go docht do chur chun feidhme na leasuithe nó na bhforlíontaí ar mholtaí comhfhreagracha ICCAT i ndlí an Aontais.

*Airteagal 35***An tarmligeán a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 34 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amháil ón 15 Iúil 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfheid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 34 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

⁽¹⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmiligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmiligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 34 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 36

Nós imeachta coiste

1. Beidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 37

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2017/2107

I Rialachán (AE) 2017/2107, scriostar Airteagal 20 go hAirteagal 26.

Airteagal 38

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6(2):

“2. 2 500 duán le haghaidh soithí atá ag díriú ar cholgán (*Xiphias gladius*) nuair is ionann an speiceas seo agus ar a laghad 70 % de bheomheáchan na gabhála tar éis a shórtála;”.

Airteagal 39

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríd lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN I

ÍOSCHAIGHDEÁIN ICCAT MAIDIR LE CLÁIR BREATHNÓIRÍ EOLAÍOCHTA I DTACA LE SOITHÍ IASCAIREACHTA

Forálacha ginearálta

1. Is iad seo na híoschaighdeáin maidir le cláir breathnóirí eolaíochta i dtaca le soithí iascaireachta a leagtar síos i Moladh ICCAT 16-14.

Cáilíochtaí breathnóirí

2. Gan dochar d'aon oiliúint ná cáilíochtaí teicniúla a mholann SCRS, áiritheoidh CPCanna go mbeidh na híoscháilíochtaí seo a leanas ag a mbreathnóirí chun a ndualgais a chur i gcrích:
 - (a) eolas agus taithí leordhóthanach le bheith in ann speicis ICCAT agus cumraíochtaí éagsúla de threalamh iascaireachta a shainathint;
 - (b) a bheith in ann breathnú agus taifead cruinn a dhéanamh ar na bhfaisnéis atá le bailiú faoin gclár;
 - (c) a bheith in ann na dualgais a leagtar amach i mír 7 thíos a chomhlíonadh;
 - (d) a bheith in ann samplaí bitheolaíoch a bhailiú; agus
 - (e) íosmhéid oiliúna agus oiliúint leordhóthanach a bheith déanta acu maidir le sábháilteacht agus teacht slán ar an bhfarraige.
3. Lena chois sin, chun sláine a gcláir breathnóirí náisiúnta a áirithiú, áiritheoidh CPCanna an méid seo a leanas i dtaca leis na breathnóirí:
 - (a) nach baill de chriú an tsoithigh iascaireachta ar a mbeifear ag breathnú iad;
 - (b) nach fostaithe úinéir ná úinéir tairbhiúil an tsoithigh iascaireachta ar a mbeifear ag breathnú iad; agus
 - (c) nach mbeidh aon leas airgeadais ná tairbhiúil reatha acu san iascach ar a mbeifear ag breathnú.

Clúdach an bhreathnóra

4. Áiritheoidh gach CPC an méid seo a leanas i dtaca lena chlár breathnóirí intíre:
 - (a) íoschlúdach breathnóra de 5 % ar an iarracht iascaireachta a bheith i ngach ceann de na hiascaigh spiléir pheiligeacha agus mar a shainítear i ngluais ICCAT, sna hiascaigh ina ndéantar iascaireacht le báid bhaoite, le gaistí, le heangacha geolbhaigh agus le tráláir. Measfar an céatadán den chlúdach mar seo a leanas:
 - (i) i dtaca le hiascaigh spiléir pheiligeacha, de réir laethanta iascaireachta, líon na gcur, nó líon na dturas;
 - (ii) i dtaca le hiascaigh ina ndéantar iascaireacht le báid bhaoite agus le gaistí de réir laethanta iascaireachta;
 - (iii) i dtaca le hiascaigh ina ndéantar iascaireacht le heangacha geolbhaigh, de réir uaireanta iascaireachta nó laethanta iascaireachta; agus
 - (iv) i dtaca le hiascaigh ina ndéantar iascaireacht le tráláir, de réir gabhálacha iascaireachta nó laethanta iascaireachta;
 - (b) d'ainneoin phointe (a), maidir le soithí faoi bhun 15 mhéadar ar fhad ina n-iomláine, i gcás ina mbeidh inní úrghnách maidir le sábháilteacht ann a fhágann nach féidir breathnóir a imscaradh ar bord, féadfaidh CPC cur chuige malartach le haghaidh faireachán eolaíoch a úsáid lena mbaileofar sonraí atá coibhéiseach leis na sonraí sin a shonraítear i Moladh ICCAT 16-14 ar chaoi a áiritheoidh clúdach comparáideach. Sna cásanna sin, ní mór do CPC, ar mian leis úsáid a bhaint as cur chuige malartach, sonraí an chur chuige sin a thíolacadh chuig SCRS le go ndéanfar meastóireacht orthu. Comhairleoidh SCRS do ICCAT faoi chomh hoiriúnach agus a bheidh an cur chuige malartach chun na hoibleagáidí maidir le bailiú na sonraí a leagtar amach i Moladh ICCAT 16-14 a chomhlíonadh. Aon chuir chuige mhalartacha a chuirfear chun feidhme de bhun na forála seo, beidh siad faoi réir fhormheas ICCAT ag an gcruinniú bliantúil sula gcuirfear chun feidhme iad;
 - (c) maidir le hoibriú an chabhlaigh, beidh clúdach ama agus spásúil ionadaíoch ann chun a áirithiú go ndéanfar sonraí leordhóthanacha iomchuí a bhailiú mar a cheanglaítear faoi Mholadh ICCAT 16-14 agus faoi aon cheanglas breise eile maidir le cláir breathnóirí CPC intíre, agus tréithe na gcabhlach agus na n-iascach á gcur san áireamh;
 - (d) baileofar sonraí faoi ghnéithe ábhartha den oibríocht iascaireachta, lena n-áirítear an ghabháil, de réir mar a shonraítear i mír 7.
5. Féadfaidh CPCanna socruithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích ar dá réir a chuirfidh CPC amháin a bhreathnóirí ar shoithí atá faoi bhratach CPC eile fad agus a dhéanfar forálacha uile Mholadh ICCAT 16-14 a chomhlíonadh.
6. Féachfaidh CPCanna lena áirithiú go gcaithfidh breathnóirí tréimhsí ar shoithí éagsúla le linn a sainchúraimí a chur i gcrích.

Dualgais an bhreathnóra

7. Ceanglóidh CPCanna ar bhreathnóirí na nithe seo a leanas, *inter alia*, a dhéanamh:

- (a) faisnéis faoi ghníomhaíocht iascaireachta an tsoithigh ar a mbreathnófar a thaifeadadh agus a thuairisciú, lena n-áireofar an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (i) bailiú sonraí, lena n-áirítear spriocghabháil iomlán, ábhar aischurtha agus foghabháil (lena n-áirítear siorcanna, turtair mhara, mamaigh farraige agus éanlaith mhara) a chainníochtú, comhdhéanamh na méideanna a mheas agus a thomhas a oiread is indéanta, stádas diúscartha (i.e. iasc coinnithe ar bord, aischurtha agus iad marbh nó scaoilte saor ina mbeatha), agus samplaí bitheolaíoch a leaghadh staidéar saolréime (e.g. gónaid, otailítí, dealga, lanna);
 - (ii) na clibeanna go léir a gheofar a bhailiú agus a thuairisciú;
 - (iii) faisnéis maidir le hoibríocht iascaireachta, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
 - suíomh na gabhála de réir domhanleithid agus domhanfhaid,
 - faisnéis maidir le hiarracht iascaireachta (e.g. líon na gcur, líon na nduán, etc.),
 - dáta gach oibríochta iascaireachta, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, am tosaithe agus am stad na gníomhaíochta iascaireachta,
 - an úsáid a bhaintear as nithe um chomhbhailiú éisc, lena n-áirítear feistí um chomhbhailiú éisc (FADanna); agus
 - bail ghinearálta na n-ainmhithe a scaoiltear saor i gcoibhneas le rátaí marthanais na n-ainmhithe sin (i.e. marbh/ina mbeatha, gortaithe, etc.);
- (b) breathnú ar úsáid beart maolaithe foghabhálacha agus iad a thaifeadadh mar aon le faisnéis ábhartha eile;
- (c) breathnú ar dhálaí comhshaoil agus iad a thuairisciú, a mhéid is féidir (e.g. staid na farraige, aeráid agus paraméadair hidreolaíoch, etc.);
- (d) breathnú ar FADanna agus iad a thuairisciú, i gcomhréir le clár breathnóirí ICCAT a glacadh faoin gclár ilbhliantúil um chaomhnú agus um bainistiú tuinníní trópaiceacha; agus
- (e) aon dualgais eolaíoch eile a chur i gcrích arna moladh ag SCRS agus arna gcomhaontú ag ICCAT.

Oibleagáidí an bhreathnóra

8. Áiritheoidh CPCanna go ndéanfaidh an breathnóir an méid seo a leanas:

- (a) ní chuirfidh sé isteach ar threalamh leictreonach an tsoithigh;
- (b) beidh sé eolach ar nósanna imeachta práinne atá i bhfeidhm ar bord an tsoithigh, lena n-áirítear suíomh na raftaí tarrthála, na múchtóirí dóiteáin agus na bhfearas garchabhrach;
- (c) déanfaidh sé cumarsáid, de réir mar is gá, le máistir an tsoithigh faoi shaincheistean agus dualgais ábhartha an bhreathnóra;
- (d) ní chuirfidh sé bac ar ghníomhaíochtaí iascaireachta nó ar ghnáthoibríochtaí an tsoithigh ná ní chuirfidh sé isteach orthu sin;
- (e) glacfaidh sé páirt i seisiún nó i seisiúin faisnéisithe in éineacht leis na hionadaithe iomchuí ón institiúid eolaíoch nó ón údarás intíre atá freagrach as clár na mbreathnóirí a chur chun feidhme.

Oibleagáidí an mháistir

9. Áiritheoidh CPCanna go ndéanfaidh máistir an tsoithigh ar chuige a sannfar an breathnóir an méid seo a leanas:

- (a) ceadóidh sé rochtain iomchuí ar an soitheach agus ar oibríochtaí an tsoithigh;
- (b) ceadóidh sé don bhreathnóir a chuid freagrachtaí a nó a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh ar shlí éifeachtach, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (i) rochtain iomchuí a thabhairt ar threalamh an tsoithigh, ar na doiciméid (lena n-áirítear logleabhair leictreonacha agus pháipéir), agus ar an ngabháil;
 - (ii) cumarsáid a dhéanamh aon tráth le hionadaithe iomchuí ón institiúid eolaíoch nó ón údarás intíre;
 - (iii) a áirithiú go mbeidh rochtain ag an mbreathnóir ar threalamh leictreonaic agus ar threalamh eile a bhaineann leis an iascaireacht, lena n-áirítear an méid seo a leanas ach gan a bheith teoranta dó:
 - trealamh loingseoireachta satailíte,
 - modhanna leictreonacha cumarsáide;

- (iv) a áirithiú nach ndéanfaidh aon duine ar bord an tsoithigh ar a mbreathnófar crioscaíl le trealamh nó doiciméid de chuid an bhreathnóra ná nach ndéanfaidh sé nó sí iad sin a scriosadh; nach gcuirfidh aon duine ar bord an tsoithigh ar a mbreathnófar bac ná treampán ar an mbreathnóir nó nach ngníomhóidh aon duine ar shlí eile a d'fhéadfadh srian nach bhfuil gá leis a chur ar an mbreathnóir a dhualgais nó a dualgais a dhéanamh; nach ndéanfaidh aon duine ar bord an tsoithigh ar a mbreathnófar imeaglú ná ciapadh ná dochar don bhreathnóir ar aon slí; nó nach dtabharfaidh aon duine ar bord an tsoithigh ar a mbreathnófar breab don bhreathnóir ná nach ndéanfaidh sé nó sí aon iarracht é sin a dhéanamh;
- (c) cuirfear cóiríocht, lena n-áirítear lóistín, bia agus áiseanna sláintíochta leordhóthanacha, ar fáil do na breathnóirí, a bheidh ar chomhchaighdeán lena mbeidh ar fáil d'oifigigh;
- (d) cuirfear spás leordhóthanach ar an droichead nó sa teach píolóta ar fáil don bhreathnóir chun a dhualgais nó a dualgais a dhéanamh, chomh maith le spás ar an deic a bheidh leordhóthanach chun dualgais bhreathnóireachta a chomhlíonadh.

Dualgais CPCanna

10. Déanfaidh gach CPC an méid seo a leanas:

- (a) ceanglóidh sé, i gcomhréir le forálacha Mholadh ICCAT 16-14, go mbeidh breathnóir eolaíochta ar bord a chuid soithí agus iad ag iascaireacht speiceas ICCAT;
- (b) déanfaidh sé maoirseacht ar shábháilteacht a chuid breathnóirí;
- (c) spreagfaidh sé a institiúid eolaíoch nó a údarás intíre, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, le comhaontuithe a dhéanamh le hinstitiúidí eolaíochta agus le húdaráis intíre CPCanna eile chun tuarascálacha breathnóirí agus sonraí ó bhreathnóirí a mhalartú eatarthu;
- (d) déanfaidh sé faisnéis shonrach maidir le cur chun feidhme Mholadh ICCAT 16-14 a thabhairt ina thuarascáil bhliantúil lena húsáid ag ICCAT agus ag an SCRS, lena n-áireofar:
 - (i) na mionsonraí maidir le struchtúr agus dearadh a gclár breathnóirí eolaíochta, lena n-áirítear, *inter alia*:
 - an spriocleibhéal de chlúdach an bhreathnóra de réir chineál an iascaigh agus chineál an trealamh agus, chomh maith leis sin, an chaoi a ndéantar iad a thomhas,
 - na sonraí is gá a bhailiú,
 - na prótacail atá curtha i bhfeidhm maidir le sonraí a bhailiú agus a láimhseáil,
 - faisnéis maidir leis an gcaoi a roghnófar soithí le haghaidh clúdaigh chun spriocleibhéal an CPC maidir le clúdach an bhreathnóra a bhaint amach,
 - ceanglais maidir le hoiliúint breathnóirí, agus
 - ceanglais maidir le cáilíochtaí breathnóirí;
 - (ii) líon na soithí ar a ndéanfar faireachán, an leibhéal clúdaigh a dhéanfar de réir chineál an iascaigh agus de réir chineál an trealamh; agus
 - (iii) na mionsonraí maidir leis an gcaoi a ndearnadh na leibhéil chlúdaigh sin a ríomh;
- (e) tar éis chéadtlacadh na faisnéise a cheanglaítear faoi mhír 10(d)(i), déanfaidh sé athruithe ar struchtúr nó ar dhearadh a chlár breathnóirí a tuairisciú ina thuarascálacha bliantúla sa chás amháin go dtarlóidh na hathruithe sin. Leanfaidh CPCanna de bheith ag tuairisciú na faisnéise is gá de bhun mhír 10(d)(ii) chuig ICCAT gach bliain;
- (f) gach bliain, agus úsáid á baint aige as na formáidí leictreonacha ainmnithe arna bhforbairt ag SCRS, cuirfidh sé faisnéis ar aghaidh chuig SCRS ar faisnéis í arna bailiú le clár breathnóirí intíre lena húsáid ag ICCAT, go háirithe faisnéis le haghaidh measúnú a dhéanamh ar an stoc agus chun críocha eolaíochta eile, i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le ceanglais eile i leith tuairisciú sonraí agus atá comhsheasmhach le ceanglais rúndachta intíre;
- (g) áiritheoidh siad go mbainfidh a chuid breathnóirí úsáid as prótacail láidre maidir le bailiú sonraí, le linn dóibh a ndualgais dá dtagraítear i mír 7 a chur i gcrích, lena n-áirítear, de réir mar is gá agus is iomchuí, úsáid grianghrafadóireachta.

Dualgais an Rúnaí Feidhmiúcháin

- 11. Déanann an Rúnaí Feidhmiúcháin rochtain éasca ag SCRS agus ag ICCAT a éascú ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis ábhartha a chuirtear isteach de bhun Mholadh ICCAT 16-14.

Dualgais SCRS

12. Is iad seo a leanas dualgais SCRS:

- (a) cuirfidh sé, de réir mar is gá agus is iomchuí, treoirleabhar oibre breathnóirí i dtoll a chéile le go bhféadfaidh CPCanna é a úsáid ar bhonn deonach ina gclár breathnóirí intíre, ar treoirleabhar oibre é lena n-áireofar foirmeacha eiseamláireacha agus nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le bailiú sonraí, agus treoirleabhair bhreathnóirí agus ábhair ghaolmhara a d'fhéadfaidh a bheith ann cheana i bhfoinsí eile á gcur san áireamh, lena n-áirítear CPCanna, comhlachtaí réigiúnacha agus foréigiúnacha, agus eagraíochtaí eile;
- (b) treoirlínte maidir le córais faireacháin leictreonacha a fhorbairt, ar treoirlínte iad a bhaineann le hiascaigh shonracha;
- (c) achoimre ar na sonraí eolaíocha agus ar an bhfaisnéis eolaíoch a bhaileofar agus a thuairisceofar de bhun Mholadh ICCAT 16-14 agus torthaí gaolmhara ábhartha a thabhairt do ICCAT;
- (d) moltaí a dhéanamh, de réir mar is gá agus is iomchuí, faoin dóigh a bhféadfaí feabhas a chur ar éifeachtacht na gclár breathnóirí eolaíochta chun riachtanais sonraí ICCAT a chomhlíonadh, lena n-áirítear athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Mholadh ICCAT 16-14 seo nó i leith chur chun feidhme na n-íoschaighdeán agus na bprótacal sin ag CPCanna.

Córais Faireacháin Leictreonacha

13. I gcás ina measfaidh SCRS go mbeidh córais faireacháin leictreonacha éifeachtach in iascach ar leith, féadfar iad a shuiteáil ar bord soithí iascaireachta chun cuidiú leis an mbreathnóir daonna ar bord, nó ag feitheamh ar chomhairle ó SCRS agus ar chinneadh ó ICCAT, chun iad a chur in ionad an bhreathnóra ar bord.
14. Ba cheart do CPCanna aon treoirlínte is infheidhme a bhreithniú, ar treoirlínte iad a d'fhormhuinigh SCRS maidir le córais faireacháin leictreonacha a úsáid.
15. An taithí a gheobhaidh CPCanna maidir le córais faireacháin leictreonacha a úsáid chun clár breathnóirí daonna a chomhlánú sna hiascaigh ICCAT atá acu, spreagtar iad chun an taithí sin a thuairisciú chuig an SCRS. Moltar do CPCanna nach bhfuil córais den sórt sin curtha chun feidhme acu go fóill úsáid na gcóras sin a fhiosrú agus na torthaí an fhiosraithe sin a thuairisciú chuig SCRS.

IARSCRÍBHINN II

CEANGLAIS MAIDIR LE LOGLEABHAIR IASCAIREACHTA

Íos-sonraíochtaí maidir le logleabhair iascaireachta:

1. Beidh an logleabhar uimhrithe de réir na bileoige.
2. Déanfar an logleabhar a chomhlánú gach lá (meán oíche) nó sula mbainfear an calafort amach.
3. Déanfar an logleabhar a chomhlánú i gcás cigireachtaí ar muir.
4. Coinneofar cóip amháin den bhileog i gceangal leis an logleabhar.
5. Coinneofar logleabhair ar bord ar feadh bliain amháin d'oibríochtaí.

An t-íosmhéid faisnéise caighdeánaí le bheith i logleabhair iascaireachta:

1. Ainm agus seoladh an mháistir.
2. Dátaí agus ainmneacha na gcalafort imeachta, dátaí agus ainmneacha na gcalafort is ceann scríbe.
3. Ainm, cláruimhir, uimhir ICCAT, glao-chomhartha raidió idirnáisiúnta agus uimhir IMO (an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta) (má tá sí ar fáil) an tsoithigh.
4. Trealamh iascaireachta:
 - (a) cód EBT (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe) le cur isteach;
 - (b) toisí (e.g. fad, méid mogaill, líon duán).
5. Oibríochtaí ar muir le haon líne amháin (ar a laghad) in aghaidh gach lá den turas, lena sonrófár:
 - (a) an cineál gníomhaíochta (e.g. iascaireacht, gluaiseacht);
 - (b) an suíomh: déanfar suíomhanna beachta a thairgeadh gach lá (i gcéimeanna agus i nóiméid) in aghaidh gach oibríochta iascaireachta nó um meán lae i gcás nach ndearnadh aon iascaireacht an lá sin;
 - (c) tairgeadh ar ghabhálacha, lena n-áirítear:
 - (i) cód EBT;
 - (ii) beomheáchan i gcileagraim in aghaidh an lae;
 - (iii) an líon eiseamal in aghaidh an lae.
6. Síniú an mháistir.
7. An modh chun meáchan a thomhas: meastachán, meá ar bord;
8. Beomheáchan coibhéiseach na n-iasc a choinneofar sa logleabhar agus luafar ann na fachtóirí coinbhéartachta a úsáideadh sa mheastóireacht.

An t-íosmhéid faisnéise le bheith i logleabhair iascaireachta i gcás tabhairt i dtír nó trasloingsithe:

1. Dátaí agus ainm an chalafóirt inar tugadh an ghabháil éisc i dtír nó inar trasloingsíodh í.
2. Táirgí:
 - (a) an speiceas agus cur i láthair de réir chód EBT;
 - (b) líon na n-iasc nó na mboscaí agus an chainníocht i gcileagraim.
3. Síniú an mháistir nó ghníomhaire an tsoithigh.
4. I gcás trasloingsithe: ainm an tsoithigh glactha, a bhratach agus a uimhir ICCAT.

IARSCRÍBHINN III

SCÉIM ICCAT MAIDIR LE COMHCHIGIREACHT IDIRNÁISIÚNTA

De bhun mhír 3 d'Airteagal IX de Choinbhinsiún ICCAT, molann ICCAT go ndéanfar na socruithe seo a leanas a bhunú maidir le rialú idirnáisiúnta lasmuigh de na huiscí atá faoi dhlinse náisiúnta chun críche chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin agus na mbeart atá i bhfeidhm faoi Choinbhinsiún ICCAT a áirithiú:



- I. Sárúithe tromchúiseacha
 1. Chun críocha na nósanna imeachta seo, ciallaíonn sárú tromchúiseach ceann de na sárúithe seo a leanas ar fhorálacha bhearta caomhnaithe agus bainistíochta ICCAT arna nglacadh ag ICCAT:
 - (a) iascaireacht gan cheadúnas, cead nó údarú eisithe ag CPC brataí;
 - (b) gan taifid leordhóthanacha a bheith coimeáda ar ghabháil agus sonraí a bhaineann le gabhálacha i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe ICCAT nó míthuairiscíú shuntasach ar ghabháil nó sonraí a bhaineann le gabhálacha den chineál sin;
 - (c) iascaireacht i limistéar dúnta;
 - (d) iascaireacht le linn séasúr dúnta;
 - (e) tógáil nó coinneáil d'aon turas speiceas a sháraíonn aon bheart caomhnaithe agus bainistithe is infheidhme arna ghlacadh ag ICCAT;
 - (f) sárú suntasach ar theorainneacha nó cuótaí gabhála atá i bhfeidhm de bhun rialacha ICCAT;
 - (g) trealamh iascaireachta toirmisce a úsáid;
 - (h) marcanna, aitheantas nó clárú aon soithigh iascaireachta a fhalsú nó a cheilt d'aon ghnó;
 - (i) fianaise maidir le himscrúdú ar shárú a cheilt, an fhianaise sin a chur as a riocht nó a scriosadh;
 - (j) an iliomad sárúithe, ar neamhaird thromchúiseach iad ar bhearta i bhfeidhm de bhun ICCAT nuair a chuirtear le chéile iad;
 - (k) cur in aghaidh cigire údaraithe nó breathnóir nó cur isteach air nó é a ionsaí, a imeaglú, a ghnéaschiapadh, nó cosc nó moill mhíchúí a chur air;
 - (l) córas faireacháin an tsoithigh ("VMS") a chur as a riocht nó é a dhíchumasú d'aon ghnó;
 - (m) sárúithe eile de réir mar a fhéadfaidh ICCAT a chinneadh, tar éis iad a bheith curtha san áireamh agus i gcúrsaíocht ar leagan athbhreithnithe de na nósanna imeachta seo;
 - (n) cur isteach ar an gcóras faireacháin satailíte nó soitheach a úsáid gan VMS;
 - (o) trasloingsiú ar muir.
 2. I gcás ina rachfar ar bord agus ina ndéanfar cigireacht ar shoitheach iascaireachta agus má aimsíonn an cigire údaraithe gníomhaíocht nó imthoisc a bheadh ina sárú tromchúiseach, mar atá sainithe i bpointe 1, lena linn, tabharfaidh údarais stát brataí na soithí cigireachta fógra láithreach do stát brataí an tsoithigh iascaireachta, go díreach agus trí Rúnaíocht ICCAT chomh maith. Sna cásanna sin, ba cheart don chigire aon soitheach cigireachta de chuid stát brataí an tsoithigh iascaireachta arb eol í a bheith sa chomharsanacht a chur ar an eolas faoi sin.
 3. Cláróidh cigirí ICCAT na cigireachtaí a dhéanfar agus na sárúithe a thugtar faoi deara (más ann dóibh) i logleabhar an tsoithigh iascaireachta.
 4. Tar éis na cigireachta dá dtagraítear i bpointe 2, áiritheoidh CPC ar Stát brataí é go gcuirfidh an soitheach iascaireachta ábhartha stop le gach gníomhaíocht iascaireachta. Ceanglóidh CPC ar Stát brataí é go mbeidh ar an soitheach iascaireachta dul chuig calafort arna ainmniú aige laistigh de 72 uair, áit a gcuirfear tús le himscrúdú.
 5. I gcás ina mbraithfear, a bhúí le cigireacht, gníomhaíocht nó imthoisc a bheadh ina sárú tromchúiseach, ba cheart an soitheach a athbhreithniú faoi na nósanna imeachta a thuiriscítear i Moladh ICCAT 11-18 lena leasaítear tuilleadh Moladh 09-10 lena mbunaítear liosta soitheach a measadh a rinne gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte i Limistéar Choinbhinsiún ICCAT, ag cur san áireamh aon ghníomhaíochtaí freagartha agus aon obair leantach eile.

II. Cigireachtaí a dhéanamh

6. Cigirí arna n-ainmniú ag na Rialtais Conarthacha a dhéanfaidh na cigireachtaí. Tabharfar ainmneacha na ngníomhaireachtaí rialtais údaraithe agus na gcigirí aonair arna ainmniú chun na críche sin ag a rialtas féin chuig Coimisiún ICCAT.
7. Beidh bratach nó bratainn speisialta arna formheas ag Coimisiún ICCAT agus arna eisiúint ag Rúnaíocht ICCAT ar foluain ar shoithí atá i mbun dualgais dul ar bord agus cigireachta idirnáisiúnta i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo. Cuirfear ainmneacha na soithí a úsáidtear chuige sin chuig Rúnaíocht ICCAT a luaithe is praiticiúil sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí cigireachta. Cuirfidh Rúnaíocht ICCAT faisnéis maidir le soithí cigireachta ainmnithe ar fáil do gach CPC, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis a chur suas ar a shuíomh gréasáin faoi chosaint pasfhocail.
8. Beidh doiciméadacht aitheantais iomchuí arna heisiúint ag údarais an Stáit brataí ina seilbh ag cigirí, agus beidh an doiciméadacht aitheantais sin san fhoirm a léirítear i mír 21.
9. Faoi réir na socruithe a comhaontaíodh faoi mhír 16, stopfaidh soitheach iascaireachta atá faoi bhrat Pháirtí Conarthaigh agus atá ag iascach an tuinnín nó éisc atá cosúil leis an tuinnín i limistéar Choinbhinsiún ICCAT lasmuigh d'uisce faoin dlínse náisiúnta má thugann soiteach cigireachta a bhfuil bratainn ICCAT dá ndéantar cur síos uirthi i mír 7 ar foluain aici agus ar a bhfuil cigire comhartha iomchuí sa Chód Idirnáisiúnta Comharthaí, ach amháin má tá an soitheach cigireachta i mbun oibríochtaí iascaireachta, agus sa chás sin stopfaidh sé a luaithe a bheidh na hoibríochtaí sin curtha i gcrích aige. Tabharfaidh máistir an tsoithigh cead don bhuíon chigireachta mar a shonraítear i mír 10 dul ar bord agus ní mór dó dréimire bordála a chur ar fáil. Cuirfidh an máistir ar chumas na buíne cigireachta scrúdú a dhéanamh ar threalamh, ar ghabháil nó ar aon doiciméid ábhartha a mheasann an cigire a bhfuil gá leo chun comhlíonadh mholtaí ICCAT atá i bhfeidhm a fhíorú maidir le Stát brataí an tsoithigh chigireachta atá faoi réir cigireachta. Fairis sin, féadfaidh cigirí aon mhíniú a mheasann siad a bhfuil gá leis a iarraidh.
10. Déanfaidh oifigeach ceannais an tsoithigh cigireachta méid na buíne cigireachta a shocrú agus cúinsí ábhartha á gcur san áireamh aige. Ba cheart don bhuíon chigireachta a bheith chomh beag agus is féidir chun na dualgais a leagtar amach san Iarscríbhinn seo a dhéanamh go slán sábháilte.
11. Ag dul ar bord an tsoithigh chigireachta dóibh, taispeánfaidh na cigirí an doiciméadacht aitheantais a thuairiscítear i mír 8. Urraíodh cigirí rialacháin, nósanna imeachta agus cleachtais idirnáisiúnta a nglactar leo go ginearálta agus a bhaineann le sábháilteacht an tsoithigh chigireachta agus a chriú a bhfuiltear ag déanamh cigireachta air, agus cuirfidh sé isteach a laghad is féidir ar ghníomhaíochtaí iascaireachta nó stuáil an táirge, agus a mhéid is féidir, seachnóidh sé aon ghníomhaíocht a mbeadh drochthionchar aici ar cháilíocht na gabhála ar bord. Ní dhéanfaidh cigirí níos mó ná a dhéanamh amach an bhfuil moltaí ICCAT atá i bhfeidhm maidir le Stát brataí an tsoithigh chigireachta lena mbaineann á gcomhlíonadh. Agus iad i mbun cigireachta, féadfaidh cigirí aon chúnamh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu a iarraidh ar mháistir an tsoithigh iascaireachta. Déanfaidh cigirí tuarascáil a tharraingt suas ar an gcigireacht i bhfoirm arna formheas ag Coimisiún ICCAT. Síneoidh cigirí an tuarascáil i láthair mháistir an tsoithigh chigireachta agus beidh an máistir sin i dteideal aon bharúlacha a chur leis an tuarascáil nó a chinntiú go gcuirfear leis an tuarascáil iad, a mheasfaidh sé nó sí a bheith oiriúnach agus ní mór dó na barúlacha sin a shíniú.
12. Tabharfar cóipeanna den tuarascáil do mháistir an tsoithigh chigireachta agus do rialtas na buíne cigireachta, agus seolfaidh siad cóipeanna chuig údarais inniúla stát brataí an tsoithigh chigireachta ar a ndearnadh cigireacht agus chuig Coimisiún ICCAT. I gcás ina n-aimseofar aon sárú ar mholtaí ICCAT, cuirfidh an cigire aon long chigireachta de chuid Stát brataí an tsoithigh chigireachta iascaireachta arb eol í a bheith sa chomharsanacht ar an eolas faoi sin chomh maith, más féidir.
13. Mura nglactar le cigirí nó mura ndéanfar a dtreoracha a chomhlíonadh, déileálfaidh Stát brataí an tsoithigh chigireachta a ndearnadh cigireacht air leis sin ar an gcaoi chéanna a ndéileáiltear le hiompar mar sin maidir le cigire náisiúnta.
14. Déanfaidh cigirí a ndualgais faoi réir na socruithe sin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo, ach fanfaidh siad faoi rialú oibríochtúil a n-údarás náisiúnta agus freagróidh sé dóibh.
15. Déanfaidh Rialtais Chonarthaigh tuarascálacha cigireachta, bileoga faisnéis aimsithe de réir Mholadh ICCAT 94-09 agus ráitis a eascraíonn as cigireachtaí ar dhoiciméadacht arna ndéanamh ag cigirí eachtrannacha faoi na socruithe seo a mheas agus gníomhaíodh siad dá réir mar a ghníomhódh siad i gcás tuarascálacha a gcigirí náisiúnta i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta. Ní fhorchuirfidh forálacha na míre seo aon oibleagáid ar Rialtas Conarthach luach fianaise níos airde a bhronnadh ar thuarascáil ó chigire eachtrannach ná mar a bheadh uirthi i dtír an chigire féin. Oibreoidh Rialtais Chonarthaigh i gcomhar le chéile chun nósanna imeachta breithiúnacha nó nósanna imeachta de chineál eile a éascú, ar nósanna imeachta iad a eascraíonn as tuarascáil ó chigire faoi réir na socruithe seo.

16. (a) Cuirfidh Rialtais Chonarhacha Coimisiún ICCAT ar an eolas faoin 1 Eanáir gach bliain maidir lena bpleananna sealadacha maidir le gníomhaíochtaí cigireachta a dhéanamh faoi réir Mholadh ICCAT 16-05 le linn na bliana féilire sin agus féadfaidh Coimisiún ICCAT moltaí a dhéanamh do Rialtais Chonarhacha maidir le hoibríochtaí náisiúnta a chomhordú sa réimse seo, lena n-áirítear líon na gcigirí agus na soithí chigireachta a mbeidh cigirí ar bord orthu;
- (b) Beidh feidhm ag na socrúithe a leagtar amach i Moladh ICCAT 16-05 agus ag na pleananna maidir le rannpháirtíocht idir Rialtais Chonarhacha mura gcomhaontóidh siad a mhalairt, agus tabharfar fógra do Choimisiún ICCAT faoin gcomhaontú sin. Mar sin féin, áfach, cuirfear cur chun feidhme na scéime ar fionraí idir aon dá Pháirtí Chonarhacha má tá fógra tugtha ag ceachtar acu do Choimisiún ICCAT chuige sin, go dtí go dtabharfar an comhaontú sin i gcrích.
17. (a) Déanfar cigireacht ar an trealamh iascaireachta i gcomhréir leis na rialacháin i bhfeidhm san fholimistéar ina ndéanfar an cigireacht. Luafaidh cigirí an folimistéar ina ndearnadh an chigireacht, agus déanfar tuairisc ar aon sárúithe ar thángthas orthu sa tuarascáil chigireachta;
- (b) beidh an t-údarás ag cigirí cigireachta a dhéanamh ar an trealamh iascaireachta go léir atá in úsáid nó atá ar bord.
18. Cuirfidh cigirí marc aitheantais arna fhorfhéas ag Coimisiún ICCAT ar aon trealamh iascaireachta a ndéanfar cigireacht air agus ar dealraitheach é a bheith ag sárú na moltaí de chuid ICCAT is infheidhme maidir le Stát brataí an tsoithigh lena mbaineann agus déanfar taifeadadh ar an bhfíric sin ina thuarascáil chigireachta nó ina tuarascáil chigireachta.
19. Féadfaidh na cigirí grianghraif a thógáil de na fearais, den trealamh, den doiciméadacht agus d'aon ní eile a cheapann siad gur gá grianghraif a thógáil de ar chaoi a dtaispeánfaidh na gnéithe sin nach bhfuil i gcomhréir leis an rialachán atá i bhfeidhm, dar leo, agus sa chás sin déanfar na nithe ar tógadh grianghraif díobh a liostáil sa tuarascáil agus déanfar cóipeanna de na grianghraif a chur i gceangal leis an gcóip den tuarascáil a thabharfar chuig an Stát brataí.
20. Déanfaidh cigirí cigireacht ar gach gabháil ar bord, de réir mar is gá, chun comhlíonadh mholtaí ICCAT a mheas.
21. Seo a leanas léirshamhail den Chárta Aitheantais do chigirí:

toisí: leithead 10,4 cm, airde 7 cm.

<p style="text-align: center;">INTERNATIONAL COMMISSION FOR THE CONSERVATION OF ATLANTIC TUNA</p>  <p style="text-align: center;">ICCAT</p> <p style="text-align: center;">Inspector Identity Card</p> <p>Contracting Party:</p> <p>Inspector Name:</p> <p>Card n°:</p> <p>Issue Date: Valid five years</p> <div style="border: 1px dashed black; width: 100px; height: 80px; margin-top: 10px; display: flex; align-items: center; justify-content: center;"> <p>Photograph</p> </div>	 <p style="text-align: center;">ICCAT</p> <p>The holder of this document is an ICCAT inspector duly appointed under the terms of the Scheme of Joint International Inspection and Surveillance of the International Commission for the Conservation of the Atlantic Tuna and has the authority to act under the provision of the ICCAT Control and Enforcement measures.</p> <p>.....</p> <p>ICCAT Executive Secretary Inspector Issuing Authority</p>
--	--

RIALACHÁN (AE) 2019/1155 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 20 Meitheamh 2019****lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cuid dhílis de bhunú limistéir gan teorainneacha inmheánacha ab ea comhbheartas an Aontais maidir le víosaí. Ba cheart leanúint den bheartas víosa a bheith ina uirlis bhunriachtanach lena n-éascaítear an turasóireacht agus an gnó, agus lena gcoiscítear rioscaí slándála agus riosca imirce neamhrialta isteach san Aontas ag an am céanna. Ba cheart don chomhbheartas víosa cuidiú le borradh a chur faoin bhfás agus ba cheart é a bheith comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, amhail beartais a bhaineann le caidreamh seachtrach, trádáil, oideachas, cultúr agus turasóireacht.
- (2) Ba cheart don Aontas a bheartas víosa a úsáid mar chuid dá chomhar le tríú tíortha, agus chun cothromaíocht níos fearr idir cúrsaí imirce agus cúrsaí slándála, tosca eacnamaíocha agus an caidreamh seachtrach i gcoitinne a áirithiú.
- (3) Le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, bunaítear na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir le víosaí a eisiúint le haghaidh tréimhsí fanachta atá beartaithe ar chríoch na mBallstát, agus nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.
- (4) Ba cheart do na consalachtaí, nó de mhaolú air sin, do na húdaráis lárnacha na hiarratais ar víosa a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh fúthu. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil a ndóthain eolais ag na consalachtaí agus ag na húdaráis lárnacha faoi chúinsí áitiúla chun sláine an nós imeachta maidir le víosaí a áirithiú.
- (5) Ba cheart an nós imeachta maidir le hiarratais a bheith chomh héasca agus is féidir do na hiarratasóirí. Ba cheart é a bheith soiléir cén Ballstát atá inniúil chun iarratas a scrúdú, go háirithe i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir cuairt a thabhairt ar roinnt Ballstát. I gcás inar féidir, ba cheart do na Ballstáit a cheadú foirmeacha iarratais a líonadh agus a chur isteach go leictreonach. Ina theannta sin, ba cheart d'iarratasóirí a bheith in ann an fhoirm iarratais a shíniú go leictreonach i gcás ina n-aithníonn an Ballstát inniúil an ríomhshíniú. Ba cheart spriocdhátaí a leagan síos do chéimeanna éagsúla an nós imeachta, go háirithe chun go mbeidh taistealaithe in ann pleanáil a dhéanamh roimh ré agus chun tréimhsí ardbhrú i gconsalachtaí a sheachaint.
- (6) Níor cheart ceangal a chur ar na Ballstáit leanúint de dheis na rochtana díri a chur ar fáil maidir le hiarratais a thaisceadh sa chonsalacht in áiteanna ina bhfuil sainordú tugtha do sholáthraí seirbhíse seachtrach chun iarratais a bhailiú thar ceann na consalachta, gan dochar do na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar na Ballstáit le Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, agus go háirithe Airteagal 5(2) di.

⁽¹⁾ IO C 440, 6.12.2018, lch. 142.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 6 Meitheamh 2019.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

⁽⁴⁾ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an gceart atá ag saoránaigh an Aontais agus ag daoine dá dteaghlaih gluaiseacht agus cónaí a dhéanamh faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/EEC, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

- (7) Leis an táille víosa ba cheart a áirithiú go bhfuil leordhóthain acmhainní airgeadais ar fáil chun na speanais a bhaineann le próiseáil iarratas a chumhdach, lena n-áirítear struchtúir iomchuí agus leordhóthain foirne a bheith ann chun cáilíocht agus sláine scrúdú na n-iarratas a áirithiú, chomh maith le spriocdhátaí a urramú. Ba cheart méid na táille víosa a athbhreithniú gach 3 bliana ar bhonn critéir mheasúnaithe oibiachtúla.
- (8) Ba cheart do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil an ceanglas víosa orthu a bheith in ann a n-iarratas a thaisceadh ina n-áit chónaithe fiú i gcás nach bhfuil aon chonsalacht ag an mBallstát inniúil chun críche iarratais a bhailiú, agus nach bhfuil ionadaíocht á déanamh ag Ballstát eile air, sa tríú tír sin. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit féachaint le dul i gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha, agus ba cheart do na soláthraithe sin a bheith in ann táille seirbhíse a ghearradh. I bprionsabal, níor cheart méid na táille seirbhíse a bheith thar mhéid na táille víosa. I gcás nach leor an méid sin chun seirbhís iomlán a chur ar fáil, ba cheart don soláthraí seirbhíse seachtrach a bheith in ann, áfach, táille seirbhíse níos airde a ghearradh, faoi réir na teorann dá bhforáiltear sa Rialachán seo.
- (9) Ba cheart socruithe ionadaíochta a chuíchóiriú agus a mhaolú agus bacainní ar thabhairt i gcrích socruithe den sórt sin idir na Ballstáit a sheachaint. Ba cheart an Ballstát a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige a bheith freagrach as an bpróiseas maidir le víosaí ina iomláine gan rannpháirtíocht an Bhallstáit a bhfuil ionadaíocht á déanamh air.
- (10) I gcás ina gcumhdaítear níos mó ná an tír óstach féin faoi dhlíne chonsalacht an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige, ba cheart é a bheith indéanta na tríú tíortha sin a chumhdach leis an socrú ionadaíochta.
- (11) Chun an t-ualach riaracháin ar chonsalachtaí a laghdú agus chun taisteal do dhaoine a bhíonn ag taisteal go minic nó go rialta a éascú, ba cheart víosaí dul isteach iolrach a mbaineann tréimhse fhada bailíochta leo a eisiúint d'iarratasóirí a chomhlíonann na coinníollacha maidir le dul isteach le linn na tréimhse ina hiomláine de réir critéir choiteanna a chinnfí go hoibiachtúil agus níor cheart iad a bheith teoranta do chuspóirí sonracha taistil ná do chatagóirí sonracha iarratasóirí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar dhaoine atá ag taisteal chun a ngairm a chleachtadh, amhail lucht gnó, maraithe, ealaíontóirí agus lúthchleasaithe. Ba cheart é a bheith indéanta víosaí dul isteach iolrach le tréimhse bhailíochta níos giorra leo a eisiúint i gcás ina bhfuil forais réasúnta ann déanamh amhlaidh.
- (12) I bhfianaise na ndifríochtaí idir na cúinsí áitiúla, go háirithe maidir le rioscaí imirce agus slándála, agus i bhfianaise an caidreamh atá ag an Aontas le tíortha sonracha chomh maith, ba cheart do chonsalachtaí in áiteanna ar leith measúnú a dhéanamh ar an ngá na rialacha maidir le heisiúint víosaí dul isteach iolrach a oiriúnú le gur féidir an cur i bhfeidhm a dhéanamh níos fabhraí nó níos srianta. Le cur chuige níos fabhraí maidir le heisiúint víosaí dul isteach iolrach a mbaineann tréimhse fhada bailíochta leo, ba cheart, go háirithe, comhaontuithe trádála lena gcumhdaítear soghluaisteacht lucht gnó a chur san áireamh. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, ba cheart don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir leis na coinníollacha ar a n-eiseofar víosaí den sórt sin atá le cur i bhfeidhm i ngach dlíne.
- (13) I gcás easpa comhair ó thríú tíortha áirithe maidir le hathligean isteach a náisiúnach arna ngabháil i gcúinsí neamhrialta, agus i gcás mhainneachtain na dtríú tíortha sin comhoibriú go héifeachtach le próiseas an fhille, ba cheart forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 a chur i bhfeidhm ar dhóigh shriantach shealadach, ar bhonn sásra trédhearcach a bheadh bunaithe ar chritéir oibiachtúla, chun feabhas a chur ar chomhoibriú tríú tír áirithe maidir le hathligean isteach imirceach neamhrialta. Ba cheart don Choimisiún comhar tríú tíortha maidir le hathligean isteach a mheas go tráthrialta, ar a laghad uair amháin sa bhliain, agus ba cheart dó scrúdú a dhéanamh ar aon fhógra arna thabhairt ag na Ballstáit a bhaineann leis an gcomhar le tríú tír maidir le hathligean isteach imirceach neamhrialta. Ba cheart don Choimisiún, agus measúnú a dhéanamh aige an bhfuil an tríú tír ag comhoibriú go hiomchuí agus an gá beart a dhéanamh, comhar foriomlán an tríú tír sin i réimse na himirce a chur san áireamh, go háirithe i réimsí an bhainistithe teorainneacha, an smuigleáil imirceach a chosc agus a chomhrac agus idirthuras na n-imirceach neamhrialta trína chríoch a chosc. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil an tríú tír ag comhoibriú go hiomchuí nó i gcás ina dtugtar fógra trí thromlach simplí de na Ballstáit dó nach bhfuil an tríú tír ag comhoibriú go leordhóthanach, ba cheart dó togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh, agus é ag leanúint lena iarrachtaí chun feabhas a chur ar chomhar leis an tríú tír lena mbaineann. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le leibhéal comhair an tríú tír leis na Ballstáit maidir le hathligean isteach imirceach neamhrialta, a dhéantar a mheas ar bhonn sonraí ábhartha oibiachtúla, i gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil tríú tír ag comhoibriú go leordhóthanach, ba cheart don Choimisiún bheith in ann togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh a bhaineann le hiarratasóirí nó le catagóirí iarratasóirí ar náisiúnaigh den tríú tír sin iad agus a chuireann isteach ar víosa ar chríoch an tríú tír sin, lena bhforáiltear do bheart amháin nó níos mó chun eisiúint víosaí a éascú.

- (14) Chun a áirithiú go ndéanfar gach tosca ábhartha agus gach impleacht a d'fhéadfadh a bheith ag cur chun feidhme na mbeart chun feabhas a chur ar chomhar tríú tír maidir le hathlígian isteach a chur san áireamh mar is iomchuí, ag féachaint do chineál fíor-fogair na mbeart sin agus do na himpleachtaí cothrománacha atá acu do na Ballstáit agus don Aontas féin, go háirithe ó thaobh an chaidrimh sheachtraigh de agus ar mhaithe le feidhmiú foriomlán limistéar Schengen, ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún. Trí chumhachtaí cur chun feidhme den sórt sin a thabhairt don Chomhairle, cuirfear san áireamh mar is iomchuí, agus na bearta á gcur chun feidhme chun feabhas a chur ar chomhar tríú tír maidir le hathlígian isteach, gur bearta de chineál íogair a d'fhéadfadh a bheith i gceist, agus na comhaontuithe um eisiúint víosaí a éascú atá i bhfeidhm ag na Ballstáit le tríú tíortha á gcur san áireamh chomh maith.
- (15) Ba cheart ceart achomhairc a bheith ag na hiarratasóirí a ndiúltófar víosa dóibh. Ba cheart a chuimsiú san fhógra faoin diúltú faisnéis mhionsonrach faoi na cúiseanna a bhí leis an diúltú agus faoin nós imeachta achomhairc. Le linn an nós imeachta achomhairc, ba cheart rochtain ar gach faisnéis is ábhartha dá gcás a thabhairt do na hiarratasóirí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
- (16) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear ann leis na cearta agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, féachtar leis lánurraim a thabhairt don cheart chun sonraí pearsanta a chosaint, don cheart go n-urramófar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, cearta an linbh, agus cosaint daoine leochaileacha.
- (17) Tá comhar áitiúil Schengen rí-thábhachtach chun an comhbheartas víosa a chur i bhfeidhm go comhchuibhithe agus chun measúnú cuí a dhéanamh ar rioscaí imirce agus slándála. Laistigh den chomhar sin, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibríochtaí forálacha sonracha i bhfianaise cúinsí áitiúla agus riosca imirce. Ba cheart do thoscaireachtaí de chuid an Aontais comhordú a dhéanamh ar an gcomhar agus ar na malartuithe i measc consalachtaí in áiteanna ar leith.
- (18) Ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh go grinn agus go rialta ar oibríochtaí na soláthraithe seirbhíse seachtracha chun a áirithiú go gcomhlíontar leis an ionstraim dlí lena rialaítear na freagrachtaí arna dtabhairt dóibh. Ba cheart do na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh don Choimisiún go bliantúil maidir leis an gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha agus maidir leis an bhfaireachán orthu. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh comhaltaí foirne easaoránacha faireachán ar an nós imeachta próiseála iarratas ina iomláine agus ar an gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha.
- (19) Ba cheart rialacha solúbtha a leagan síos chun go mbeidh na Ballstáit in ann acmhainní a roinnt go hoptamach agus chun cumhdach consalachta a mhéadú. D'fhéadfadh an comhar idir na Ballstáit (Ionaid Víosaí Schengen) a bheith i bhfoirm ar bith a oireann do na cúinsí áitiúla d'fhonn an cumhdach geografach consalachta a mhéadú, na costais ar na Ballstáit a laghdú, infheictheacht an Aontais a mhéadú agus an tseirbhís a thugtar d'iarratasóirí a fheabhsú.
- (20) Is uirlis thábhachtach iad na córais le haghaidh iarratais leictreonacha chun nósanna imeachta maidir le hiarratais a éascú. Ba cheart réiteach coiteann a fhorbairt amach anseo atá dírithe ar an digitiú, agus ar an gcaoi sin, lánúsáid a bhaint as na forbairtí dlí agus teicneolaíochtaí a tháinig chun cinn le déanaí ionas gur féidir iarratais a thaisceadh ar líne chun freastal ar riachtanais na n-iarratasóirí agus chun níos mó cuairteoirí a mhealladh go limistéar Schengen. Ba cheart ráthaíochtaí nós imeachta simplí cuíchóirithe a neartú agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach. Ina theannta sin, i gcás inar féidir, d'fhéadfaí agallaimh a dhéanamh agus úsáid á baint as uirlisí digiteacha nua-aimseartha agus cianmhodhanna cumarsáide, amhail guthghlaonna nó físglaonna ar an idirlíon. Ba cheart cearta bunúsacha na n-iarratasóirí a ráthú le linn an phróisis.
- (21) Chun foráil a dhéanamh don fhéidearthacht go bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid na dtáillí víosa a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán seo a leasú a mhéid a bhaineann le méid na dtáillí víosa. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽⁹⁾. Go sonrath, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

⁽⁹⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1

- (22) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾.
- (23) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinntídh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótocal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.
- (24) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle ⁽⁷⁾; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (25) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ⁽⁸⁾; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (26) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá tír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽⁹⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ⁽¹⁰⁾.
- (27) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽¹¹⁾ ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ⁽¹²⁾.
- (28) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótocail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽¹³⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ⁽¹⁴⁾.
- (29) Maidir leis an gCipir, is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽⁷⁾ Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

⁽⁸⁾ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

⁽⁹⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36

⁽¹⁰⁾ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá tír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

⁽¹¹⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽¹²⁾ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

⁽¹³⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁽¹⁴⁾ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótocail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

- (30) Maidir leis an mBulgáir agus leis an Rómáin, is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005.
- (31) Maidir leis an gCróit, is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, nó a bhfuil baint eile aige leis de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011.
- (32) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Leis an Rialachán seo, bunaítear na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir le víosaí a eisiúint le haghaidh tréimhsí fanachta atá beartaithe ar chríoch na mBallstát nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“4. Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, déanfaidh na Ballstáit a gcuid cúraimí a chomhall agus dlí an Aontais á chomhlíonadh go hiomlán acu, lena n-áirítear an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, déanfar cinntí maidir le hiarratais ar bhonn aonair faoin Rialachán seo.”;

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i bpointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) tréimhse fanachta atá beartaithe a chaitheamh ar chríoch na mBallstát nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá; nó”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7:

“7. ciallaíonn ‘doiciméad taistil aitheanta’ doiciméad taistil a aithníonn Ballstát amháin nó níos mó chun críche teorainneacha seachtracha a thrasnú agus víosaí a ghreamú de, de bhun Chinneadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(* Cinnadh Uimh. 1105/2011/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le liosta na ndoiciméad taistil a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus ar doiciméid iad is féidir a fhorthuinní le víosa, agus maidir le sásra á bhunú chun an liosta sin a shocrú (IO L 287, 4.11.2011, lch. 9).”;

(c) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

“12. ciallaíonn ‘maraí’ aon duine atá fostaithe, atá fruilithe nó atá ag obair i gcáil ar bith ar bord long atá ag gabháil don loingseoireacht mhuirí nó ar bord long atá ag loingsiú in uisce intíre idirnáisiúnta;

13. ciallaíonn ‘ríomhshíniú’, ríomhshíniú mar a shainmhínítear é i bpointe (10) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(* Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).”;

(3) in Airteagal 3(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

“(b) náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil cead cónaithe bailí ar seilbh acu arna eisiúint ag Ballstát nach bhfuil rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo nó Ballstát nach gcuireann forálacha *acquis* Schengen i bhfeidhm ina n-íomláine go fóill, nó náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead cónaithe bailí a liostaítear in Iarscríbhinn V ar seilbh acu arna eisiúint ag Andóra, ag Ceanada, ag an tSeapáin, ag San Mairíne nó ag Stáit Aontaithe Mheiriceá, lena ráthaítear athligéan isteach an tsealbhóra gan choinníoll, nó a bhfuil cead cónaithe bailí ar seilbh acu do cheann amháin nó níos mó de thíortha agus críocha thar lear Ríocht na hÍsiltíre (Aruba, Curaçao, Sint Maarten, Bonaire, Sint Eustatius agus Saba);

- (c) náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil víosa bailí ar seilbh acu do Bhallstát nach bhfuil rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo, nó do Bhallstát nach gcuireann forálacha *acquis* Schengen i bhfeidhm ina n-iomláine go fóill, nó do thír is páirtí sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, nó do Cheanada, don tSeapáin nó do Stáit Aontaithe Mheiriceá, nó sealbhóirí víosa bailí do cheann amháin nó níos mó de thíortha agus críocha thar lear Ríocht na hÍsiltíre (Aruba, Curaçao, Sint Maarten, Bonaire, Sint Eustatius agus Saba), nuair a thaistealaíonn siad chuig an tír eisiúna nó chuig aon tríú tír eile, nó nuair a fhilleann siad ón tír eisiúna tar éis an víosa a úsáid;”;

- (4) in Airteagal 4, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gurb iad na húdaráis lárnacha a dhéanfaidh scrúdú ar iarratais agus a dhéanfaidh cinneadh fúthu. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil a ndóthain eolais ag na húdaráis sin faoi chúinsí áitiúla na tíre ina dtaiscfear an t-iarratas ionas gur féidir leo na rioscaí imirce agus slándála a mheas, agus go mbeidh a ndóthain eolais acu ar an teanga le go bhféadfaidh siad anailís a dhéanamh ar dhoiciméid, agus go mbeidh consalachtaí rannpháirteach, i gcás inar gá, chun tuilleadh scrúduithe agus agallaimh a dhéanamh.”;

- (5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) d’Airteagal 5(1):

“(b) má chuimsíonn an chuairt níos mó ná ceann scríbe amháin, nó má tá roinnt cuairteanna ar leith le déanamh laistigh de thréimhse 2 mhí, an Ballstát arb ionann a chríoch agus príomhcheann scríbe na cuairte nó na cuairteanna maidir le fad, arna chomhaireamh i laethanta, nó le cuspóir an fhanachta; nó”;

- (6) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Féadfaidh Ballstát aontú go ndéanfaidh sé ionadaíocht ar Bhallstát eile a bheidh inniúil i gcomhréir le hAirteagal 5 chun críche iarratais a scrúdú agus cinntí a dhéanamh fúthu thar ceann an Bhallstáit sin. Féadfaidh Ballstát ionadaíocht a dhéanamh ar Bhallstát eile freisin ar bhealach teoranta chun iarratais a bhailiú agus chun aitheantóirí bithmhéadracha a chlárú, agus chun na gcríoch sin amháin.”;

- (b) scriostar mír 2;

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

“3. I gcás ina bhfuil an ionadaíocht teoranta i gcomhréir leis an dara habairt de mhír 1, is i gcomhréir leis na rialacha ábhartha cosanta sonraí agus slándála sonraí a dhéanfar bailiú agus tarchur na sonraí chuig an mBallstát a bhfuil ionadaíocht á déanamh air.

4. Déanfar socrú déthaobhach idir an Ballstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige agus an Ballstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh air. Maidir leis an socrú sin:

- (a) sonrófar ann fad na hionadaíochta, mura bhfuil inti ach ionadaíocht shealadach, agus na nósanna imeachta maidir lena foirceannadh;

- (b) féadfar a fhoráil leis, go háirithe i gcás ina bhfuil consalacht sa tríú tír lena mbaineann ag an mBallstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh air, go soláthróidh an Ballstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh air áitreabh, foireann agus íocaíochtaí.”;

- (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 7 agus 8:

“7. Tabharfaidh an Ballstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh air fógra don Choimisiún faoi na socrúithe maidir le hionadaíocht, nó faoi fhoirceannadh na socrúithe sin, 20 lá féilire ar a dhéanaí sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm nó sula bhfoirceannfar iad, ach amháin i gcásanna *force majeure*.

8. Cuirfidh consalacht an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige, an tráth céanna a dtabharfar an fógra dá dtagraítear i mír 7, consalachtaí na mBallstát eile agus toscaireacht an Aontais sa dlíne lena mbaineann ar an eolas faoi na socrúithe maidir le hionadaíocht nó faoi fhoirceannadh socrúithe den sórt sin.”

- (e) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

“10. Más rud é nach bhfuil Ballstát i láthair ná mura bhfuil ionadaíocht á déanamh air sa tríú tír ina ndéanfaidh an t-iarratasóir an t-iarratas a thaisceadh, féachfaidh an Ballstát sin le dul i gcomhar le soláthraí seirbhíse seachtrach, i gcomhréir le hAirteagal 43, sa tríú trí sin.

11. I gcás ina bhfuil *force majeure* fada teicniúil i gconsalacht de chuid Ballstáit i láthair áirithe, lorgóidh an Ballstát sin ionadaíocht shealadach ó Bhallstát eile sa láthair sin i gcás gach iarratasóra nó i gcás roinnt catagóirí iarratasóra.”;

(7) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Déanfar iarratais a thaisceadh tráth nach túsce ná sé mhí, agus i gcás maraithe atá i mbun a ndualgas, tráth nach túsce ná 9 mí, roimh thosach na cuairte atá beartaithe agus, mar riail, tráth nach déanaí ná 15 lá féilire roimh thosach na cuairte atá beartaithe. I gcásanna aonair práinne a mbeidh bonn cirt leo, féadfaidh an chonsalacht nó na húdaráis lárnacha a cheadú go ndéanfaí iarratais a thaisceadh tráth nach déanaí ná 15 lá féilire roimh thosach na cuairte atá beartaithe.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Gan dochar d’Airteagal 13, féadfaidh siad seo a leanas iarratais a thaisceadh:

(a) an t-iarratasóir;

(b) idirghabhálaí tráchtála creidiúnaithe;

(c) comhlachas nó institiúid gairme, cultúir, spóirt nó oideachais thar ceann a gcomhaltaí.”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Ní chuirfear de cheangal ar iarratasóir teacht i láthair é féin ag níos mó ná suíomh amháin chun iarratas a thaisceadh.”;

(8) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Tiocfaidh na hiarratasóirí i láthair iad féin tráth a dtaiscfidh siad iarratas d’fhonn méarloing a bhailiú, i gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus (3) agus pointe (b) d’Airteagal 13(7). Gan dochar don chéad abairt den mhír seo agus d’Airteagal 45, féadfaidh na hiarratasóirí a n-iarratais a thaisceadh go leictreonach, i gcás inar féidir é sin a dhéanamh.”;

(b) scriostar mír 2;

(9) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

“1. Déanfaidh gach iarratasóir foirm a chur isteach atá comhlánaithe de láimh nó go leictreonach, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Beidh an fhoirm iarratais sínithe. Féadfar é a shíniú de láimh nó, i gcás ina n-aithníonn an Ballstát atá inniúil ar iarratais a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh ina leith ríomhshíniú, féadfar é a shíniú go leictreonach.”;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“1a. I gcás ina síníonn an t-iarratasóir an fhoirm iarratais go leictreonach, beidh an ríomhshíniú ina ríomhshíniú cáilithe de réir bhrí pointe (12) d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

1b. Is de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a bheidh an t-ábhar atá i leagan leictreonach na foirme iarratais, más infheidhme.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Beidh an fhoirm ar fáil sna teangacha seo a leanas ar a laghad:

(a) teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit a bhfuil víosa á hiarraidh ina leith nó teanga an Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh aige; agus

(b) teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla na tíre óstaí.

I dteannta na teanga nó na dteangacha dá dtagraítear i bpointe (a), féadfar an fhoirm a chur ar fáil in aon teanga oifigiúil eile de chuid institiúidí an Aontais.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Más rud é nach mbeidh teanga oifigiúil ná teangacha oifigiúla na tíre óstaí á comhtháthú nó á gcomhtháthú san fhoirm, cuirfear aistriúchán sa teanga nó sna teangacha sin ar fáil d’iarratasóirí.”;

(10) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 go 5:

“3. Leagtar amach in Iarscríbhinn II liosta neamhchuisitheach de dhoiciméid tacaíochta a fhéadfar a iarraidh ar an iarratasóir d’fhonn comhlíonadh na gcoinníollacha a liostaítear i míreanna 1 agus 2 a fhíorú.

4. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar na hiarratasóirí cruthúnas ar urraíocht nó cruthúnas ar chóiríocht phríobháideach, nó ar an dá rud, a léiriú trí fhoirm arna cur i dtoll a chéile ag gach Ballstát a líonadh. Sonrófar an méid seo a leanas, go háirithe, ar an bhfoirm sin:

- (a) cibé acu an cruthúnas ar urraíocht nó cruthúnas ar chóiríocht phríobháideach é a cuspóir, nó ar an dá rud;
- (b) cibé acu an duine aonair, cuideachta nó eagraíocht é an t-urraitheoir nó an duine atá ag tabhairt cuiridh;
- (c) aitheantas agus sonraí teagmhála an urraitheora nó an duine atá ag tabhairt cuiridh;
- (d) sonraí aitheantais (céadainm agus sloinne, dáta breithe, áit bhreithe agus náisiúntacht) an iarratasóra nó na n-iarratasóirí;
- (e) seoladh an iostais;
- (f) fad agus cuspóir an fhanachta;
- (g) aon nasc teaghlaigh atá ag an iarratasóir leis an urraitheoir nó an duine atá ag tabhairt cuiridh;
- (h) an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Airteagal 37(1) de Rialachán VIS.

De bhreis ar theanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit, déanfar an fhoirm a tharaingt suas i dteanga oifigiúil amháin eile ar a laghad de chuid institiúidí an Aontais. Cuirfear cóip shamplach den fhoirm chuig an gCoimisiún.

5. Déanfaidh na consalachtaí, laistigh de chomhar áitiúil Schengen, cur chun feidhme na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 1 a mheas, chun na cúinsí áitiúla a chur san áireamh, mar aon le rioscaí imirce agus slándála.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“5a. I gcás inar gá chun cúinsí áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 48 a chur san áireamh, glacfaidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme liosta comhchuibhithe de dhoiciméid tacaíochta atá le húsáid i ngach dlínse. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Féadfar ceanglais mhír 1 den Airteagal seo a tharscaoileadh i gcás inarb eol don chonsalacht nó do na húdaráis lárnacha go bhfuil iarratasóir ionraic agus iontaoifa, go háirithe i ndáil le húsáid dhleathach víosaí roimhe sin, mura mbeidh aon amhras ann go gcomhlíonfaidh an té sin ceanglais Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) tráth a mbeidh teorainneacha seachtracha na mBallstát á dtrasnú ag an té sin.

(*) Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).”;

(11) in Airteagal 15(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“2. Cruthóidh iarratasóirí ar víosa dul isteach iolrach go bhfuil árachas liachta taistil leordhóthanach agus baili acu lena gcumhdófar tréimhse na chéad chuairte atá beartaithe acu.”.

(12) leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

“1. Íocfaidh iarratasóirí táille víosa EUR 80.

2. Íocfaidh leanaí atá 6 bliana d’aois nó os a chionn ach atá faoi bhun 12 bhliain d’aois táille víosa EUR 40.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“2a. Beidh feidhm ag táille víosa EUR 120 nó EUR 160 má ghlacann an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme faoi phointe (b) d’Airteagal 25a(5). Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo i gcás leanaí faoi 12 bhliain d’aois.”;

(c) scriostar mír 3;

(d) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) taighdeoirí, mar a shainmhínítear iad i bpointe (2) d’Airteagal 3 de Threoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), atá ag taisteal chun taighde eolaíoch a dhéanamh nó atá ag glacadh páirt i seimineár nó i gcomhdháil eolaíoch;

(*) Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha i ndáil le dul isteach agus cónaí na náisiúnach tríú tír chun críocha taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó cláir oideachais agus obair *au pair* (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21).”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Féadfar an táille víosa a tharscaoileadh:

(a) i gcás leanaí atá os cionn 6 bliana d’aois ach atá faoi bhun 18 mbliana d’aois;

(b) i gcás sealbhóirí pasanna taidhleoireachta agus pasanna seirbhíse;

(c) i gcás rannpháirtithe i seimineáir, i gcomhdháilacha, i spórt, in imeachtaí cultúrtha nó oideachais a eagraítear ag eagraíochtaí neamhbhrabúis, atá 25 bliana d’aois nó faoina bhun.”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. I gcásanna aonair, féadfar tarscaoileadh nó laghdú a dhéanamh ar mhéid na táille víosa a mhuirearófar nuair a fhónann déanamh amhlaidh chun leasanna cultúrtha nó spóirt, leasanna i réimse an bheartais eachtraigh, an bheartais forbartha agus i réimsí eile a bhfuil leas poiblí bunriachtanach ag gabháil leo a chur chun cinn, nó ar chúiseanna daonchairdiúla nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta.”;

(g) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Nuair a mhuirearófar méid na táille víosa in airgeadra eile seachas an euro, déanfar méid na táille víosa a mhuirearófar san airgeadra sin a chinneadh agus a athbhreithniú go tráthrialta i bhfeidhmiú an ráta tagartha malairte coigríche euro arna leagan síos ag an mBanc Ceannais Eorpach. Féadfar an méid a mhuirearaítear a shlánú suas agus áiritheofar go muirearófar táillí comhchosúla faoi chomhar áitiúil Schengen.”;

(h) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“9. Gach 3 bliana, déanfaidh an Coimisiún measúnú faoin ngá athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid na dtáillí víosa a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 2a den Airteagal seo, ag cur critéir oibiachtúla san áireamh, amhail an ráta boilscithe ginearálta ar fud an Aontais arna fhoilsiú ag Eurostat, agus meán ualaithe thuarastail státseirbhísigh na mBallstát. Ar bhonn na measúnuithe sin, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmlichte, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 51a a bhaineann le leasú an Rialacháin seo i ndáil le méid na dtáillí víosa.”;

(13) leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 1:

“1. Féadfaidh soláthraí seirbhíse seachtrach, dá dtagraítear in Airteagal 43, táille seirbhíse a ghearradh.”;

(b) scriostar mír 3;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“4a. De mhaolú ar mhír 4, i gcás nach bhfuil consalacht ag an mBallstát inniúil i dtríú tíortha chun críche iarratais a bhailiú agus nach bhfuil ionadaíocht á déanamh ag Ballstát eile air, ní rachaidh an táille seirbhíse, i bprionsabal, thar EUR 80.

4b. In imthosca eisceachtúla nach leor an méid dá dtagraítear i mír 4a chun seirbhís iomlán a chur ar fáil, féadfar táille seirbhíse níos airde de suas le huasmhéid EUR 120 a mhuirearú. I gcás den sórt sin, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún á cur in iúl go mbeartaíonn sé táille seirbhíse níos airde a mhuirearú, 3 mhí ar a dhéanaí roimh thús a cur chun feidhme. Sonrófar san fhógra na forais maidir le leibhéal na táille seirbhíse a chinneadh, go háirithe na costais mhionsonraithe ar dá réir a chinntear méid níos airde.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a chinneadh go gcoimeádfar an fhéidearthacht leis na hiarratasóirí uile a n-iarratais a thaisceadh go díreach ina chonsalachtaí nó ag consalacht an Bhallstáit a bhfuil socrú ionadaíochta aige leis, i gcomhréir le hAirteagal 8.”;

(14) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

“1. Fíoróidh consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil an méid seo a leanas:”;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“2. I gcás ina gcinnfidh consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, beidh an t-iarratas inghlactha agus déanfaidh an chonsalacht nó na húdaráis lárnacha an méid seo a leanas:

— —na nósanna imeachta mar a thuairiscítear in Airteagal 8 de Rialachán VIS a leanúint, agus

— —an t-iarratas a scrúdú tuilleadh.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. I gcás ina gcinnfidh consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil nár comhlíonadh na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, beidh an t-iarratas neamh-inghlactha agus déanfaidh an chonsalacht nó na húdaráis lárnacha an méid seo a leanas gan mhoill:

— an fhoirm iarratais agus aon doiciméad a thíolaic an t-iarratasóir a chur ar ais,

— na sonraí bithmhéadracha a bailíodh a scriosadh,

— an táille víosa a aisíoc, agus

— an t-iarratas a fhágáil gan scrúdú.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. De mhaolú ar mhír 3, féadfar a mheas go bhfuil iarratas nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 1 inghlactha ar chúiseanna daonchairdiúla, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta.”;

(15) leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

“3. Agus seiceáil á déanamh ar cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha maidir le dul isteach, fíoróidh an chonsalacht nó na húdaráis lárnacha an méid seo a leanas:”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

“(e) go bhfuil árachas liachta taistil leordhóthanach agus bailí ag an iarratasóir, más infheidhme, lena gcumhdaítear tréimhse an fhanachta atá beartaithe nó, má táthar ag déanamh iarratas ar víosa dul isteach iolrach, tréimhse na chéad chuairte atá beartaithe.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Déanfaidh an chonsalacht nó na húdaráis lárnacha, más infheidhme, fad na dtréimhsí fanachta roimhe sin agus fad na dtréimhsí fanachta atá beartaithe a fhíorú chun a fhíorú nach bhfuil fad uasta aon fhanachta a údaraíodh ar chríoch na mBallstát sáraithe ag an iarratasóir, gan beann ar aon tréimhsí fanachta arna n-údarú faoi víosa fadfhanachta náisiúnta nó faoi chead cónaithe.”;

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

“6. Le linn iarratas ar víosa idirthurais aerfoirt a scrúdú, fíoróidh an chonsalacht nó na húdaráis lárnacha an méid seo a leanas go háirithe.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. Le linn dóibh iarratas a scrúdú, féadfaidh consalachtaí nó na húdaráis lárnacha, i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo, agallamh a dhéanamh leis an iarratasóir agus doiciméid bhreise a iarraidh.”;

(16) leasaítear Airteagal 22 mar a leanas

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 3:

“1. Ar fhoras gur bagairt é do bheartas poiblí, do shlándáil inmheánach, don chaidreamh idirnáisiúnta nó do shláinte phoiblí, féadfaidh Ballstát a cheangal ar údaráis lárnacha Ballstát eile dul i gcomhairle lena n-údaráis lárnacha le linn scrúdú a bheith á dhéanamh ar iarratais a thaisceann náisiúnaigh tríú tíortha sonracha nó catagóirí sonracha de na náisiúnaigh sin. Ní bheidh feidhm ag comhairliúchán den sórt sin maidir le hiarratais ar víosaí idirthurais aerfoirt.

2. Tabharfaidh na húdaráis lárnacha a rachfar i gcomhairle leo freagra cinntitheach a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 7 lá féilire ón lá a rachfar i gcomhairle leo. Mura bhfaighfear freagra faoin spriocdháta sin, ciallóidh sé sin nach bhfuil aon fhoras acu agóid a dhéanamh i leith an víosa a eisiúint.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin gceanglas maidir le comhairliúchán roimh ré a thabhairt isteach nó a tharraingt siar, mar riail, 25 lá féilire ar a dhéanaí sula dtiocfaidh sé chun bheith infheidhme. Tabharfar an fhaisnéis sin freisin faoi chomhar áitiúil Schengen sa dlínse lena mbaineann.”;

(b) scriostar mír 5;

(17) leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Féadfar síneadh 45 lá féilire ar a mhéid a chur leis an tréimse sin i gcásanna ar leith, go háirithe nuair a bheidh gá le grinnscrúdú breise ar an iarratas.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“2a. Déanfar cinneadh faoi iarratais gan mhoill i gcásanna aonair práinne a bhfuil bonn cirt leo.”;

(c) scriostar mír 3;

(d) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(ba) víosa idirthurais aerfoirt a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 26; nó”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c).

“(c) diúltú víosa a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 32.”;

(iii) scriostar pointe (d).

(18) leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) scriostar an tríú fomhír;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír:

“Gan dochar do phointe (a) d’Airteagal 12, áireofar i dtréimhse bhailíochta le haghaidh víosa chun dul isteach uair amháin ‘tréimhse chairde’ 15 lá féilire.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ar choinníoll go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha maidir le dul isteach a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointí (c) go (e) d’Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/399, déanfar víosaí dul isteach iolrach a mbeidh bailíocht fhada acu a eisiúint do na tréimhsí bailíochta seo a leanas, ach amháin dá mbeadh bailíocht na víosa níos faide ná bailíocht an doiciméid taistil:

(a) tréimhse bhailíochta 1 bhliana amháin, ar choinníoll go ndearna an t-iarratasóir trí víosa a fháil agus a úsáid go dleathach laistigh den 2 bhliain roimhe sin;

(b) tréimhse bhailíochta 2 bhliain, ar choinníoll go ndearna an t-iarratasóir víosa dul isteach iolrach a bhí bailí ar feadh bliain amháin a fháil agus a úsáid go dleathach laistigh den 2 bhliain roimhe sin;

(c) tréimhse bhailíochta 5 bliana, ar choinníoll go ndearna an t-iarratasóir víosa dul isteach iolrach a bhí bailí ar feadh 2 bhliain a fháil agus a úsáid go dleathach laistigh den 3 bliana roimhe sin.

Ní chuirfear víosaí idirthurais aerfoirt ná víosaí a bhfuil bailíocht chríochach theoranta acu arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 25(1) san áireamh agus víosaí dul isteach iolrach á n-eisiúint.”;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“2a. De mhaolú ar mhír 2, féadfar tréimhse bhailíochta na víosa a eisíodh a ghiorrú i gcásanna ar leith ina bhfuil amhras réasúnta ann nach gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le dul isteach don tréimhse iomlán.

2b. De mhaolú ar mhír 2, déanfaidh consalachtaí, laistigh de chomhar áitiúil Schengen, a mheas an gá na rialacha maidir le heisiúint víosaí dul isteach iolrach a leagtar amach i mír 2 a oiriúnú chun cúinsí áitiúla a chur san áireamh, mar aon le rioscaí imirce agus slándála, i bhfiainse rialacha níos fabhraí nó níos sriantaí a ghlacadh i gcomhréir le mír 2d.

2c. Gan dochar do mhír 2, féadfar víosa dul isteach iolrach a bheidh bailí suas le 5 bliana a eisiúint d’iarratasóirí a chruthóidh gur gá dóibh taisteal go minic nó go rialta nó a léireoidh go bhfuil údar lena n-intinn é sin a dhéanamh, ar chuntar go gcruthóidh siad a n-ionracas agus a n-iontaofacht, go háirithe úsáid dhleathach víosaí roimhe sin, a staid eacnamaíoch sa tír thionscnaimh agus a n-intinn dhílis críoch na mBallstát a fhágáil roimh dhul in éag an víosa a bhfuil iarratas déanta acu uirthi.

2d. I gcás inar gá, ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2b den Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha a ghlacadh maidir leis na coinníollacha ar a n-eiseofar víosaí dul isteach iolrach a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo atá le cur i bhfeidhm i ngach dlínse chun cúinsí áitiúla, rioscaí imirce agus slándála, agus caidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír atá i gceist a chur san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).”;

(19) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 25a

Comhar maidir le hathligeran isteach

1. Ag brath ar leibhéal comhair tríú tír leis na Ballstáit maidir le hathligeran isteach imirceach neamhrialta, comhar a mheastar ar bhonn sonraí ábhartha oibiachtúla, ní bheidh feidhm ag Airteagal 14 (6), Airteagal 16(1), pointe (b) d’Airteagal 16(5), Airteagal 23(1), ná Airteagal 24(2) agus (2c) maidir le hiarratasóirí nó catagóirí iarratasóirí, ar náisiúnaigh iad de thríú tír nach meastar a bheith ag comhoibriú go hiomchuí, i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Déanfaidh an Coimisiún go tráthrialta, ar a laghad uair amháin sa bhliain, measúnú ar chomhar na dtrú tíortha maidir le hathligeran isteach, ag cur na dtáscairí seo a leanas san áireamh, go háirithe:

- (a) líon na gcinntí um fhilleadh arna n-eisiúint chuig daoine ón trú tír i gceist a bhí ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát;
- (b) líon na bhfillteacha éigeantacha iarbhrí ar dhaoine ar eisíodh cinntí um fhilleadh chucu, mar chéatadán de líon na gcinntí um fhilleadh arna n-eisiúint chuig náisiúnaigh an trú tír i gceist lena n-áirítear, más iomchuí, ar bhonn comhaontuithe de chuid an Aontais nó comhaontuithe déthaobhacha um athligeran isteach, líon na náisiúnach trú tír a rinne idirthuras trí chríoch an trú tír i gceist;
- (c) líon na n-iarrataí ar athligeran isteach in aghaidh an Bhallstáit ar ghlac an trú tír leo mar chéatadán de líon na n-iarrataí den sórt sin a cuireadh faoina bráid;
- (d) leibhéal an chomhair phraiticiúil maidir leis an bhfillteadh ag céimeanna áirithe den nós imeachta um fhilleadh, amhail:
 - (i) cúnaimh a chuirtear ar fáil chun daoine atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát a shainnithint agus chun doiciméid taistil a eisiúint go tráthúil;
 - (ii) glacadh le doiciméad taistil Eorpach i ndáil le náisiúnaigh trú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh nó *laissez-passer*;
 - (iii) glacadh le hathligeran isteach daoine atá le fillteadh ar a dtír féin go dleathach;
 - (iv) glacadh le heitiltí agus oibríochtaí fillte.

Beidh measúnú den sórt sin bunaithe ar an úsáid a bhaintear as sonraí iontaofa arna soláthar ag Ballstáit, mar aon le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún go tráthrialta, ar a laghad uair amháin sa bhliain, tuarascáil don Chomhairle ar a mheasúnú.

3. Féadfaidh Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún freisin má bhíonn fadhbanna substaintiúla leanúnacha aige le comhar trú tír maidir le hathligeran isteach imircigh neamhrialta ar bhonn na dtáscairí céanna a liostaítear i mír 2. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach faoin bhfógra.

4. Scrúdóidh an Coimisiún aon fhógra a thabharfar de bhun mhír 3 laistigh de thréimhse míosa. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas mar gheall ar thorthaí a scrúdaithe.

5. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, ar bhonn na hanailíse dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4, agus aird á tabhairt ar na céimeanna a ghlac an Coimisiún chun feabhas a chur ar leibhéal comhair an trú tír lena mbaineann i réimse an athligeran isteach agus ar chaidreamh foriomlán an Aontais leis an trú tír sin, lena n-áirítear i réimse na himirce, nach bhfuil tír ag comhoibriú go hiomchuí agus gur gá gníomhaíocht a dhéanamh, dá bhrí sin, nó, i gcás, laistigh de 12 mhí, ina dtabharfaidh tromlach beag na mBallstát fógra don Choimisiúni gcomhréir le mír 3, cuirfidh an Coimisiún, agus é ag leanúint lena iarrachtaí feabhas a chur ar an gcomhar leis an trú tír lena mbaineann, togra faoi bhráid na Comhairle chun an méid a leanas a ghlacadh:

- (a) cinneadh cur chun feidhme lena gcuirfear ar fionraí go sealadach cur i bhfeidhm aon cheann amháin nó níos mó d'Airteagal 14(6), pointe (b) d'Airteagal 16(5), Airteagal 23(1), nó Airteagal 24(2) agus (2c), maidir le náisiúnaigh an trú tír lena mbaineann nó maidir le catagóirí áirithe díobh;
- (b) i gcás ina measfar, tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, nach mbeidh na bearta a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo éifeachtach, cinneadh cur chun feidhme lena gcuirfear i bhfeidhm, de réir a chéile, ceann de na táillí víosa a leagtar amach in Airteagal 16(2a) maidir le náisiúnaigh uile an trú tír lena mbaineann nó maidir le catagóirí áirithe díobh.

6. Measfaidh agus tuairisceoidh an Coimisiún go leanúnach ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach i mír 2 an féidir a léiriú go bhfuil feabhas suntasach agus inbhuanaithe curtha ar chomhoibriú leis an trú tír lena mbaineann maidir le hathligeran isteach imircigh neamhrialta agus, ag cur chaidreamh foriomlán an Aontais leis an trú tír sin san áireamh, féadfaidh sé togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun na cinntí cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 a aisghairm nó a leasú.

7. Ar a dhéanaí sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm na gcinntí cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir le comhar an trú tír sin maidir le hathligeran isteach.

8. I gcás ina gcinneadh an Coimisiún, ar bhonn na hanailíse dá dtagraítear i mír 2 agus caidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír lena mbaineann á chur san áireamh aige, go háirithe ó thaobh an chomhair i réimse an athlígian isteach, go bhfuil an tríú tír lena mbaineann ag comhoibriú go hiomchuí, féadfaidh sé togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh a bhaineann le hiarratasóirí nó le catagóirí iarratasóirí, ar náisiúnaigh den tríú tír sin iad agus a chuireann isteach ar víosa ar chríoch an tríú tír sin, lena bhforáiltear do cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- (a) an táille víosa dá dtagraítear in Airteagal 16(1) a laghdú go dtí EUR 60;
- (b) an tréimhse ina bhfuil cinntí maidir le hiarratas le déanamh dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a laghdú go dtí 10 lá;
- (c) tréimhse bhailíochta víosaí dul isteach iolrach faoi Airteagal 24(2) a mhéadú.

Beidh feidhm ag an gcinneadh cur chun feidhme sin ar feadh bliain amháin ar a mhéad. Féadfar é a athnuachan.”;

(20) leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

“1. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha a ghlacadh chun an greamán víosa a líonadh isteach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

2. Féadfaidh na Ballstáit iontrálacha náisiúnta a chur leis an roinn dar teideal ‘barúlacha’ den ghreamán víosa. Sna hiontrálacha sin, ní dhéanfar dúbláil ar na hiontrálacha éigeantacha arna leagan síos i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1.”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Ní fhéadfar greamán víosa le haghaidh víosa chun dul isteach uair amháin a chomhlánú de láimh ach amháin i gcás *force majeure* teicniúil. Ní dhéanfar aon athrú ar ghreamán víosa a líontar isteach de láimh.”.

(21) leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Greamófar an greamán víosa den doiciméad taistil.”;

- (b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha mionsonraithe a ghlacadh chun an greamán víosa a ghreamú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).”;

(22) leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

“1. Féadfaidh Ballstát a cheangal go gcuirfear a údaráis lárnacha ar an eolas maidir le víosaí a eiseoidh Ballstáit eile chuig náisiúnaigh tríú tíortha sonracha nó chuig catagóirí sonracha de na náisiúnaigh sin, seachas i gcás víosaí idirthurais aerfoirt.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin gceanglas maidir leis an bhfaisnéis sin a thabhairt isteach nó a tharraingt siar 25 lá féilire ar a dhéanaí sula dtiocfaidh sé chun bheith infheidhme. Tabharfar an fhaisnéis sin freisin faoi chomhar áitiúil Schengen sa dlí lena mbaineann.”;

- (b) scriostar mír 4;

(23) leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

- (a) i mír 1, pointe (a), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(ia) nach dtugann sé bonn cirt le cuspóir nó le coinníollacha an idirthurais aerfoirt atá beartaithe.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Tabharfar fógra don iarratasóir faoi chinneadh maidir leis an diúltú agus faoi na cúiseanna ar a mbeidh sé bunaithe trí bhíthin na foirme caighdeánaí a leagtar amach in Iarscríbhinn VI i dteanga an Bhallstáit a rinneadh an cinneadh deiridh maidir leis an iarratas agus i dteanga oifigiúil eile de chuid institiúidí an Aontais;”;

(c) scriostar mír 4;

(24) leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) scriostar mír 2;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“2a. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, treoracha oibríochtúla a ghlacadh chun víosaí a eisiúint ag an teorainn chuig maraithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).”;

(25) in Airteagal 37, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

“2. Beidh stóráil agus láimhseáil na ngreamán víosa faoi réir bearta leordhóthanacha slándála chun an chalois nó an cailleanas a sheachaint. Coimeádfaidh gach consalacht cuntas ar an stoc greamán víosa atá aici agus déanfaidh sí clárú ar an gcaoi ar úsáideadh gach greamán víosa. Má chaillfear méid suntasach greamán bán víosa, déanfar sin a thuairisciú don Choimisiún.

3. Coimeádfaidh consalachtaí nó údarais lárnacha cartlann iarratas i bhformáid páipéir nó leictreonach. Beidh i ngach comhad ar leith an fhaisnéis ábhartha lenar féidir, más gá, cúlra an chinnidh a rinneadh i dtaobh an iarratais a léiriú arís.

Coimeádfar na comhaid iarratais aonair ar feadh 1 bhliain amháin ar a laghad ón dáta a ndéanfar an cinneadh ar an iarratas dá dtagraítear in Airteagal 23(1) nó, i gcás achomhairc, go dtí deireadh an nós imeachta achomhairc, pé acu is faide. Más infheidhme, coimeádfar na comhaid iarratais leictreonacha aonair ar feadh tréimhse bailíochta na víosa a eisiódh.”.

(26) leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

“Acmhainní chun scrúdú a dhéanamh ar iarratais agus chun faireachán a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le víosaí”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Cuirfidh na Ballstáit líon leordhóthanach comhaltaí foirne iomchuí ar fáil sna consalachtaí chun na cúraimí a dhéanamh a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar iarratais, ar chaoi agus go n-áiritheofar caighdeán seirbhíse don phobal a bheidh réasúnta agus comhchuibhithe;”;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh comhaltaí foirne easaoránacha faireachán ar an nós imeachta maidir le víosaí ina iomláine i gconsalachtaí, lena n-áirítear iarratais a thaisceadh agus a láimhseáil, greamáin víosa a phriontáil agus an comhar praiticiúil le soláthraithe seirbhíse seachtracha, chun sláine gach céime den nós imeachta a áirithiú.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Cuirfidh údarais lárnacha na mBallstát oiliúint leordhóthanach ar na comhaltaí foirne easaoránacha agus ar na comhaltaí foirne a bheidh fostaithe go háitiúil agus beidh siad freagrach as faisnéis iomlán, bheacht, a bheidh cothrom le dáta a chur ar fáil maidir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí ábhartha náisiúnta.”;

(e) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“3a. I gcás ina scrúdóidh údarais lárnacha iarratais agus ina ndéanfaidh siad cinneadh fúthu amhail dá dtagraítear in Airteagal 4(1a), cuirfidh na Ballstáit oiliúint shonrach ar fáil chun a áirithiú go mbeidh a ndóthain eolais thír-shonraigh, a bheidh cothrom le dáta, faoi chúinsí áitiúla socheacnamaíocha, agus faisnéis iomlán, bheacht, a bheidh cothrom le dáta maidir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí ábhartha náisiúnta, ag foireann na n-údarás lárnach sin.

3b. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go mbeidh oiliúint leordhóthanach ar an bhfoireann sna consalachtaí chun cuidiú leis na húdaráis lárnacha agus scrúdú agus cinneadh á ndéanamh acu maidir le hiarratais, go háirithe trí bheith rannpháirteach i gcruinnithe comhair áitiúil Schengen, faisnéis a mhalartú le consalachtaí eile agus leis na húdaráis áitiúla, faisnéis áitiúil ábhartha a bhailiú maidir le riosca imirce agus cleachtais chalaioiseacha, agus agallaimh agus scrúduithe breise a dhéanamh.”;

(f) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil nós imeachta ann lenar féidir le hiarratasóirí gearáin a thíolacadh maidir leis an méid a leanas:

(a) iompar na gcomhaltaí foirne sna consalachtaí agus, i gcás inarb infheidhme, iompar na soláthróirí seirbhíse seachtracha; nó

(b) an próiseas iarratais.

Coimeádfaidh consalachtaí nó údaráis lárnacha taifead de na gearáin agus den obair leantach a rinneadh.

Cuirfidh na Ballstáit faisnéis faoin nós imeachta dá bhforáiltear sa mhír seo ar fáil don phobal.”;

(27) in Airteagal 39, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

“2. Agus iad i mbun a ndualgais, déanfaidh an fhoireann chonsalach agus foireann na n-údarás lárnach dínit an duine a urramú. Beidh aon bheart a ghlacfar i gcomhréir leis na cuspóirí a bheidh á saothrú leis na bearta sin.

3. Fad a bheidh a gcúraimí á gcomhlíonadh acu, ní dhéanfaidh an fhoireann chonsalach ná foireann na n-údarás lárnach idirdhealú in aghaidh daoine ar fhorais gnéis, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta.”;

(28) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40:

“Airteagal 40

Eagrú agus comhar consalachta

1. Beidh gach Ballstát freagrach as na nósanna imeachta a bhaineann le hiarratais a eagrú.

2. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) a gconsalachtaí agus a n-údaráis atá freagrach as víosaí a eisiúint ag na teorainneacha a fheistiú leis an ábhar cuí chun aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú, agus oifigí a gconsal oinigh a fheistiú chun aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú, i gcás ina mbainfidh siad úsáid astu, i gcomhréir le hAirteagal 42;

(b) dul i gcomhar le Ballstát amháin nó níos mó de réir socruithe ionadaíochta nó de réir comhar consalach d'aon chineál eile.

3. Féadfaidh Ballstát dul i gcomhar freisin le soláthraí seirbhíse seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 43.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoina n-eagrú agus faoina gcomhar consalachta ar gach láthair chonsalachta.

5. I gcás fhoirceannadh an chomhair le Ballstáit eile, déanfaidh na Ballstáit a ndícheall lena áirithiú go leanfar de sheirbhís iomlán a chur ar fáil.”;

(29) scriostar Airteagal 41;

(30) leasaítear Airteagal 43 mar a leanas:

(a) scriostar mír 3;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ní bheidh rochtain ag na soláthraithe seirbhíse seachtracha ar VIS in imthosca ar bith. Forchoimeádfar rochtain ar VIS go heisiach d'fhoirne cuí-údaraithe na gconsalachtaí nó d'fhoirne na n-údarás lárnach.”;

(c) leasaítear mír 6 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) faisnéis ghinearálta a chur ar fáil faoi cheanglais víosaí, i gcomhréir le pointí (a) go (c) d’Airteagal 47(1), agus faoi fhoirmeacha iarratais;”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) sonraí agus iarratais a bhailiú (lena n-áirítear bailiú aitheantóirí bithmhéadracha) agus an t-iarratas a tharchur chuig an gconsalacht nó chuig na húdaráis lárnacha;”;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (e) agus (f):

“(e) bainistiú a dhéanamh ar choinní an iarratasóra, i gcás inarb infheidhme, ag an gconsalacht nó ag áitreabh an tsoláthraí seirbhíse sheachtraigh.

(f) na doiciméid taistil a bhailiú, lena n-áirítear fógra maidir le diúltú más infheidhme, ón gconsalacht nó ó na húdaráis lárnacha agus iad a thabhairt ar ais don iarratasóir.”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

“7. Agus soláthraí seirbhíse seachtrach á roghnú aige, measfaidh an Ballstát lena mbaineann iontaofacht agus sócmhainneacht na heagraíochta nó na cuideachta agus áiritheoidh sé nach ann d’aon choinbhleacht leasa. Áireofar sa mheasúnú, de réir mar is iomchuí, grinnscrúdú ar na ceadúnais riachtanacha, ar an gclárú tráchtála, ar reachtanna agus ar chonarthaí bainc.”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

“9. Beidh na Ballstáit freagrach as comhlíonadh na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus áiritheoidh siad go bhfuil an soláthraí seirbhíse seachtrach faoi réir fhaireachán na n-údarás maoirseachta um chosaint sonraí de bhun Airteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(* Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).”;

(f) leasaítear mír 11 mar seo a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus e (b):

“(a) an fhaisnéis ghinearálta maidir leis na critéir, na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh ar víosa, mar a leagtar amach i bpointí (a) go (c) d’Airteagal 47, agus ábhar na bhfoirmeacha iarratais a chuireann an soláthraí seirbhíse seachtrach ar fáil do na hiarratasóirí.

(b) na bearta slándála uile is gá, idir theicniúil agus eagraíochtúil, chun sonraí pearsanta a chosaint ar scríosadh, bíodh sé trí thaisme nó neamhdhleathach, ar chailliúint trí thaisme, ar athrú, ar nochtadh gan údarás nó ar rochtain gan údarás, go háirithe i gcás ina mbainfidh an comhar le tarchur comhad agus sonraí chuig consalacht nó chuig údarás lárnacha an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, agus chun iad a chosaint ar phróiseáil neamhdhleathach sonraí pearsanta de gach cineál eile;”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

“Chun na críche sin, déanfaidh consalacht nó consalachtaí nó údarás lárnacha an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, go tráthrialta agus gach 9 mí ar a laghad, seiceálacha ar an láthair ar áitreabh an tsoláthraí seirbhíse sheachtraigh. Féadfaidh na Ballstáit comhaontú a dhéanamh ualach an fhaireacháin thráthrialta sin a chomhroinnt.”;

(g) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“11a. Faoin 1 Feabhra gach bliain, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún maidir lena gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha ar fud an domhain, agus maidir leis an bhfaireachán a rinne siad ar na soláthraithe sin dá dtagraítear i bpointe C d’Iarscríbhinn X.”.

(31) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 44:

“Airteagal 44

Criptiú agus aistriú slán sonraí

1. I gcás comhair idir na Ballstáit agus comhair le soláthraí seirbhíse seachtrach agus úsáid consal oinigh, áiritheoidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann go bhfuil na sonraí go hiomlán criptithe, is cuma má aistrítear go leictreonach nó go fisiciúil ar mheán leictreonach stórála iad.

2. I dtríú tíortha a chuireann toirmeasc ar shonraí criptithe atá le haistriú go leictreonach, ní cheadóidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann sonraí a aistriú go leictreonach.

I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann go ndéanfaidh oifigeach consalach de chuid Ballstáit na sonraí leictreonacha a aistriú go fisiciúil i bhfoirm lánchriptithe ar mheán leictreonach stórála nó, i gcás ina gcaithfí bearta díreireacha nó bearta míréasúnacha a dhéanamh leis an aistriú sin a chur i gcrích, áiritheoidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann go ndéanfar iad a aistriú ar bhealach eile atá slán agus sábháilte, amhail trí oibreoirí seanbhunaithe a bhfuil taithí acu ar dhoiciméid íogaire agus ar shonraí íogaire a iompar sa tríú tír lena mbaineann a úsáid.

3. I ngach cás, déanfar leibhéal na slándála don aistriú a oiriúnú de réir íogaireacht na sonraí.”;

(32) leasaítear Airteagal 45 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Déanfar faireachán go tráthrialta ar idirghabhálaithe tráchtála creidiúnaithe trí sheiceálacha ar an láthair a chuimseoidh agallaimh duine le duine nó agallaimh teileafóin leis na hiarratasóirí, fíorú na dturas agus an iostais, agus má mheasfar gur gá é, fíorú na ndoiciméad a bhaineann le fillleadh an ghrúpa.”;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

“Áiritheoidh gach consalacht agus na húdaráis lárnacha go mbeidh an pobal ar an eolas faoin liosta idirghabhálaithe tráchtála creidiúnaithe a mbeidh siad i gcomhar leo, i gcás inarb ábhartha.”.

(33) leasaítear Airteagal 47(1) mar a leanas:

(a) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

“(aa) na critéir lena measfar go mbeidh iarratas inghlactha, dá bhforáiltear in Airteagal 19(1);

(ab) go mbaileofar, i bprionsabal, sonraí bithmhéadracha gach 59 mí, ag tosú ar an dáta a bhaileofar iad den chéad uair;”.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) an áit a bhféadfar an t-iarratas a thíolacadh (an chonsalacht inniúil nó an soláthraí seirbhíse seachtrach);”;

(c) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(j) faisnéis faoin nós imeachta gearán dá bhforáiltear in Airteagal 38(5).”;

(34) leasaítear Airteagal 48 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Oibreoidh consalachtaí agus toscaireachtaí An Aontais i gcomhar le chéile i ngach dlínse chun a áirithiú go gcuirfean an comhbheartas víosa i bhfeidhm go comhchuibhithe, agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh.

Chuige sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Chinneadh 2010/427/AE (*) ón gComhairle, tabharfaidh an Coimisiún treoracha do thoscaireachtaí an Aontais na cúraimí comhordúcháin ábhartha a dhéanamh dá bhforáiltear san Airteagal seo.

I gcás ina ndéanann údaráis lárnacha scrúdú ar iarratais arna dtaisceadh sa dlínse lena mbaineann agus ina ndéanann siad cinntí ina leith amhail dá dtagraítear in Airteagal 4(1a), áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na húdaráis lárnacha sin rannpháirteach i mbealach gníomhach i gcomhar áitiúil Schengen. Beidh oiliúint leordhóthanach ar na comhaltaí foirne a bheidh ag rannchuidiú le comhar áitiúil Schengen agus beidh baint acu leis na hiarratais sa dlínse lena mbaineann a scrúdú.

(*) Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrú agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i gcomhar le chéile, go háirithe, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) liosta comhchuibhithe a ullmhú de na doiciméid tacaíochta a bheidh le tíolacadh ag iarratasóirí, agus Airteagal 14 á chur san áireamh;
- (b) cur chun feidhme áitiúil Airteagal 24(2) a ullmhú maidir le heisiúint víosaí dul isteach iolrach;
- (c) aistriúchán coiteann den fhoirm iarratais a áirithiú, i gcás inarb ábhartha;
- (d) liosta na ndoiciméad taistil a eisíonn an tír óstach a bhunú agus é a thabhairt cothrom le dáta go rialta;
- (e) bileog faisnéise choiteann ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 47(1) a tharraingt suas;
- (f) faireachán a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, ar chur chun feidhme Airteagal 25a(5) agus (6).”;

(c) scriostar mír 2;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Malartóidh na Ballstáit faoi chomhar áitiúil Schengen an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) staidreamh ráithiúil maidir leis na víosaí aonfhoirmeacha, na víosaí a bhfuil bailíocht chríochach theoranta acu, agus na víosaí idirthurais aerfoirt a ndearnadh iarratas orthu, a eisíodh agus a diúltaíodh;
- (b) faisnéis i dtaca le measúnú rioscaí imirce agus slándála, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
 - (i) struchtúr socheacnamaíoch na tíre óstaí;
 - (ii) foinsí faisnéise ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear an tslándáil shóisialta, árachas sláinte, cláir fhioscacha agus clárú ar dhul isteach agus ar imeacht;
 - (iii) úsáid doiciméad bréige, góchumtha nó brionnaithe;
 - (iv) bealaí inimirce neamhrialta;
 - (v) treochtaí maidir le hiompraíocht chalaoiseach;
 - (vi) treochtaí maidir le diúltú;
- (c) faisnéis faoin gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha agus le cuideachtaí iompair;
- (d) faisnéis faoi na cuideachtaí árachais a sholáthraíonn árachas liachta taistil leordhóthanach, lena n-áirítear an cineál cumhdaigh a fhíorú agus méid an bharrachais a d’fhéadfadh a bheith ann.”;

(e) i mír 5, scriostar an dara fomhír;

(f) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“7. Tarraingeofar suas tuarascáil bhliantúil i ngach dlínse faoin 31 Nollaig gach bliain. Ar bhonn na dtuarascálacha sin, tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil bhliantúil ar staid chomhar áitiúil Schengen a chuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.”.

(35) scriostar Airteagal 50;

(36) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 51:

“Airteagal 51

Treoracha maidir le cur i bhfeidhm phraiticiúil an Rialacháin seo

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na treoracha oibríochtúla a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil fhorálacha an Rialacháin seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).”;

(37) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 51a

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16(9) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 1 Lúnasa 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 16(9) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (*).

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocthaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16(9) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

(*) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.”;

(38) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 52:

“Airteagal 52

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste (an ‘Coiste Viosaí’) cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).”;

(39) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(40) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn V;

(41) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI;

(42) scriostar Iarscríbhinní VII, VIII, agus IX;

(43) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn X.

*Airteagal 2***Faireachán agus meastóireacht**

1. Faoin 2 Lúnasa 2022, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, arna leasú leis an Rialachán seo. Cuimseofar sa mheastóireacht fhoriomlán sin scrúdú ar na torthaí a baineadh amach maidir leis na cuspóirí agus ar chur chun feidhme fhorálacha Rialachán (CE) Uimh 810/2009, arna leasú leis an Rialachán seo.
2. Déanfaidh an Coimisiún an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1 a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Ar bhonn na meastóireachta sin, tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá, tograí iomchuí.
3. Faoin 2 Bealtaine 2020, tabharfaidh na Ballstáit don Choimisiún na sonraí ábhartha atá ar fáil maidir leis an úsáid a bhaineann sealbhóirí víosa as árachas liachta taistil dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 le linn a bhfanachta ar chríoch na mBallstát, mar aon leis na costais arna dtabhú ag na húdaráis náisiúnta nó soláthraithe seirbhísí liachta do shealbhóirí víosa. Ar bhonn na sonraí sin, ullmhóidh an Coimisiún, faoin 2 Samhain 2020 tuarascáil a tharchuirfear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

1. Tíocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón 2 Feabhra 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN I

Foirm iarratais chomhchuibhithe
IARRATAS AR VÍOSA SCHENGEN

Tá an fhoirm iarratais seo saor in aisce

⁽¹⁾

Ní líonfaidh baill teaghlaigh saoránach de chuid AE, de chuid LEE ná de chuid CH fearainn 21, 22, 30, 31 agus 32 (marcáilte le *).

Líonfar fearainn 1-3 de réir na sonraí sa doiciméad taistil.

1. Sloinne (Ainm teaghlaigh):		ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN Dáta an iarratais: Uimhir an iarratais:	
2. Sloinne breithe (Ainm / ainmneacha teaghlaigh roimhe seo):			
3. Céadainm / céadainmneacha (Ainm baiste / ainmneacha baiste):			
4. Dáta breithe (lá-mí-bliain):	5. Áit bhreithe: 6. Tír bhreithe:	7. Náisiúntacht faoi láthair: Náisiúntacht tráth breithe, murab ionann í: Náisiúntachtaí eile:	Áit ar taisceadh an t-iarratas: <input type="checkbox"/> Ambasáid/consalacht <input type="checkbox"/> Soláthraí seirbhíse <input type="checkbox"/> Idirghabhálaí tráchtála
8. Gnéas: <input type="checkbox"/> Fireann <input type="checkbox"/> Baineann	9. Stádas sibhialta: <input type="checkbox"/> Singil <input type="checkbox"/> Pósta <input type="checkbox"/> Páirtnéireacht chláraithe <input type="checkbox"/> Scartha <input type="checkbox"/> Colscartha <input type="checkbox"/> Baintreach mná nó fir <input type="checkbox"/> Eile (sonraigh, le do thoil):		<input type="checkbox"/> Teorainn (Ainm): <input type="checkbox"/> Eile:
10. Údarás tuismitheora (i gcás mionaoiseach) / caomhnóir dleathach (sloinne, céadainm, seoladh murab é seoladh an iarratasóra é, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, agus náisiúntacht):			Comhad á láimhseáil ag:
11. Uimhir aitheantais náisiúnta, i gcás inarb infheidhme:			Doiciméid tacaíochta: <input type="checkbox"/> Doiciméad taistil <input type="checkbox"/> Cóir mhaireachtála <input type="checkbox"/> Árachas liachta taistil

⁽¹⁾ Ní gá lógó i gcás na hIorua, na hÍoslainne, Lichtinstéin ná na hEilvéise.

12. Cén cineál doiciméid taistil atá agat: <input type="checkbox"/> Pas taidhleoireachta <input type="checkbox"/> Pas seirbhíse <input type="checkbox"/> Pas oifigiúil <input type="checkbox"/> Pas speisialta <input type="checkbox"/> Doiciméad taistil eile (sonraigh, le do thoil):				
13. Uimhir an doiciméid taistil:	14. Dáta eisiúna:	15. Bailí go dtí an:	16. Arna eisiúint ag (an tír):	<input type="checkbox"/> Cuireadh <input type="checkbox"/> Modh iompair <input type="checkbox"/> Eile: Cinneadh maidir leis an víosa: <input type="checkbox"/> Víosa diúltaithe <input type="checkbox"/> Víosa eisithe: <input type="checkbox"/> A <input type="checkbox"/> C <input type="checkbox"/> Víosa ag a bhfuil bailíocht chríochach theoranta <input type="checkbox"/> Bailí: Ón: Go dtí an:
17. Sonraí pearsanta an bhaill teaghlaigh ar saoránach de chuid AE, de chuid LEE nó de chuid CH é más infheidhme		Sloinne (Ainm teaghlaigh):		
Dáta breithe (lá-mí-bliain):		Náisiúntacht:	Uimhir an doiciméid taistil nó an chárta aitheantais:	
18. Gaol teaghlaigh le saoránach de chuid AE, de chuid LEE nó de chuid CH más infheidhme: <input type="checkbox"/> céile <input type="checkbox"/> leanbh <input type="checkbox"/> garpháiste <input type="checkbox"/> sinsear cleithiúnach <input type="checkbox"/> páirtnéireacht chlártaite <input type="checkbox"/> eile:		Céadainm / céadainmneacha (Ainm baiste / ainmneacha baiste):		
19. Seoladh baile agus seoladh ríomhphoist an iarratasóra:			Uimh theileafóin:	
20. An bhfuil cónaí ort i dtír nach í tír na náisiúntachta atá agat i láthair na huairé í: <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> Tá. Cead cónaithe nó a choibhéis Uimh. Bailí go dtí an				
*21. Slí bheatha faoi láthair:				Líon na n-uaireanta is féidir dul isteach:
* 22. Fostóir, seoladh agus uimhir theileafóin an fhostóra. I gcás mac léinn, ainm agus seoladh na hinstiúide oideachais:				<input type="checkbox"/> 1 <input type="checkbox"/> 2 <input type="checkbox"/> Iolrach Líon na laethanta:
23. Cuspóir nó cuspóirí an turais: <input type="checkbox"/> Turasóireacht <input type="checkbox"/> Gnó <input type="checkbox"/> Cuairt ar mhuintir nó ar chairde <input type="checkbox"/> Cultúr <input type="checkbox"/> Spórt <input type="checkbox"/> Cuairt oifigiúil <input type="checkbox"/> Cúiseanna leighis <input type="checkbox"/> Staidéar <input type="checkbox"/> Idirthuras aerfoirt <input type="checkbox"/> Eile (sonraigh, le do thoil):				
24. Faisnéis bhreise faoi chuspóir na cuairte:				
25. Ballstát is príomhcheann scríbe (agus Ballstát eile is cinn scríbe eile, más infheidhme):		26. Ballstát an chéad dul isteach:		
27. An líon uaireanta a n-iarrtar dul isteach: <input type="checkbox"/> Dul isteach aonuaire <input type="checkbox"/> Dul isteach faoi dhó <input type="checkbox"/> Dul isteach iolrach Dáta beartaithe teacht isteach na chéad tréimhse fanachta atá beartaithe i limistéar Schengen:				

28. Méarloirg a bailíodh cheana chun críocha iarratas a dhéanamh ar víosa Schengen: Níor bailíodh Bailíodh.

Dáta, más eol Uimhir an ghreamáin víosa, más eol

29. Cead dul isteach don tír dheireanach is ceann scríbe, i gcás inarb infheidhme:

Arna eisiúint ag Bailí ó go dtí

* 30. Sloinne agus céadainm an duine nó na ndaoine sa Bhallstát nó sna Ballstáit a thug an cuireadh. Murab infheidhme, tabhair ainm an óstáin nó na n-óstán nó an t-iostas sealadach sa Bhallstát nó sna Ballstáit:

Seoladh agus seoladh ríomhphoist an duine nó na ndaoine a thug an cuireadh / an óstáin nó na n-óstán / an lóistín shealadaigh nó na lóistíní sealadacha:

Uimh. theileafón:

*31. Ainm agus seoladh na cuideachta / na heagraíochta a thug cuireadh duit:

Sloinne, céadainm, seoladh, uimhir theileafóin, agus seoladh ríomhphoist an teagmhálaithe sa chuideachta nó san eagraíocht:

Uimh. theileafóin na cuideachta / na heagraíochta:

*32. Cé a íocfaidh na costais taistil agus maireachtála i rith chuairt an iarratasóra?

- an t-iarratasóir féin
Cóir chothaithe:
- Airgead tirim
 - Seiceanna taistil
 - Cárta creidmheasa
 - Cóiríocht réamhíochta
 - Iompar réamhíochta
 - Eile (sonraigh, le do thoil):

- urraitheoir (óstach, cuideachta, eagraíocht), sonraigh le do thoil:
..... dá dtagraítear i bhfearann 30 nó 31
..... eile (sonraigh, le do thoil):
- Cóir chothaithe:
- Airgead tirim
 - Cóiríocht curtha ar fáil
 - Na costais uile i rith na tréimhse fanachta á gclúdach
 - Iompar réamhíochta
 - Eile (sonraigh, le do thoil):

Tuigim nach n-aisíocfar an táille ar an víosa má dhiúltaítear an t-iarratas ar víosa.

Beidh an méid thíos infheidhme i gcás ina ndéanfar iarratas ar víosa dul isteach iolrach:

Tuigim gur gá dom árachas liachta taistil leordhóthanach a bheith agam le haghaidh mo chéad chuairte agus aon chuairteanna ina dhiaidh sin ar chríoch na mBallstát.

Is eol dom an méid seo a leanas agus glacaim leis: tá bailiú na sonraí is gá a thabhairt san fhoirm iarratais seo agus glacadh mo ghrianghraif agus, más infheidhme, glacadh méarlorg ina gcuid éigeantach den scrúdú ar an iarratas; agus déanfar aon sonraí pearsanta a bhaineann liom atá le feiceáil ar an bhfoirm iarratais, chomh maith le mo mhéarloirg agus mo ghrianghraf, a chur ar fáil d'údaráis ábhartha na mBallstát agus próiseálfaidh na húdaráis sin iad chun cinneadh a dhéanamh maidir le m'iarratas.

Déanfar na sonraí sin chomh maith le sonraí maidir leis an gcinneadh a ghlacfar faoi m'iarratas, nó maidir le cinneadh faoi cibé acu víosa a eisíodh a neamhniú, a chúlghairm nó a fhadú a chur isteach sa Chóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus a stóráil ann go ceann uas-tréimhse 5 bliana agus, lena linn sin, beidh rochtain orthu ag na húdaráis víosa atá inniúil ar sheiceálacha ar víosaí a dhéanamh ag na teorainneacha seachtracha agus laistigh de na Ballstáit, agus ag na húdaráis inimirce agus tearmainn sna Ballstáit chun a fhíorú an bhfuil na coinníollacha maidir le dul isteach dleathach ar chríoch na mBallstát, d'fhanacht agus do chónaí ar chríoch na mBallstát á gcomhlíonadh, chun daoine a shainaitheant nach gcomhlíonann na coinníollacha seo nó nach gcomhlíonann a thuilleadh iad, agus chun iarratas ar thearmann a scrúdú agus chun an fhreagracht as an scrúdú sin a chinneadh. Faoi choinníollacha áirithe, beidh fáil ag údaráis ainmnithe sna Ballstáit agus ag Europol ar na sonraí freisin chun cionta sceimhlitheoireachta agus cionta tromchúiseacha coir-iúla eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Seo a leanas údarás an Bhallstáit atá freagrach as na sonraí a phróiseáil: [(.....)].

Is eol dom go bhfuil sé de cheart agam go gcuirfí ar an eolas mé, in aon cheann de na Ballstáit, faoi na sonraí a bhaineann liom atá ar taifead in VIS agus faoin mBallstát a tharchuir na sonraí sin, agus iarraidh a dhéanamh go gceartófaí sonraí a bhaineann liom nach bhfuil cruinn agus go scriosfaí sonraí a taifeadh go neamhdhleathach. Ar iarraidh shainráite uaim, cuirfidh an t-údarás a bhfuil m'iarratas á scrúdú aige in iúl dom an bealach a bhféadfaidh mé an ceart atá agam a fheidhmiú chun na sonraí pearsanta a bhaineann liom a sheiceáil agus chun iad a fháil ceartaithe nó scriosta, lena n-áirítear na réitigh ghaolmhara atá ann i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann. Tabharfaidh údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit sin [sonraí teagmhála:] éisteacht d'éilimh a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

Dearbhaím go bhfuil na sonraí uile atá tugtha agam cruinn agus iomlán a mhéid is eol dom. Tuigim go mbeidh sé de thoradh ar aon ráiteas bréagach go ndiúltófar m'iarratas nó go neamhneofar víosa a eisíodh cheana agus go bhféadfaí mé a ionchúiseamh faoi dhlí an Bhallstáit atá ag déileáil leis an iarratas.

Geallaim go bhféadfaidh mé críoch na mBallstát sula rachaidh an víosa in éag, má thugtar dom í. Cuireadh in iúl dom nach bhfuil i víosa a bheith agam ach ceann amháin de na réamhriachtanais le haghaidh dul isteach i gcríoch Eorpach na mBallstát. Ní hionann víosa a bheith faighte agam agus mé a bheith i dteideal cúitimh mura gcomhlíonfaidh mé forálacha ábhartha Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen) agus go ndiúltófar cead isteach dom dá réir sin. Déanfar na réamhriachtanais le haghaidh dul isteach a sheiceáil arís tráth an dul isteach i gcríoch Eorpach na mBallstát.

Áit agus dáta:

Síniú:

(síniú an údaráis tuismitheora / an chaomhnóra dhleathaigh, más infheidhme):".

IARSCRÍBHINN II

“IARSCRÍBHINN V

LIOSTA DE CHEADANNA CÓNAITHE A THUGANN TEIDEAL DO NA SEALBHÓIRÍ IDIRTHURAS A DHÉANAMH TRÍ AERFOIRT NA mBALLSTÁT GAN É A BHEITH DE CHEANGAL ORTHU VÍOSA IDIRTHURAS AERFOIRT A BHEITH INA SELBH

ANDÓRA:

- autorizació temporal (cead inimirce sealadach uaine),
- autorizació temporal per a treballadors d'empreses estrangeres (cead inimirce sealadach d'fhostaithe fiontar ón gcoigríoch — uaine),
- autorizació residència i treball (cead cónaithe agus oibre — uaine),
- autorizació residència i treball del personal d'ensenyament (cead cónaithe agus oibre d'fhoireann teagaisc — uaine),
- autorizació temporal per estudis o per recerca (cead inimirce sealadach chun críocha staidéir nó taighde— uaine),
- autorizació temporal en pràctiques formatives (cead inimirce sealadach chun críocha intéirneachtaí agus tréimhsí oiliúna — uaine),
- autorizació residència (cead cónaithe — uaine),

CEANADA:

- cárta buanchónaitheora (PR),
- doiciméad taistil buanchónaitheora (PRTD).

AN tSEAPÁIN:

- cárta cónaithe.

SAN MAIRÍNE:

- permesso di soggiorno ordinario (bailí ar feadh bliana, féadfar é a athnuachan ar an dáta éaga),
- ceadanna cónaithe speisialta ar na cúiseanna seo a leanas (bailí ar feadh bliana, féadfar é a athnuachan ar an dáta éaga): freastal ar ollscoil, spórt, cúram sláinte, cúiseanna creidimh, daoine atá ag obair mar altráí in ospidéal phoiblí, feidhmeanna taidhleoireachta, aontíos céileachais, cead do mhionaoisigh, cúiseanna daonnúla, cead tuismitheora,
- ceadanna séasúracha agus sealadacha (bailí ar feadh 11 mhí, féadfar iad a athnuachan ar an dáta éaga),
- cárta aitheantais a eisítear do dhaoine a bhfuil áit chónaithe oifigiúil 'residenza' acu i San Mairíne (bailí go ceann 5 bliana).

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ:

- víosa inimirce bhailí nach bhfuil imithe in éag, féadfar í a fhormhuiniú ag calafort an teacht isteach mar fhianaise shealadach cónaithe, a fhad is atáthar ag feitheamh ar sholáthar chárta I-551,
- foirm I-551 bhailí nach bhfuil imithe in éag (Cárta buanchónaitheora); féadfaidh sé a bheith bailí ar feadh tréimhse suas le 2 bhliain nó 10 mbliana, ag brath ar aicme an ligean isteach; mura bhfuil aon dáta éagtha ar an gcárta, tá an cárta bailí don taisteal,
- foirm I-327 bhailí nach bhfuil imithe in éag (Cead dul isteach an athuir),
- foirm I-571 bhailí nach bhfuil imithe in éag (Doiciméad taistil dídeanaí a formhuiníodh mar 'Bhanchónaitheoir Eachtrannach').”.

IARSCRÍBHINN III

“IARSCRÍBHINN VI



(1)

FOIRM CHAIGHDEÁNACH CHUN FÓGRA A THABHAIRT FAOI NA CÚISEANNA AR A BHFUIL VÍOSA
Á DIÚLTÚ, Á NEAMHNIÚ NÓ Á CÚLGHAIRM

DIÚLTÚ / NEAMHNIÚ / CÚLGHAIRM VÍOSA

A, a chara,

Tá ambasáid / ard-chonsalacht / consalacht [nó údarás inniúil eile] (na) i / in / sa
[thar ceann (ainm an Bhallstáit a bhfuil ionadaíocht á déanamh air)];

Tá [údarás inniúil eile] (an/na)

Tá na húdaráis atá freagrach as seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine ag

tar éis

scrúdú a dhéanamh ar d'iarratas;

scrúdú a dhéanamh ar do víosa, darb uimhir:, a eisíodh: [dáta/mí/bliain].

Rinneadh an víosa a dhiúltú

Rinneadh an víosa a neamhniú

Rinneadh an víosa a chúlghairm

Is ar an gcúis nó ar na cúiseanna seo a leanas a rinneadh an cinneadh:

1. cuireadh isteach doiciméad bréagach / góchumtha / brionnaithe
2. níor tugadh bonn cirt le cuspóir nó coinníollacha na tréimhse fanachta atá beartaithe
3. níor chuir tú cruthúnas ar fáil go mbeadh cóir mhaireachtála leordhóthanach agat i rith na tréimhse fanachta atá beartaithe nó don turas abhaile chuig do thír thionscnaimh nó chuig an tír ina bhfuil cónaí ort, nó don idirthuras chuig tríú tír a bhfuil sé deimhneach go ligfear isteach tú
4. níor chuir tú cruthúnas ar fáil go bhfuil tú in ann cóir mhaireachtála leordhóthanach a fháil go dleathach don tréimhse fanachta atá beartaithe nó don turas abhaile chuig do thír thionscnaimh nó chuig an tír ina bhfuil cónaí ort, nó don idirthuras chuig tríú tír a bhfuil sé deimhneach go ligfear isteach tú
5. tá tú tar éis fanacht 90 lá cheana féin i rith na tréimhse reatha 180 lá ar chríoch na mBallstát ar bhonn víosa aonfhoirmeach nó ar bhonn víosa a bhfuil bailíocht chríochach theoranta aici
6. tá foláireamh eisithe i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) chun cead isteach a dhiúltú ag
(sonraigh an Ballstát)
7. measann Ballstát amháin nó níos gur bagairt don bheartas poiblí nó don tslándáil inmheánach thú
8. measann Ballstát amháin nó níos mó gur bagairt don tsláinte phoiblí mar a shainmhínítear i bpointe (21) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen) thú

(1) Ní gá lógó i gcás na hIorua, na hÍoslainne, Lichtinstéin ná na hEilvéise.

9. measann Ballstát amháin nó níos gur bagairt dá gcaidrimh idirnáisiúnta thú
10. ní raibh an fhaisnéis a tíolacadh maidir leis an mbonn cirt le cuspóir agus coinníollacha na tréimhse fanachta atá beartaithe iontaofa
11. tá amhras réasúnach ann i dtaobh a iontaofa atá na ráitis arna ndéanamh maidir le
(sonraigh, le do thoil)
12. tá amhras réasúnach ann i dtaobh a iontaofa atá na doiciméid tacaíochta a tíolacadh, i dtaobh a bharántúla atá siad nó i dtaobh fhírinneacht an ábhair atá iontu
13. tá amhras réasúnach ann i dtaobh an raibh sé de rún agat críoch na mBallstát a fhágáil sula rachaidh an víosa in éag
14. níor cuireadh cruthúnas leordhóthanach ar fáil nach raibh sé ar do chumas iarratas a dhéanamh ar víosa roimh ré, rud a thabharfadh údar maith le d'iarratas ar víosa a dhéanamh ag an teorainn
15. níor tugadh bonn cirt le cuspóir nó coinníollacha an idirthurais aerfoirt atá beartaithe
16. níor chuir tú cruthúnas ar fáil ar árachas liachta taistil bailí leordhóthanach a bheith agat
17. d'iarr sealbhóir na víosa go ndéanfaí í a chúlghairm ⁽²⁾.

Barúlacha breise:

.....

.....

.....

.....

.....

.....

Féadfaidh tú achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh víosa a dhiúltú / a neamhniú / a chúlghairm.

Leagtar amach na rialacha maidir le hachomharc in aghaidh víosa a dhiúltú / a neamhniú / a chúlghairm in (tagairt don dlí náisiúnta):

.....

An t-údarás inniúil ar féidir achomharc a thaisceadh leis (sonraí teagmhála):

.....

Tá faisnéis faoin nós imeachta atá le leanúint ar fáil ag (sonraí teagmhála):

.....

Ní mór achomharc a thaisceadh laistigh de (sonraigh an teorainn ama):

.....

Dáta agus stampa na hambasáide / na hard-chonsalachta / na consalachta / na n-údarás atá freagrach as seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine / ar na húdaráis inniúla eile:

Síniú an duine lena mbaineann ⁽³⁾: ”

⁽²⁾ Ní ghabhann ceart achomhairc le cúlghairm víosa atá bunaithe ar an gcúis seo.

⁽³⁾ Má cheanglaítear é sin faoin dlí náisiúnta.

IARSCRÍBHINN IV

“IARSCRÍBHINN X

LIOSTA DE NA CEANGLAIS ÍOSTA A ÁIREOFAR SAN IONSTRAIM DLÍ I gCÁS COMHOIBRÍÚ LE SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE SEACHTRACHA

- A. Déanfar an méid seo a leanas leis an ionstraim dlí:
- na tascanna atá le déanamh ag an soláthraí seirbhíse seachtrach a liostú, i gcomhréir le hAirteagal 43(6) den Rialachán seo;
 - na suíomhanna a chur in iúl ina bhfuil an soláthraí seirbhíse seachtrach le feidhmiú chomh maith leis an gconsalacht lena mbaineann an t-ionad iarratais aonair;
 - na seirbhísí a chumhdaítear leis an táille éigeantach seirbhíse a liostú;
 - treoir a thabhairt don soláthraí seirbhíse seachtrach é a chur in iúl don phobal go gcumhdaítear seirbhísí roghnacha le táillí eile.
- B. Maidir le feidhmiú a ghníomhaíochtaí, déanfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach an méid seo a leanas maidir le cosaint sonraí:
- áiritheoidh sé nach ndéanfar sonraí a léamh, a chóipeáil, a mhodhnú ná a scriosadh go neamhúdaraithe aon tráth agus, go háirithe, le linn do na sonraí sin a bheith á dtarchur chuig consalacht an Bhallstáit nó na mBallstát atá inniúil i leith phróiseáil an iarratais;
 - i gcomhréir leis na treoracha a gheofar ón mBallstát nó ó na Ballstáit lena mbaineann, tarchuirfidh sé na sonraí:
 - go leictreonach, i bhfoirm chriptithe, nó
 - go fisiciúil, i slí dhaingnithe;
 - tarchuirfidh sé na sonraí a luaithe agus is féidir:
 - i gcás sonraí a tharchuirfear go fisiciúil, ar a laghad uair amháin sa tseachtain,
 - i gcás sonraí criptithe a tharchuirfear go leictreonach, faoi dheireadh an lae a bhailítear iad, ar a dhéanaí,
 - áiritheoidh sé modh iomchuí le comhaid iarratais aonair a rianú chuig an gconsalacht agus uaithi;
 - scriosfaidh sé na sonraí ar a dhéanaí 7 lá tar éis iad a bheith tarchurtha agus áiritheoidh sé nach bhféadfar aon sonraí a choinneáil seachas ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra chun críocha coinní a shocrú, mar aon le huimhir an phas, go dtí go dtabharfar an pas ar ais don iarratasóir, agus go scriosfar na sonraí sin 5 lá ina dhiaidh sin;
 - áiritheoidh sé go nglacfar gach beart slándála is gá, idir bhearta teicniúla agus eagraíochtúla, chun sonraí pearsanta a chosaint ar scriosadh, bíodh sé neamhdhleathach nó de thaisme, nó ar chailliúint de thaisme, ar athrú, ar nochtadh gan údarás nó ar rochtain gan údarás, go háirithe i gcás ina mbainfidh an comhar le tarchur comhad agus sonraí chuig consalacht an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, agus chun iad a chosaint ar phróiseáil neamhdhleathach de gach cineál eile;
 - próiseálfaidh sé na sonraí chun sonraí pearsanta iarratasóirí ar víosaí a phróiseáil thar ceann an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann, agus chun na críche sin amháin;
 - cuirfidh sé i bhfeidhm caighdeán um chosaint sonraí a bheidh ar a laghad coibhéiseach leis na cinn a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679;
 - déanfaidh sé an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Airteagal 37 de Rialachán VIS a chur ar fáil d'iarratasóirí.
- C. Maidir le feidhmiú a ghníomhaíochtaí, déanfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach an méid seo a leanas maidir le hiompar na foirne:
- áiritheoidh sé go bhfuil an fhoireann oilte mar is iomchuí;
 - áiritheoidh sé go ndéanfaidh na comhaltaí foirne na nithe seo a leanas agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu:
 - cuirfidh siad fáilte chúirtéiseach roimh iarratasóirí,
 - urramóidh siad dínit agus sláine na n-iarratasóirí, ní dhéanfaidh siad idirdhealú in aghaidh daoine ar fhorais gnéis, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiúin nó creidimh, aoise nó gnéaschlaonta, agus
 - urramóidh siad na rialacha rúndachta; beidh feidhm ag na rialacha sin freisin nuair a fhágfaidh na comhaltaí foirne a bpost agus tar éis don ionstraim dlí a bheith curtha ar fionraí nó tar éis di a bheith foirceanta;

- (c) soláthróidh sé i gcónaí sonraí aitheantais na mball foirne a bheidh ag obair don soláthraí seirbhíse seachtrach;
- (d) cruthóidh sé nach bhfuil taifid choiriúla ag aon duine den fhoireann agus go bhfuil an saineolas is gá acu.
- D. Maidir le fíorú a dhéanamh ar fheidhmiú a ghníomhaíochtaí, déanfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach an méid seo a leanas:
- (a) gan fógra a bheith faighte roimh ré, tabharfaidh sé cead isteach ar a áitreabh i gcónaí do chomhaltaí foirne a bhfuil cead rochtana tugtha dóibh ag an mBallstát nó ag na Ballstáit lena mbaineann, go háirithe chun críocha cigireachta;
- (b) áiritheoidh sé go bhféadfar cianrochtain a fháil ar a chóras coinní, chun críocha cigireachta;
- (c) áiritheoidh sé go n-úsáidfear na modhanna ábhartha faireacháin (mar shampla iarratasóirí tástála, ceamara gréasáin);
- (d) áiritheoidh sé go mbeidh rochtain ag údarás maoirseachta náisiúnta cosanta sonraí an Bhallstáit ar chruthúnas maidir le comhlíonadh na rialacha um chosaint sonraí, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le tuairisciú, iniúchtaí seachtracha agus seiceálacha ar an láthair tráthrialta;
- (e) cuirfidh sé tuarascáil i scríbhinn chuig an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann gan mhoill faoi aon sárú ar shlándaíl nó faoi aon ghearáin ó iarratasóirí maidir le mí-úsáid sonraí nó rochtain neamhúdaraithe, agus oibreoidh sé i gcomhar leis an mBallstát nó na Ballstáit lena mbaineann chun teacht ar réiteach, agus tabharfaidh sé freagairt mhínteach gan mhoill ar na hiarratasóirí a dhéanfaidh gearán.
- E. Maidir leis na ceanglais ghinearálta, déanfaidh an soláthraí seirbhíse seachtrach an méid seo a leanas:
- (a) gníomhóidh sé faoi threoracha an Bhallstáit nó na mBallstát atá inniúil ar an iarratas a phróiseáil;
- (b) glacfaidh sé bearta iomchuí frith-éillithe (e.g. íocaíocht leordhóthanach foirne; comhar maidir le roghnú na mball foirne le haghaidh an chúraim; rial na beirte; prionsabal na uainíochta);
- (c) urramóidh sé go huile agus go hiomlán forálacha na hionstraimhe dlí, a mbeidh clásal fionraí nó clásal maidir le foirceannadh inti, go háirithe má sháraítear na rialacha atá leagtha síos, mar aon le clásal maidir le hathbhreithniú d'fhonn a áirithiú gur léiriú ar an dea-chleachtas é an ionstraim dlí.”.
-

RIALACHÁN (AE) 2019/1156 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 20 Meitheamh 2019****maidir le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfeistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013, (AE) Uimh. 346/2013 agus (AE) Uimh. 1286/2014****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Mar thoradh ar chineálacha éagsúla cur chuige rialála agus maoirseachta i ndáil le dáileadh trasteorann cistí infheistíochta malartacha (CIManna) mar a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, lena n-áirítear cistí caipitil frontair Eorpacha (EuVECA) mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (EuSEFanna) mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna) mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾, agus i ndáil le gnóthais le haghaidh comhinfeistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) de réir bhrí Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾, cothaítear ilroinnt agus bacainní ar mhargaíocht trasteorann agus ar rochtain ar CIManna agus GCUInna, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar a margáíocht i mBallstáit eile. D'fhéadfaí GCUI a bhainistiú go seachtrach nó go himmheánach, ag brath ar a fhoirm dlí. Ba cheart feidhm a bheith ag aon fhorálacha den Rialachán seo a bhaineann le cuideachtaí bainistíochta GCUI maidir le cuideachtaí, arb é a ngáthghnó bainistiú a dhéanamh ar GCUI, agus d'aon GCUI nár ainmnigh cuideachta bhainistíochta GCUI.
- (2) Chun an creat rialála is infheidhme do ghnóthais chomhinfeistíochta a fheabhsú agus chun cosaint níos fearr a thabhairt d'infheisteoirí, ba cheart cumarsáid mhargaíochta atá dírithe ar infheisteoirí in CIManna agus in GCUInna a bheith so-aitheanta mar chumarsáid mhargaíochta, agus ba cheart cur síos chomh feiceálach céanna a bheith inti ar na rioscaí agus ar na tairbhí a bhaineann le haonaid nó scaireanna in CIM nó GCUI a cheannach. Ina theannta sin, ba cheart an fhaisnéis ar fad atá san áireamh i gcumarsáid mhargaíochta a chur i láthair ar bhealach atá cothrom agus soiléir agus níor cheart di a bheith míthreorach. Chun cosaint d'infheisteoirí a chaomhnú agus cothrom iomaíochta a bhaint amach idir CIManna agus GCUInna, ba cheart feidhm a bheith ag na caighdeáin le haghaidh cumarsáid mhargaíochta maidir le cumarsáid mhargaíochta CIManna agus GCUInna.
- (3) I gcumarsáid mhargaíochta atá dírithe ar infheisteoirí in CIManna agus in GCUInna ba cheart a shonrú an áit, an dóigh agus an teanga inar féidir le hinfeisteoirí faisnéis achomair a fháil faoi chearta infheisteoirí agus ba cheart a shonrú go soiléir inti go bhfuil an ceart ag an BCIM, ag an mbainisteoir EuVECA, ag an mbainisteoir EuSEF nó ag an gcuideachta bhainistíochta GCUI (dá ngairtear lena chéile, "bainisteoirí gnóthas comhinfeistíochta"), socruithe a fhoirceannadh, ar socruithe iad a rinneadh ar mhaithe le margáíocht.

⁽¹⁾ IO C 367, 10.10.2018, lch. 50.⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2019.⁽³⁾ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí caipitil frontair Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lch. 1).⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (IO L 115, 25.4.2013, lch. 18).⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lch. 98).⁽⁷⁾ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

- (4) Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar chosaint tomhaltóirí agus chun éascaíocht a dhéanamh ar an rochtain ar fhaisnéis maidir leis na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin náisiúnta is infheidhme i leith cumarsáid mhargaíochta, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta na téacsanna sin a fhoilsiú ar a shuíomhanna gréasáin i dteanga amháin ar a laghad is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, lena n-áirítear a n-achoirní neamhoifigiúla a chuirfeadh ar chumas bainisteoirí gnóthas comhinfeistíochta forléargas leathan a fháil ar na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin sin. Níor cheart ach gur chun críocha faisnéise amháin an foilseachán sin agus níor cheart go gcruthódh sé aon oibleagáidí dlí. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart don Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾ (ESMA) bunachar sonraí lárnach a bhunú ina mbeadh acoirimí ar na ceanglais náisiúnta le haghaidh cumarsáid mhargaíochta agus hipearnaisc chuig an bhfaisnéis arna foilsiú ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil.
- (5) Chun dea-chleachtais maidir le cosaint infheisteoirí a chur chun cinn, ar cosaint í atá cumhdaithe sna ceanglais náisiúnta maidir le cumarsáid mhargaíochta atá cóir agus soiléir, lena n-áirítear gnéithe ar líne de chumarsáid mhargaíochta den sórt sin, ba cheart do ESMA treoirlínte a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas sin le haghaidh cumarsáid mhargaíochta.
- (6) Ba cheart d'údarás inniúla a bheith in ann a cheangal go dtabharfaí réamhfhógra maidir le cumarsáid mhargaíochta a dhéanamh chun fíorú *ex ante* a dhéanamh an bhfuil an chumarsáid sin ag comhlíonadh an Rialacháin seo agus aon cheanglas eile is infheidhme, amhail an bhfuil an chumarsáid mhargaíochta so-aitheanta mar chumarsáid mhargaíochta, an gcuireann siad síos ar na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann le haonaid in GCUInna a cheannach, agus, i gcás ina gceadaíonn Ballstát margaíocht a dhéanamh ar CIManna d'infheisteoirí miondíola, an gcuireann siad síos ar na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann le haonaid nó scaireanna CIM ar bhealach atá chomh feiceálach céanna agus an gcuirtear an fhaisnéis ar fad sa chumarsáid mhargaíochta i láthair ar bhealach atá cothrom, soiléir agus gan a bheith míthreorach. Ba cheart an fíorú sin a dhéanamh laistigh de thréimhse theoranta ama. I gcás ina n-éilíonn údarás inniúla fógra roimh ré, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc orthu fíorú *ex post* a dhéanamh ar chumarsáid mhargaíochta.
- (7) Ba cheart do na húdaráis inniúla tuairisc a chur ar fáil do ESMA ina mbeadh torthaí an fhíoraithe sin, maille le hiarrataí ar leasuithe agus le haon smachtbhannaí arna bhforchur ar bhainisteoirí na ngnóthas comhinfeistíochta. D'fhonn cur leis an bhfeasacht agus le thrédhearcacht na rialacha is infheidhme maidir le cumarsáid mhargaíochta, ar thaobh amháin, agus chun a áirithiú go gcosnaítear an t-infheisteoir, ar an taobh eile, ba cheart do ESMA, gach dara bliain, tuarascáil a chur chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún maidir leis na rialacha sin agus lena gcur i bhfeidhm praiticiúil ar bhonn fíorú *ex ante* agus *ex post* na cumarsáide margaíochta a rinne údarás inniúla.
- (8) Chun cóireáil chothrom na mbainisteoirí gnóthas comhinfeistíochta a áirithiú agus cinnteoireacht a éascú i ndáil lena cheart dóibh dul i mbun cistí infheistíochta a dháileadh go trasteorann, tá sé tábhachtach táill agus muirir arna ngearradh ag údarás inniúla don mhaoirseacht ar ghníomhaíochtaí trasteorann a bheith comhréireach leis na cúraimí maoirseachta a chuirtear i gcrích agus a nochtar go poiblí, agus chun feabhas a chur ar thrédhearcacht go ndéanfaí na táill agus na muirir sin a fhoilsiú ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil. Ar an gcúis chéanna, ba cheart faisnéis ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil i ndáil leis na táill agus na muirir a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin ESMA chun pointe lárnach faisnéise a bheith ann. Ba cheart do ESMA freisin uirlis idirghníomhach a áireamh ar a shuíomh gréasáin lena bhféadfaí ríomh tascach a dhéanamh ar na táill agus ar na muirir sin arna ngearradh ag údarás inniúla.
- (9) Chun a áirithiú gur fearr is féidir táill nó muirir a aisghnóthú agus chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar shoiléire struchtúr na dtáill agus na muirear, i gcás ina ngearrann údarás inniúla na táill nó na muirir sin, ba cheart do bhainisteoirí gnóthas comhinfeistíochta sonrasc, ráiteas maidir le híocaíocht indibhidiúil nó treoir íocaíochta ina leagtar amach go soiléir méid na dtáill nó na muirear atá dlite agus na modhanna íocaíochta a fháil.
- (10) Ós rud é gur cheart do ESMA, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí margaidh i réimse a inniúlachta féin, tá sé iomchuí agus riachtanach eolas ESMA a fheabhsú trí bhunachair sonraí de chuid ESMA atá ann cheana a mhéadú le go n-áireofaí bunachar sonraí lárnach ina liostaítear gach CIM agus GCUI a ndéantar margaíocht orthu ar bhonn trasteorann, bainisteoirí na ngnóthas comhinfeistíochta sin agus na Ballstáit ina dtarlaíonn an mhargaíocht. Chun na críche sin, agus chun é a chur ar chumas ESMA bunachar sonraí lárnach a chothabháil ar bhealach cothrom le dáta, ba cheart d'údarás inniúla faisnéis maidir le fógraí, maidir le litreacha fógartha agus faisnéis a fuair siad faoi Threoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE i ndáil le gníomhaíocht mhargaíochta trasteorann a tharchur chuig ESMA, chomh maith le faisnéis faoi aon athruithe ar an bhfaisnéis sin ar cheart é a dhéanamh sa bhunachar sonraí sin. I ndáil leis sin, ba cheart do ESMA tairseach fógartha a bhunú ar a bhféadfaidh údarás inniúla gach doiciméad a uaslódáil, ar doiciméid iad i ndáil le dáileadh trasteorann GCUInna agus CIManna.

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

- (11) Chun cothrom iomaíochta a bhaint amach idir cistí caipitil fiontair cáilitheacha mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 345/2013, nó cistí fiontraíochta sóisialta cáilitheacha mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 346/2013, ar lámh amháin, agus CIManna eile, ar an lámh eile, tá sé riachtanach rialacha maidir le réamh-mhargáíocht atá comhionann leis na rialacha a leagtar síos i dTreoir 2011/61/AE maidir le réamh-mhargáíocht a chur san áireamh leis na Rialacháin sin. Le rialacha den sórt sin, ba cheart a chur ar chumas bainisteoirí arna gclárú i gcomhréir leis na Rialacháin sin díriú ar infheisteoirí trí thástáil a dhéanamh ar a spéis i ndeiseanna nó i straitéisí infheistíochta atá ar na bacáin trí bhíthin cistí caipitil fiontair cáilitheacha agus cistí fiontraíochta sóisialta cáilitheacha.
- (12) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾, tá cuideachtaí áirithe agus daoine dá dtagraítear in Airteagal 32 den Rialachán sin díolmhaithe ó na hoibleagáidí faoin Rialachán sin go dtí an 31 Nollaig 2019. Foráiltear leis an Rialachán sin freisin go bhfuil an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh air faoin 31 Nollaig 2018, chun measúnú a dhéanamh, *inter alia*, ar cheart an díolúine idirthréimhseach a fhadú, nó, tar éis aon choigeartuithe riachtanacha a shainathint, ar cheart na forálacha maidir le príomhinfeisteoirí i dTreoir 2009/65/CE a ionadú nó a mheas a bheith comhionann leis an bpríomhdh-oiciméad faisnéise a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (13) Ionas go bhféadfadh an Coimisiún an t-athbhreithniú a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 dá bhforáiltear ar dtús, ba cheart an spriocdháta don athbhreithniú sin a fhadú 12 mhí. Ba cheart don údarás inniúil de chuid Pharlaimint na hEorpa tacú le próiseas athbhreithnithe an Choimisiúin trí éisteacht a eagrú ar an ábhar leis na geallsealbhóirí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar leasanna an tionscail agus leasanna tomhaltóirí.
- (14) Chun nach bhfaigheadh infheisteoirí dhá dhoiciméad éagsúla réamhnócha, eadhon doiciméad faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir (KIID) mar a cheanglaítear le Treoir 2009/65/CE agus doiciméid faisnéise bunriachtanaí (KID) mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, don ghnóthas comhinfeistíochta céanna fad is atá na gníomhartha reachtacha a eascraíonn ó athbhreithniú an Choimisiúin i gcomhréir leis an Rialachán sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme, ba cheart síneadh 24 mhí a chur leis an díolúine idirthréimhseach ó oibleagáidí faoin Rialachán sin. Gan dochar don síneadh ama sin, ba cheart do gach institiúid agus údarás maoirseachta rannpháirteach gníomhú chomh gasta agus is féidir leo chun éascaíocht a dhéanamh ar fhoirceannadh na díolúine idirthréimhsí sin.
- (15) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a ghlacadh, arna bhforbairt ag ESMA, i ndáil leis na foirmeacha caighdeánacha, na teimpléid chaighdeánacha agus na nósanna imeachta caighdeánacha trínar féidir le húdaráis inniúla na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin náisiúnta agus a gcuid achoimrí maidir le ceanglais mhargáíochta is infheidhme ina gcíocha, leibhéil na dtáillí nó na muirear a ghearrann siad le haghaidh gníomhaíochtaí trasteorann, agus, i gcás inarb infheidhme, modheolaíochtaí ríomha ábhartha a fhoilsiú agus fógra a thabhairt ina leith. Ina theannta sin, chun feabhas a chur ar tharchur faisnéise chuig ESMA, ba cheart caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a ghlacadh freisin i ndáil le fógraí, litreacha fógartha agus faisnéis maidir le gníomhaíochtaí margáíochta trasteorann a cheanglaítear le Treoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE agus na socruithe teicniúla is gá d'fheidhmiú na tairsí fógartha atá le bunú ag ESMA. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.
- (16) Is gá an fhaisnéis atá le cur ar fáil gach ráithe do ESMA a shonrú chun bunachair sonraí na ngnóthas comhinfeistíochta uile agus a mbainisteoirí a choinneáil cothrom le dáta.
- (17) Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta faoi chuimsiú an Rialacháin seo, amhail malartú nó tarchur sonraí pearsanta arna dhéanamh ag na húdaráis inniúla, ba cheart an phróiseáil sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾, agus ba cheart an malartú nó tarchur faisnéise arna dhéanamh ag ESMA a bheith i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾.
- (18) Chun é a chur ar chumas na n-údarás inniúil na feidhmeanna a thugtar dóibh leis an Rialachán seo a fheidhmiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na cumhachtaí riachtanacha maoirseachta agus iniúcháireachta ag na húdaráis sin.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán maidir le Consaint Sonraí Ginearálta (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (19) Faoin 2 Lúnasa 2024, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart forbairtí margaidh a chur san áireamh sa mheastóireacht agus ba cheart a mheasúnú inti ar chuir na bearta arna dtabhairt isteach feabhas ar dháileadh trasteorann gnóthas comhinfeistíochta.
- (20) Faoin 2 Lúnasa 2021, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a fhoilsiú maidir le sirtheoireacht droim ar ais agus éileamh ar fhéintionscnamh an infheisteora, ina sonrú méid na suibscríbhíne sin i gcistí, a dháileadh geografach, lena n-áirítear i dtríú tíortha, agus a thionchar ar an gcóras pas.
- (21) Chun cinnteacht dhlíthiúil a áirithiú, tá sé ríthábhachtach sioncrónú a dhéanamh ar dhátaí chur i bhfeidhm na bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin náisiúnta lena gcuirtear Treoir (AE) 2019/1160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾ agus an Rialachán seo chun feidhme maidir le forálacha maidir le cumarsáid mhargaíochta agus réamh-mhargaíocht.
- (22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon éifeachtúlacht an mhargaidh a fheabhsú agus Aontas na Margáí Caipitil á bhunú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha aonfhoirmeacha maidir le forálacha náisiúnta a fhoilsiú i dtaca le ceanglais mhargaíochta le haghaidh gnóthais comhinfeistíochta agus maidir le cumarsáid mhargaíochta atá dírithe ar infheisteoirí, chomh maith le prionsabail chomhchoiteanna i ndáil le táillí agus muirir arna ngearradh ar bhainisteoirí gnóthas comhinfeistíochta maidir lena ngníomhaíochtaí trasteorann. Foráiltear leis freisin do bhunachar sonraí lárnach a bhunú maidir le margaíocht trasteorann gnóthas comhinfeistíochta.

Airteagal 2

Raon Feidhme

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

- bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha;
- cuideachtaí bainistíochta GCUI, lena n-áirítear aon GCUI nár ainmnigh cuideachta bhainistíochta GCUI;
- bainisteoirí EuVECA; agus
- bainisteoirí EuSEF.

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- ciallaíonn “cistí infheistíochta malartacha” nó “CIManna” CIManna mar a shainmhínítear iad i bpointe (a) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2011/61/AE, agus áirítear ina measc EuVECAanna, EuSEFanna agus ELTIFanna;
- ciallaíonn “bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha” nó “BCIManna” BCIManna mar a shainmhínítear i bpointe (b) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2011/61/AE iad agus atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir sin;
- ciallaíonn “bainisteoir EuVECA” bainisteoir ar chiste caipitil iontaigh cáilitheach mar a shainmhínítear i bpointe (c) den chéad mhír d’Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 é agus atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán sin;
- ciallaíonn “bainisteoir EuSEF” bainisteoir ar chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach mar a shainmhínítear i bpointe (c) d’Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 é agus atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán sin;

⁽¹²⁾ Treoir (AE) 2019/1160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE i dtaca le dáileadh trasteorann cistí comhinfeistíochta (Féach leathanach 106 den Iris Oifigiúil seo).

- (e) ciallaíonn “údaráis inniúla” údaráis inniúla mar a shainmhínítear i bpointe (h) d’Airteagal 2(1) de Threoir 2009/65/CE nó i bpointe (f) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2011/61/AE iad nó údaráis inniúla CIM AE mar a shainmhínítear i bpointe (h) d’Airteagal 4(1) de Threoir 2011/61/AE iad;
- (f) ciallaíonn “Ballstát baile” an Ballstát ina bhfuil oifig chláráithe BCIM, an bhainisteora EuVECA, an bhainisteora EuSEF nó na cuideachta bainistíochta GCUI;
- (g) ciallaíonn “GCUI” GCUI arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2009/65/CE;
- (h) ciallaíonn “cuideachta bhainistíochta GCUI” cuideachta bhainistíochta mar a shainmhínítear i bpointe (b) d’Airteagal 2(1) de Threoir 2009/65/CE í.

Airteagal 4

Ceanglais maidir le cumarsáid mhargaíochta

1. Áiríteoidh BCManna, bainisteoirí EuVECA, bainisteoirí EuSEFanna agus cuideachtaí bainistíochta GCUI ina go mbeidh an chumarsáid mhargaíochta go léir atá dírithe ar infheisteoirí so-aitheanta mar mhargaíocht agus go gcuirfear síos inti ar na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann le haonaid nó scaireanna in CIM nó le haonaid GCUI a cheannach ar bhealach atá chomh feiceálach céanna, agus go bhfuil an fhaisnéis go léir atá san áireamh i gcumarsáid mhargaíochta cothrom, soiléir agus nach bhfuil sí míthreorach.

2. Maidir le cumarsáid mhargaíochta ina bhfuil faisnéis shonrach maidir le GCUI, áiríteoidh cuideachtaí bainistíochta GCUI nach ndéanfaidh sí cur in aghaidh nó baint ó thábhacht na faisnéise atá sa réamheolaire ar faisnéis í dá dtagraítear in Airteagal 68 de Threoir 2009/65/CE nó san fhaisnéis bhunriachtanach d’infheisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 78 den Treoir sin. Áiríteoidh cuideachtaí bainistíochta GCUI go léireofar i ngach cumarsáid mhargaíochta go bhfuil réamheolaire ann agus go bhfuil an fhaisnéis bhunriachtanach d’infheisteoirí ar fáil. Sonrófar i gcumarsáid mhargaíochta den sórt sin an áit, an dóigh agus an teanga inar féidir le hinfeisteoirí nó infheisteoirí féideartha an réamheolaire agus an fhaisnéis bhunriachtanach d’infheisteoirí a fháil agus soláthrófar inti hipearnaisc nó seoltaí suíomhanna greasáin le haghaidh na ndoiciméad sin.

3. Sonrófar i gcumarsáid mhargaíochta dá dtagraítear i mír 2 an áit, an dóigh agus an teanga inar féidir le hinfeisteoirí nó le hinfeisteoirí féideartha achoimre a fháil ar chearta infheisteoirí agus cuirfear ar fáil inti hipearnaisc chuig an achoimre sin, ina n-áireofar, de réir mar is iomchuí, faisnéis faoi rochtain ar shásraí comhshásaimh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta i gcás dlíthíochta.

Ba cheart a áireamh i gcumarsáid mhargaíochta freisin faisnéis shoiléir a thabharfadh le fios go bhféadfaidh an bainisteoir nó an chuideachta bhainistíochta amhail dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chinneadh na socrúithe le haghaidh mhargaíochta a ngnóthas comhinfeistíochta a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 93a de Threoir 2009/65/CE agus le hAirteagal 32a de Threoir 2011/61/AE.

4. Maidir le cumarsáid mhargaíochta ina gcuimsítear cuireadh chun aonaid nó scaireanna in CIM a cheannach ina bhfuil faisnéis shonrach maidir le CIM, áiríteoidh BCManna bainisteoirí EuVECA agus bainisteoirí EuSEFanna nach dtiocfaidh sí salach ar an bhfaisnéis atá le nochtadh d’infheisteoirí i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir 2011/61/AE, le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 nó le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 346/2013, ná go laghdóidh sí a suntas.

5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 2 den Airteagal seo maidir le CIManna a fhoilsíonn réamheolaire i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾, nó i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó a chuireann i bhfeidhm rialacha maidir le formáid agus inneachar na faisnéise bunriachtanaí d’infheisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 78 de Threoir 2009/65/CE.

6. Faoin 2 Lúnasa 2021, eiseoidh ESMA treoirlínte, agus, ina dhiaidh sin, tabharfaidh sé na treoirlínte sin cothrom le dáta ar bhonn tréimhsiúil, maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas le haghaidh cumarsáid mhargaíochta dá dtagraítear i mír 1, agus gnéithe ar líne na cumarsáide margaíochta sin á gcur san áireamh.

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).

Airteagal 5

Forálacha náisiúnta maidir le ceanglais mhargaíochta a fhoilsiú

1. Déanfaidh údaráis inniúla faisnéis iomlán atá cothrom le dáta maidir leis na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin náisiúnta go léir is infheidhme lena rialaítear ceanglais mhargaíochta le haghaidh CIManna agus GCUInna, a fhoilsiú agus a choinneáil ar a suíomhanna gréasáin, mar aon le hachóimrí orthu, i dteanga amháin ar a laghad is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.

2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ESMA maidir leis na hipearnaisc chuig suíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil áit a bhfoilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.

Tabharfaidh údaráis inniúla fógra do ESMA faoi aon athrú ar an bhfaisnéis arna soláthar faoin gcéad fhomhír den mhír seo gan aon moill mhíchúí.

3. Ullmhóidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a chinneadh le haghaidh na bhfoilseachán agus na bhfógraí faoin Airteagal seo.

Déanfaidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 2 Feabhra 2021.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 6

Bunachar sonraí lárnach ESMA maidir le forálacha náisiúnta a bhaineann le ceanglais mhargaíochta

Faoin 2 Feabhra 2022, foilseoidh agus coinneoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin bunachar sonraí lárnach ina bhfuil na hachóimrí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), agus na hipearnaisc chuig suíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 5(2).

Airteagal 7

Fíorú ex ante ar chumarsáid mhargaíochta

1. Chun comhlíonadh an Rialacháin seo agus na bhforálacha náisiúnta maidir le ceanglais mhargaíochta a fhíorú, agus chun na críche sin amháin, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar chuideachtaí bainistíochta GCUI réamhfhógra a thabhairt faoi chumarsáid mhargaíochta a bhfuil sé ar intinn acu í a úsáid go díreach nó go hindíreach ina gnóthaíocht le hinfheisteoirí.

Is éard a bheidh sa cheanglas maidir le réamhfhógra a thabhairt dá dtagraítear sa chéad fhomhír ná réamhchoinníoll le haghaidh mhargaíocht aonaid GCUI agus ní bheidh sé ina chuid den nós imeachta fógartha dá dtagraítear in Airteagal 93 de Threoir 2009/65/CE.

I gcás ina gceanglaíonn údaráis inniúla réamhfhógra a thabhairt amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfidh siad iarraidh ar bith chun leasú a dhéanamh ar a gcumarsáid mhargaíochta in iúl do chuideachta bhainistíochta GCUI laistigh de 10 lá oibre ón gcumarsáid mhargaíochta a fháil.

Féadtar an réamhfhógra dá dtagraítear sa chéad fhomhír a éileamh ar bhonn córasach nó i gcomhréir le haon chleachtas fíorúcháin eile agus is gan dochar é d'aon chumhacht mhaoirseachta chun fíorú ex post a dhéanamh ar chumarsáid mhargaíochta.

2. Déanfaidh údaráis inniúla a cheanglaíonn réamhfhógra a thabhairt maidir le cumarsáid mhargaíochta a dhéanamh nósanna imeachta a bhunú, a chur i bhfeidhm agus a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin le haghaidh réamhfhógra den sórt sin a thabhairt. Áiritheoidh na rialacha agus na nósanna imeachta inmheánacha cóireáil thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach le haghaidh gach GCUI, gan beann ar na Ballstáit ina bhfuil na GCUInna údaraithe.

3. I gcás ina ndéanann BCIManna, bainisteoirí EuVECAanna nó bainisteoirí EuSEFanna aonaid nó scaireanna a CIManna a mhargú d'infheisteoirí miondíola, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 1 agus 2 i leith na BCIManna, na mbainisteoirí EuVECAanna nó na mbainisteoirí EuSEFanna sin.

*Airteagal 8***Tuairisciú ESMA maidir le cumarsáid mhargaíochta**

1. Faoin 31 Márta 2021 agus gach dara bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh údaráis inniúla an fhaisnéis seo a leanas a thuairisciú do ESMA:
 - (a) an líon iarrataí ar leasuithe ar chumarsáid mhargaíochta arna ndéanamh ar bhonn fíorú *ex ante*, i gcás inarb infheidhme;
 - (b) an líon iarrataí ar leasuithe agus cinntí a glacadh ar bhonn fíorú *ex post*, a idirdhealaíonn go sonrach idir na sáruithe is minice, lena n-áirítear cur síos ar na sáruithe agus cineál na sáruithe sin;
 - (c) cur síos ar na sáruithe is minice ar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 4; agus
 - (d) sampla amháin de gach ceann de na sáruithe dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c).
2. Faoin 30 Meitheamh 2021 agus gach dara bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh ESMA tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ina gcuirtear i láthair forléargas ar na ceanglais mhargaíochta dá dtagraítear in Airteagal 5(1) i ngach Ballstát agus beidh ann anailís ar éifeachtaí na bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin náisiúnta lena rialaítear cumarsáid mhargaíochta atá bunaithe freisin ar an bhfaisnéis arna fáil i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 9***Prionsabail chomhchoiteanna maidir le táillí nó muirir**

1. Sa chás go bhfuil táillí nó muirir á ngearradh ag údaráis inniúla i leith a gcúraimí a chomhlíonadh i ndáil le gníomhaíochtaí trasteorann BCManna, bhainisteoirí EuVECAanna, bhainisteoirí EuSEFanna agus chuideachtaí bainistíochta GCUInna, beidh na táillí nó na muirir sin comhsheasmhach leis an gcostas iomlán a bhaineann le feidhmiú fheidhmeanna an údaráis inniúil.
2. Le haghaidh na dtáillí nó na muirear dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfaidh na húdaráis inniúla sonrasc, ráiteas maidir le híocaíocht indibhidiúil nó treoir íocaíochta, ina leagfar amach go soiléir an modh íocaíochta agus an dáta atá an íocaíocht dlite, a chur chuig an seoladh dá dtagraítear sa tríú fomhír d'Airteagal 93(1) de Threoir 2009/65/CE nó i bpointe (i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/61/AE.

*Airteagal 10***Forálacha náisiúnta maidir le táillí agus muirir a fhoilsiú**

1. Faoin 2 Feabhra 2020, déanfaidh na húdaráis inniúla bunachair sonraí a fhoilsiú agus faisnéis atá cothrom le dáta a choinneáil ar a suíomhanna gréasáin ina liostófar na táillí nó na muirir dá dtagraítear in Airteagal 9(1), nó i gcás inarb infheidhme, na modheolaíochtaí ríomha le haghaidh na dtáillí nó na muirear sin, i dteanga amháin ar a laghad is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta.
2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ESMA maidir leis na hipearnaisc chuig suíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil áit a bhfoilsítear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1.
3. Ullmhóidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na foirmeacha caighdeánacha, na teimpléid chaighdeánacha agus na nósanna imeachta caighdeánacha a chinneadh le haghaidh na bhfoilseachán agus na bhfógraí faoin Airteagal seo.

Déanfaidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 2 Feabhra 2021.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

*Airteagal 11***Foilseachán ESMA maidir le táillí agus muirir**

1. Faoin 2 Feabhra 2022 foilseoidh ESMA hipearnaisc ar a shuíomh gréasáin chuig suíomhanna gréasáin na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 10(2). Déanfar na hipearnaisc sin a choinneáil cothrom le dáta.

2. Faoin 2 Feabhra 2022, déanfaidh ESMA uirlis idirghníomhach a fhorbairt agus a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin, a thabharfaidh ríomh tásach ar na táillí nó na muirir dá dtagraítear in Airteagal 9(1), a mbeidh rochtain ag an bpobal uirthi i dteanga amháin ar a laghad is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta. Coinneofar an uirlis sin cothrom le dáta.

Airteagal 12

Bunachar sonraí lárnach ESMA maidir le margaíocht trasteorann ar CIManna agus GCUInna

1. Faoin 2 Feabhra 2022, foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin bunachar sonraí lárnach maidir le margaíocht trasteorann CIManna agus GCUInna, a bheidh ar fáil don phobal i dteanga amháin is gnách a úsáid i réimse an airgeadais idirnáisiúnta, ina liostófar:

- (a) gach CIM a ndéantar margaíocht air i mBallstát eile seachas an Ballstát baile, a BCIM, a bhainisteoir EuSEF agus a bhainisteoir EuVECA, agus an Ballstát ina bhfuil margaíocht ar siúl air; agus
- (b) gach CIM a ndéantar margaíocht air i mBallstát eile seachas Ballstát baile an GCUI mar a shainmhínítear i bpointe (e) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2009/65/CE, a gcuideachta bhainistíochta GCUI gus na Ballstáit ina bhfuil margaíocht ar siúl air.

Déanfar an bunachar sonraí lárnach sin a choinneáil cothrom le dáta.

2. Beidh na hoibleagáidí san Airteagal seo agus in Airteagal 13 a bhaineann leis an mbunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo gan dochar do na hoibleagáidí a bhaineann leis an liosta dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 6(1) de Threoir 2009/65/CE, don chlár poiblí lárnach dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 7(5) de Threoir 2011/61/AE, don bhunachar sonraí lárnach dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 agus don bhunachar sonraí lárnach dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 346/2013.

Airteagal 13

Caighdeánú fógraí chuig ESMA

1. Gach ráithe, cuirfidh Ballstáit bhaile na n-údarás inniúil ESMA ar an eolas faoin bhfaisnéis is gá le haghaidh chruthú agus chothabháil an bhunachair sonraí lárnaigh dá dtagraítear in Airteagal 12 den Rialachán seo i ndáil le haon fhógra, litir fógartha nó faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 93(1) agus Airteagal 93a(2) de Threoir 2009/65/CE agus in Airteagal 31(2), Airteagal 32(2) agus in Airteagal 32a(2) de Threoir 2011/61/AE, agus aon athruithe ar an bhfaisnéis sin, i gcás ina mbeadh mar thoradh ar na hathruithe sin go dtiocfadh athrú ar an bhfaisnéis sa bhunachar sonraí lárnach.

2. Déanfaidh ESMA tairseach fógartha a bhunú ar a ndéanfaidh gach údarás inniúil doiciméid a uaslódáil, ar doiciméid iad dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt ina sonrófár an fhaisnéis atá le cur in iúl, chomh maith le foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta do chumarsáid na faisnéise sin ag na húdaráis inniúla chun críocha mhír 1, agus na socruithe theicniúla is gá d'fheidhmiú na tairisí fógartha dá dtagraítear i mír 2.

Déanfaidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 2 Feabhra 2021.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fómhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Airteagal 14

Cumhachtaí na n-údarás inniúil

1. Beidh ag na húdaráis inniúla gach cumhacht maoirseachta agus imscrúdaithe is gá chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil leis an Rialachán seo.

2. Beidh na cumhachtaí a thugtar d'údarás inniúla de bhun Threoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE, Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013, (AE) Uimh. 346/2013 agus (AE) 2015/760, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le pionóis nó le bearta eile, beidh feidhm acu maidir leis na bainisteoirí dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán seo.

Airteagal 15

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 345/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(o) ciallaíonn ‘réamh-mhargáíocht’ faisnéis faoi straitéisí infheistíochta nó smaointe infheistíochta a bheith á soláthar nó iad a bheith á gcur in iúl, go díreach nó go hindíreach, ag bainisteoir ar chiste caipitil fiontair cáilitheach, nó thar a cheann, d’infheisteoirí féideartha atá ina gcónaí nó a bhfuil oifig chláráithe acu san Aontas chun a fháil amach cén spéis atá acu i gciste caipitil fiontair cáilitheach nach bhfuil ar bun fós, nó i gciste caipitil fiontraíochta cáilitheach atá ar bun ach nár tugadh fógra ina leith go fóill maidir le margaíocht i gcomhréir le hAirteagal 15, sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar na hinfeisteoirí féideartha nó ina bhfuil a n-oifig chláráithe, agus nach tairiscint ná socrúchán don infheisteoir féideartha atá i gceist, i gceachtar den dá chás sin, chun infheistiú in aonaid nó scaireanna an chiste caipitil fiontair cháilithigh sin.”;

(2) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 4a

1. Féadfaidh bainisteoir ar chiste caipitil fiontair cáilitheach dul i mbun gníomhaíochtaí réamh-mhargáíochta san Aontas, ach amháin i gcás ina mbaineann an méid a leanas leis an bhfaisnéis arna cur i láthair d’infheisteoirí ionchasacha:

- (a) cuireann sí ar chumas infheisteoirí gealltanais a thabhairt aonaid nó scaireanna de chiste caipitil fiontair cáilitheach áirithe a fháil;
- (b) is ionann í agus foirmeacha suibscríbhíne nó doiciméid chomhchosúla i bhfoirm dréachta nó i bhfoirm dheiridh; nó
- (c) is ionann í agus doiciméid chomhdhéanaimh, réamheolaire nó doiciméid tairisceana, ina bhfoirmeacha deiridh, de chuid ciste caipitil fiontair cáilitheach nár bunaíodh fós.

I gcás ina gcuirtear dréacht-réamheolaire nó doiciméid tairisceana ar fáil, ní chuimseofar iontu an fhaisnéis leordhóthanach, rud a chuirfidh ar chumas infheisteoirí cinneadh infheistíochta a dhéanamh agus luafar go soiléir an méid seo a leanas:

- (a) ní hionann iad agus tairiscint nó cuireadh chun suibscríbhíne a ghlacadh le haonaid ná le scaireanna i gciste caipitil fiontair cáilitheach; agus
- (b) níor cheart a bheith ag brath ar an bhfaisnéis atá sna doiciméid sin ós rud é gur faisnéis neamhiomlán í agus go bhféadfaidh athrú teacht uirthi.

2. Ní cheanglóidh údarais inniúla ar bhainisteoir ar chiste chaipitil fiontair cáilitheach fógra a thabhairt d’údarais inniúla maidir le hábhar nó le seolaithe na réamh-mhargáíochta, ná aon choinníollacha nó ceanglais a chomhlíonadh seachas iadsan a leagtar amach san Airteagal seo, sula dtabharfaidh sé faoin réamh-mhargáíocht.

3. Áiríteoidh cistí caipitil fiontair cáilitheacha nach bhfaighidh infheisteoirí aonaid nó scaireanna i gciste caipitil fiontair cáilitheach trí réamh-mhargáíocht agus nach bhféadfaidh infheisteoirí a rachfar i dteagmháil leo mar chuid de réamh-mhargáíocht ach aonaid nó scaireanna sa chiste caipitil fiontair cáilitheach sin tríd an margaíocht a cheadaítear faoi Airteagal 15.

Aon suibscríbhíne a ghlacfaidh infheisteoirí gairmiúla, laistigh de 18 mí ón tráth a rinne bainisteoir ar chiste chaipitil fiontair cáilitheach tús a chur leis an réamh-mhargáíocht, d’aonaid nó scaireanna i gciste caipitil fiontair cáilitheach dá dtagraítear san fhaisnéis arna soláthar sa chomhthéacs réamh-mhargáíochta, nó ciste caipitil fiontair cáilitheach mar thoradh ar réamh-mhargáíocht, measfar é a bheidh mar thoradh ar mhargáíocht agus beidh sé faoi féir na nósanna imeachta fógartha is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 15.

4. Laistigh de 2 sheachtain tar éis dóibh tús a chur le réamh-mhargáíocht, cuirfidh bainisteoir ar chiste caipitil fiontair cáilitheach litir neamhfhoirmiúil, i bhfoirm páipéir nó trí mheáin leictreonacha, chuig an údarás inniúil ina Bhallstát baile. Sonrófar sa litir sin na Ballstáit ina bhfuil an réamh-mhargáíocht á tarlú nó inar tharla sí agus na tréimhsí ina bhfuil sí á tarlú nó inar tharla sí, beidh cur síos inti ar an réamh-mhargáíocht lena n-áirítear faisnéis maidir le straitéisí infheistíochta a cuireadh i láthair agus, i gcás inarb iomchuí, beidh liosta inti de na cistí caipitil fiontair cáilitheacha arb iadsan nó arb iadsan ábhar na réamh-mhargáíochta. Cuirfidh údarais inniúla Bhallstát baile an bhainisteora ar chiste caipitil fiontair cáilitheach na húdarais inniúla de chuid an Bhallstáit ina ndéanann nó ina ndearna an bainisteoir ar chiste caipitil fiontair cáilitheach an réamh-mhargáíocht ar an eolas go pras. Féadfaidh údarais inniúla an Bhallstáit ina bhfuil réamh-mhargáíocht á tarlú nó inar tharla sí a iarraidh go gcuirfeadh údarais inniúla Bhallstát baile an bhainisteora ar chiste caipitil fiontair cáilitheach faisnéis bhreise ar fáil maidir leis an réamh-mhargáíocht atá á tarlú nó a tharla ina chríoch.

5. Ní thabharfaidh tríú páirtí faoi réamh-mhargáíocht thar ceann bainisteoir údaraithe ar chiste caipitil fiontair cáilitheach áit a bhfuil sé údaraithe mar ghnólacht infheistíochta i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) mar institiúid chreidmheasa i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), mar chuideachta bhainistíochta GCUÍ i gcomhréir le Treoir 2009/65/CE, mar bhainisteoir ar chiste infheistíochta malartach i gcomhréir le Treoir 2011/61/AE, nó gníomhartha mar ghníomhaire faoi cheangal i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE. Beidh an tríú páirtí sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.

6. Déanfaidh bainisteoir ar chiste caipitil fiontair cáilitheach a áirithiú go ndéanfar doiciméadú leormhaith ar réamh-mhargáíocht.

(*) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(**) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338)."

Airteagal 16

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 346/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

“(o) ciallaíonn ‘réamh-mhargáíocht’ faisnéis faoi straitéisí infheistíochta nó smaointe infheistíochta a bheith á soláthar nó iad a bheith á gcur in iúl, go díreach nó go hindíreach, ag bainisteoir ar chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach, nó thar a cheann, d’infheisteoirí féideartha atá ina gcónaí nó a bhfuil oifig chláráithe acu san Aontas chun a fháil amach cén spéis atá acu i gciste fiontraíochta sóisialta cáilitheach nach bhfuil ar bun fós, nó i gciste fiontraíochta sóisialta cáilitheach atá ar bun ach nár tugadh fógra ina leith go fóill maidir le margaíocht i gcomhréir le hAirteagal 16, sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar na hinfeisteoirí féideartha nó ina bhfuil a n-oifig chláráithe, agus nach tairiscint ná socrúchán don infheisteoir féideartha atá i gceist, i gceachtar den dá chás sin, chun infheistiú in aonaid nó scaireanna an chiste fiontraíochta sóisialta sin.”;

(2) cuirtear an tAirteagal a leanas isteach:

“Airteagal 4a

1. Féadfaidh bainisteoir ar chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach dul i mbun gníomhaíochtaí réamh-mhargáíochta san Aontas, ach amháin sa chás go mbaineann an méid a leanas leis an bhfaisnéis arna cur i láthair d’infheisteoirí féideartha:

- (a) cuireann sí ar chumas infheisteoirí gealltanais a thabhairt aonaid nó scaireanna de chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach áirithe a fháil;
- (b) is ionann í agus foirmeacha suibscríbhíne nó doiciméid chomhchosúla i bhfoirm dréachta nó i bhfoirm dheiridh; nó
- (c) is ionann í agus doiciméid chomhdhéanamh, réamheolaire nó doiciméid tairisceana, ina bhfoirmeacha deiridh, de chuid ciste fiontraíochta sóisialta cáilitheach nár bunaíodh fós.

I gcás ina gcuirtear dréacht-réamheolaire nó doiciméid tairisceana ar fáil, nach gcuimsítear iontu faisnéis leordhóthanach, rud a chuirfidh ar chumas infheisteoirí cinneadh infheistíochta a dhéanamh agus luafar go soiléir an méid seo a leanas:

- (a) ní hionann iad agus tairiscint nó cuireadh chun suibscríbhíne a ghlacadh in aonaid ná i scaireanna i gciste fiontraíochta sóisialta cáilitheach; agus
- (b) níor cheart a bheith ag brath ar an bhfaisnéis atá sna doiciméid sin ós rud é gur faisnéis neamhiomlán í agus go bhféadfadh athrú teacht uirthi.

2. Ní cheanglóidh údarais inniúla ar bhainisteoir ar chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach fógra a thabhairt d’údarais inniúla maidir le hábhar nó le seolaithe na réamh-mhargáíochta, ná aon choinníollacha nó ceanglais a chomhlíonadh seachas iadsan a leagtar amach san Airteagal seo, sula dtabharfaidh sé faoin réamh-mhargáíocht.

3. Áiritheoidh cistí fiontraíochta sóisialta cáilitheacha nach bhfaighidh infheisteoirí aonaid nó scaireanna i gciste fiontraíochta sóisialta cáilitheach trí ghníomhaíochtaí réamh-mhargáíochta agus nach bhféadfaidh infheisteoirí a rachfar i dteagmháil leo mar chuid de réamh-mhargáíocht ach aonaid nó scaireanna sa chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach sin tríd an margaíocht a cheadaítear faoi Airteagal 16.

Ba cheart a mheas gur de thoradh na margaíochta ar aon suibscríbhinn ag infheisteoirí gairmiúla, laistigh de 18 mí tar éis don bhainisteoir ar chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach tús a chur le réamh-mhargáíocht, le haonaid nó scaireanna de chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach dá dtagraítear san fhaisnéis a soláthraíodh i gcomhthéacs na réamh-mhargáíochta, nó ar chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach arna bhunú de thoradh na réamh-mhargáíochta agus ba cheart iad a bheith faoi réir nósanna imeachta fógartha dá dtagraítear in Airteagal 16.

4. Laistigh de 2 sheachtain tar éis dóibh tús a chur le réamh-mhargáíocht, cuirfidh bainisteoir ar chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach litir neamhfhoirmiúil, i bhfoirm páipéir nó trí mheáin leictreonacha, chuig an údarás inniúil ina Bhallstát baile. Sonrófar sa litir sin na Ballstáit ina bhfuil an réamh-mhargáíocht á tarlú nó inar tharla sí agus na tréimhsí ina bhfuil sí á tarlú nó inar tharla sí, beidh cur síos inti ar an réamh-mhargáíocht lena n-áirítear faisnéis maidir le straitéisí infheistíochta a cuireadh i láthair agus, i gcás inarb iomchú, beidh liosta inti de na cistí fiontraíochta sóisialta cáilitheacha arb iadsan nó arbh iadsan ábhar na réamh-mhargáíochta. Cuirfidh údarás inniúla Bhallstát baile an bhainisteora ar chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach na húdaráis inniúla de chuid an Bhallstáit ina ndéanann nó ina ndearna an bainisteoir ar an gciste fiontraíochta sóisialta cáilitheach an réamh-mhargáíocht ar an eolas go pras. Féadfaidh údarás inniúla an Bhallstáit ina bhfuil réamh-mhargáíocht á tarlú nó inar tharla sí a iarraidh go gcuirfeadh údarás inniúla Bhallstát baile an bhainisteora ar an gciste fiontraíochta sóisialta cáilitheach faisnéis bhreise ar fáil maidir leis an réamh-mhargáíocht atá á tarlú nó a tharla ina gcíoch.

5. Ní thabharfaidh tríú páirtí faoi réamh-mhargáíocht thar ceann an bhainisteora údaraithe ar chiste fiontraíochta sóisialta cáilitheach áit a bhfuil sé údaraithe mar ghnólacht infheistíochta i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), mar institiúid chreidmheasa i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), mar chuideachta bhainistíochta GCU i gcomhréir le Treoir 2009/65/CE, mar bhainisteoir ar chiste infheistíochta malartach i gcomhréir le Treoir 2011/61/AE, nó ní ghníomhóidh sé mar ghníomhaire faoi cheangal i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE. Beidh an tríú páirtí sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.

6. Déanfaidh bainisteoir ar chiste caipitil fiontair cáilitheach a áirithiú go ndéanfar doiciméadú leormhaith ar réamh-mhargáíocht.

(*) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(**) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghníomhaíochtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338)."

Airteagal 17

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 32(1), cuirtear “31 Nollaig 2021” in ionad “31 Nollaig 2019”.

(2) leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír de mhír 1, cuirtear “31 Nollaig 2019” in ionad “31 Nollaig 2018”;

(b) sa chéad fhomhír de mhír 2, cuirtear “31 Nollaig 2019” in ionad “31 Nollaig 2018”;

(c) sa chéad fhomhír de mhír 4, cuirtear “31 Nollaig 2019” in ionad “31 Nollaig 2018”.

*Airteagal 18***Meastóireacht**

Faoin 2 Lúnasa 2024, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, ar bhonn comhairliúchán poiblí agus i bhfianaise idirphlé le ESMA agus le húdaráis inniúla, ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Faoin 2 Lúnasa déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn comhairliúchán le húdaráis inniúla, le ESMA agus le geallsealbhóirí eile, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le sirtheoireacht droim ar ais agus éileamh ar fhéintionscnamh an infheisteora, ina sonrófar méid an chineáil suibscríbhíne i gcistí, a dháileadh geografach, lena n-áirítear tríú tíortha, agus a thionchar ar an gcóras pas. Déanfar iniúchadh sa tuarascáil freisin ar cheart an tairseach fógartha arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 13(2) a fhorbairt ionas go dtarlódh gach aistriú doiciméad idir na húdaráis inniúla tríd mheán na tairisí sin.

*Airteagal 19***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Lúnasa 2019.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 4(1) go (5), ag Airteagal 5(1) agus (2), ag Airteagal 15 agus ag Airteagal 16 ón 2 Lúnasa 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. CIAMBA

RIALACHÁN (AE) 2019/1157 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 20 Meitheamh 2019****maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n-eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Beartaíodh leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) saorghluaiseacht daoine a éascú agus sábháilteacht agus slándáil phobal na hEorpa a n-áirithiú leo, trí limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur ar bun, i gcomhréir le forálacha CAE agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).
- (2) Le saoránacht an Aontais, tugtar an ceart chun saorghluaiseachta do shaoránaigh uile an Aontais faoi réir teorainneacha agus coinníollacha áirithe. Tugtar éifeacht don cheart sin le Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾. In Airteagal 45 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), déantar foráil freisin maidir le saoirse gluaiseachta agus saoirse cónaithe. Is é atá i gceist leis an tsaoirse gluaiseachta an ceart chun imeacht as Ballstáit agus dul isteach iontu le cárta aitheantais nó pas bailí.
- (3) De bhun Threoir 2004/38/CE, déanfaidh na Ballstáit cártaí aitheantais nó pasanna a eisiúint dá náisiúnaigh agus na cártaí aitheantais nó pasanna sin a athnuachan, i gcomhréir le dlíthe náisiúnta. Thairis sin, foráiltear sa Treoir sin go bhféadfaidh Ballstáit a chur de cheangal ar shaoránaigh an Aontais agus ar bhaill dá dteaghlaigh clárú leis na húdaráis ábhartha. Ceanglaítear ar na Ballstáit deimhnithe clárúcháin a eisiúint do shaoránaigh an Aontais faoi na coinníollacha a leagtar amach ann. De bhun na Treorach sin, ceanglaítear ar na Ballstáit freisin cártaí cónaithe a eisiúint do bhaill teaghlaigh nach náisiúnaigh de Bhallstát iad agus, ar iarratas, doiciméid ina ndeimhnítear buanchónaí agus ina ndéantar cártaí buanchónaithe a eisiúint.
- (4) Foráiltear le Treoir 2004/38/CE go bhféadfaidh na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun aon cheart a thugtar leis an Treoir sin a dhiúltú, a fhoirceannadh nó a tharraingt siar i gcás mí-úsáid ceart nó calaoise. Sainaitníodh mar ghnáthchásanna calaoise faoin Treoir sin brionnú doiciméid nó cur in iúl bréagach fíorais ábhartha a bhaineann leis na coinníollacha atá leis an gceart cónaithe.
- (5) Tá difríochtaí suntasacha idir leibhéil slándála na gcártaí aitheantais náisiúnta arna n-eisiúint ag Ballstáit agus ceadanna cónaithe do náisiúnaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile agus do bhaill dá dteaghlaigh. Cuireann na difríochtaí sin leis an riosca falsú agus calaois doiciméad a bheith ann, agus i ngeall ar na deacrachtaí sin freisin bíonn deacrachtaí praiticiúla ag saoránaigh agus iad ag iarraidh a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú. Léirítear i staitisticí ón Línra an Aontais Eorpaigh le haghaidh Anailís Riosca maidir le Calaois Doiciméad go bhfuil méadú tagtha le himeacht ama ar theagmhais de chártaí aitheantais calaoiseacha.

⁽¹⁾ IO C 367, 10.10.2018, lch. 78.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 6 Meitheamh 2019.

⁽³⁾ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

- (6) Sa Teachtaireacht uaidh an 14 Meán Fómhair 2016 dar teideal “Enhancing security in a world of mobility: improved information exchange in the fight against terrorism and stronger external borders” (An tslándáil a fheabhsú i ré na soghluaisteachta: malartú faisnéise feabhsaithe chun sceimhlitheoireacht a chomhrac agus teorainneacha seachtracha a neartú), leag an Coimisiún béim ar a ríthábhachtaí atá doiciméid taistil agus aitheantais slána i gcás ina bhfuil gá le céannacht duine a shuí thar amhras, agus d’fhógair sé go mbeadh sé i gceist aige plean gníomhaíochta a chur i láthair chun dul i ngleic le calaois doiciméad taistil. De réir na Teachtaireachta sin, tá cur chuige feabhsaithe ag brath ar chórais dhochta chun cosc a chur le mí-úsáid agus le bagairtí ar shlándáil inmheánach a eascraíonn as mainneachtain i dtaca le slándáil doiciméad, go háirithe maidir le sceimhlitheoireacht agus coireacht trasteorann.
- (7) De réir Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin an 8 Nollaig 2016 chun an fhreagairt Eorpach ar chalaois doiciméad taistil a neartú (Plean Gníomhaíochta 2016), maítear gurbh iad na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe Schengen a d’eisigh ar a laghad trí cheathrú de na doiciméid chalaoiseacha a braitheadh ag na teorainneacha seachtracha, ach freisin ar an limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha. Cártaí aitheantais náisiúnta nach bhfuil chomh slán sin arna n-eisiúint ag na Ballstáit, is iad sin na doiciméid bhréagacha is minice a bhraitear agus a úsáidtear le haghaidh taisteal laistigh de limistéar Schengen.
- (8) Chun calaois aitheantais a dhíspreagadh, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ngearrfar pionós leormhaith ar fhalsú agus ar ghéochumadh doiciméad aitheantais agus ar úsáid na ndoiciméad falsaithe nó géochumtha sin de réir a ndlí náisiúnta.
- (9) Le Plean Gníomhaíochta 2016, tugadh aghaidh ar an riosca a bhaineann le cártaí aitheantais agus doiciméid chónaithe atá calaoiseach. I bPlean Gníomhaíochta 2016 agus ina Thuarascáil AE ar Shaoránacht 2017, thug an Coimisiún gealltanais go ndéanfaí anailís ar roghanna beartais chun feabhas a chur ar shlándáil cártaí aitheantais agus doiciméad cónaithe.
- (10) De réir Phlean Gníomhaíochta 2016, chun cártaí aitheantais barántúla slána a eisiúint, is gá próiseas iontaofa a bheith ann le haghaidh céannacht a chlárú chomh maith le doiciméid fhoinseacha shlána chun tacú leis an bpróiseas iarratas. Ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus do ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais leanúint de bheith ag obair i gcomhar chun nach mbeadh doiciméid fhoinseacha i mbaol calaoise, i bhfianaise úsáid mhéadaithe doiciméad foinseach bréagach.
- (11) Ní chuirtear de cheangal ar na Ballstáit leis an Rialachán seo cártaí aitheantais nó doiciméid chónaithe a thabhairt isteach i gcás nach ndéantar foráil dóibh faoin dlí náisiúnta, ná ní dhéanann sé dochar d’inniúlacht na mBallstát doiciméid chónaithe eile a eisiúint faoin dlí náisiúnta nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, mar shampla cártaí cónaithe a eisítear do na cónaitheoirí go léir atá ar an gcríoch, gan beann ar a náisiúntacht.
- (12) Ní chuirtear cosc ar na Ballstáit leis an Rialachán seo glacadh le doiciméid seachas doiciméid taistil chun críocha aitheantais, ar shlí neamh-idirdhealaitheach, chun críocha céannaithe, amhail ceadúnais tiomána.
- (13) Maidir le doiciméid aitheantais a eisítear do shaoránaigh a ndearnadh srian a chur lena gceart chun saorghluaiseachta i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, agus ina léirítear go sainráite nach féidir iad a úsáid mar dhoiciméid taistil, níor cheart iad a mheas mar dhoiciméid a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (14) Doiciméid taistil a chomhlíonann cuid 5 de Dhoiciméad 9303 ón Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) maidir le doiciméid taistil meaisín-inléite, (an seachtú heagrán, 2015) (“Doiciméad ICAO 9303”), ar doiciméid iad nach bhfónann críocha céannaithe sna Ballstáit eisiúna, amhail an paschárta arna eisiúint ag Éirinn, níor cheart iad a mheas mar dhoiciméid a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.
- (15) Ní dhéanann an Rialachán seo difear d’úsáid cártaí aitheantais agus doiciméad cónaithe lena ngabhann feidhm eID ag na Ballstáit chun críocha eile ná ní dhéanann sé difear do na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), lena ndéantar foráil d’aitheantas frithpháirteach ar fud an Aontais do ríomh-shainaitheantais agus rochtain á tabhairt ar sheirbhísí poiblí, agus lena gcuidítear le saoránaigh atá ag bogadh go Ballstát eile trína cheangal go n-aithneofaí go frithpháirteach meáin ríomh-shainaitheantais sa Bhallstát eile sin faoi réir coinníollacha áirithe. Le cártaí aitheantais feabhsaithe, ba cheart go n-áiritheofaí céannú níos fusa agus go rannchuideofaí le rochtain níos fearr ar sheirbhísí.

(* Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaobhais le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

- (16) Chun gur cuí an fíorú a dhéantar ar chúartaí aitheantais agus ar dhoiciméid chónaithe, ceanglaítear ar na Ballstáit an teideal ceart a úsáid le haghaidh gach cineáil doiciméid a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Chun gur fusa a bheidh sé seiceáil a dhéanamh ar na doiciméid a chumhdaítear leis an Rialachán seo i mBallstáit eile, ba cheart teideal an doiciméid a bheith i dteanga oifigiúil amháin bhreise ar a laghad de chuid institiúidí an Aontais. I gcás ina bhfuil ainmnithe seanbhunaithe seachas an teideal “cárta aitheantais” in úsáid i mBallstáit cheana féin, ba cheart dóibh a bheith in ann leanúint de sin ina dteanga nó ina dteangacha oifigiúla féin. Níor cheart aon ainmniú nua a thabhairt isteach amach anseo, áfach.
- (17) Tá gá le gnéithe slándála chun a fhíorú an doiciméad barántúil atá ann agus chun céannacht duine a shuí. Maidir le híoschaighdeán slándála a bhunú agus sonraí bithmhéadracha a chomhtháthú i gcártaí aitheantais agus i gcártaí cónaithe ball teaghlaigh nach náisiúnaigh de chuid Ballstáit iad, is céimeanna tábhachtacha iad chun úsáid na gcártaí sin san Aontas a dhéanamh níos sláine. Ach na sainaitheantóirí bithmhéadracha sin a chur ar áireamh, ba cheart go bhféadfadh saoránaigh an Aontais lán-tairbhe a bhaint as a gcearta chun saorghluaiseachta.
- (18) I gcás ina ndéantar íomhá den aghaidh agus dhá mhéarlorg (“sonraí bithmhéadracha”) a stóráil ar chúartaí aitheantais agus cónaithe, mar a fhoráiltear dó cheana féin i ndáil le pasanna bithmhéadracha agus ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír, is ionann é sin agus meascán iomchuí de chéannú agus fíordheimhniú iontaoifa a bhfuil riosca laghdaithe calaíse ag baint leis, ar mhaithe le slándáil na gcártaí aitheantais agus cónaithe a neartú.
- (19) Mar chleachtas ginearálta, ba cheart do na Ballstáit, chun barántúlacht an doiciméid agus céannacht an tsealbhóra a fhíorú, an íomhá den aghaidh a fhíorú go príomha agus, i gcás ina bhfuil gá ann barántúlacht an doiciméid agus céannacht an tsealbhóra a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit na méarloirg a fhíorú freisin.
- (20) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcásanna nach ndeimhnítear barántúlacht an doiciméid ná céannacht an tsealbhóra le fíorú sonraí bithmhéadracha, go ndéanfaidh foireann cháilithe seiceáil de lámh éigeantach.
- (21) Ní sholáthraítear leis an Rialachán seo bunús dlí chun bunachair sonraí a chur ar bun nó a chothabháil ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh stóráil sonraí bithmhéadracha sna Ballstáit, ar ábhar don dlí náisiúnta é nach mór dó dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Thairis sin, ní sholáthraítear bunús dlí leis an Rialachán chun bunachair sonraí láraithe a bhunú nó a chothabháil ar leibhéal an Aontais.
- (22) Ba cheart aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú agus a stóráil i meán stórála na gcártaí aitheantais agus na ndoiciméad cónaithe chun barántúlacht an doiciméid agus céannacht an tsealbhóra a fhíorú. Níor cheart ach d’fhoireann chúí-údaraithe an fíorú sin a dhéanamh agus níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin nuair a cheanglaítear le dlí an doiciméad a thabhairt ar aird. Sa bhreis air sin, maidir le sonraí bithmhéadracha a stóráiltear chun críocha cártaí aitheantais nó doiciméid chónaithe a phearsanú, ba cheart iad a choinneáil ar bhealach an-slán agus go dtí dáta bailithe an doiciméid agus in aon chás i gcomhair tréimhse nach faide ná 90 lá ó dháta eisiúna an doiciméid. Tar éis na tréimhse sin, déanfar na sonraí bithmhéadracha sin a scriosadh nó a dhíothú láithreach. Ba cheart go mbeadh sé sin gan dochar d’aon phróiseáil eile a dhéantar ar na sonraí sin i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta maidir le cosaint sonraí.
- (23) Chun críche an Rialacháin seo, ba cheart aird a thabhairt ar shonraíochtaí Dhoiciméad ICAO 9303 lena n-áiríthítear idir-inoibritheacht dhomhanda, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meaisín-inléiteacht agus leas a bhaint as amharc-chigireacht.
- (24) Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh i dtaobh an áireofar inscne duine ar dhoiciméad a chumhdaítear leis an Rialachán seo. I gcás ina n-áireoidh Ballstát inscne duine ar doiciméad sin den sórt sin, ba cheart na sonraíochtaí “F”, “M” nó “X” nó an túsleitir aonair comhfhreagrach a úsáidtear i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit sin de chuid Dhoiciméad ICAO 9303 a úsáid, de réir mar is iomchuí.
- (25) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a áirithiú go ndéanfar caighdeán slándála agus sonraíochtaí teicniúla a bheith ann amach anseo arna nglacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle ⁽⁵⁾ a chur san áireamh go cuí, i gcás inarb iomchuí, maidir le cártaí aitheantais, cártaí cónaithe agus cártaí buanchónaithe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾. Chun na críche sin, beidh an Coiste arna bhunú le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle ⁽⁷⁾ de chúnamh ag an gCoimisiún. I gcás inar gá, ba cheart go bhféadfadh na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar faoi rún chun baol góchumtha agus falsaithe a chosc.

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír (IO L 157, 15.6.2002, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1).

- (26) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta iomchuí agus éifeachtacha i bhfeidhm maidir le haitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú, ar nósanna imeachta iad a chomhlíonann na cearta agus na prionsabail a leagtar amach sa Chairt, i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbíonn sárleasanna an linbh ina bpríomhchomaoin i gcaitheamh an nós imeachta bailithe. Chun na críche sin, ba cheart oiliúint chuí ar chleachtais lena dtacaítear le leanaí a chur ar fáil d'fhoireann cháilithe d'fhonn aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú.
- (27) I gcás ina mbíonn deacrachtaí ann aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm chun dínit an duine lena mbaineann a urramú. Dá bhrí sin, ba cheart breithnithe sonracha a bhaineann le hinscne, chomh maith le riachtanais shonracha leanaí agus daoine leochaileacha, a chur san áireamh.
- (28) Ach íoschaighdeán slándála agus formáide a thabhairt isteach do chártaí aitheantais, ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit dul in iontaoibh bharántúlacht na ndoiciméad sin nuair a fheidhmíonn saoránaigh an Aontais a gceart chun saorghluaiseachta. Le tabhairt isteach caighdeán treisithe slándála, ba cheart rátháíochtaí leordhóthanacha a sholáthar d'údaráis phoiblí agus d'eintitis phríobháideacha chun go mbeidh siad in ann brath ar bharántúlacht cártaí aitheantais agus iad in úsáid ag saoránaigh an Aontais chun críocha céannaithe.
- (29) Le sainchomhartha i bhfoirm cód tíre dhá litir an Bhallstáit a eisíonn an doiciméad, agus é clóite droim ar ais i ndronuilleog ghorm agus 12 cheann de réaltaí buí i gciorcail timpeall air, éascaítear amharciniúchadh an doiciméid, go háirithe nuair a bhíonn an ceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú ag an sealbhóir.
- (30) Cé go gcoinnítear an rogha foráil a dhéanamh do ghnéithe náisiúnta breise, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach ndéanann na gnéithe sin laghdú ar éifeachtúlacht na ngnéithe coiteanna slándála ná nach ndéanann siad dochar do chomhoiriúnacht trasteorann na gcártaí aitheantais, amhail an fhéidearthacht na cártaí aitheantais a léamh le meaisíní arna n-úsáid ag Ballstáit seachas na Ballstáit a eisíonn na cártaí aitheantais.
- (31) Níor cheart go dtiocfadh méadú díréireach ar tháillí do shaoránaigh an Aontais nó do náisiúnaigh tríú tír mar thoradh ar chaighdeán slándála a thabhairt isteach maidir le cártaí aitheantais agus cártaí cónaithe ball teaghlaigh nach náisiúnaigh de Bhallstát iad. Ba cheart do na Ballstáit an prionsabal sin a chur san áireamh agus glaonna ar thairiscintí á n-eisiúint acu.
- (32) Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh lena áirithiú go sainaithnítear i gceart, le sonraí bithmhéadracha, an duine ar eisíodh cárta aitheantais dóibh. Chuige sin, d'fhéadfadh na Ballstáit breithniú a dhéanamh i dtaobh aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú, go háirithe an íomhá den aghaidh, trí bhíthin rollú beo ag na húdaráis náisiúnta a eisíonn cártaí aitheantais.
- (33) Ba cheart do na Ballstáit malartú a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin is gá chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá ar an meán stórála slán, agus chun í a fhíordheimhniú agus a fhíorú. Ba cheart na formáidí a úsáidtear leis an meán stórála slán a bheith idir-inoibritheach, lena n-áirítear i dtaca le pointí trasnaithe teorann uathoibrithe.
- (34) Le Treoir 2004/38/CE, tugtar aghaidh ar an gcás sin inar cheart bhfuil gach deis réasúnach le tabhairt do shaoránaigh an Aontais nó do bhaill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais nach náisiúnaigh de Bhallstát iad, nach bhfuil na doiciméid taistil atá riachtanach acu, chun a chruthú ar mhodhanna eile go bhfuil siad cumhdaithe leis an gceart chun saorghluaiseachta. Féadfar a áireamh ar na modhanna sin doiciméid aitheantais a úsáidtear ar bhonn sealadach agus cártaí cónaithe arna n-eisiúint do na baill teaghlaigh sin.
- (35) Urramaítear leis an Rialachán seo na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chairt agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas. Dá bhrí sin, spreagtar na Ballstáit chun oibriú leis an gCoimisiún chun go gcomhtháthófar gnéithe breise a dhéanann cártaí aitheantais níos inrochtana agus níos fusa lena n-úsáid ag daoine atá faoi mhí-chumas, amhail daoine lagamhairc. Fiosróidh na Ballstáit réitigh, amhail gléasanna clárúcháin soghluaiste, lena bhféadfar cártaí aitheantais a eisiúint do dhaoine nach bhfuil ar a gcumas cuairt a thabhairt ar na húdaráis atá freagrach as cártaí aitheantais a eisiúint.
- (36) Ba cheart faisnéis shonrach a áireamh sna doiciméid chónaithe a eisítear do shaoránaigh an Aontais chun a áirithiú gurb amhlaidh a shainaithnítear iad. Leis sin, ba cheart gurbh fhusa a bheadh sé a aithint nuair a bhaineann saoránach soghluaiste de chuid an Aontais úsáid as an gceart chun saorghluaiseachta agus as na cearta a bhaineann go dlúth leis an úsáid sin, ach níor cheart go rachadh comhchuibhiú thar a bhfuil iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar laigí na ndoiciméad atá ann faoi láthair. Tá sé de shaoirse ag na Ballstáit an fhormáid ina n-eisítear na doiciméid sin a roghnú agus d'fhéadfaidís iad a eisiúint i bhformáid a chomhlíonann sonraíochtaí Dhoiciméad ICAO 9303.

- (37) Maidir le doiciméid chónaithe a eisítear do bhaill teaghlaigh nach náisiúnaigh de Bhallstát iad, is iomchuí leas a bhaint as an bhformáid chéanna agus na gnéithe slándála céanna dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾. Sa bhreis ar chruthúnas a thabhairt ar an gceart cónaithe, déanann na doiciméid sin a sealbhóirí, a bhíonn faoi réir oibleagáid víosa i ngach cás eile, a dhíolmhú ón gceanglas víosa a fháil nuair a thionlacann siad an saoránach de chuid an Aontais nó nuair a thagann siad anall ina dhiaidh nó ina diaidh laistigh de chríoch an Aontais.
- (38) I dTreoir 2004/38/CE, foráiltear gur “Cárta cónaithe baill teaghlaigh de shaoránach an Aontais” atá le tabhairt ar na doiciméid a eisítear do bhaill teaghlaigh nach náisiúnaigh de Bhallstát iad. Chun céannú na ndaoine sin a éascú, ba cheart teideal agus cód caighdeánaithe a bheith ar chárta cónaithe baill teaghlaigh de shaoránach an Aontais.
- (39) Agus aird á tabhairt ar an riosca slándála do na Ballstáit agus ar na costais a thabhdh siad, ba cheart cártaí aitheantais agus cártaí cónaithe baill teaghlaigh de shaoránach an Aontais nach bhfuil a gcaighdeáin slándála leordhóthanach a chéimniú amach. Go hiondúil, ba cheart gur leor tréimhse céimnithe amach 10 mbliana i gcás cártaí aitheantais agus 5 bliana i gcás cártaí cónaithe chun cothromaíocht a bhaint amach idir a mhínicé a dhéantar doiciméid a ionadú de ghnáth agus an gá leis an mbearna shlándála atá ann faoi láthair laistigh den Aontas a dhúnadh. Mar sin féin, tá gá, ar fhorais na slándála, le tréimhse céimnithe amach níos giorra le haghaidh cártaí nach bhfuil gnéithe slándála tábhachtacha acu nó nach bhfuil meaisín-inléite.
- (40) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ maidir leis na sonraí pearsanta atá le próiseáil i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Is gá na coimircí is infheidhme maidir leis na sonraí pearsanta a phróiseáiltear a shonrú tuilleadh agus go háirithe maidir le sonraí íogaire amhail aitheantóirí bithmhéadracha. Ba cheart na hábhair sonraí a chur ar an eolas gurb ann ina ndoiciméid don mheán stórála ina bhfuil a sonraí bithmhéadracha, lena n-áirítear inrochtaineacht éadadhaill air, agus faoi gach cás ina n-úsáidtear na sonraí atá ina gcártaí aitheantais agus ina ndoiciméid chónaithe. Ar chaoi ar bith, ba cheart rochtain a bheith ag na hábhair sonraí ar shonraí pearsanta a phróiseáiltear ina gcártaí aitheantais agus ina ndoiciméid chónaithe, agus ba cheart go bhféadfaí na sonraí sin a cheartú trí dhoiciméad nua a eisiúint, i gcás ina bhfuil na sonraí sin earráideach nó neamhiomlán. Ba cheart an meán stórála a bheith an-slán agus ba cheart sonraí pearsanta atá stóráilte ann a bheith cosanta go héifeachtach ar rochtain neamhúdaraíthe.
- (41) Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as próiseáil cheart na sonraí bithmhéadracha, ó bhailiú go comhtháthú na sonraí ar an meán stórála atá an-slán, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.
- (42) Ba cheart do na Ballstáit a bheith an-chúramach nuair a bhíonn siad ag comhoibriú le soláthraí seirbhíse seachtrach. Aon dliteanas Ballstát a thagann chun cinn faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta i leith sárúithe oibleagáidí maidir le sonraí pearsanta, níor cheart é sin a eisiáimh sa chomhoibriú sin.
- (43) Is gá sonrú a dhéanamh sa Rialachán seo ar an mbunús atá le sonraí a bhailiú agus a stóráil ar mheán stórála na gcártaí aitheantais agus na ndoiciméad cónaithe. I gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta agus urraim á tabhairt do phrionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann sonraí eile a stóráil ar mheán stórála le haghaidh ríomhsheirbhísí nó chun críocha eile a bhaineann leis an gcárta aitheantais nó leis an doiciméad cónaithe. Is le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta ba cheart údarú a dhéanamh ar phróiseáil na sonraí sin, lena n-áirítear bailiú na sonraí sin agus na críocha ar chucu is féidir iad a úsáid. Ba cheart na sonraí náisiúnta go léir a scaradh go fisiciúil nó go loighciúil ó na sonraí bithmhéadracha dá dtagraítear sa Rialachán seo agus ba cheart iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.
- (44) Ba cheart do na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm 24 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm. Amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, níor cheart do na Ballstáit ach doiciméid lena n-urramaítear na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo amháin a eisiúint.

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2017/1954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tíortha (IO L 286, 1.11.2017, lch. 9).

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (45) Ba cheart don Choimisiún tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo 2 bhliain agus 11 bhliain tar éis dháta a chur i bhfeidhm, faoi seach, lena n-áirítear ar a iomchuí atá an leibhéal slándála, agus a thionchar ar chearta bunúsacha agus prionsabail cosanta sonraí á thabhairt san áireamh. I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016 ⁽¹⁰⁾ ba cheart don Choimisiún, 6 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo ar bhonn faisnéis a bhailítear trí chomhaontuithe sonracha faireacháin chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí iarbhir an Rialacháin agus ar an ngá atá le haon ghníomhaíocht eile. Chun críocha faireachán a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit staidreamh a bhailiú ar líon na gcártaí aitheantais agus na ndoiciméad cónaithe a d'eisigh siad.
- (46) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon slándáil a fheabhsú agus feidhmiú chearta na saorghluaiseachta ag saoránaigh an Aontais agus ag baill a dteaghlaigh a éascú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (47) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt, lena n-áirítear dínit an duine, an ceart chun iomláine an duine, toirmeasc ar íde nó ar phionós atá mídhonna nó táireach, an ceart chun combhionannais os comhair an dlí agus chun neamh-idirdhealú, cearta an linbh, cearta daoine scothaosta, meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun saorghluaiseachta agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil. Ba cheart do na Ballstáit cloí leis an gCairt agus an Rialachán seo á chur chun feidhme acu.
- (48) Thug an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí agus an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha tuairim uathu an 10 Lúnasa 2018 ⁽¹¹⁾ agus an 5 Meán Fómhair 2018 ⁽¹²⁾ faoi seach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo neartaítear na caighdeáin slándála is infheidhme maidir le cártaí aitheantais a eisíonn na Ballstáit dá náisiúnaigh agus le doiciméid chónaithe a eisíonn na Ballstáit do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh agus a gceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú acu laistigh den Aontas.

Airteagal 2

Raon Feidhme

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) cártaí aitheantais arna n-eisiúint ag na mBallstáit dá náisiúnaigh féin, amhail dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Threoir 2004/38/CE;

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le doiciméid aitheantais arna n-eisiúint ar bhonn sealadach le tréimhse bhailíochta níos giorra ná sé mhí.

- (b) deimhnithe clárúcháin a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2004/38/CE do shaoránaigh an Aontais a chónaíonn i mBallstát óstach ar feadh níos mó ná trí mhí agus doiciméid lena ndeimhnítear buanchónaí a eisítear ar iarratas agus i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2004/38/CE do shaoránaigh an Aontais;
- (c) cártaí cónaithe a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2004/38/CE do bhail teaghlaigh shaoránaigh an Aontais nach náisiúnaigh de Bhallstát iad agus cártaí buanchónaithe a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 20 de Threoir 2004/38/CE do bhail teaghlaigh shaoránaigh an Aontais nach náisiúnaigh de Bhallstát iad.

⁽¹⁰⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁽¹¹⁾ IO L 338, 21.9.2018, lch. 22

⁽¹²⁾ Nár foilsíodh go fóill.

CAIBIDIL II

CÁRTAÍ AITHEANTAIS NÁISIÚNTA

Airteagal 3

Caighdeán slándála/formáid/sonraíochtaí

1. Déanfar na cártaí aitheantais arna n-eisiúint ag na Ballstáit a tháirgeadh i bhformáid ID-1 agus beidh limistéar meaisín-inléite (MRZ) orthu. Beidh na cártaí aitheantais sin bunaithe ar na sonraíochtaí agus na buncaighdeáin slándála arna leagan amach i ndoiciméad ICAO 9303 agus déanfaidh siad na ceanglais a leagtar amach i bpointí (c), (d), (f) agus (g) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1954 a chomhlíonadh.

2. Comhlíonfaidh na gnéithe sonraí a bheidh san áireamh ar chártaí aitheantais na sonraíochtaí a leagtar amach i gcuid 5 de doiciméad ICAO 9303.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfar uimhir an doiciméid a chur isteach i limistéar 1 agus beidh sainiú inscne an duine roghnach.

3. Beidh an teideal (“Cárta aitheantais”) ar an doiciméad nó ainmniú sean-bhunaithe náisiúnta eile i dteanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit eisiúna, agus na focail “Cárta aitheantais” i dteanga oifigiúil amháin eile ar a laghad de chuid institiúidí an Aontais.

4. Beidh ar an gcárta aitheantais, ar an taobh tosaigh, cód tíre dhá litir an Bhallstáit a eiseoidh an cárta, agus é clóite droim ar ais i ndronuilleog ghorm agus 12 cheann de réaltaí buí i gcorral timpeall air.

5. Áireofar sna cártaí aitheantais meán stórála an-slán ina mbeidh sonraí bithmhéadracha lena n-áireofar íomhá d’aghaidh shealbhóir an chárta agus dhá mhéarlorg i bhformáidí idir-inoibritheacha digiteacha. Chun aitheantóirí bithmhéadracha a ghabháil, cuirfidh na Ballstáit na sonraíochtaí teicniúla arna mbunú le Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2018)7767 ón gCoimisiún i bhfeidhm ⁽¹³⁾.

6. Beidh acmhainneacht agus cumas leordhóthanach sa mheán stórála chun sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a ráthú. Beidh rochtain éadadhail ar na sonraí a stóráiltear agus déanfar iad a shlánú amháin dá bhforáiltear i gCinneadh C(2018)7767. Malartóidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun fíorú a dhéanamh ar an meán stórála agus chun na sonraí bithmhéadracha dá dtagraítear i mír 5 a rochtain agus a fhíorú.

7. Féadfaidh leanaí faoi 12 bhliain d’aois a bheith díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt.

Beidh leanaí faoi 6 bhliain d’aois díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt.

Na daoine sin nach féidir méarloirg a fháil ina leith ar chúis fhisiciúil, beidh siad díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt.

8. Más gá agus más comhréireach i leith na haidhme atá le baint amach, féadfaidh na Ballstáit mionsonraí agus barúlacha a iontráil le haghaidh úsáid náisiúnta de réir mar a cheanglaítear i bhfianaise a ndlí náisiúnta. Ní laghdófar éifeachtúlacht na n-íoschaighdeán slándála agus idir-inoibritheacht trasteorann na gcártaí aitheantais mar thoradh air sin.

9. I gcás ina ndéanann na Ballstáit dé-chomhéadan nó meán stórála ar leith a ionchorprú sa chárta aitheantais, comhlíonfaidh an meán stórála breise na caighdeáin ábhartha de chuid ISO agus ní chuirfidh siad isteach ar an meán stórála dá dtagraítear i mír 5.

10. I gcás ina ndéanann na Ballstáit sonraí le haghaidh ríomhsheirbhísí amháin ríomhrialtas agus ríomhghnó a stóráil sna cártaí aitheantais, déanfar na sonraí náisiúnta sin a scaradh go fisiciúil nó go loighciúil ó na sonraí bithmhéadracha dá dtagraítear i mír 5.

11. I gcás ina gcuireann na Ballstáit gnéithe slándála breise leis na cártaí aitheantais, ní laghdófar comhoiriúnacht trasteorann na gcártaí aitheantais sin ná éifeachtúlacht na n-íoschaighdeán slándála mar thoradh air sin.

⁽¹³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2018)7767 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2018, lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír agus lena n-aisghairtear Cinneadh C(2002)3069.

*Airteagal 4***Tréimhse bhailíochta**

1. Beidh íostréimhse bhailíochta 5 bliana ag na cártaí aitheantais agus uastréimhse bhailíochta 10 mbliana.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le tréimhse bhailíochta a bheidh:
 - (a) níos giorra ná 5 bliana, i gcomhair cártaí aitheantais arna n-eisiúint do mhionaoisigh;
 - (b) i gcásanna eisceachtúla, níos lú ná 5 bliana, do chártaí aitheantais arna n-eisiúint do dhaoine in imthosca speisialta agus teoranta agus i gcás ina bhfuil a dtréimhse bhailíochta teoranta i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta;
 - (c) níos faide ná 10 mbliana, i gcomhair cártaí aitheantais arna n-eisiúint do dhaoine in aois 70 agus níos sine.
3. Eiseoidh na Ballstáit cárta aitheantais a bhfuil bailíocht 12 mhí nó níos lú aige i gcás ina bhfuil sé dodhéanta go fisiciúil méarloirg a thógáil d'aon mhéar de chuid an iarratasóra.

*Airteagal 5***Céimniú amach**

1. Scoirfidh cártaí aitheantais nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 de bheith bailí ar dhul in éag dóibh nó faoin 3 Lúnasa 2031, cibé acu is túisce.
2. De mhaolú ar mhír 1:
 - (a) maidir le cártaí aitheantais nach gcomhlíonann na híoscheanglais a leagtar amach i gcuid 2 de dhoiciméad ICAO 9303 nó nach bhfuil MRZ orthu, mar a shainítear i mír 3, scoirfidh a mbailíocht ar dhul in éag dóibh nó faoin 3 Lúnasa 2026, cibé acu is túisce;
 - (b) maidir le cártaí aitheantais de dhaoine atá in aois 70 agus níos sine ar an 2 Lúnasa 2021, a chomhlíonann na híoscheanglais a leagtar amach i gcuid 2 de dhoiciméad ICAO 9303 agus a bhfuil MRZ orthu, mar a shainítear i mír 3, scoirfidh a mbailíocht ar dhul in éag dóibh.
3. Chun críche mhír 2, ciallóidh MRZ feidhmiúil:
 - (a) limistéar meaisín-inléite a chomhlíonann cuid 3 de dhoiciméad 9303 ICAO; nó
 - (b) aon limistéar meaisín-inléite eile dá dtugann an Ballstát eisiúna fógra maidir leis na rialacha chun an fhaisnéis atá ann a léamh agus a léiriú, mura dtugann Ballstát fógra don Choimisiún, faoin 2 Lúnasa 2021, maidir lena easpa acmhainneachta i dtaca leis an bhfaisnéis sin a léamh agus a léiriú.

Ar fhógra dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír a fháil, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann agus an Chomhairle ar an eolas dá réir sin.

CAIBIDIL III

DOICIMÉID CHÓNAITHE DO SHAORÁNAIGH AN AONTAIS*Airteagal 6***An fhaisnéis íosta atá le sonrú**

Sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad sna doiciméid chónaithe nuair a eisíonn na Ballstáit iad do shaoránaigh an Aontais:

- (a) teideal an doiciméid i dteanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann agus i dteanga oifigiúil amháin eile ar a laghad de chuid institiúidí an Aontais;
- (b) tagairt shoiléir go bhfuil an doiciméad á eisiúint do shaoránach de chuid an Aontais i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE;
- (c) uimhir an doiciméid;
- (d) ainm (sloinne agus céadainm(neacha)) an tsealbhóra;
- (e) dáta breithe an tsealbhóra;

- (f) an fhaisnéis a bheidh le háireamh ar dheimhnithe clárúcháin agus ar dhoiciméid lena ndeimhnítear buanchónaí, arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 8 agus le hAirteagal 19 de Threoir 2004/38/CE faoi seach;
- (g) an t-údarás eisiúna;
- (h) ar an taobh tosaigh, cód tíre dhá litir an Bhallstáit a eisíonn an doiciméad, clóite droim ar ais i ndronuilleog ghorm agus 12 cheann de réaltaí buí i gcorcal timpeall air.

Má chinneann Ballstát méarloirg a ghabháil, beidh feidhm dá réir sin ag Airteagal 3(7).

Na daoine sin nach féidir méarloirg a fháil ina leith ar chúis fhisiciúil, beidh siad díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt.

CAIBIDIL IV

CÁRTAÍ CÓNAITHE DO BHAILL TEAGHLAIGH NACH NÁISIÚNAIGH DE BHALLSTÁT IAD

Airteagal 7

Formáid aonfhoirmeach

1 Agus cártaí cónaithe á n-eisiúint acu do bhaill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais nach náisiúnaigh de Bhallstát iad, bainfidh na Ballstáit úsáid as an bhformáid chéanna a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1954 agus arna cur chun feidhme le Cinneadh C(2018)7767.

2 De mhaolú ar mhír 1, beidh an teideal “Cárta cónaithe” nó “Cárta buanchónaithe” ar chárta. Cuirfidh na Ballstáit in iúl go n-eisítear na doiciméid sin do bhaill teaghlaigh shaoránach de chuid an Aontais i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE. Chun na críche sin, bainfidh na Ballstáit úsáid as an gcód caighdeánaithe “Ball Teaghlaigh AE Art 10 DIR 2004/38/CE” nó “Ball Teaghlaigh AE Art 20 DIR 2004/38/CE”, i réimse sonraí [10], amhail dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1954.

3 Féadfaidh na Ballstáit sonraí a iontráil le haghaidh úsáid náisiúnta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Agus sonraí á n-iontráil agus á stóráil acu, urramóidh na Ballstáit na ceanglais a leagtar amach sa dara mhír d’Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1954.

Airteagal 8

Cártaí cónaithe atá ann cheana a chéimniú amach

1. Scoirfidh cártaí cónaithe de bhaill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais nach náisiúnaigh de Bhallstát iad, agus nach gcomhlíonann ceanglais Airteagal 7 de bheith bailí ar dhul in éag dóibh nó faoin 3 Lúnasa 2026, cibé acu is tuisce.

2. De mhaolú ar mhír 1, scoirfidh cártaí cónaithe de bhaill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais nach náisiúnaigh de Bhallstát iad, agus nach gcomhlíonann na híoscheanglais slándála a leagtar amach i gcuid 2 de dhoiciméad ICAO 9303 nó nach bhfuil MRZ orthu i gcomhréir le cuid 3 de dhoiciméad ICAO 9303, de bheith bailí ar dhul in éag dóibh nó faoin 3 Lúnasa 2023, cibé acu is tuisce.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 9

Pointe teagmhála

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás lárnach amháin ar a laghad ina phointe teagmhála maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. I gcás ina mbeidh níos mó ná údarás lárnach amháin ainmnithe ag Ballstát, ainmneoidh sé cé acu de na húdaráis sin a bheidh ina phointe teagmhála maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Cuirfidh sé ainm an údaráis sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile. Má athraíonn Ballstát a údarás ainmnithe, cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas dá réir.

2. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh na pointí teagmhála ar an eolas faoi na seirbhísí ábhartha faisnéise agus cúnamh ar leibhéal an Aontais, atá san áireamh ar an Tairseach Aonair Dhigiteach a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾, agus go bhféadfaidh siad oibriú i gcomhar leis na seirbhísí sin.

Airteagal 10

Aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú

1. Ní bhaileoidh ach foireann cháilithe agus chuí-údaraithe ag na húdaráis atá freagrach as cártaí aitheantais nó cártaí cónaithe a eisiúint na haitheantóirí bithmhéadracha, chun críche a bheith comhtháite sa mheán stórála an-slán dá bhforáiltear in Airteagal 3(5) i gcomhair cártaí aitheantais agus in Airteagal 7(1) i gcomhair cártaí cónaithe. De mhaolú ar an gcéad abairt, ní bhaileoidh ach foireann cháilithe agus chuí-údaraithe na n-údarás sin méarloirg ach amháin i gcás iarratais a thíolacfar chuig údarás taidhleoireachta agus chonsalacha an Bhallstáit.

D'fhonn comhsheasmhacht aitheantóirí bithmhéadracha le céannacht an iarratasóra a áirithiú, beidh an t-iarratasóir i láthair go pearsanta uair amháin ar a laghad le linn phróiseas na heisiúna i gcomhair gach iarratais.

2. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil nósanna imeachta iomchuí agus éifeachtacha i bhfeidhm maidir le haitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú, ar nósanna imeachta iad a chomhlíonann na cearta agus na prionsabail a leagtar amach sa Chairt, sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

I gcás ina mbíonn deacrachtaí ann aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú, áiríteoidh na Ballstáit gur ann do nósanna imeachta iomchuí chun dínit an duine lena mbaianeann a urramú.

3. Seachas i gcás ina bhfuil gá leo chun críche próiseála i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, coinneofar aitheantóirí bithmhéadracha a stóráiltear chun críche cártaí aitheantais nó doiciméid chónaithe a phearsanú, ar bhealach an-slán agus go dtí dáta bailithe an doiciméid, agus go dtí an dáta sin amháin, agus in aon chás i gcomhair tréimhse nach faide ná 90 lá ó dháta eisiúna an doiciméid sin. Tar éis na tréimhse sin, déanfar na haitheantóirí bithmhéadracha sin a scríosadh nó a dhíothú láithreach.

Airteagal 11

Sonraí pearsanta a chosaint agus dliteanas

(1) Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, áiríteoidh na Ballstáit slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a bhaileofar agus a stórálfar chun críche an Rialacháin seo.

(2) Chun críche an Rialacháin seo, measfar na húdaráis a bheidh freagrach as cártaí aitheantais agus doiciméid chónaithe a eisiúint mar an rialaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 agus beidh freagracht orthu as próiseáil sonraí pearsanta.

(3) Áiríteoidh na Ballstáit gur féidir le húdaráis mhaoirseachta a gcúraimí dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/679 a fheidhmiú ina n-iomláine, lena n-áirítear rochtain ar na sonraí pearsanta uile agus ar an bhfaisnéis go léir is gá, mar aon le rochtain ar aon áitreabh nó trealamh próiseáilte sonraí de chuid na n-údarás inniúil.

(4) Le comhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha, ní eiseofar aon dliteanas ar thaobh an Bhallstáit a d'fhéadfadh a theacht chun cinn faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta maidir le sárúithe ar oibleagáidí i ndáil le sonraí pearsanta.

(5) Ní áireofar faisnéis i bhfoirm meaisín-inléite i gcártaí aitheantais nó i ndoiciméad cónaithe ach amháin i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le dlí náisiúnta an Bhallstáit eisiúna.

(6) Ní bhainfear leas as sonraí bithmhéadracha a stóráiltear i meán stórála na gcártaí aitheantais agus na ndoiciméad cónaithe ach amháin i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta agus ghníomhaireachtaí an Aontais, chun fíorú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

(a) barántúlacht an chártaí aitheantais nó an doiciméid cónaithe;

(b) céannacht an tsealbhóra trí bhíthin gnéithe inchomparáide atá ar fáil go díreach i gcás inar gá de réir an dlí an chártaí aitheantais nó an doiciméad cónaithe a thaispeáint.

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

(7) Coinneoidh na Ballstáit liosta na n-údarás inniúil a bhfuil rochtain acu ar na sonraí bithmhéadracha atá stóráilte ar an meán stórála dá dtagraítear in Airteagal 3(5) den Rialachán seo agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi ar bhonn bliantúil. Foilseoidh an Coimisiún cnuasach de na liostaí náisiúnta sin ar líne.

Airteagal 12

Faireachán

Faoin 2 Lúnasa 2020, cuirfidh an Coimisiún clár mionsonraithe ar bun chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, torthaí agus tionchair an Rialacháin seo, lena n-áirítear a thionchar ar chearta bunúsacha.

Leagfar amach leis an gclár faireacháin na modhanna trína mbaileofar na sonraí agus an fhianaise eile is gá agus na tráthanna ag a mbaileofar iad. Sonrófar ann an ghníomhaíocht a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun na sonraí agus fianaise eile a bhailiú agus a anailísiú.

Soláthróidh na Ballstáit na sonraí agus fianaise eile don Choimisiún atá riachtanach chun an faireachán sin a dhéanamh.

Airteagal 13

Tuairisciú agus meastóireacht

1. Dhá bhliain agus 11 bhliain, faoi seach, tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar a chur chun a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, faoi bhráid na Comhairle agus faoi bhráid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, go háirithe maidir le cosaint na gceart bunúsacha agus sonraí pearsanta.

2. Sé bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tíolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Leagfar béim sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas go háirithe:

- (a) tionchar an Rialacháin seo ar chearta bunúsacha;
 - (b) soghluaisteacht shaoránaigh an Aontais;
 - (c) éifeachtacht an fhíoraithe bhithmhéadraigh chun slándáil doiciméad taistil a fhíorú;
 - (d) úsáid fhéideartha cártaí cónaithe mar dhoiciméid taistil;
 - (e) comhchuibhiú féideartha breise ar chuma na gcártaí aitheantais;
 - (f) an gá le gnéithe comhchoiteanna slándála a thabhairt isteach do dhoiciméid aitheantais a úsáidtear ar bhonn sealadach d'fhonn iad a aithint ar bhealach níos fearr.
3. Soláthróidh na Ballstáit agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais an fhaisnéis don Choimisiún atá riachtanach chun na tuarascálacha sin a ullmhú.

Airteagal 14

Sonraíocht theicniúil bhreise

1. Chun a áirithiú, i gcás inarb iomchuí, go gcomhlíonfaidh cártaí aitheantais agus doiciméid chónaithe dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 2 na híoschaighdeáin slándála a bheidh ann amach anseo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí teicniúla breise a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) gnéithe slándála breise agus ceanglais bhreise lena n-áirítear caighdeáin fheabhsaithe in aghaidh brionnú, góchumadh agus falsú;
- (b) sonraíochtaí teicniúla do mheán stórála na ngnéithe bithmhéadracha dá dtagraítear in Airteagal 3(5) agus dá slándáil, lena n-áirítear rochtain neamhúdaraith a chosc agus fíorú a éascú;
- (c) ceanglais cháilíochta agus comhchaighdeáin theicniúla don íomhá den aghaidh agus do na méarloirg.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2).

2. I gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(2), féadfar a chinneadh go mbeidh an tsonraíocht dá dtagraítear san Airteagal seo rúnda agus nach bhfoilseofar í. I gcás mar sin, ní dhéanfar iad a chur ar fáil ach do na comhlachtaí sin a d'ainmnigh na Ballstáit ina gcomhlachtaí atá freagrach as iad a chur i gcló agus do dhaoine a bhfuil údarú cuí faighte acu ó Bhallstát nó ón gCoimisiún.

3. Ainmneoidh gach Ballstát comhlacht amháin a mbeidh an fhreagracht air as cártaí aitheantais a chló agus comhlacht amháin a mbeidh an fhreagracht air as cártaí cónaithe bhaill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais a chló agus cuirfidh sé ainmneacha na gcomhlachtaí sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile. Beidh na Ballstáit i dteideal comhlachtaí ainmnithe den sórt sin a athrú agus cuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas dá réir.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin comhlacht amháin a ainmniú a mbeidh freagracht uirthi chun cártaí aitheantais agus cártaí cónaithe bhaill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais a chló agus cuirfidh siad ainm an chomhlachta sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

Féadfaidh dhá Bhallstát nó níos mó a chinneadh freisin comhlacht amháin a ainmniú chun na críocha sin agus cuirfidh siad an méid sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile dá réir.

Airteagal 15

Nós imeachta coiste

1. Beidh an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 de chúnadh ag an gCoimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás nach dtugann an coiste tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d'Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 16

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Lúnasa 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. CIAMBA

TREORACHA

TREOIR (AE) 2019/1158 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Meitheamh 2019

maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (b) d'Airteagal 153(2), i gcomhar le pointe (i) d'Airteagal 153(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le pointe (i) d'Airteagal 153(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), foráiltear go bhfuil an tAontas le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na mBallstát, i réimse an chomhionannais idir fir agus mná maidir le deiseanna sa mhargadh saothair agus cóir chomhionann ag an obair, agus na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú.
- (2) Is prionsabal bunúsach de chuid an Aontais é an comhionannas idir fir agus mná. Leis an dara fohír d'Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), foráiltear go bhfuil an tAontas le comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, le hAirteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), ceanglaítear go ndéanfar comhionannas idir fir agus mná a áirithiú i ngach réimse, lena n-áirítear fostaíocht, obair agus pá.
- (3) Le hAirteagal 33 den Chairt, foráiltear don cheart cosaint a fháil ar dhífhostú ar chúis atá bainteach le máithreachas agus an ceart chun saoire mháithreachais le pá agus chun saoire do thuismitheoir tar éis breithe nó uchtála linbh, chun comhréiteach a fháil idir saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil.
- (4) Tá Coinbhinsiún 2006 na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas daingnithe ag an Aontas. Dá bhrí sin, is dlúthchuid de dhlíchóras an Aontais é an Coinbhinsiún sin, agus ní mór gníomhartha an Aontais a léiriú, a mhéid is féidir, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gCoinbhinsiún. Foráiltear sa Choinbhinsiún, go háirithe in Airteagal 7(1), go bhfuil na páirtithe ann le gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh leanaí atá faoi mhíchumas in ann leas iomlán a bhaint as cearta uile an duine agus as na saoirsí bunúsacha uile ar bhonn cothrom le leanaí eile.
- (5) Tá Coinbhinsiún 1989 na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh daingnithe ag na Ballstáit. Foráiltear le hAirteagal 18(1) den Choinbhinsiún go bhfuil comhfhreagrachtaí ag an mbeirt tuismitheoir maidir le tógáil agus forbairt an linbh agus gur cheart gurb é leas an linbh bunchúram na dtuismitheoirí.
- (6) Ba cheart go rannchuideodh beartais maidir le cothromaíocht oibre is saoil le comhionannas inscne a bhaint amach trí rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a chur chun cinn, trí chomhroinnt chothrom freagrachtaí cúraim idir fir agus mná agus trí bhearnaí idir na hinscíní maidir le tuilleamh agus pá a dhúnadh. Leis na beartais sin, ba cheart go ndéanfaí athruithe déimeagrafacha a chur san áireamh, lena n-áirítear na héifeachtaí a bhíonn ag daonra atá ag dul in aois.

⁽¹⁾ IO C 129, 11.4.2018, lch. 44.

⁽²⁾ IO C 164, 8.5.2018, lch. 62.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2019.

- (7) I bhfianaise na ndúshlán a thagann as athrú déimeagrafach, mar aon leis an mbrú a bhíonn ar chaiteachas poiblí i roinnt Ballstát mar thoradh air sin, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar an ngá atá le cúram neamhhoirmiúil.
- (8) Ar leibhéal an Aontais, i roinnt Treoracha i réimsí an chomhionannais inscne agus na ndálaí oibre, tá aghaidh á tabhairt cheana ar shaincheistanna áirithe atá ábhartha maidir le cothromaíocht oibre is saoil, go háirithe Treoracha 2006/54/CE ⁽⁴⁾ agus 2010/41/AE ⁽⁵⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 92/85/CEE ⁽⁶⁾, 97/81/CE ⁽⁷⁾ agus 2010/18/AE ón gComhairle ⁽⁸⁾.
- (9) Déantar prionsabail an chomhionannais inscne agus na cothromaíochta oibre is saoil a athdhearbhú i Prionsabail 2 agus 9 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017.
- (10) Is dúshlán suntasach í fós an chothromaíocht oibre is saoil, áfach, do mhórán tuismitheoirí agus oibríthe a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, go háirithe mar gheall ar shealanna oibre níos faide a bheith ag éirí níos coitianta agus sceidealaithe oibre a bheith ag athrú, ar nithe iad a bhfuil drochthionchar acu ar fhostú na mban. Is toisc mhór a chuireann le heaspa ionadaíochta na mban sa mhargadh saothair í an deacracht a bhaineann le hoibleagáidí oibre agus oibleagáidí teaghlaigh a chothromú. Nuair a bhíonn leanaí acu, tá seans níos mó ann go mbíonn líon níos lú uaireanta an chloig á chaitheamh ag mná ag obair i bhfostaíocht íoctha agus níos mó ama á chaitheamh acu chun freagrachtaí cúraim neamhíoctha a chomhlíonadh. Léiríodh freisin go n-imrítear drochthionchar ar fhostaíocht na mban, agus uaidh sin go bhfágann roinnt ban an margadh saothar ar fad i gcásanna áirithe, nuair a bhíonn gaol atá breoite nó gaol cleithiúnach acu.
- (11) Le creat dlíthiúil reatha an Aontais cuirtear dreasachtaí teoranta ar fáil d'fhir chun sciar cothrom d'fhreagrachtaí cúraim a ghlacadh chucu féin. Toisc nach ann do shaoire atharthachta íoctha agus do shaoire íoctha do thuismitheoirí i roinnt Ballstát, cuirtear leis an líon íseal aithreacha a ghlacann saoire. Treisíonn an mhíchthromaíocht i gceapadh na mbeartas maidir le cothromaíocht oibre is saoil idir mná agus fir steiréitíopaí inscne agus na héagsúlachtaí idir na hinscní ó thaobh oibre agus cúraim de. Ar cheann de na cuspóirí ba cheart a bheith ann i mbeartais maidir le cóir chomhionann, tá aghaidh a thabhairt ar shaincheist na steiréitíopaí maidir leis na slite beatha agus na ról a bhíonn ag fir agus ag mná araon agus spreagtar na comhpháirtithe sóisialta chun gníomhú i dtaca leis an ról ríthábhachtach atá acu a chomhlíonadh i ndáil le hoibríthe agus fostóirí araon a chur ar an eolas faoin tsaincheist agus a bhfeasacht ar ardú maidir le dul i ngleic leis an idirdhealú. Ina theannta sin, tá sé léirithe go mbíonn dea-thionchar ag an úsáid a bhaineann aithreacha as socrúithe maidir le cothromaíocht oibre is saoil, amhail saoire nó socrúithe solúbtha oibre, maidir le laghdú a dhéanamh ar an méid coibhneasta d'obair theaghlaigh gan phá a dhéanamh mná agus fágann sé níos mó ama dóibh d'fhostaíocht le pá.
- (12) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh, maidir le glacadh comhionann idir fir agus mná le saoire a bhaineann leis an teaghlach, go mbraitheann sé ar bhearta iomchuí eile freisin, amhail soláthar seirbhísí cúraim leanaí agus cúraim fhadtármaigh atá inrochtana agus inacmhainne, ar seirbhísí iad atá ríthábhachtach le gur féidir le tuismitheoirí, agus daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu dul isteach sa mhargadh saothar, fanacht ann nó filleadh air. Trí dheireadh a chur le dídhreasuithe eacnamaíocha, is féidir dara saothraithe, ar mná iad a dtromlach, a spreagadh le bheith rannpháirteach go hiomlán sa mhargadh saothair.
- (13) Chun tionchar na Treorach seo a mheasúnú, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de bheith ag obair i gcomhar le chéile chun staitisticí inchomparáide a bheadh imdhealaithe ó thaobh inscne de a fhorbairt.
- (14) Tá an Coimisiún tar éis dul i gcomhairle leis an mbainistíocht agus leis an lucht saothair i bpróiseas dhá chéim maidir le dúshlán a bhaineann le cothromaíocht oibre is saoil, i gcomhréir le hAirteagal 154 CFAE. Ní raibh aon chomhaontú ann i measc na gcomhpháirtithe sóisialta i dtaobh dul i mbun caibidlíochta maidir leis na hábhair sin, lena n-áirítear maidir le saoire do thuismitheoirí. Tá sé tábhachtach, áfach, go ndéanfaí bearta sa réimse sin tríd an gcreat dlíthiúil reatha a nuachóiriú agus a oiriúnú, agus torthaí na gcomhairliúcháin sin á gcur san áireamh, mar aon le torthaí an chomhairliúcháin phoiblí a rinneadh chun tuairimí na ngeallsealbhóirí agus na saoránach a lorg.

⁽⁴⁾ Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal na gcomhdheiseanna agus an chaithimh chomhionann le fir agus le mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú) (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

⁽⁵⁾ Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1).

⁽⁶⁾ Treoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe a spreagadh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibríthe torracha agus oibríthe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche (an deichiú Treoir aonair de réir bhrí Airteagal 16 (1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 348, 28.11.1992, lch. 1).

⁽⁷⁾ Treoir 97/81/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair pháirtaimseartha a thug UNICE, CEEP agus an ETUC chun (IO L 14, 20.1.1998, lch. 9).

⁽⁸⁾ Treoir 2010/18/AE ón gComhairle an 8 Márta 2010 lena ndéantar an Comhaontú Réime athbhreithnithe um shaoire do thuismitheoirí a thug BUSINESSEUROPE, UEAPME, CEEP agus CEC chun críche a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Treoir 96/34/CE (IO L 68, 18.3.2010, lch. 13).

- (15) Le Treoir 2010/18/AE, rialaítear saoire do thuismitheoirí trí chomhaontú réime arna thabhairt i gcrích ag na comhpháirtithe sóisialta a chur i bhfeidhm. Leis an Treoir seo, cuirtear leis na rialacha a leagtar síos i dTreoir 2010/18/AE agus comhlánaítear iad trí na cearta atá ann cheana a neartú agus trí chearta nua a thabhairt isteach. Ba cheart Treoir 2010/18/AE a aisghairm agus an Treoir seo a chur ina hionad.
- (16) Leis an Treoir seo, leagtar síos na híoscheanglais a bhaineann le saoire atharthachta, saoire do thuismitheoirí, saoire cúramóirí agus socrúithe solúbtha oibre d'oibrithe ar thuismitheoirí nó cúramóirí iad. Trí chomhréiteach idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh do na thuismitheoirí agus do na cúramóirí a éascú, ba cheart go rannchuideodh an Treoir seo le baint amach na spriocanna atá bunaithe sna Conarthaí maidir le comhionannas idir fir agus mná maidir le deiseanna sa mhargadh saothair, cóir chomhionann ag an obair agus ardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn san Aontas.
- (17) Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis na hoibrithe ar fad a bhfuil conarthaí fostaíochta nó caidreamh fostaíochta eile acu, lena n-áirítear conarthaí a bhaineann leis an bhfostaíocht nó leis an gcaidreamh fostaíochta atá ag oibrithe páirtaimseartha, ag oibrithe ar chonarthaí ar théarma seasta nó ag daoine a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta acu le gníomhaireacht oibrithe sealadacha, faoi mar a foráladh roimhe seo le Treoir 2010/18/AE. Agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Bhreithiúnais) á chur san áireamh maidir leis na critéir chun stádas oibrí a chinneadh, is faoi na Ballstáit atá sé conarthaí fostaíochta agus caidreamh fostaíochta a shainiú.
- (18) Tá an inniúlacht ag na Ballstáit stádas pósta agus teaghlaigh a chinneadh, mar aon lena chinneadh cé hiad na daoine a bhfuiltear lena meas a bheith ina dtuismitheoir, ina máthair nó ina n-athair.
- (19) Chun comhroinnt níos cothromaí maidir le freagrachtaí cúraim a spreagadh idir mná agus fir, agus chun go bhféadfaí dáimh a chruthú go luath idir aithreacha agus leanaí, ba cheart go dtabharfaí isteach ceart chun saoire atharthachta d'aithreacha nó, i gcás ina n-aithnítear é sin faoin dlí náisiúnta agus a mhéid a aithnítear é, do dhara thuismitheoirí coibhéiseacha. Ba cheart an tsaoire atharthachta sin a thógáil thart ar thráth bhreith an linbh agus ba cheart go mbeadh sí nasctha go soiléir leis an mbreith chun críocha cúram a sholáthar. Tá na Ballstáit in ann saoire atharthachta a dheonú freisin i gcás marbh-bhreithe. Is faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh an gceadóidh siad cuid den tsaoire atharthachta a thógáil roimh bhreith an linbh nó an gceanglóidh siad í a thógáil ina hiomláine ina dhiaidh sin, an creat ama ina mbeidh an tsaoire atharthachta le tógáil, agus an gceadóidh siad saoire atharthachta a thógáil ar bhonn páirtaimseartha, i dtréimhsí sealaíochta saoire agus oibre, amhail ar feadh roinnt laethanta as a chéile arna n-idirscaradh le tréimhsí oibre, nó ar bhealaí solúbtha eile, agus cad iad na coinníollacha faoina gceadóidís é sin. Tá na Ballstáit in ann shonrú an i laethanta oibre, i seachtainí nó in aonaid ama eile a shloinnfeadh saoire atharthachta, agus á chur san áireamh go bhfreagraíonn 10 lá oibre do 2 sheachtain féilire. Chun na difríochtaí idir na Ballstáit a chur san áireamh, ba cheart an ceart chun saoire atharthachta a dheonú gan beann ar stádas pósta ná teaghlaigh, mar a shainítear leis an dlí náisiúnta.
- (20) Ós rud é nach mbaineann formhór na n-aithreacha leas as a gceart chun saoire do thuismitheoirí nó go n-aistríonn siad sciar suntasach dá dteidlíocht saoire chuig máithreacha, chun aithreacha a spreagadh le saoire do thuismitheoirí a thógáil, méadaítear leis an Treoir seo, ó mhí amháin go dhá mhí, íostréimhse na saoire do thuismitheoirí nach féidir a aistriú ó thuismitheoir amháin chuig an thuismitheoir eile, fad a choinnítear ar bun ceart gach thuismitheora 4 mhí ar a laghad de shaoire do thuismitheoirí a thógáil, dá bhforáiltear i dTreoir 2010/18/AE. Is é is cuspóir atá lena áirithiú go mbeidh ar a laghad dhá mhí de shaoire do thuismitheoirí ar fáil go heisiach do gach thuismitheoir agus nach féidir í a aistriú chuig an thuismitheoir eile, ná aithreacha a spreagadh le leas a bhaint as a gceart chun na saoire sin. Déantar leis sin freisin, athimeascadh máithreacha sa mhargadh saothair a chur chun cinn agus a éascú tar éis dóibh tréimhse mháithreachais agus saoire do thuismitheoirí a thógáil.
- (21) Ráthaítear íostréimhse 4 mhí de shaoire do thuismitheoirí faoin Treoir seo d' oibrithe ar thuismitheoirí iad. Spreagtar na Ballstáit an ceart chun saoire do thuismitheoirí a dheonú, do gach oibrí a fheidhmíonn freagrachtaí thuismitheora i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.
- (22) Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann fad tréimhse an fhógra a shonrú, atá le tabhairt ag an oibrí don fhostóir nuair atá sé ag cur isteach ar shaoire do thuismitheoirí, agus a bheith in ann a chinneadh an bhfuil an ceart chun saoire do thuismitheoirí faoi réir tréimhse seirbhíse áirithe. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar éagsúlacht na socrúithe conarthacha, ba cheart suim na gconarthaí i ndiaidh a chéile ar théarma seasta leis an bhfostóir céanna a chur san áireamh chun an tréimhse seirbhíse sin a ríomh. Chun riachtanais na n-oibrithe agus na bhfostóirí a chothromú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh freisin an ndéanfaidh siad a cheadú d'fhostóirí deonú na saoire do thuismitheoirí a chur siar faoi imthosca áirithe, faoi réir an cheanglais gur cheart do na fostóirí cúiseanna i scríbhinn a thabhairt maidir le cur siar den sórt sin.

- (23) Ós rud é go bhfuil seans níos fearr ann, de bharr na solúbthachta, go nglacfaidh gach tuismitheoir, go háirithe aithreacha, a dteidlíocht ar shaoire do thuismitheoirí, ba cheart oibríthe a bheith in ann a iarraidh go ndeonófaí saoire do thuismitheoirí ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, i dtréimhsí sealáíochta saoire agus oibre, amhail ar feadh roinnt seachtainí as a chéile arna n-idirscaradh le tréimhsí oibre, nó ar bhealaí solúbtha eile. Ba cheart go mbeadh an fostóir in ann glacadh le hiarraidh den sórt sin ar shaoire do thuismitheoirí ar bhealaí nach saoire lánaimseartha iad, nó diúltú di. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a mheasúnú ar cheart na coinníollacha rochtana agus na socruithe mionsonraithe le haghaidh saoire do thuismitheoirí a oiriúnú do riachtanais shonracha na dtuismitheoirí atá i ndálaí atá thar a bheith míbhuntáisteach.
- (24) Ba cheart an tréimhse ar cheart d'oibríthe a bheith i dteideal saoire do thuismitheoirí a thógáil lena linn a nascadh le haois an linbh. Ba cheart an aois sin a shocrú sa chaoi go mbeidh an bheirt tuismitheoir in ann a dteidlíocht iomlán saoire do thuismitheoirí faoin Treoir seo a thógáil.
- (25) Chun fillleadh ar an obair tar éis tréimhse saoire do thuismitheoirí a éascú, spreagtar oibríthe agus fostóirí chun teagmháil dheonach a choinneáil ar bun le chéile le linn na tréimhse saoire agus is féidir leo socruithe a dhéanamh le haghaidh aon bheart iomchuí chun athimeascadh san ionad oibre a éascú. Tá an teagmháil agus na socruithe sin le cinneadh idir na comhpháirtithe lena mbaineann, agus an dlí náisiúnta, comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta nó an cleachtas náisiúnta á gcur san áireamh. Ba cheart go gcuirfí oibríthe ar an eolas faoi phróisis ardaíthe céime agus faoi fholúntais inmheánacha agus ba cheart go mbeidís in ann a bheith rannpháirteach sna próisis sin agus cur isteach ar na folúntais sin.
- (26) Léirítear i staidéir gur mó líon na n-aithreacha a ghlacann saoire do thuismitheoirí agus go mbíonn treocht dhearfach ann ó thaobh ráta fostaíochta na máithreacha de i mBallstáit a chuireann sciar suntasach den tsaoire do thuismitheoirí ar fáil d'aithreacha agus a íocann liúntas nó íocaíocht ar ráta athsholáthair measartha ard. Is iomchuí, dá bhrí sin, ligean do na córais sin leanúint den chleachtas sin ar choinníoll go gcomhlíonann siad critéir íosta áirithe, in ionad an íocaíocht nó an liúntas le haghaidh saoire atharthachta dá bhforáiltear sa Treoir seo a sholáthar.
- (27) Chun deiseanna níos fearr a thabhairt ar mhaithe le fanacht mar chuid den lucht saothair d'fhir agus mná, ba cheart an ceart chun 5 lá saoire cúramóirí in aghaidh na bliana a bheith ag gach oibrí. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gur féidir an tsaoire sin a ghlacadh i dtréimhsí aon lae oibre nó níos mó in aghaidh an cháis. Chun córais náisiúnta éagsúla a chur san áireamh, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann saoire cúramóirí a leithdháileadh trí ar bhonn tréimhse seachas bliain, trí thagairt don duine a bhfuil cúram nó tacaíocht de dhíth air nó uirthi, nó in aghaidh an cháis. Táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú leanúnach ar na riachtanais chúraim, mar gheall ar phobal atá ag dul in aois agus, dá bhrí sin, mar gheall ar an méadú gaolmhar ar a fhorleithne atá na laguithe a bhaineann le haois. Ba cheart do na Ballstáit an méadú ar riachtanais chúraim a chur san áireamh agus a gcuid beartas á bhforbairt acu, lena n-áirítear maidir le saoire cúramóirí. Spreagtar na Ballstáit chun leanúint den cheart chun saoire cúramóirí a chur ar fáil i dtaca le gaolta breise, amhail seantuismitheoirí agus siblíní. Is féidir leis na Ballstáit réamhdheimhniú liachta ar an ngá atá le cúram nó tacaíocht shuntasach de bharr cúis liachta thromchúiseach a éileamh.
- (28) Sa bhreis ar an gceart chun saoire cúramóirí dá bhforáiltear sa Treoir seo, ba cheart go gcoinneodh gach oibrí a cheart am saor a thógáil ón obair gan cearta fostaíochta atá faighte nó atá á bhfáil aige nó aici a chailleadh, ar bhonn *force majeure* i gcomhair cúiseanna teaghlaigh práinneacha agus gan choinne, amhail dá bhforáiltear i dTreoir 2010/18/AE, i gcomhréir leis na coinníollacha arna mbunú sna Ballstáit.
- (29) Chun dreasachtaí d'oibríthe ar tuismitheoirí iad, agus d'fhir go háirithe, a mhéadú, chun na tréimhsí saoire dá bhforáiltear sa Treoir seo a ghlacadh, ba cheart an ceart a bheith ag oibríthe liúntas leordhóthanach a bheith acu agus iad ar saoire.
- (30) Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit leibhéal a shocrú le haghaidh na híocaíochta nó an liúntais maidir le híostréimhse na saoire atharthachta ar leibhéal atá coibhéiseach ar a laghad le leibhéal an phá breoiteachta náisiúnta. Ós rud é go mbíonn cuspóirí comhchosúla á saothrú le cearta chun saoire atharthachta a dheonú agus le cearta chun saoire mháithreachais a dheonú, eadhon dáimh a chruthú idir an tuismitheoir agus an leanbh, spreagtar na Ballstáit chun foráil a dhéanamh maidir le híocaíocht nó liúntas le haghaidh saoire atharthachta arb ionann í nó é agus an íocaíocht nó an liúntas do shaoire mháithreachais dá bhforáiltear ar an leibhéal náisiúnta.
- (31) Ba cheart do na Ballstáit an íocaíocht nó an liúntas don íostréimhse neamh-inaistrithe de shaoire do thuismitheoirí a ráthaítear faoin Treoir seo a shocrú ar leibhéal leormhaith. Agus leibhéal na híocaíochta nó an liúntais dá bhforáiltear don íostréimhse neamh-inaistrithe de shaoire do thuismitheoirí á shocrú acu, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh gur minic a bhíonn cailleanas ioncaim don teaghlach mar thoradh ar shaoire do thuismitheoirí a ghlacadh agus nach mbíonn céadsaothraithe i dteaghlach in ann leas a bhaint as a gceart chun saoire do thuismitheoirí ach amháin má fhaigheann siad luach saothair leordhóthanach ina leith, d'fhonn caighdeán sásúil maireachtála a bheith acu.

- (32) Cé go bhfuil an tsaorise ag na Ballstáit a chinneadh an gcuirfidh siad íocaíocht nó liúntas do shaoirse cúramóirí ar fáil, spreagtar iad chun íocaíocht nó liúntas den sórt sin a thabhairt isteach chun glacadh éifeachtach an chirt ag cúramóirí a ráthú, go háirithe glacadh ag fir.
- (33) Ní dochar an Treoir seo do chomhordú na gcóras slándála sóisialta faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ⁽⁹⁾ agus (AE) Uimh. 1231/2010 ⁽¹⁰⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 ón gComhairle ⁽¹¹⁾. Is leis na Rialacháin sin a chinntear an Ballstát is inniúil maidir le slándáil shóisialta oibrí.
- (34) Chun oibríthe atá ina dtuismitheoirí, agus ina gcúramóirí, a spreagadh le fanacht mar chuid den lucht saothair, ba cheart na hoibríthe sin a bheith in ann a sceidil oibre a chur in oiriúint dá riachtanais phearsanta agus dá roghanna pearsanta. Chuige sin, agus aird á díriú ar riachtanais oibríthe, tá an ceart acu socruithe solúbtha oibre a iarraidh chun a bpatrúin oibre a athrú, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, trí úsáid a bhaint as socruithe maidir le hobair go cianda, sceidil sholúbtha oibre, nó laghdú ar uaireanta oibre, chun críocha cúram a sholáthar.
- (35) Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na n-oibríthe agus na bhfostóirí araon, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann teorainn a chur le fad na socruithe solúbtha oibre, lena n-áirítear aon laghdú ar líon na n-uaireanta oibre nó aon socruithe maidir le hobair go cianda. Cé gur léiríodh go bhfuil obair pháirtaimseartha úsáideach chun gur féidir le roinnt ban fanacht sa mhargadh saothair tar éis dóibh leanaí a bheith acu nó ar mhaithe le haire a thabhairt do ghaolta a bhfuil riachtanais chúraim nó tacaíochta acu, is féidir ranníocaíochtaí slándála sóisialta níos ísle a bheith mar thoradh ar thréimhsí fada uaireanta oibre laghdaithe agus, dá bhrí sin, teidlíochtaí pinsin atá laghdaithe nó nach ann dóibh ar chor ar bith.
- (36) Agus iarraitaí ar shocruithe solúbtha oibre á mbreithniú acu, ba cheart d'fhostóirí a chur san áireamh, inter alia, fad na socruithe solúbtha oibre arna n-iarraidh mar aon le hacmhainní na bhfostóirí agus a n-acmhainneacht oibríochtuil le haghaidh na socruithe sin a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh an fostóir in ann a chinneadh cé acu glacadh le hiarraidh ar shocruithe solúbtha ó oibrí nó diúltú di. Is féidir athrú teacht ar imthosca sonracha lena leagtar béim ar an ngá atá le socruithe oibre solúbtha. Dá bhrí sin, ba cheart an ceart a bheith ag oibríthe, ní hamháin fillleadh ar a mbunphatrúin oibre ag deireadh tréimhse a dhéanfaí a chomhaontú go frithpháirteach, ach freisin, ba cheart go mbeidís in ann a iarraidh déanamh amhlaidh roimhe sin i gcás inar gá ar bhonn athrú ar na bun-imthosca.
- (37) In ainneoin an cheanglais maidir lena mheasúnú ar cheart na coinníollacha le haghaidh rochtain a fháil ar shaoire do thuismitheoirí agus na socruithe mionsonraithe ina leith a oiriúnú do na riachtanais shonracha a bhíonn ag tuismitheoirí i gcásanna lena mbaineann míbhuntáiste ar leith, maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain a fháil ar an gceart chun saoire atharthachta, saoire cúramóirí agus socruithe solúbtha oibre, agus na socruithe mionsonraithe le haghaidh an ceart sin a fheidhmiú, spreagtar na Ballstáit a mheasúnú ar cheart iad a oiriúnú do riachtanais ar leith, amhail na riachtanais a bhíonn ag tuismitheoirí aonair, tuismitheoirí uchtála, tuismitheoirí atá faoi mhíchumas, tuismitheoirí leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas fadtéarmach orthu, nó tuismitheoirí atá in imthosca áirithe, amhail na himthosca sin a bhaineann le hiltbhreitheanna agus breitheanna roimh am.
- (38) Tá sé mar aidhm ag socruithe saoire tacú le hoibríthe atá ina dtuismitheoirí, agus ina gcúramóirí le linn tréimhse áirithe ama, agus nasc leanúnach na n-oibríthe leis an margadh saothair a choinneáil ar bun agus a chur chun cinn. Dá bhrí sin, is iomchuí go ndéanfaí foráil shainráite do chearta fostaíochta na n-oibríthe atá ag tógáil na cineálacha saoire a chumhdaítear leis an Treoir seo a chosaint. Go háirithe, tugtar cosaint leis an Treoir seo don cheart atá ag oibríthe fillleadh ar an bpost céanna nó ar phost coibhéiseach tar éis dóibh an tsaoire sin a thógáil agus an ceart gan a bheith faoi réir aon aimhleasa i dtéarmaí agus coinníollacha a gconartha fostaíochta ná a gcaidrimh fostaíochta mar thoradh ar an tsaoire sin a thógáil. Ba cheart go gcoinneodh oibríthe a dteidlíocht i leith cearta ábhartha atá faighte acu cheana, nó atá á bhfáil acu faoi láthair, go dtí go mbeidh an tsaoire sin thart.

⁽⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leathnaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 chuig náisiúnaigh tríú tíortha nach gcumhdaítear cheana leis na Rialacháin sin ar fhoras a náisiúntachta amháin (IO L 344, 29.12.2010, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2003 lena leathnaítear forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 do náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil cumhdaithe cheana leis na forálacha sin ar fhorais a náisiúntachta amháin (IO L 124, 20.5.2003, lch. 1).

- (39) Amhail dá bhforáiltear i dTreoir 2010/18/AE, tá sé de cheangal ar na Ballstáit an stádas atá ag conradh fostaíochta nó ag caidreamh fostaíochta a shainiú do thréimhse na saoire do thuismitheoirí. De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, coinnítear an caidreamh fostaíochta idir an t-oibrí agus an fostóir ar bun le linn na tréimhse saoire agus, mar thoradh air sin, chun críocha dhlí an Aontais, le linn na tréimhse sin, is oibrí é tairbhí na saoire sin fós. Agus an stádas atá ag an gconradh fostaíochta nó ag caidreamh fostaíochta á shainiú le linn thréimhse na gcineálacha saoire a chumhdaítear leis an Treoir seo, lena n-áirítear maidir le teidlíocht i leith slándáil shóisialta, ba cheart do na Ballstáit áirithiú, dá bhrí sin, go gcoinnítear an caidreamh fostaíochta ar bun.
- (40) Ba cheart oibríthe a fheidhmíonn a gceart chun saoire a thógáil nó socruithe solúbtha oibre amhail dá bhforáiltear sa Treoir seo a iarraidh a chosaint ar idirdhealú nó ar aon chóir is lú fabhar ar an bhforas sin.
- (41) Ba cheart oibríthe a fheidhmíonn a gcearta saoire a thógáil nó socruithe solúbtha oibre a iarraidh amhail dá bhforáiltear sa Treoir seo a chosaint ar dhífhostú agus ar aon réamhbhearta maidir le dífhostú féideartha ar an bhforas go bhfuil iarraidh ar shaoire déanta acu, nó go bhfuil an tsaoire sin tógtha acu nó go bhfuil a gceart socruithe solúbtha oibre den chineál sin a iarraidh feidhmithe acu i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, lena n-áirítear a breithiúnas i gCás C-460/06 ⁽¹²⁾. Oibríthe a mheasann gur dífhostaíodh iad ar bonn na cearta sin a bheith feidhmithe acu, ba cheart iad a bheith in ann a iarraidh ar an bhfostóir foras cuí-réasúnaithe an dífhostaithe a sholáthar. I gcás ina bhfuil iarratas ar shaoire atharthachta, ar shaoire do thuismitheoirí nó ar shaoire cúramóirí déanta ag oibrí nó go bhfuil sí tógtha aige nó aici, amhail dá dtagraítear sa Treoir seo, ba cheart don fhostóir foras an dífhostaithe a sholáthar i scríbhinn.
- (42) An dualgas a chruthú nach ndearnadh aon dífhostú ar na forais go raibh iarratas ar shaoire atharthachta, ar shaoire do thuismitheoirí nó ar shaoire cúramóirí déanta ag oibríthe nó go raibh sí tógtha acu, amhail dá dtagraítear sa Treoir seo, ba cheart gur ar an bhfostóir a thitfeadh sé i gcás ina bhfuil fíricí ónar féidir toimhde a dhéanamh de go ndearnadh iad a dhífhostú ar fhorais den sórt sin suite ag oibrí os comhair cúirte nó údaráis inniúil eile.
- (43) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomh-airleacha i gcás ina sáraítear na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo nó na forálacha náisiúnta atá i bhfeidhm cheana ar dháta teacht i bhfeidhm na Teorach seo agus a bhaineann leis na cearta atá laistigh dá raon feidhme. Is féidir a áireamh sna pionóis sin pionóis riaracháin agus airgeadais, amhail fíneálacha nó cúiteamh a íoc, mar aon le cineálacha eile pionós.
- (44) Éilítear le cur chun feidhme éifeachtach phrionsabail na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna go mbeadh cosaint bhreithiúnach leormhaith ag oibríthe ar chóir dhíobhálach nó ar iarmhairtí díobhálacha a eascraíonn as gearán nó as imeachtaí a bhaineann leis na cearta faoin Treoir seo. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí ar íospartaigh gan a gcearta a fheidhmiú mar gheall ar riosca frithbheartaíochta agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a chosaint ar aon chóir dhíobhálach nuair a fheidhmíonn siad a gcearta dá bhforáiltear sa Treoir seo. Tá cosaint den sórt sin ábhartha go háirithe maidir le hionadaithe na n-oibríthe atá i mbun fheidhmiú a bhfeidhmeanna.
- (45) D'fhonn leibhéal cosanta na gcearta dá bhforáiltear sa Treoir seo a fheabhsú tuilleadh, ba cheart go mbeadh comhlachtaí comhionannais náisiúnta inniúil maidir le saincheisteanna a bhaineann le hidirdhealú agus a thagann laistigh de raon feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear an cúram maidir le cúnamh neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh an idirdhealaithe agus a ngearáin á ndéanamh acu.
- (46) Leis an Treoir seo, leagtar síos íoscheanglais, sa chaoi go dtugtar an rogha do na Ballstáit forálacha atá níos fabhraí d'oibríthe a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun. Ní hionann ligean do thuismitheoir níos mó ná 2 mhí as na 4 mhí de shaoire do thuismitheoirí dá bhforáiltear sa Treoir seo a aistriú chuig an tuismitheoir eile agus foráil atá níos fabhraí don oibrí ná na forálacha íosta a leagtar síos sa Treoir seo. Ba cheart go leanfadh na cearta atá faighte cheana féin ar dháta teacht i bhfeidhm na Treorach seo d'fheidhm a bheith acu mura ndéantar foráil d'fhorálacha níos fabhraí leis an Treoir seo. Níor cheart cur chun feidhme na Treorach seo a úsáid chun na cearta atá i ndlí an Aontais cheana féin a laghdú ná níor cheart é a bheith mar fhoras bailí chun leibhéal ginearálta na cosanta a thugtar d'oibríthe sna réimsí a chumhdaítear sa Treoir seo a laghdú.

⁽¹²⁾ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 11 Deireadh Fómhair 2007, *Nadine Paquay v Société d'architectes Hoet + Minne SPRL*, C-460/06, ECLI:EU:C:2007:601.

- (47) Go háirithe, níor cheart aon ní sa Treoir seo a léiriú mar laghdú ar na cearta dá bhforáiltear i dTreoracha 2010/18/AE, 92/85/CEE agus 2006/54/CE, lena n-áirítear Airteagal 19 de Threoir 2006/54/CE.
- (48) D'fhéadfadh acmhainní teoranta airgeadais, teicniúla agus daonna a bheith ag micrifhiontair agus ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FMBanna) mar a shainítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún ⁽¹³⁾, fiontair arb ionann iad agus tromlach mór na bhfiontar san Aontas. Agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, ba cheart do na Ballstáit gach iarracht a dhéanamh gan srianta riaracháin, airgeadais agus dlíthiúla a fhorchur ar bhealach a bheadh ina dhídhreasacht maidir le cruthú agus forbairt FMBanna nó a bheadh ina ualach iomarcach ar fhóistóirí. Dá bhrí sin, tugtar cuireadh do na Ballstáit measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an tionchar atá ag a mbearta cur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh cóir chomhionann ann do gach oibrí, nach mbeidh éifeacht dhíríreach ag na bearta ar FBManna, agus aird ar leith á díriú ar mhicrifhiontair, agus go ndéanfar aon ualach riaracháin gan ghá a sheachaint. Spreagtar na Ballstáit chun dreasachtaí, treoir agus comhairle a chur ar fáil do FMBanna chun cabhrú leo a n-oibleagáidí de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh.
- (49) Ba cheart aon chineál ama a thógtar saor ón obair agus a bhaineann leis an teaghlach, go háirithe saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire do thuismitheoirí agus saoire cúramóirí, atá ar fáil faoin dlí náisiúnta nó faoi chomhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta a bheith san áireamh maidir le ceanglais de chineál amháin nó níos mó de na cineálacha saoire dá bhforáiltear sa Treoir seo agus i dTreoir 92/85/CEE a chomhlíonadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais na dtreoracha sin agus nach ndéanfar an leibhéal ginearálta cosanta a thugtar d'oibrithe sna réimsí a chumhdaítear leo a laghdú. Agus an Treoir seo á cur chun feidhme acu, níl sé de cheangal ar na Ballstáit athainmniú ná athrú de shórt eile a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla saoire a bhaineann leis an teaghlach dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta nó faoi chomhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta agus a áirítear maidir le comhlíonadh na Treorach seo.
- (50) Spreagtar na Ballstáit, i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta, chun idirphlé sóisialta leis na comhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn d'fhonn réiteach a chothú idir an saol oibre agus an saol príobháideach, lena n-áirítear trí bhearta a chur chun cinn san áit oibre maidir le cothromaíocht oibre is saoil, córais deimhniúcháin dheonacha a bhunú, gairmoiliúint a sholáthar, feachtas a ardú, agus feachtais faisnéise a chur i gcrích. Sa bhreis air sin, spreagtar na Ballstáit chun leanúint d'idirphlé a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha, údarais áitiúla agus réigiúnacha agus soláthraithe seirbhísí, chun beartais maidir le cothromaíocht oibre is saoil a chun cinn i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.
- (51) Ba cheart na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun córais deimhniúcháin dheonacha a chur chun cinn, ar córais iad lena ndéanfaí measúnú ar an gcothromaíocht oibre is saoil san áit oibre.
- (52) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais idir fir agus mná maidir le deiseanna sa mhargadh saothair agus maidir le cóir chomhionann ag an obair a áirithiú ar fud an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach, agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Treoir seo, leagtar síos na híoscheanglais atá ceaptha comhionannas a bhaint amach idir fir agus mná maidir le deiseanna sa mhargadh saothair agus maidir le cóir chomhionann ag an obair trí chomhréiteach idir saol na hoibre agus saol an teaghlach d'oibrithe ar thuismitheoirí, nó cúramóirí, iad, a éascú.

Chuipe sin, déantar foráil leis an Treoir seo do chearta aonair a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (a) saoire atharthachta, saoire do thuismitheoirí agus saoire cúramóirí;
- (b) socrúithe oibre solúbtha d'oibrithe ar thuismitheoirí, nó cúramóirí, iad;

⁽¹³⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

*Airteagal 2***Raon feidhme**

Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le gach oibrí, fir agus mná, a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta acu, mar a shainítear leis an dlí, le chomhaontuithe comhchoiteanna nó leis an gcleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh.

*Airteagal 3***Sainmhínithe**

1. Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (a) ciallaíonn “saoire atharthachta” saoire ón obair d’aithreacha nó, i gcás ina n-aithnítear í faoin dlí náisiúnta agus a mhéid a aithnítear í, saoire do dhara tuismitheoirí coibhéiseacha, tráth bhreith linbh, chun críocha cúram a sholáthar;
 - (b) ciallaíonn “saoire do thuismitheoirí” saoire ón obair do thuismitheoirí ar na forais gur saolaíodh nó gur uchtaíodh leanbh chun aire a thabhairt don leanbh sin;
 - (c) ciallaíonn “saoire cúramóirí” saoire ón obair d’oibríthe chun aire nó tacaíocht phearsanta a thabhairt do ghaol, nó do dhuine a bhfuil cónaí air nó uirthi sa teaghlach céanna leis an oibrí, agus a bhfuil cúram nó tacaíocht shuntasach de dhíth air nó uirthi mar gheall ar chúis thromchúiseach liachta, mar a shainíonn gach Ballstát é;
 - (d) ciallaíonn “cúramóirí” oibrí a thugann cúram nó tacaíocht phearsanta do ghaol, nó do dhuine a bhfuil cónaí air nó uirthi sa teaghlach céanna leis an oibrí, agus a bhfuil cúram nó tacaíocht shuntasach de dhíth air nó uirthi mar gheall ar chúis thromchúiseach liachta, mar a shainíonn gach Ballstát é;
 - (e) ciallaíonn “gaol” mac, iníon, máthair, athair nó céile oibrí nó, i gcás ina n-aithnítear comhpháirtíochtaí den sórt sin faoin dlí náisiúnta, páirtí, oibrí i bpáirtnéireacht shibhialta;
 - (f) ciallaíonn “socruithe solúbtha oibre” an fhéidearthacht a bheith ag oibríthe a bpatrúin oibre a athrú, lena n-áirítear trí úsáid socruithe maidir le hobair go cianda, sceidil sholúbtha oibre, nó uaireanta oibre laghdaithe.
2. An tagairt do na laethanta oibre in Airteagail 4 agus 6, tuigfear go dtagraíonn sé don phatrún oibre lánaimseartha, mar a shainítear é sa Bhallstát atá i gceist.

Féadfar teidlíocht oibrí i leith saoire a ríomh go comhréireach le ham oibre an oibrí, i gcomhréir leis an bpatrún oibre atá sonraithe i gconradh fostaíochta an oibrí nó i gcaidreamh fostaíochta an oibrí.

*Airteagal 4***Saoire atharthachta**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil an ceart ag athaireacha nó, i gcás ina n-aithnítear iad faoin dlí náisiúnta agus a mhéid a aithnítear iad, ag dara tuismitheoirí coibhéiseacha, chun saoire atharthachta 10 lá oibre atá le tógáil tráth a shaoilfear leanbh an oibrí. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh cé acu an gceadóidh siad saoire atharthachta a thógáil go páirteach roimh bhreith an linbh nó nach gceadóidh siad é sin ach i ndiaidh na breithe, agus an gceadóidh siad an tsaoire sin a thógáil ar bhealaí solúbtha.
2. Ní dhéanfar an ceart chun saoire atharthachta a chur faoi réir ceanglas cáiliúcháin maidir le tréimshí oibre ná faoi réir ceanglas cáiliúcháin maidir le fad seirbhíse.
3. Deonófar an ceart chun saoire atharthachta gan beann ar stádas pósta nó teaghlaigh an oibrí, mar a shainítear é leis an dlí náisiúnta.

*Airteagal 5***Saoire do thuismitheoirí**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh ceart aonair ag gach oibrí chun saoire do thuismitheoirí 4 mhí ar a laghad, a bheidh le tógáil sula mbainfidh an leanbh aois sonraithe amach, suas le 8 mbliana d’aois, ar aois atá le sonrú ag gach Ballstát nó le comhaontú comhchoiteann. Cinnfear an aois sin d’fhonn a áirithiú go mbeidh gach tuismitheoir in ann a cheart nó a ceart chun saoire do thuismitheoirí a fheidhmiú go héifeachtach agus ar bhonn comhionann.

2. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú nach féidir 2 mhí de shaoire do thuismitheoirí a aistriú.
3. Bunóidh na Ballstáit tréimhse réasúnta fógra a bheidh le tabhairt ag oibríthe d'fhostóirí i gcás ina ndéanfaidh siad a gceart chun saoire do thuismitheoirí á fheidhmiú. Agus an méid sin á dhéanamh acu, cuirfidh na Ballstáit riachtanais na bhfostóirí agus na n-oibríthe araon san áireamh.

Áiritheoidh na Ballstáit go sonrúfár tús agus deireadh beartaithe na tréimhse saoire in iarraidh an oibrí ar shaoire do thuismitheoirí.

4. Féadfaidh na Ballstáit an ceart chun saoire do thuismitheoirí a chur faoi réir tréimhsí cáiliúcháin oibre nó faoi réir ceanglas cáiliúcháin fad seirbhíse, nach faide ná bliain amháin. I gcás conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile, de réir bhrí Threoir 1999/70/CE ón gComhairle ⁽¹⁴⁾, leis an bhfostóir céanna, cuirfear suim na gconarthaí sin san áireamh chun an tréimhse cháiliúcháin a ríomh.

5. Féadfaidh na Ballstáit na himthosca a bhunú inar féidir le fostóir, tar éis dó comhairliúchán a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, deonú saoire do thuismitheoirí a chur siar go ceann tréimhse réasúnach ama ar an fhorais go gcuirfeadh sé as go mór d'fheidhmiú cuí an fhostóra dá dtógfaí an tsaoire do thuismitheoirí ag an am a iarradh. Tabharfaidh fostóirí cúiseanna i scríbhinn le saoire do thuismitheoirí a chur siar.

6. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an ceart ag oibríthe a iarraidh go nglacfaidh siad saoire do thuismitheoirí ar bhealaí solúbtha. Féadfaidh na Ballstáit na modúlachtaí dá chur i bhfeidhm a shonrú maidir leis an méid sin. Breithneoidh an fostóir na hiarrataí sin agus tabharfaidh sé nó sí freagra orthu, agus riachtanais an fhostóra agus an oibrí araon á gcur san áireamh aige nó aici. Tabharfaidh an fostóir cúiseanna i scríbhinn le haon diúltú géilleadh d'iarraidh den chineál sin, laistigh de thréimhse réasúnach ama tar éis na hiarrata.

7. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, agus iarrataí ar shaoire tuismitheoirí lánaimseartha á mbreithniú acu, go ndéanfaidh fostóirí, sula ndéanfar aon chur siar i gcomhréir le mír 5, bealaí solúbtha chun saoire do thuismitheoirí a thógáil de bhun mhír 6 a thairiscint, a mhéid is féidir.

8. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an ngá atá le coinníollacha rochtana ar shaoire do thuismitheoirí agus leis na socruithe mionsonraithe le saoire do thuismitheoirí a chur i bhfeidhm a oiriúnú do na riachtanais atá ag tuismitheoirí uchtála, tuismitheoirí atá faoi mhíchumas agus tuismitheoirí a bhfuil leanaí atá faoi mhíchumas acu nó a bhfuil breoiteacht fhadtréimhseach orthu.

Airteagal 6

Saoire cúramóirí

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an ceart ag gach oibrí saoire cúramóirí 5 lá oibre a thógáil in aghaidh na bliana. Féadfaidh na Ballstáit mionsonraí breise a chinneadh maidir le raon feidhme agus coinníollacha na saoire cúramóirí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta. D'fhéadfadh sé go mbeadh úsáid an chirt sin faoi réir bunús cuí a thabhairt, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.
2. Féadfaidh na Ballstáit saoire cúramóirí a leithdháileadh ar bhonn tréimhse thagartha nach bliain í, in aghaidh an duine a bhfuil cúram de dhíth air nó uirthi, nó in aghaidh an cháis.

Airteagal 7

Am saor ón obair ar fhorais force majeure

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil an ceart ag gach oibrí am saor a thógáil ón obair ar fhorais *force majeure* i gcomhair cúiseanna práinneacha teaghlaigh i gcás breoiteachta nó tionóisce lena ndéantar freastal láithreach an oibrí bunriachtanach. Féadfaidh na Ballstáit teorainn tréimhse áirithe ama in aghaidh na bliana nó in aghaidh an cháis, nó iad araon, a chur leis an gceart atá ag gach oibrí am a thógáil saor ón obair ar fhorais *force majeure*.

⁽¹⁴⁾ Treoir 1999/70/CE ón gComhairle, an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcomhaontú réime maidir le hobair théarma shocraithe a thug ETUC, UNICE agus CEEP i gcrích (IO L 175, 10.7.1999, lch. 43).

*Airteagal 8***Íocaíocht nó liúntas**

1. I gcomhréir leis na himthosca náisiúnta, amhail an dlí náisiúnta, comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta nó an cleachtas náisiúnta, agus na cumhachtaí arna dtarmhligean chuig na comhpháirtithe sóisialta á gcur san áireamh, áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh oibrithe a fheidhmíonn a gceart chun saoire dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) nó in Airteagal 5(2) íocaíocht nó liúntas i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo.
2. Maidir le saoire atharthachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 4(1), ráthófar leis an íocaíocht nó an liúntas sin ioncam atá coibhéiseach ar a laghad leis an ioncam a gheobhadh an t-oibrí i dtrácht i gcás ina mbeadh briseadh i ngníomhaíochtaí an oibrí ar fhorais a bhaineann le staid sláinte an oibrí, faoi réir aon uasteorainn a leagtar síos sa dlí náisiúnta. Féadfaidh na Ballstáit an ceart chun íocaíochta nó liúntais a thabhairt faoi réir tréimhsí fostaíochta roimhe sin, ar tréimhsí iad nach faide ná 6 mhí díreach roimh dáta a bhfuiltear ag súil le breith an linbh.
3. Maidir le saoire do thuismitheoirí amhail dá dtagraítear in Airteagal 5(2), is é an Ballstát nó na comhpháirtithe sóisialta a shaineoidh an íocaíocht nó an liúntas sin agus socrófar iad sa chaoi go ndéanfar tógáil na saoire do thuismitheoirí ag an mbeirt tuismitheoir a éascú.

*Airteagal 9***Socruithe solúbtha oibre**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an ceart socruithe solúbtha oibre chun críocha cúraim a iarraidh ag oibrithe, ag a bhfuil leanaí suas go dtí aois shonraithe, arb é 8 mbliana ar a laghad an aois sin, agus ag cúramóirí. Féadfar fad na socruithe solúbtha oibre sin a chur faoi réir teorainn réasúnta.
2. Breithneoidh fostóirí iarrataí maidir le socruithe solúbtha oibre amhail dá dtagraítear i mír 1, agus tabharfaidh siad freagra orthu, laistigh de thréimhse réasúnta ama, agus riachtanais an fhostóra agus an-oibrí ar aon á gcur san áireamh acu. Tabharfaidh fostóirí cúiseanna le haon diúltú ar iarraidh den sórt sin nó le cur siar aon socruithe den sórt sin.
3. Nuair atá teorainn le fad na socruithe solúbtha oibre amhail dá dtagraítear i mír 1, beidh an ceart ag an oibrí filleadh ar an mbunphatrún oibre ag deireadh na tréimhse comhaontaithe. Beidh an ceart ag an oibrí freisin a iarraidh go bhfillfeadh sé nó sí ar an mbunphatrún oibre roimh dheireadh na tréimhse comhaontaithe i gcás ina bhfuil bonn cirt leis an méid sin mar thoradh ar athrú ar imthosca. Breithneoidh an fostóir iarraidh maidir le filleadh luath ar an mbunphatrún oibre agus tabharfaidh sé nó sí freagra air nó uirthi, agus riachtanais an fhostóra agus an oibrí araon á gcur san áireamh aige nó aici.
4. Féadfaidh na Ballstáit an ceart chun socruithe solúbtha oibre a chur faoi réir tréimhse cáiliúcháin oibre nó faoi réir cáiliúcháin faid seirbhíse, nach faide ná 6 mhí. I gcás conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile de réir bhrí Threoir 1999/70/CE leis an bhfostóir céanna, cuirfear suim na gconarthaí sin san áireamh chun an tréimhse cháilithe a ríomh.

*Airteagal 10***Ceartha fostaíochta**

1. Coinneofar ar bun ceartha atá faighte ag oibrithe, nó atá á bhfáil acu ar an dáta a thosóidh an tsaoire dá bhforáiltear in Airteagail 4, 5 agus 6 nó am saor ón obair dá bhforáiltear in Airteagal 7 go dtí deireadh na saoire sin nó go dtí deireadh an ama shaoir sin ón obair. Ag deireadh na saoire sin nó an ama shaoir sin ón obair, beidh feidhm ag na ceartha sin, lena n-áirítear aon athruithe a eascraíonn ón dlí náisiúnta, ó chomhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta nó ón gcleachtas náisiúnta.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh oibrithe i dteideal, ag deireadh na saoire dá bhforáiltear in Airteagail 4, 5 agus 6, filleadh ar a bpoist nó ar phoist choibhéiseacha lena mbaineann téarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar iad dóibh, agus go mbeidh siad i dteideal tairbhe a bhaint as aon fheabhas ar choinníollacha oibre a mbeidís ina dteideal mura mbeadh an tsaoire glactha acu.
3. Saineoidh na Ballstáit an stádas atá ag an gconradh fostaíochta nó ag an gcaidreamh fostaíochta don tréimhse saoire dá bhforáiltear in Airteagail 4, 5 agus 6, nó don am saor ón obair dá bhforáiltear in Airteagal 7, lena n-áirítear maidir le teidíochtaí i leith na slándála sóisialta, lena n-áirítear ranníocaíochtaí pinsin, agus iad ag áirithiú go gcoinnítear an caidreamh fostaíochta ar bun le linn na tréimhse sin.

*Airteagal 11***Idirdhealú**

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cosc a chur ar chóir is lú fabhar d'oibrithe ar an bhforas go ndearna siad iarraidh ar shaoire, nó gur thóg siad saoire, dá bhforáiltear in Airteagail 4, 5 agus 6 nó go ndearna siad iarraidh ar am saor ón obair, nó gur ghlac siad am saor ón obair dá bhforáiltear in Airteagal 7, nó ar an bhforas gur fheidhmigh siad na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 9.

*Airteagal 12***Cosaint ar dhífhostú agus dualgas cruthúnais**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cosc a chur ar dhífhostú oibrithe agus gach ullmhú chun oibrithe a dhífhostú, ar an bhforas go ndearna siad iarraidh ar shaoire, nó gur thóg siad saoire, amhail dá bhforáiltear in Airteagail 4, 5 agus 6, nó gur fheidhmigh siad an ceart socrúithe solúbtha oibre a iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 9.
2. Oibrithe a mheasfaidh gur dífhostaíodh iad ar an bhforas go ndearna siad iarraidh ar shaoire, nó gur thóg siad, saoire dá bhforáiltear in Airteagail 4, 5 agus 6, nó gur fheidhmigh siad an ceart socrúithe solúbtha oibre a iarraidh dá bhforáiltear in Airteagal 9, féadfaidh siad iarraidh ar an bhfostóir cúiseanna cú-réasúnaithe dá ndífhostú a sholáthar. Maidir le dífhostú oibrí a bhfuil iarraidh ar shaoire dá bhforáiltear in Airteagail 5, 6 nó 7 déanta aige nó aici nó a bhfuil saoire den sort sin tógtha aige nó aici, déanfaidh an fostóir cúiseanna leis an dífhostú a sholáthar i scríbhinn.
3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina ndéanfaidh oibrithe a mheasfaidh gur dífhostaíodh iad ar na forais go bhfuil iarraidh ar shaoire dá bhforáiltear in Airteagail 4, 5 nó 6 déanta acu, nó a bhfuil saoire den sort sin tógtha acu, a shuí os comhair cúirte nó údarás inniúil eile, fíorais as ar féidir a thiomhniú go bhfuil siad dífhostaithe ar fhorais den sórt sin, gur ar an bhfostóir a bheidh sé a chruthú go raibh an dífhostú bunaithe ar fhorais eile.
4. Ní chuirfidh mír 3 cosc ar na Ballstáit rialacha fianaise a thabhairt isteach atá níos fabhraí d'oibrithe.
5. Ní bheidh ceanglas ar na Ballstáit mír 3 a chur i bhfeidhm maidir le himeachtaí ina bhfuil sé faoin gcúirt nó faoin gcomhlacht inniúil fíorais an cháis a imscrúdú.
6. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir le himeachtaí coiriúla, mura bhforáiltear a mhalairt sna Ballstáit.

*Airteagal 13***Pionóis**

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo, nó na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm cheana maidir leis na cearta atá laistigh de raon feidhme na Treorach seo, agus déanfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

*Airteagal 14***Cosaint ar chóir dhíobhálach nó ar iarmhairtí díobhálacha**

Tabharfaidh na Ballstáit na bearta is gá isteach chun oibrithe a chosaint, lena n-áirítear oibrithe ar ionadaithe fostaithe iad, ar aon chóir dhíobhálach a dhéanann fostóir nó ar iarmhairtí díobhálacha mar thoradh ar ghearán a taisceadh laistigh den ghnóthas nó ar aon imeachtaí dlíthiúla chun críche comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Treoir seo a fhorfheidhmiú.

*Airteagal 15***Comhlachtaí comhionannais**

Gan dochar d'inniúlacht cigireachtaí saothair nó comhlachtaí eile a dhéanann cearta na n-oibrithe a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, áiritheoidh na Ballstáit, maidir leis an gcomhlacht nó na comhlachtaí arna ainmniú nó arna n-ainmniú de bhun Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE chun cóir chomhionann do gach duine a chur chun cinn, chun anailís agus faireachán a dhéanamh uirthi agus chun tacú léi, gan idirdhealú ar bhonn inscne, go mbeidh an chomhlacht nó na comhlachtaí sin inniúil i dtaca leis na saincheistanna a bhaineann leis an idirdhealú agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo.

*Airteagal 16***Leibhéal na cosanta**

1. Féadfaidh na Ballstáit forálacha a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun atá níos fabhraí ó thaobh na n-oibrithe de ná na forálacha a leagtar síos sa Treoir seo.
2. Ní bheidh cur chun feidhme na Treorach seo ina fhorais chun údar cuí a thabhairt le laghdú a dhéanamh ar leibhéal ginearálta cosanta na n-oibrithe sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo. An toirmeasc ar laghdú den sórt sin ar leibhéal na cosanta, ní dochar é do cheart na mBallstát agus na gcomhpháirtithe sóisialta a leagan síos, i bhfianaise imthosca atá ag athrú, socrúithe reachtacha, rialála nó conarthacha seachas iad sin a bheidh i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2019, ar choinníoll go gcomhlíonfar na híoscheanglais a leagtar síos sa Treoir seo.

*Airteagal 17***Faisnéis a leathadh**

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na bearta náisiúnta lena dtrasúitear an Treoir seo, mar aon leis na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm cheana agus a bhaineann leis an ábhar amhail a leagtar amach iad in Airteagal 1, a thabhairt ar aird d'oibrithe agus d'fhostóirí, lena n-áirítear fostóirí ar FBManna iad, ar gach bealach iomchuí ar fud a gcríche.

*Airteagal 18***Tuairisciú agus athbhreithniú**

1. Faoi 2 Lúnasa 2027, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fad a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo a chur in iúl don Choimisiún, ar fhaisnéis í atá riachtanach don Choimisiún chun tuarascáil a tharraingt suas. Áireofar san fhaisnéis sin na sonraí comhiomlánaithe a bheidh ar fáil maidir le tógáil cineálacha éagsúla saoire agus socrúithe oibre solúbtha, ag fir agus mná de bhun na Treorach seo, chun go mbeifear in ann faireachán agus measúnú ceart a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo, go háirithe maidir le comhionannas inscne.
2. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí.

Beidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis an tuarascáil freisin:

- (a) staidéar ar an idirghníomhaíocht idir na cineálacha éagsúla saoire dá bhforáiltear sa Treoir seo chomh maith le cineálacha eile saoire a bhaineann leis an teaghlach, amhail saoire uchtála; agus
- (b) staidéar ar na cearta chun saoire a bhaineann le teaghlach a dheonaítear do dhaoine féinfhostaithe.

*Airteagal 19***Aisghairm**

1. Aisghairtear Treoir 2010/18/AE le héifeacht ón 2 Lúnasa 2022. Is mar thagairtí don Treoir seo a dhéanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach san Iarscríbhinn.
2. In ainneoin aisghairm Threoir 2010/18/AE de bhun mhír 1 den Airteagal seo, féadfar aon tréimhse nó aon tréimhsí carnacha ar leithligh saoire do thuismitheoirí arna dtógáil nó arna n-aistriú ag oibrí de bhun na Treorach sin roimh an 2 Lúnasa 2022 a aisbhaint de theidliocht an oibrí sin i leith saoire do thuismitheoirí faoi Airteagal 5 den Treoir seo.

*Airteagal 20***Trasú**

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 2 Lúnasa 2022. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.
2. In ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, i gcás na híocaíochta nó an líuntais a chomhfhreagraíonn don 2 sheachtain dheireanacha de shaoire do thuismitheoirí amhail dá bhforáiltear in Airteagal 8(3), déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 2 Lúnasa 2024. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.
3. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos na modhanna ina ndéanfar tagairtí den sórt sin.
4. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.
5. Déanfar na rialacha agus na modúlachtaí mionsonraithe le haghaidh an Treoir seo a chur i bhfeidhm a bhunú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, fad a dhéantar íoscheanglais agus cuspóirí na Treorach seo a urramú.
6. Chun críocha Airteagail 4, 5, 6 agus 8 den Treoir seo agus Treoir 92/85/CEE a chomhlíonadh, féadfaidh na Ballstáit a chur san áireamh freisin aon tréimhse líuntais, agus aon íocaíocht líuntais maidir le ham saor ón obair a bhaineann leis an teaghlach, go háirithe saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire do thuismitheoirí agus saoire cúramóirí, atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus atá os cionn na n-íoschaighdeán dá bhforáiltear sa Treoir seo nó i dTreoir 92/85/CEE, ar choinníoll go gcomhlíonfar na híoscheanglais do shaoire den sórt sin agus nach ndéanfar an leibhéal ginearálta cosanta a thugtar d'oibrithe sna réimsí a chumhdaítear leis na Treoracha sin a laghdú.
7. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit íocaíocht nó líuntas is ionann agus 65 % ar a laghad de ghlanphá an oibrí, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir uasteorann, a áirithiú, ar feadh 6 mhí ar a laghad de shaoire do thuismitheoirí do gach tuismitheoir, féadfaidh siad a chinneadh an córas sin a choinneáil ar bun seachas foráil a dhéanamh don íocaíocht nó don líuntas dá dtagraítear in Airteagal 8(2).
8. Féadfaidh na Ballstáit cur chun feidhme na Treorach seo a chur ar iontaoibh na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcás ina ndéanfaidh na comhpháirtithe sóisialta a iarraidh go comhpháirteach go ndéanfar amhlaidh, ar choinníoll go ndéanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go ndéanfar na torthaí arna lorg faoin Treoir seo a ráthú i gcónaí.

*Airteagal 21***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 22***Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN

TÁBLA COMHGHAOIL

Treoir 2010/18/AE	An Treoir seo
Clásal 1(1)	Airteagal 1
Clásal 1(2)	Airteagal 2
Clásal 1(3)	Airteagal 2
Clásal 2(1)	Airteagal 5(1)
Clásal 2(2)	Airteagal 5(1) agus (2)
Clásal 3(1)(a)	Airteagal 5(6)
Clásal 3(1)(b)	Airteagal 5(4)
Clásal 3(1)(c)	Airteagal 5(5)
Clásal 3(1)(d)	—
Clásal 3(2)	Airteagal 5(3)
Clásal 3(3)	Airteagal 5(8)
Clásal 4(1)	Airteagal 5(8)
Clásal 5(1)	Airteagal 10(2)
Clásal 5(2)	Airteagal 10(1)
Clásal 5(3)	Airteagal 10(3)
Clásal 5(4)	Airteagal 11
Clásal 5(5) an chéad fhomhír	Airteagal 10(3)
Clásal 5(5) an dara fomhír	Airteagal 8(3)
Clásal 6(1)	Airteagal 9
Clásal 6(2)	Aithris 25
Clásal 7(1)	Airteagal 7
Clásal 7(2)	Airteagal 7
Clásal 8(1)	Airteagal 16(1)
Clásal 8(2)	Airteagal 16(2)
Clásal 8(3)	—
Clásal 8(4)	—
Clásal 8(5)	—
Clásal 8(6)	—
Clásal 8(7)	—

TREOIR (AE) 2019/1159 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 20 Meitheamh 2019****lena leasaítear Treoir 2008/106/CE maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/45/EC maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiúin,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun ardleibhéal sábháilteachta muirí agus coiscthe truaillithe ar muir a chothabháil agus chun féachaint lena fheabhsú, tá sé bunriachtanach leibhéal eolais agus scileanna mharaithe an Aontais a chothabháil agus, b'fhéidir, a fheabhsú trí oiliúint agus deimhniú muirí a fhorbairt i gcomhréir le rialacha idirnáisiúnta agus leis an dul chun cinn teicneolaíoch, agus gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun bonn scileanna muirí na hEorpa a fheabhsú.
- (2) Déantar oiliúint agus deimhniú na maraithe a rialáil ar leibhéal idirnáisiúnta le Coinbhinsiún Idirnáisiúnta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le Caighdeán Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978, arna leasú ("Coinbhinsiún STCW") a ndearnadh athbhreithniú mór air in 2010. Glacadh leasuithe ar Choinbhinsiún STCW in 2015 i ndáil le ceanglais oiliúna agus cháilíochta do mharaithe atá ag obair ar bord longa atá faoi réir an Chóid Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí íseal-splancphointe eile ("Cód IGF"). In 2016, glacadh leasuithe ar Choinbhinsiún STCW i dtaca le hoiliúint agus cáilíocht maraithe atá ag obair ar bord longa paisinéirí agus ar bord longa a oibríonn in uiscí polacha.
- (3) Le Treoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, déantar Coinbhinsiún STCW a ionchorprú i ndlí an Aontais. Is sínitheoir le Coinbhinsiún STCW na Ballstáit uile agus dá bhrí sin déanfar cur chun feidhme comhchuibhithe a ngealltanas idirnáisiúnta a bhaint amach trí rialacha an Aontais maidir le hoiliúint agus deimhniú maraithe a ailíniú le Coinbhinsiún STCW. Dá bhrí sin, ba cheart roinnt forálacha de Threoir 2008/106/EC a leasú d'fhonn go léireofaí ann na leasuithe is déanaí ar Choinbhinsiún STCW maidir le hoiliúint agus cáilíocht maraithe atá ag obair ar bord longa a thagann faoi Chód IGF, ar bord longa paisinéirí agus ar bord longa a oibríonn in uiscí polacha.
- (4) Tá treoir sa Chód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire, a glacadh le Rún 2 de Chomhdháil Páirtithe STCW 1995, ina leagan cothrom le dáta ("Cód STCW") cheana maidir le turse a chosc (Roinn B-VIII/1) agus maidir le feidhmiúlacht le haghaidh dualgais (Cuid A-VIII/1). Ar mhaithe le sábháilteacht, is den riachtanas go ndéantar ceanglais Airteagal 15 de Threoir 2008/106/CE a fhorfheidhmiú agus a leanúint gan eisceacht agus go ndéantar aird chuí a thabhairt ar an treoir sin.

⁽¹⁾ IO C 110, 22.3.2019, lch. 125.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 6 Meitheamh 2019.

⁽³⁾ Treoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (IO L 323, 3.12.2008, lch. 33).

- (5) Tá sé ar cheann de chuspóirí an chomhbheartais iompair i réimse an mhuirompair gluaiseacht maraithe laistigh den Aontas a éascú. Cuidíonn an ghluaiseacht sin, i measc rudaí eile, le hearnáil muirompair an Aontais a dhéanamh tarraingteach do na glúine atá le teacht, agus ar an gcaoi sin go seachnaítear staid ina mbeidh easpa foirne inniúla a mbeadh an meascán ceart de scileanna agus inniúlachtaí acu ar an mbraisle mhuirí Eorpach. Is fíor-riachtanach aitheantas frithpháirteach na ndeimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit chun saorghluaiseacht na maraithe a éascú. I bhfianaise an chirt chun dea-riaracháin, ba cheart gur bunaithe ar chúiseanna a bheadh infhionnta ag an maraí lena mbaineann a bheadh cinntí na mBallstát i ndáil le glacadh le deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint chuig maraithe ag Ballstáit eile chun críche deimhnithe náisiúnta inniúlachta a eisiúint.
- (6) Ina theannta sin, tá córas láraithe i dTreoir 2008/106/CE chun aitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha. Tá sé léirithe ag meastóireacht an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) gur baineadh amach laghdú suntasach ar chostais do na Ballstáit ó tugadh isteach an córas láraithe. Nochtadh sa mheastóireacht freisin, áfach, maidir le roinnt de na tríú tíortha aitheanta, nár eisigh na Ballstáit ach líon thar a bheith teoranta d'fhormhuinithe lena bhfianaítear aitheantas do dheimhnithe i dtaca le deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint ag na tríú tíortha sin. Dá bhrí sin, d'fhonn na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, ba cheart an nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha a bheith bunaithe ar anailís ar an ngá atá leis an aitheantas sin, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do léiriú ar líon measta na máistrí, na n-oifigeach agus na n-oibritheoirí raidió de thionscnamh na tíre sin is dóigh a bheidh ag fónamh ar bord longa a bhfuil bratacha na mBallstát ar foluain orthu. Ba cheart an anailís sin a thíolacadh lena scrúdú ag an gCoiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a chosc (COSS).
- (7) I bhfianaise na taithí a fuarthas agus an nós imeachta maidir le haitheantas tríú tíortha á chur i bhfeidhm, léirigh meastóireacht REFIT nach gcuirtear san áireamh leis an tréimhse ama reatha 18 mí a chasta atá an próiseas, lena n-áirítear cigireacht ar an láthair arna déanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí. Teastaíonn tuilleadh ama leis na socruithe taidhleoireachta is gá a dhéanamh chun na cigireachtaí sin a phleanáil agus a chur i gcrích. Anuas air sin, níl an tréimhse ama 18 mí leordhóthanach nuair a bhíonn ar an tríú tír bearta ceartaítheacha a chur chun feidhme agus athruithe dlí a dhéanamh ina chóras d'fhonn ceanglais Choinbhinsiún STCW a chomhlíonadh. Ar na forais sin, ba cheart an spriocdháta le haghaidh ghlacadh an chinnidh ón gCoimisiún a fhadú ó 18 mí go 24 mhí, agus, i gcás ina gcaithfidh an tríú tír bearta ceartaítheacha nach beag a chur chun feidhme, lena n-áirítear leasuithe ar fhorálacha dlíthiúla, ba cheart an sprioc a shíneadh go 36 mhí. Anuas air sin, an rogha atá ag an mBallstát iarrthach aitheantas sealadach a thabhairt do chóras an tríú tír le haghaidh caighdeáin oiliúna, deimhniúchán agus faire do mharaithe, ba cheart an rogha sin a choimeád d'fhonn solúbthacht an nós imeachta aitheantais a choinneáil.
- (8) D'fhonn a áirithiú go mbeidh an ceart ag gach maraí fostaíocht chuibhiúil a fháil agus d'fhonn saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a theorannú, ba cheart breithniú, agus aitheantas á thabhairt do thríú tíortha amach anseo, ar dhaingnigh na tríú tíortha sin an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí, 2006.
- (9) D'fhonn éifeachtúlacht an chórais láraithe maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha a mhéadú a thuilleadh, ba cheart athmheasúnú ar na tríú tíortha a sholáthraíonn líon beag maraithe do longa a bhfuil bratacha na mBallstát ar foluain orthu a dhéanamh ag eatraimh rialta níos faide ba cheart a fhadú go 10 mbliana. Ba cheart, áfach, an tréimhse is faide athmheasúnaithe sin ar chóras na dtríú tíortha sin a chomhcheangal le critéir thosaíochta lena gcuirfí san áireamh ceisteanna sábháilteachta, agus cothromú a dhéanamh idir an gá le héifeachtúlacht agus sásra coimirce éifeachtach i gcás go dtiocfadh meath ar chaighdeán na hoiliúna do mharaithe arna cur ar fáil sna tríú tíortha ábhartha.
- (10) Tá faisnéis faoi na maraithe atá fostaithe agus arb as tríú tíortha dóibh ar fáil anois ar leibhéal an Aontais mar go gcuireann na Ballstáit in iúl an fhaisnéis ábhartha atá ina gclár náisiúnta maidir leis na deimhnithe agus na formhuinithe atá eisithe acu. Ba cheart an fhaisnéis sin a úsáid chun críocha staidrimh agus ceapadh beartais, go háirithe chun éifeachtúlacht an chórais láraithe maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha a fheabhsú. Bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur in iúl ag na Ballstáit, ba cheart athscrúdú a dhéanamh ar aitheantas na dtríú tíortha nach bhfuil maraithe soláthartha acu do longa a bhfuil bratacha na mBallstát ar foluain orthu le 8 mbliana anuas ar a laghad. Ba cheart a chumhdach le próiseas an athscrúdaithe an fhéidearthacht go gcoinneofaí nó go dtarraingeofaí siar aitheantas an tríú tír ábhartha. Chomh maith leis sin, ba cheart an fhaisnéis arna cur in iúl ag na Ballstáit a úsáid freisin d'fhonn tús áite a thabhairt d'athmheasúnú ar na tríú tíortha aitheanta.

- (11) Chun forbairtí ar leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh agus chun a áirithiú gur féidir rialacha an Aontais a oiriúint go tráthúil do na forbairtí sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW a ionchorprú trí na ceanglais theicniúla i ndáil le hoiliúint agus deimhniú maraithe a nuashonrú agus trí fhorálacha ábhartha Threoir 2008/106/CE a ailíniú i dtaca leis na deimhnithe digiteacha do mharaithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁽⁴⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (12) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha na Treorach seo i dtaca le haitheantas a thabhairt do thríú tíortha a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁵⁾.
- (13) Maidir leis na forálacha i ndáil le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁶⁾, níl siad infheidhme i dtaca le haitheantas a thabhairt do dheimhnithe maraithe faoi Threoir 2008/106/CE. Le Treoir 2005/45/EC ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁷⁾ rinneadh an t-aitheantas frithpháirteach do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit a rialáil. Tá na sainmhínithe ar dheimhnithe maraithe dá dtagraítear i dTreoir 2005/45/EC imithe i léig, áfach, i bhfianaise leasuithe 2010 ar Choinbhinsiún STCW. Dá bhrí sin, ba cheart scéim an aitheantais fhrithpháirtigh do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit a leasú d'fhonn na leasuithe idirnáisiúnta agus na sainmhínithe ar dheimhnithe maraithe a áirítear i dTreoir 2008/106/EC a léiriú. Ina theannta sin, ba cheart na deimhnithe maraithe arna n-eisiúint faoi údarás na mBallstát a áireamh sa scéim maidir le haitheantas frithpháirteach. Chun débhríocht agus baol neamhréireachtaí idir Treoracha 2005/45/CE agus 2008/106/CE a bhaint, ba cheart aitheantas frithpháirteach do dheimhnithe maraithe a rialáil le Treoir 2008/106/CE agus leis an Treoir sin amháin. Ina theannta sin, d'fhonn an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú, ba cheart córas leictreonach a thabhairt isteach chun cáilíochtaí maraithe a thíolacadh ach leasuithe ábhartha ar Choinbhinsiún STCW a bheith glactha.
- (14) Tá an digitíú sonraí de dhlúth agus d'inneach sa dul chun cinn teicneolaíoch i réimse an bhailithe agus na cumarsáide sonraí d'fhonn cabhrú le costais a laghdú agus le húsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní daonna. Ba cheart don Choimisiún bearta a bhreithniú d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht an rialaithe Stáit ar chalafoirt, lena n-áirítear, *inter alia*, meastóireacht ar indéantacht agus ar luach breise i ndáil le bunachar sonraí lárnach de dheimhnithe maraithe a chur ar bun agus a bhainistiú, a bheadh nasccha leis an mbunachar sonraí cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 24 de Threoir 2009/16/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁸⁾, a mbeidh na Ballstáit ar fad nasccha leis. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis ar fad a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2008/106/CE maidir le deimhnithe inniúlachta agus formhuinithe lena bhfianáítear aitheantas ar dheimhnithe oilteachta arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán V/1-1 agus V/1-2 de Choinbhinsiún STCW sa bhunachar lárnach sin.
- (15) Ba cheart tacaíocht a thabhairt d'oidreachas agus d'oiliúint maraithe Eorpacha mar mháistrí agus mar oifighigh trí mhalartuithe mac léinn idir institiúidí oideachais agus oiliúna muirí ar fud an Aontais. Chun scileanna agus cáilíochtaí maraithe faoi bhratach Eorpach a chothú agus a fhorbairt, tá gá le malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit. Ba cheart d'oidreachas agus d'oiliúint maraithe leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le clár Erasmus +.

⁽⁴⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁽⁶⁾ Treoir 2005/36/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

⁽⁷⁾ Treoir 2005/45/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus lena leasáitear Treoir 2001/25/CE (IO L 255, 30.9.2005, lch. 160).

⁽⁸⁾ Treoir 2009/16/CE ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

- (16) Ba cheart don Choimisiún idirphlé a bhunú le comhpháirtithe sóisialta agus na Ballstáit chun tionscnaimh oiliúna muirí a fhorbairt de bhreis ar an íosleibhéal oiliúna do mharaíthe arna chomhaontú go hidirnáisiúnta, tionscnaimh a d'fhéadfadh na Ballstáit a aithint go frithpháirteach mar Dhioplómaí Eorpacha Barr Feabhais Muirí. Ba cheart na tionscnaimh sin a bhunú ar agus a fhorbairt i gcomhréir leis na moltaí ó na treoirthionscadail atá ar siúl faoi láthair agus na straitéisí i dTreoirphlean an Choimisiúin um chomhar earnála maidir le scileanna.
- (17) D'fhonn soiléireacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht dhlíthiúil a fheabhsú, ba cheart Treoir 2005/45/EC a aisghairm.
- (18) Ba cheart Treoir 2008/106/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2008/106/CE

Leasaítear Treoir 2008/106/CE mar a leanas:

- (1) In Airteagal 1, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

- “43. ciallaíonn ‘Ballstát óstach’ an Ballstát ina n-iarrann maraíthe glacadh nó aitheantas a ndeimhnithe inniúlachta, a ndeimhnithe oilteachta nó a bhfianaise dhoiciméadach;
44. ciallaíonn ‘Cód IGF’ an Cód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile, mar a shainmhínítear i Rialachán SOLAS 74 II-1/2.29;
45. ciallaíonn ‘an Cód Polach’ an Cód Idirnáisiúnta maidir le Longa a oibríonn in Uiscí Polacha, mar a shainmhínítear i Rialachán SOLAS 74 XIV/1.1;
46. ciallaíonn ‘uiscí polacha’ uiscí Artacha agus/nó limistéar an Antartaigh, mar a shainmhínítear i Rialachán SOLAS 74 XIV/1.2 go XIV/1.4.”

- (2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

- (a) sa mhír aonair, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

“1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir leis na maraíthe a luaitear sa Treoir seo atá ag fónamh ar bord longa farraige a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain orthu, cé is moite de.”;

- (b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“2. Tá feidhm ag Airteagal 5b maidir le maraíthe a bhfuil deimhniú acu arna eisúint ag Ballstát, gan beann ar a náisiúntacht.”

- (3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

“10. Faoi réir Airteagal 19(7), coinneofar ar fáil ar bord na loinge ar a bhfuil an sealbhóir ag fónamh an leagan bunaidh de gach deimhniú a cheanglaítear a sholáthar leis an Treoir seo, i gcóip chrua nó i bhfoirm dhigiteach, a bhféadfar a bharántúlacht agus a bhailíocht a dheimhniú faoin nós imeachta a leagtar síos i bpointe (b) de mhír 12 den Airteagal seo.”

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:

“13. I gcás ina dtiocfaidh leasuithe ábhartha i bhfeidhm ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW a bhaineann le deimhnithe digiteacha do mharaíthe, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le Airteagal 27a chun an Treoir seo a leasú trí na forálacha ábhartha uile de a ailíniú leis na leasuithe sin ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW d'fhonn deimhnithe agus formhuinthe na maraíthe a dhigitiú.”.

- (4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5a:

“Airteagal 5a

Faisnéis don Choimisiún

Chun críocha Airteagal 20(8) agus Airteagal 21(2) agus go heisiach chun go n-úsáidfidh na Ballstáit agus an Coimisiún iad chun críocha ceaptha beartais agus chun críocha staidrimh, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, ar bhonn bliantúil, an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir seo maidir le deimhnithe inniúlachta agus formhuinithe lena bhfianaítear aitheantas arna thabhairt do dheimhnithe inniúlachta. Féadfaidh siad a sholáthar freisin, ar bhonn deonach, faisnéis maidir le deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint le haicmigh chabhlaigh i gcomhréir le Caibidlí II, III agus VII den Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún STCW, amhail an fhaisnéis a léirítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir seo.”.

- (5) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 5b

Aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhnithe maraithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit

1. Glacfaidh gach Ballstát le deimhnithe oilteachta agus le fianaise dhoiciméadach arna n-eisiúint ag Ballstát eile, nó faoina údarás, i gcóip chrua nó i bhformáid dhigiteach, chun ligean do mharaithe fónamh ar longa a bhfuil a bhratach ar foluain orthu.

2. Tabharfaidh gach Ballstát aitheantas do dheimhnithe inniúlachta arna n-eisiúint ag Ballstát eile nó do dheimhnithe oilteachta arna n-eisiúint ag Ballstát eile chuig máistrí agus oifigigh i gcomhréir le Rialachán V/1-1 agus V/1-2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo, trí na deimhnithe sin a fhormhuiniú le fianú go dtugtar aitheantas dóibh. Na formhuinithe lena bhfianaítear an t-aitheantas, beidh siad teoranta d'acmhainneachtaí, feidhmeanna agus leibhéil inniúlachta nó oilteachta a fhorordaítear iontu. Ní eiseofar an formhuiniú ach amháin má comhlíonadh gach ceanglas de Choinbhinsiún STCW, i gcomhréir le Rialachán I/2, mír 7, de Choinbhinsiún STCW. Is í foirm an fhormhuinithe a úsáidfean an ceann a leagtar amach i Roinn A-I/2, mír 3, de Chód STCW.

3. Glacfaidh gach Ballstát le deimhnithe leighis arna n-eisiúint faoi údarás Ballstáit eile i gcomhréir le Airteagal 11, chun ligean do mharaithe fónamh ar longa a bhfuil a bhratach ar foluain orthu.

4. Áiritheoidh na Ballstáit óstacha go ndéanfar na cinntí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a eisiúint laistigh de thréimhse réasúnta ama. Áiritheoidh na Ballstáit óstacha freisin go mbeidh sé de cheart ag maraithe achomharc a dhéanamh i gcoinne aon diúltú deimhniú bailí a fhormhuiniú nó a ghlacadh, nó i gcoinne gan aon fhreagra a bheith faighte, i gcomhréir le reachtaíocht agus nósanna imeachta náisiúnta agus go dtabharfar comhairle agus cúnamh leordhóthanach do mharaithe maidir leis na hachomhairc sin i gcomhréir le reachtaíocht agus nósanna imeachta náisiúnta bunaithe.

5. Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh údarais inniúla Ballstáit óstaigh srianta breise a chur ar acmhainneachtaí, feidhmeanna agus leibhéil inniúlachta nó oilteachta maidir le muirastir gar don chósta, dá dtagraítear in Airteagal 7, nó deimhnithe malartacha arna n-eisiúint faoi Rialachán VII/1 d'Iarscríbhinn I.

6. Gan dochar do mhír 2, féadfaidh Ballstát óstach, i gcás inar gá, ligean do mharaithe fónamh, ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí ar bord long a bhfuil a bhratach ar foluain uirthi, agus deimhniú iomchuí bailí aige arna eisiúint agus arna fhormhuiniú ag Ballstát eile, ach nár fhormhuinigh an Ballstát óstach lena mbaineann le haghaidh aitheantais go fóill é.

Beidh fianaise dhoiciméadach gur cuireadh iarratas ar fhormhuiniú faoi bhráid na n-údarás inniúil le go mbeidh sí ar fáil go réidh.

7. Áiritheoidh Ballstát óstach go bhfuil an t-eolas iomchuí ar rialacháin mhuirí an Bhallstáit sin a bhaineann leis na feidhmeanna a cheadaítear dóibh a dhéanamh ag maraithe a chuireann isteach ar dheimhnithe aitheantais le haghaidh feidhmeanna ar an leibhéal bainistíochta.”

(6) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Gach máistir, oifigeach agus oibreoir raidió a bhfuil ina sheilbh aige deimhniú arna eisiúint nó arna aithint faoi aon chaibidil d’Iarscríbhinn I seachas Rialachán V/3 de Chaibidil V nó Caibidil VI, agus atá ag fónamh ar farraige nó a bhfuil rún aige cur chun farraige an athuair tar éis tréimhse a chaitheamh istír, ceanglófar air, d’fhonn gur féidir leis leanúint de bheith cáilithe le haghaidh fónamh ar farraige, ag eatraimh nach faide ná 5 bliana:

(a) na caighdeáin feidhmiúlachta sláinte a fhorordaítear le hAirteagal 11 a chomhlíonadh; agus

(b) inniúlacht ghairmiúil leanúnach a shuíomh i gcomhréir le Roinn A-I/11 de Chód STCW.”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“2b. Déanfaidh gach máistir nó oifigeach na ceanglais a luaitear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh agus ceanglófar orthu, ag eatraimh nach faide ná 5 bliana, inniúlacht ghairmiúil leanúnach a shuíomh le haghaidh longa a oibríonn in uisce polacha i gcomhréir le Roinn A-I/11, mír 4, de Chód STCW.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Déanfaidh gach Ballstát na caighdeáin inniúlachta a cheanglaítear a bheith ag iarrrthóirí ar dheimhnithe inniúlachta agus/nó deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint go dtí an 1 Eanáir 2017 a chur i gcomparáid leis na caighdeáin arna sonrú le haghaidh an deimhnithe ábhartha inniúlachta agus/nó oilteachta i gCuid A de Chód STCW, agus déanfaidh siad a chinneadh an gá a cheangal ar shealbhóirí na ndeimhnithe inniúlachta agus/nó na ndeimhnithe oilteachta sin dul faoi oiliúint iomchuí athnuachana, leanúna nó measúnú.”;

(d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“3a. Déanfaidh gach Ballstát na caighdeáin inniúlachta a chuir sé de cheangal ar dhaoine a bhí ag fónamh ar longa arna mbreoslú le gás roimh an 1 Eanáir 2017 a chur i gcomparáid leis na caighdeáin inniúlachta a luaitear i Roinn A-V/3 de Chód STCW, agus déanfaidh sé a chinneadh an gá atá ann, más ann dó, ceangal a chur ar na daoine sin a gcáilíochtaí a nuashonrú.”.

(7) In Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

“2. Maidir le Ballstát a bhfuil rún aige aitheantas a thabhairt, trí fhormhuiniú, do na deimhnithe inniúlachta nó do na deimhnithe oilteachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo arna n-eisiúint ag tríú tír chuig máistir, oifigeach nó oibreoir raidió, le haghaidh fónamh ar longa a bhfuil a bhrtach ar foluain orthu, cuirfidh an Ballstát sin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar aitheantas don tríú tír sin, agus réamhanáilís ag gabháil leis ar cheanglais Choinbhinsiún STCW a bheith á gcomhlíonadh ag an tríú tír tríd an bhfaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a bhailiú. Mar thaca lena iarraidh, cuirfidh an Ballstát breis faisnéise ar fáil sa réamhanáilís sin ar na cúiseanna le haitheantas a thabhairt don tríú tír.

Tar éis do Bhallstát iarraidh den sórt sin a thíolacadh, próiseálfaidh an Coimisiún gan mhoill an iarraidh sin agus déanfaidh sé cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2), maidir le tús a chur leis an measúnú ar an gcóras oiliúna agus deimhnithe sa tríú tír laistigh de thréimhse réasúnta ama agus aird iomchuí á tabhairt ar an teorainn ama a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo.

Nuair a ghlacfar cinneadh dearfach chun tús a chur leis an measúnú, baileoidh an Coimisiún, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, agus le ról féideartha an Bhallstáit atá ag tíolacadh na hiarrata, chomh maith le haon Bhallstáit leasmhara eile, baileoidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis Treoir seo agus déanfaidh sé measúnú ar na córais oiliúna agus deimhnithe sa tríú tír ar tíolacadh an iarraidh ar aitheantas ina leith, chun a fhíorú go gcomhlíonann an tír sin ceanglais uile Choinbhinsiún STCW agus go ndearnadh na bearta iomchuí chun eisiúint deimhnithe calaoiseacha a chosc agus chun a bhreithniú ar dhaingnigh sí an Choinbhinsiún Oibreachais Mhuirí, 2006.

3. I gcás ina measfaidh an Coimisiún, de thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, go bhfuil na ceanglais sin ar fad á gcomhlíonadh, glacfaidh sé gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos a chinneadh maidir le haitheantas a thabhairt do thríú tír. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2), laistigh de 24 mhí ó thíolacadh na hiarrata ag an mBallstát dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

I gcás inar gá don tríú tír lena mbaineann mórbhearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear leasuithe a dhéanamh ar a reachtaíocht, a córas oideachais, oiliúna agus deimhniúcháin d'fhonn ceanglais Choinbhinsiún STCW a chomhlíonadh, glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo laistigh de 36 mhí ón iarraidh a bheith curtha isteach ag an mBallstát dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

Féadfaidh an Ballstát atá ag tíolacadh na hiarrata sin a chinneadh aitheantas a thabhairt don tríú tír go haontaobhach go dtí go nglacfar gníomh cur chun feidhme faoi bhun na míre seo. I gcás ina dtugtar an t-aitheantas aontaobhach sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann in iúl don Choimisiún líon na bhformhuinithe lena bhfianáítear aitheantas a eisíodh i dtaca le deimhnithe inniúlachta agus deimhnithe oilteachta dá dtagraítear i mír 1, arna n-eisiúint ag an tríú tír go dtí go nglacfar an gníomh cur chun feidhme maidir le haitheantas na tríú tíre sin.”

(8) In Airteagal 20, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“8. Mura bhfuil aon fhorghuinithe ann lena bhfianáítear aitheantas arna eisiúint ag Ballstát i dtaca le deimhnithe inniúlachta nó deimhnithe oilteachta, dá dtagraítear in Airteagal 19(1), arna n-eisiúint ag tríú tír le haghaidh tréimhse is faide ná 8 mbliana, déanfar an t-aitheantas do dheimhnithe na tíre sin a athscrúdú. Tar éis an athscrúdaithe sin, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2), tar éis fógra a thabhairt do na Ballstáit agus don tríú tír lena mbaineann sé mhí roimh ré ar a laghad.”

(9) In Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

“1. Maidir leis na tríú tíortha ar tugadh aitheantas dóibh faoin nós imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 19(3), lena n-áirítear na tíortha sin dá dtagraítear in Airteagal 19(6), déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú orthu, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, ar bhonn rialta agus laistigh de 10 mbliana ar a laghad ó rinneadh athmheasúnú go deireanach orthu, chun a fhíorú go bhfuil na critéir ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn II á gcomhlíonadh acu agus an ndearnadh na bearta iomchuí chun cosc a chur ar dheimhnithe calaoiseacha a eisiúint.

2. Déanfaidh an Coimisiún, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí, an t-athmheasúnú ar na tríú tíortha bunaithe ar chritéir thosaíochta. Áireofar na nithe seo a leanas sna critéir thosaíochta sin:

- (a) sonraí feidhmiúlachta ón rialú Stáit ar chalafoirt de bhun Airteagal 23;
- (b) líon na bhformhuinithe lena bhfianáítear aitheantas arna eisiúint i dtaca le deimhnithe inniúlachta, nó deimhnithe oilteachta arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialacháin V/1-1 agus V/1-2 de Choinbhinsiún STCW, arna n-eisiúint ag an tríú tír;
- (c) líon na n-institiúidí oideachais agus oiliúna muirí arna gcreidiúnú ag an tríú tír;
- (d) líon na gclár um oiliúint agus um fhorbairt ghairmiúil maraithe arna bhformheas ag an tríú tír;
- (e) dáta an mheasúnaithe is déanaí ón gCoimisiún ar an tríú tír agus líon na n-easpaí i bpróisis rithabhachtacha a aithníodh le linn an mheasúnaithe sin;
- (f) athrú suntasach ar bith i gcóras oiliúna agus deimhniúcháin muirí na tríú tíre;
- (g) líon foriomlán na maraithe arna ndeimhniú ag an tríú tír, atá ag fónamh ar longa a bhfuil bratacha na mBallstát ar foluain orthu agus leibhéal oiliúna agus cáilíochtaí na maraithe sin;
- (h) faisnéis maidir le caighdeán oideachais agus oiliúna sa tríú tír arna soláthar ag aon údarás lena mbaineann nó geallsealbhóirí eile, má tá sí ar fáil.

I gcás nach gcomhlíonann tríú tír ceanglais Choinbhinsiún STCW i gcomhréir le hAirteagal 20 den Treoir seo, tabharfar tús áite don athmheasúnú ar an tríú tír sin le hais na dtríú tíortha eile.”

(10) In Airteagal 25a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn V a chur in iúl don Choimisiún chun críocha Airteagal 20(8) agus Airteagal 21(2) agus le gur féidir leis na Ballstáit agus an Coimisiún í a úsáid i gcomhair ceapadh beartas.”

- (11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

“Airteagal 26

Tuarascáil mheastóireachta

Tráth nach déanaí ná an 2 Lúnasa 2024, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle tuarascáil mheastóireachta, lena n-áireofar moltaí i ndáil le gníomhartha leantacha a bheidh le déanamh i bhfianaise na meastóireachta sin. Sa tuarascáil mheastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún anailís ar chur chun feidhme na scéime maidir le haitheantas frithpháirteach do dheimhnithe maraíthe arna n-eisiúint ag na Ballstáit, agus ar aon fhorbairtí maidir le deimhnithe digiteacha do mharaíthe ar an leibhéal idirnáisiúnta. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht freisin ar aon fhorbairtí i ndáil le breithniú na nDioplómaí Eorpacha Barr Feabhais Muirí amach anseo, agus na moltaí ó na comhpháirtithe sóisialta mar bhonn aige.”

- (12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

“Airteagal 27

Leasuithe

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 27a, lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo agus na forálacha gaolmhara den Treoir seo d’fhonn an Iarscríbhinn sin agus na forálacha sin a ailíniú leis na leasuithe ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 27a, lena leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir seo maidir le hábhar sonracha ábhartha agus sonraí sonracha ábhartha na faisnéise is gá do na Ballstáit a thuairisciú ar an gcoinníoll nach bhfuil i gceist leis na gníomhartha sin ach na leasuithe ar Choinbhinsiún STCW agus ar Chuid A de Chód STCW a chur san áireamh agus na coimircí do chosaint sonraí a urramú. Ní athróidh na gníomhartha tarmligthe sin na forálacha maidir le hanaithnidiú sonraí a leagtar amach in Airteagal 25a(3).”.

- (13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27a:

“Airteagal 27a

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(13) agus in Airteagal 27, a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 1 Lúnasa 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(13) agus Airteagal 27 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraíthe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúitídeach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(13) agus Airteagal 27 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”.

- (14) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/106/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2***Aisghairm**

Aisghairtear Treoir 2005/45/CE.

*Airteagal 3***Trasú**

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 2 Lúnasa 2021. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar an tagairt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhórlacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5***Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/106/CE, leasaítear Caibidil V mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Rialachán V/2:

“Rialachán V/2

Íoscheanglais éigeantacha maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí máistrí, oifigeach, aicmeach cabhlaigh agus pearsanra eile ar longa paisinéirí

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le máistrí, oifigigh, aicmigh chabhlaigh agus pearsanra eile atá ag fónamh ar bord longa paisinéirí i mbun turais idirnáisiúnta. Déanfaidh na Ballstáit infheidhmeacht na gceanglas sin a chinneadh maidir le pearsanra atá ag fónamh ar longa paisinéirí i mbun turais intíre.
2. Sula sannfar dualgais ar bord loinge dóibh, déanfaidh gach duine atá ag fónamh ar long paisinéirí ceanglais Roinn A-VI/1, mír 1 de Chód STCW a chomhlíonadh.
3. Máistrí, oifigigh, aicmigh chabhlaigh agus pearsanra eile atá ag fónamh ar bord longa paisinéirí, críochnóidh siad an tréimhse oiliúna agus taithíochta a cheanglaítear le mír 5 go 9 thíos, i gcomhréir lena gcumas, lena ndualgais agus lena bhfreagrachtaí.
4. Máistrí, oifigigh, aicmigh chabhlaigh agus pearsanra eile, a gceanglaítear oiliúint a chur orthu i gcomhréir le mír 7 go mír 9 thíos, rachaidh siad faoi oiliúint athnuachana iomchuí, ag eatramh nach faide ná 5 bliana, nó ceanglófar orthu fianaise a sholáthar gur bhain siad amach an caighdeán riachtanach inniúlachta laistigh de na 5 bliana roimhe sin.
5. Pearsanra atá ag fónamh ar bord longa paisinéirí, críochnóidh siad taithíocht éigeandála maidir le longa paisinéirí is iomchuí dá gcumas, dá ndualgais agus dá bhfreagrachtaí, mar a shonraítear i Roinn A-V/2, mír 1 de Chód STCW.
6. Pearsanra a bhíonn ag fónamh go díreach ar phaisinéirí i spásanna paisinéirí ar bord longa paisinéirí, críochnóidh siad an oiliúint sábháilteachta a shonraítear i Roinn A-V/2, mír 2 de Chód STCW.
7. Máistrí, oifigigh, aicmigh chabhlaigh atá cáilithe i gcomhréir le Caibidlí II, III agus VII den Iarscríbhinn seo agus pearsanra eile atá ainmnithe ar an liosta tionóil maidir le cúnamh a thabhairt do phaisinéirí i gcásanna éigeandála ar bord longa paisinéirí, críochnóidh siad oiliúint maidir le bainistíocht sluaite ar longa paisinéirí mar a shonraítear i Roinn A-V/2, mír 3 de Chód STCW.
8. Máistrí, príomhoifigigh innealtóireachta, príomh-mhátaí, dara hoifigigh innealtóireachta agus aon duine a ainmnítear ar an liosta tionóil mar dhuine a bhfuil freagracht air i leith shábháilteacht na bpaisinéirí i gcásanna éigeandála ar bord longa paisinéirí, críochnóidh siad oiliúint fhormheasta i mbainistíocht ghéarchéime agus iompraíocht daoine mar a shonraítear i Roinn A-V/2, mír 4 de Chód STCW.
9. Máistrí, príomhoifigigh innealtóireachta, príomh-mhátaí, dara hoifigigh innealtóireachta agus aon duine a sanntar freagracht láithreach air maidir le paisinéirí a chur ar bord agus a thabhairt ó bhord, lastas a luchtú, a dhíluchtú nó a cheangal isteach, nó oscailtí i gcabhlacha a dhúnadh ar bord longa paisinéirí róró, críochnóidh siad oiliúint fhormheasta maidir le sábháilteacht paisinéirí, sábháilteacht lastais agus sláine cabhlach mar a shonraítear i Roinn A-V/2, mír 5 de Chód STCW.
10. Áiríteoidh na Ballstáit go n-eiseofar fianaise dhoiciméadach ar an oiliúint a críochnaíodh chuig gach duine a chinntear a bheith cáilithe i gcomhréir le mír 6 go 9 den Rialachán seo.”

(2) Cuirtear na Rialacháin seo a leanas léi:

“Rialachán V/3

Íoscheanglais éigeantacha maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí máistrí, oifigeach, aicmeach cabhlaigh agus pearsanra eile ar longa atá faoi réir Chód IGF

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le máistrí, oifigigh, aicmigh chabhlaigh agus pearsanra eile atá ag fónamh ar bord longa atá faoi réir Chód IGF.

2. Sula sannfar dualgais do mharaithe ar bord longa atá faoi réir Chód IGF, beidh an oiliúint a cheanglaítear le mír 4 go 9 thíos críochnaithe acu, i gcomhréir lena gcumas, lena ndualgais agus lena bhfreagrachtaí.
3. Gach maraí a bheidh ag fónamh ar bhord longa atá faoi réir Chód IGF, cuirfear oiliúint iomchuí taithíochta loinge agus trealamh-shonraí air, mar a shonraítear i bpointe (d) d'Airteagal 14(1) den Treoir seo, sula sannfar dualgais ar bord loinge dó.
4. Maraithe atá freagrach as dualgais sábháilteachta ainmnithe a bhaineann le haire, úsáid agus práinnfhreagairt maidir le breosla ar bord longa atá faoi réir Chód IGF, beidh deimhniú bunoilúna acu le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF.
5. Gach iarrthóir ar dheimhniú bunoilúna le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF, beidh an tréimhse bunoilúna críochnaithe aige i gcomhréir le forálacha Roinn A-V/3, mír 1, de Chód STCW.
6. Maraithe atá freagrach as dualgais sábháilteachta ainmnithe a bhaineann le haire, úsáid agus práinnfhreagairt maidir le breosla ar bord longa atá faoi réir Chód IGF agus atá cáilithe agus deimhnithe i gcomhréir le Rialachán V/1-2, mír 2 agus 5, nó Rialachán V/1-2, mír 4 agus 5 maidir le tancaeir gháis leachtaithe, measfar go bhfuil na ceanglais comhlíonta acu a shonraítear i Roinn A-V/3, mír 1, de Chód STCW i ndáil le bunoilúint le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF..
7. Máistrí, oifigigh innealtóireachta agus pearsanra uile a bhfuil freagracht láithreach orthu i dtaobh aire agus úsáid breoslaí agus córais breosla ar longa atá faoi réir Chód IGF, beidh deimhniú ardoilúna acu le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF.
8. Agus an deimhniú oilteachta dá ndéantar cur síos air i mír 4 aige, beidh na nithe seo a leanas déanta ag gach iarrthóir ar dheimhniú ardoilúna le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF:
 - 8.1. ardoilúint fhormheasta críochnaithe le haghaidh fónamh ar longa atá faoi réir Chód IGF agus caighdeán inniúlachta á chomhlíonadh mar a shonraítear i Roinn A-V/3, mír 2, de Chód STCW; agus
 - 8.2. fónamh formheasta mí amháin ar a laghad ar farraige a bheith críochnaithe aige lena n-áirítear ar a laghad trí oibríocht bhuncaireachta ar bord longa atá faoi réir Chód IGF. Féadfar oiliúint ionsamhlóra fhormheasta a dhéanamh in ionad dhá cheann de na trí oibríocht bhuncaireachta mar chuid den oiliúint i mír 8.1 thuas.
9. Máistrí, oifigigh innealtóireachta agus aon duine a bhfuil freagracht láithreach air maidir le haire agus úsáid breosla ar longa atá faoi réir Chód IGF agus atá cáilithe agus deimhnithe i gcomhréir leis na caighdeáin inniúlachta a shonraítear i Roinn A-V/1-2, mír 2 de Chód STCW i ndáil le fónamh ar thancaeir gháis leachtaithe, measfar go bhfuil na ceanglais a shonraítear i Roinn A-V/3, mír 2, de Chód STCW i ndáil le hardoilúint le haghaidh longa atá faoi réir Chód IGF, measfar go bhfuil na ceanglais sin comhlíonta acu, ar choinníoll go bhfuil na nithe seo a leanas déanta acu freisin:
 - 9.1. go bhfuil na ceanglais a luaitear i mír 6 comhlíonta acu;
 - 9.2. go bhfuil na ceanglais maidir le buncaireacht a luaitear i mír 8.2 comhlíonta acu nó gur ghlac siad páirt i dtír chinn d'oibríochtaí lastais ar bord an tancaeir gháis leachtaithe; agus
 - 9.3. go bhfuil fónamh ar farraige trí mhí críochnaithe aige le linn na 5 bliana roimhe sin ar bord:
 - 9.3.1. longa atá faoi réir Chód IGF;
 - 9.3.2. tancaeir a bhfuil breoslaí cuimsithe faoi Chód IGF a n-iompar mar lastas acu; nó
 - 9.3.3. longa a úsáideann gáis nó breosla íseal-splanphointe mar bhreosla.
10. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar deimhniú oilteachta chuig maraithe atá cáilithe i gcomhréir le mír 4 nó 7, de réir mar is iomchuí.
11. Maraithe a bhfuil deimhniú oilteachta acu i gcomhréir le mír 4 nó 7 thuas, rachaidh siad faoi oiliúint athnuachana iomchuí ag eatraimh nach faide ná 5 bliana, nó ceanglófar orthu fianaise a sholáthar gur bhain siad amach an caighdeán riachtanach inniúlachta laistigh de na 5 bliana roimhe sin.

*Rialachán V/4***Íoscheanglais éigeantacha maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí máistrí agus oifigeach deice ar longa a oibríonn in uiscí polacha**

1. Máistrí, príomh-mhataí agus oifigigh atá i bhfeighil faireachán loingseoireachta ar longa a oibríonn in uiscí polacha, beidh deimhniú bunoiúna le haghaidh longa a oibríonn in uiscí polacha acu, mar a cheanglaítear leis an gCód Polach.
2. Gach iarrthóir ar dheimhniú bunoiúna le haghaidh longa a oibríonn in uiscí polacha, beidh cúrsa bunoiúna formheasta le haghaidh longa a oibríonn in uiscí polacha críochnaithe aige agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta a shonraítear i Roinn A-V4, mír 1 de Chód STCW.
3. Máistrí agus príomh-mhataí ar longa a oibríonn in uiscí polacha, beidh deimhniú ardoiliúna acu le haghaidh fónamh ar longa a oibríonn in uiscí polacha, mar a cheanglaítear leis an gCód Polach.
4. I gcás gach iarrthóra ar dheimhniú ardoiliúna le haghaidh longa a oibríonn in uiscí polacha:
 - 4.1. beidh na ceanglais maidir le deimhniú bunoiúna le haghaidh longa in uiscí polacha comhlíonta aige;
 - 4.2. beidh fónamh formheasta ar farraige 2 mhí ar a laghad curtha isteach aige, sa roinn deice, ar an leibhéal bainistíochta nó i mbun dualgais faireacháin ar an leibhéal oibríochtúil, laistigh d'uiscí polacha nó i mbun fónamh farraige formheasta coibhéiseach eile; agus
 - 4.3. beidh ardoiliúint fhormheasta críochnaithe aige le haghaidh fónamh ar longa a oibríonn in uiscí polacha agus comhlíonfaidh sé an caighdeán inniúlachta mar a shonraítear i Roinn A-V/4, mír 2 de Chód STCW.
5. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go n-eiseofar deimhniú oilteachta chuig maraithe atá cáilithe i gcomhréir le mír 2 nó 4, de réir mar is iomchuí.
6. Go dtí an 1 Iúil 2020, maraithe a thosaigh ar fhónamh formheasta farraige in uiscí polacha roimh an 1 Iúil 2018, féadfaidh siad a shuíomh go gcomhlíonann siad ceanglais mhír 2 tríd an méid seo a leanas:
 - 6.1. fónamh formheasta ar farraige a bheith críochnaithe acu ar bord long a oibríonn in uiscí polacha nó fónamh formheasta coibhéiseach ar farraige, dualgais a chomhlíonadh sa roinn deice ar an leibhéal oibríochtúil nó ar an leibhéal bainistíochta, ar feadh tréimhse trí mhí san iomlán ar a laghad i rith na 5 bliana roimhe sin; nó
 - 6.2. cúrsa oiliúna a bheith críochnaithe go rathúil acu, ar cúrsa é a eagraítear i gcomhréir leis an treoir oiliúna arna bunú ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta maidir le longa a oibríonn in uiscí polacha.
7. Go dtí an 1 Iúil 2020, maraithe a thosaigh ar fhónamh formheasta farraige in uiscí polacha roimh an 1 Iúil 2018, féadfaidh siad a shuíomh go gcomhlíonann siad ceanglais mhír 4 trí:
 - 7.1. fónamh formheasta ar farraige a bheith críochnaithe acu ar bord long a oibríonn in uiscí polacha nó fónamh formheasta coibhéiseach ar farraige, dualgais a chomhlíonadh sa roinn deice ar an leibhéal oibríochtúil nó ar an leibhéal bainistíochta, ar feadh tréimhse 3 mhí san iomlán ar a laghad i rith na 5 bliana roimhe sin; nó
 - 7.2. cúrsa oiliúna a bheith críochnaithe go rathúil acu a chomhlíonann an treoir oiliúna arna bunú ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le haghaidh longa a oibríonn in uiscí polacha agus fónamh formheasta ar farraige a bheith críochnaithe ar bord long a oibríonn in uiscí polacha nó fónamh formheasta coibhéiseach ar farraige, dualgais a chomhlíonadh sa roinn deice ar an leibhéal oibríochtúil nó ar an leibhéal bainistíochta, ar feadh tréimhse 3 mhí san iomlán ar a laghad i rith na 5 bliana roimhe sin.”.

TREOIR (AE) 2019/1160 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 20 Meitheamh 2019****Iena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE a mhéid a bhaineann le dáileadh trasteorann gnóthas comhinfheistíochta****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Áirítear ar chomhchuspóirí de chuid Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus de chuid Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ cothroime iomaíochta a áirithiú i measc gnóthais chomhinfheistíochta agus deireadh a chur le srianta le saorghluaiseacht aonad agus scaireanna gnóthas comhinfheistíochta san Aontas, agus ag an am céanna a áirithiú go mbeidh cosaint níos aonfhoirmí ann d'infheisteoirí. Cé gur baineadh na cuspóirí sin amach den chuid is mó, cuireann bacainní áirithe isteach ar chumas bainisteoirí cistí tairbhe iomlán a bhaint as an margadh inmheánach fós.
- (2) Is comhlánú ar an Treoir seo é Rialachán (AE) 2019/1156 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾. Leis an Rialachán sin, leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) agus bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna). Ba cheart na coinníollacha le haghaidh bainisteoirí cistí atá i mbun oibríochta sa mhargadh inmheánach a chomhordú a thuilleadh agus dáileadh trasteorann na gcistí atá á mbainistiú acu a éascú leis an Rialachán sin agus an Treoir seo le chéile.
- (3) Is gá an bhearna rialála a líonadh agus an nós imeachta um fhógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi athruithe maidir le GCUInna a ailíniú leis an nós imeachta um fhógra a thabhairt a leagtar síos i dTreoir 2011/61/AE.
- (4) Le Rialachán (AE) 2019/1156 neartaítear a thuilleadh na prionsabail is infheidhme maidir le teachtaireachtaí margaithe a rialaítear le Treoir 2009/65/CE agus leathnaítear cur i bhfeidhm na bprionsabal sin chun BCIManna a chumhdach, rud a mbeidh ardleibhéal cosanta infheisteoirí mar thoradh air, gan beann ar an gcineál infheisteora. Dá bhrí sin, níl aon ghá a thuilleadh leis na forálacha comhfhreagracha i dTreoir 2009/65/CE maidir le teachtaireachtaí margaithe agus inrochtaineacht dlíthe agus rialachán náisiúnta atá ábhartha maidir leis an socrú i dtaca le haonaid de chuid GCUInna a mhargú, agus ba cheart iad a scríosadh.
- (5) Tá sé léirithe go mbaineann ualach trom leis na forálacha i dTreoir 2009/65/CE, lena gceanglaítear ar GCUInna saoráidí a chur ar fáil d'infheisteoirí, faoi mar atá siad curtha chun feidhme ag córais náisiúnta dlí áirithe. Sa bhreis air sin, is annamh a úsáideann infheisteoirí saoráidí áitiúla ar an mbealach a beartaíodh sa Treoir sin. Is é

⁽¹⁾ IO C 367, 10.10.2018, lch. 50.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2019.

⁽³⁾ Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

⁽⁴⁾ Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2019/1156 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena n-éascaítear dáileadh trasteorann gnóthas comhinfheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 345/2013, (AE) Uimh. 346/2013 agus (AE) Uimh. 1286/2014 (Féach leathanach 55 den Iris Oifigiúil seo).

an t-idirghníomhú díreach idir infheisteoirí agus bainisteoirí cistí, bíodh sin go leictreonach nó ar an nguthán, an modh cumarsáide is fearr anois, cé go ndéantar íocaíochtaí agus fuascailtí a fhorghníomhú ar bhealaí eile. Cé go n-úsáidtear na saoráidí áitiúla sin chun críocha riaracháin faoi láthair, amhail aisghabháil trasteorann táillí rialála, ba cheart aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna den chineál sin ar mhodhanna eile, comhar idir údaráis inniúla san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha a bhunú lena nuachóireofar agus lena sonrú na ceanglais a bhaineann le saoráidí a chur ar fáil d'infheisteoirí miondíola, agus níor cheart do na Ballstáit láithreach fhísiciúil áitiúil a éileamh chun saoráidí den chineál sin a sholáthar. I gcás ar bith, ba cheart a áirithiú leis na rialacha sin go mbeidh rochtain ag infheisteoirí ar an bhfaisnéis a bhfuil siad ina teideal.

- (6) Chun a áirithiú go gcaithfear go comhsheasmhach le hinfeisteoirí miondíola, is gá na ceanglais a bhaineann le saoráidí a chur i bhfeidhm freisin ar BCIManna i gcásanna ina gceadóidh Ballstáit dóibh aonaid nó scaireanna de chuid chistí infheistíochta malartacha (CIManna) a mhargú le hinfeisteoirí miondíola ina gcóir féin.
- (7) In éagmais coinníollacha soiléire agus aonfhoirmeacha le haghaidh margú aonaid nó scaireanna de chuid GCUÍ nó CIM i mBallstát óstach a scor, cruthaítear éiginnteacht eacnamaíoch agus dhlíthiúil do bhainisteoirí cistí. Dá bhrí sin, ba cheart go leagfaí amach le Treoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE coinníollacha soiléire faoina bhféadfaí fógraí a chur ar ceal i dtaca leis na socruithe arna ndéanamh maidir le cuid de na haonaid nó na scaireanna nó iad uile a mhargú. Ba cheart go mbeadh cothromaíocht sna coinníollacha sin idir, ar thaobh amháin, cumas gnóthas comhinfeistíochta nó a mbainisteoirí a socruithe arna ndéanamh chun scaireanna nó aonaid a mhargú a scor nuair a chomhlíonfar na coinníollacha bunaithe agus, ar an taobh eile, leasanna infheisteoirí sna gnóthais sin.
- (8) Maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur le margú GCUInna nó CIManna i mBallstát áirithe, níor cheart costas a bheith ar infheisteoirí dá barr ná níor cheart a gcoimirí faoi Threoir 2009/65/CE nó Treoir 2011/61/AE a bheith níos lú dá barr, go háirithe i dtaca lena gceart rochtana ar fhaisnéis chruinn faoi ghníomhaíochtaí na gcistí sin atá ar siúl i gcónaí.
- (9) Tá cásanna ann inar mian le BCIM suim infheisteoirí i smaoinemh nó i straitéis infheistíochta ar leith a thástáil ach nach mór dó dul i ngleic le cineálacha éagsúla láimhseála réamh-mhargaithe i gcórais náisiúnta dlí éagsúla. Maidir le sainiú an réamh-mhargaithe agus na coinníollacha faoina gceadaítear é, tá éagsúlacht nach beag ann idir na Ballstáit sin ina gceadaítear é, ach i mBallstáit eile, níl coincheap an réamh-mhargaithe ann in aon chor. Chun dul i ngleic leis na héagsúlachtaí sin, ba cheart sainmhíniú comhchuibhithe ar réamh-mhargú a chur ar fáil agus ba cheart na coinníollacha faoinar féidir le BCIM AE páirt a ghlacadh i réamh-mhargú a bhunú.
- (10) Chun go n-aithneofar gníomhaíocht mar réamh-mhargú faoi Threoir 2011/61/AE, ba cheart a dhírú ar infheisteoirí gairmiúla ionchasacha agus ba cheart baint a bheith aige le smaoinemh infheistíochta nó straitéis infheistíochta chun a suim in CIM nó i ndeighleog nach bhfuil bunaithe fós a thástáil, nó atá bunaithe ach nár tugadh fógra faoina mhargú go fóill i gcomhréir leis an Treoir sinn. Dá réir sin, le linn an réamh-mhargaithe, níor cheart go bhféadfadh infheisteoirí suibscríobh d'aonaid nó scaireanna CIM, agus níor cheart go gceadófaí dáileadh foirmeacha suibscríbhíne nó doiciméid chomhchosúla ar infheisteoirí gairmiúla ionchasacha, i ndréachtfhoirm nó i bhfoirm dheiridh. Ba cheart do BCIManna AE a áirithiú nach bhfaighidh infheisteoirí aonaid ná scaireanna in CIM trí réamh-mhargú agus nach féidir le hinfeisteoirí a dtéitear i dteagmháil leo mar chuid de réamh-mhargú aonaid ná scaireanna a fháil sa CIM sin ach amháin tríd an margú a cheadaítear faoi Threoir 2011/61/AE.

Ba cheart a mheas gur de thoradh an mhargaithe aon suibscríobh ag infheisteoirí gairmiúla, laistigh de 18 mí tar éis don BCIM AE tús a chur le réamh-mhargú, le haonaid nó scaireanna CIM dá dtagraítear san fhaisnéis a soláthraíodh i gcomhthéacs an réamh-mhargaithe, nó aon CIM arna bhunú de thoradh an réamh-mhargaithe, agus ba cheart iad a mheas a bheith faoi réir na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt dá dtagraítear i dTreoir 2011/61/AE. Chun a áirithiú gur féidir le húdaráis inniúla náisiúnta smacht ar réamh-mhargú ina mBallstát a fheidhmiú, ba cheart do BCIM AE litir neamhfhoirmiúil a sheoladh, taobh istigh de choicís ó thús a chur leis an réamh-mhargú, i bhfoirm páipéir nó go leictreonach, chuig údaráis inniúla a Bhallstáit baile, ina sonrúfar inter alia cad iad na Ballstáit ina gcuireann nó inar chuir sé réamh-mhargú ar bun, na tréimhsí ina bhfuil an réamh-mhargú ag tarlú nó inar tharla sé, agus lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, liosta a CIManna agus deighleoga CIManna atá nó a bhí mar ábhair an réamh-mhargaithe. Ba cheart d'údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM AE údaráis inniúla na mBallstát ina bhfuil nó ina raibh réamh-mhargú orthu sin curtha ar bun ag an BCIM AE a chur ar an eolas go pras.

- (11) Ba cheart do BCIManna AE a áirithiú go ndéanfar doiciméadú leordhóthanach ar a réamh-mhargú.
- (12) Níor cheart míbhuntáiste i gcaoi ar bith a bheith ann i gcomhair BCIManna AE *vis-à-vis* BCIManna neamh-AE mar thoradh ar dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a bhfuil gá leo chun Treoir 2011/61/AE a chomhlíonadh agus, go háirithe, chun rialacha comhchuibhithe maidir le réamh-mhargú a chomhlíonadh. Baineann sé sin leis an gcás reatha, nach bhfuil cearta i dtaca le nós imeachta an phas ag BCIManna neamh-AE ann, agus cás ina mbíonn feidhm ag na forálacha maidir le nós imeachta sin an phas atá i dTreoir 2011/61/AE.

- (13) Chun cinnteacht dhlíthiúil a áirithiú, is gá sioncrónú a dhéanamh ar dhátaí chur i bhfeidhm dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo agus Rialachán (AE) 2019/1156 chun feidhme a mhéid a bhaineann le forálacha ábhartha maidir le teachtaireachtaí margaithe agus réamh-mhargú.
- (14) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin ⁽⁶⁾, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/65/CE

Leasaítear Treoir 2009/65/CE mar seo a leanas:

- (1) in Airteagal 17(8), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

“I gcás, de bhun athrú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach gcomhlíonadh an chuideachta bhainistíochta an Treoir seo a thuilleadh, cuirfidh údarás inniúla Bhallstát baile na cuideachta bainistíochta in iúl don chuideachta bhainistíochta, faoi cheann 15 lá oibre tar éis dóibh an fhaisnéis uile dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil nach bhfuil an t-athrú sin le cur chun feidhme aici. Sa chás sin, cuirfidh údarás inniúla Bhallstát baile na cuideachta bainistíochta údarás inniúla Bhallstát óstach na cuideachta bainistíochta ar an eolas dá réir sin.

I gcás ina gcuirtear athrú dá dtagraítear sa chéad fhomhír tar éis faisnéis a bheith tarchurtha i gcomhréir leis an dara fhomhír agus nach mbeadh an chuideachta bhainistíochta ag comhlíonadh na Treorach seo a thuilleadh dá bhun an athraithe sin, glacfaidh údarás inniúla Bhallstát baile na cuideachta bainistíochta gach beart iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 98 agus tabharfaidh siad fógra d’údarás inniúla Bhallstát óstach na cuideachta bainistíochta gan aon mhoill mhíchúí faoi na bearta arna ndéanamh.”;

- (2) scriostar Airteagal 77;
- (3) in Airteagal 91, scriostar mír 3;
- (4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 92:

“Airteagal 92

1. I ngach Ballstát ina bhfuil sé i gceist ag GCUI aonaid a mhargú, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an GCUI saoráidí ar fáil chun na cúraimí seo a leanas a dhéanamh:

- (a) orduithe um shuibscríobh, athcheannach agus fuascailt a phróiseáil agus íocaíochtaí eile do shealbhóirí aonad a dhéanamh a bhaineann le haonaid an GCUI, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sna doiciméid is gá de bhun Chaibidil IX;
- (b) faisnéis a chur ar fáil d’infheisteoirí faoi conas is féidir orduithe dá dtagraítear i bpointe (a) a dhéanamh agus conas a íoctar fáiltais athcheannaigh agus fuascailte;
- (c) láimhseáil faisnéise agus rochtain ar nósanna imeachta agus socruithe dá dtagraítear in Airteagal 15 a bhaineann le feidhmiú a gceart ag infheisteoirí a eascaríonn as a n-infheistíocht sa GCUI sa Bhallstát ina bhfuil an GCUI á mhargú, a éascú;
- (d) an fhaisnéis agus na doiciméid is gá de bhun Chaibidil IX a chur ar fáil d’infheisteoirí faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 94, chun críocha imscrúdú a dhéanamh orthu agus cóipeanna a fháil díobh;
- (e) faisnéis atá ábhartha maidir leis na cúraimí a dhéanann na saoráidí a chur ar fáil ar mheán marthanach d’infheisteoirí; agus
- (f) gníomhú mar phointe teagmhála chun cumarsáid a dhéanamh leis na húdarás inniúla.

⁽⁶⁾ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.”

2. Ní cheanglóidh na Ballstáit ar an GCUI láithreach fhisiciúil a bheith aige sa Bhallstát óstach nó riarthóir tríú páirtí a cheapadh chun críocha mhír 1.

3. Áiríteoidh an GCUI go gcuirfear na saoráidí ar fáil chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear go leictreonach, a dhéanamh:

- (a) i dteanga oifigiúil an Bhallstáit nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit inar margaidh an GCUI nó i dteanga a d'fhormheas údaráis inniúla an Bhallstáit sin;
- (b) ag an GCUI féin, ag tríú páirtí atá faoi réir rialacháin agus maoirseachta lena rialáitear na gcúraimí a bheidh le déanamh, nó iad araon.

Chun críocha phointe (b), i gcás ina mbeidh na cúraimí le déanamh ag tríú páirtí, tabharfar fianaise ar cheapadh an tríú páirtí le Conradh i scríbhinn ina sonrúfar cad iad na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 nach mbeidh le déanamh ag an GCUI agus ina sonrúfar go bhfaighidh an tríú páirtí an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha ar fad ón GCUI.”;

(5) leasaítear Airteagal 93 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

“Sa litir fógra áireofar freisin na sonraí is gá, lena n-áirítear an seoladh chun críocha sonrasctha, nó chun aon táillí nó muirir rialála is infheidhme ag údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh a chur in iúl agus faisnéis maidir leis na saoráidí chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 92(1) a dhéanamh.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. I gcás athrú ar an bhfaisnéis sa litir fógra a tólacadh i gcomhréir le mír 1, nó i gcás athrú ar an aicme scaireanna atá le margú, tabharfaidh an GCUI fógra i scríbhinn faoin athrú d'údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI agus Bhallstát óstach an GCUI mí amháin ar a laghad sula gcuirfear an t-athrú sin chun feidhme.

I gcás, de bhun athrú dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nach gcomhlíonadh an GCUI an Treoir seo a thuilleadh, cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI in iúl don GCUI, faoi cheann 15 lá oibre tar éis dóibh an fhaisnéis uile dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil nach bhfuil an t-athrú sin le cur chun feidhme aige. Sa chás sin, cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI fógra chuig údaráis inniúla Bhallstát óstach an GCUI dá réir sin.

I gcás ina gcuirfear athrú dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun feidhme tar éis faisnéis a tharchur i gcomhréir leis an dara fhomhír agus nach mbeidh an GCUI ag comhlíonadh na Treorach seo a thuilleadh de bhun an athraithe sin, glacfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI gach beart iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 98, lena n-áirítear, i gcás inar gá, an toirmeasc sainráite ar mhargú an GCUI agus cuirfidh siad fógra chuig údaráis inniúla Bhallstát óstach an GCUI gan aon mhoill mhíchúí maidir leis na bearta arna nglactha.”;

(6) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

“Airteagal 93a

1. Áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfaidh GCUI fógra a chur ar ceal maidir le socrúithe arna ndéanamh i gcomhair margú a mhéid a bhaineann le haonaid lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, maidir le haicme scaireanna i mBallstát a bhfuil fógra tugtha aige i ndáil leis i gcomhréir le hAirteagal 93, i gcás ina mbeidh na coinníollacha seo a leanas go léir comhlíonta:

- (a) maidir le gach aonad den sórt sin atá i seilbh infheisteoirí sa Bhallstát sin, déanfar iltairiscint chun iad a athcheannach nó a fhuascailt, saor ó aon mhuirir nó asbhaintí, a chur ar fáil go poiblí ar feadh 30 lá oibre ar a laghad agus cuirfear an iltairiscint, go díreach nó trí idirghabhálaithe airgeadais, chuig gach infheisteoir sa Bhallstát sin, duine ar dhuine, arb eol a gcéannacht;
- (b) maidir leis an rún i dtaca le socrúithe arna ndéanamh chun na haonaid sin a mhargú sa Bhallstát sin a fhoirceannadh, poibleofar é trí mheán atá ar fáil go poiblí, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha, ar gnách é a úsáid chun GCUI a mhargú agus atá oiriúnach do ghnáth-infheisteoir in GCUIInna;
- (c) maidir le haon socrúithe conarthacha le hidirghabhálaithe nó toscairí airgeadais, déanfar iad a mhodhnú nó a fhoirceannadh le héifeacht ón dáta a chuirfear an fógra ar ceal ionas go gcuirfear cosc le haon tairiscint nó láithriú nua nó breise, díreach nó indíreach, i leith na n-aonad a saináithnítear sa fógra dá dtagraítear i mír 2.

Leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), tabharfar cur síos soiléir ar na hiarmhairtí a bheidh ann d'infheisteoirí mura nglacfaidh siad leis an tairiscint a n-aonaid a fhuascailt nó a athcheannach.

Cuirfean an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír ar fáil i dteanga oifigiúil an Bhallstáit nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit a bhfuil fógra déanta ag GCUI ina leith i gcomhréir le hAirteagal 93 nó i dteanga a d'fhormheas údaráis inniúla an Bhallstáit sin. Ón dáta dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír ar aghaidh, déanfaidh an GCUI aon tairiscint nó láithriú nua nó breise, díreach nó indíreach, i leith a aonad a bhí faoi réir fógra a thabhairt a scor sa Bhallstát sin.

2. Déanfaidh an GCUI fógra a thíolacadh d'údaráis inniúla a Bhallstát baile ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1.

3. Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI a fhíorú an bhfuil an fógra a chuir an GCUI isteach i gcomhréir le mír 2 comhlánaithe ina iomláine. Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI, tráth nach déanaí ná 15 lá oibre ó fhógra iomlán a fháil an fógra sin a tharchur chuig údaráis inniúla an Bhallstáit a shainaitnítear san fhógra dá dtagraítear i mír 2, agus chuig ESMA.

Tar éis tharchur an fhógra de bhun na chéad fhomhíre, cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI an tarchur sin in iúl go pras don GCUI.

4. Déanfaidh an GCUI an fhaisnéis a éilítear faoi Airteagail 68 go 82 agus faoi Airteagal 94 a chur ar fáil d'infheisteoirí atá go fóill infheistithe sa GCUI mar aon le húdaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI.

5. Tarchuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an GCUI chuig údaráis inniúla an Bhallstáit a shainaitnítear san fhógra dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, faisnéis maidir le haon athrú ar na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 93(2).

6. Maidir le húdaráis inniúla an Bhallstáit a shainaitnítear san fhógra dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu a bheidh ag údaráis inniúla Bhallstát óstach an GCUI, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 21(2), Airteagal 97(3) agus Airteagal 108. Gan dochar do ghníomhaíochtaí faireacháin agus do chumhachtaí maoirseachta eile dá dtagraítear in Airteagal 21(2) agus in Airteagal 97, amhail ón dáta tarchurtha faoi mhír 5 den Airteagal seo, ní cheanglóidh údaráis inniúla an Bhallstáit a shainaitnítear san fhógra dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ar an GCUI lena mbaineann a léiriú go bhfuil dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin náisiúnta á gcomhlíonadh aige, lena rialáitear ceanglais margaithe dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/1156 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

7. Ceadóidh na Ballstáit úsáid aon mhodha leictreonaigh nó eile cianchumarsáide chun críocha mhír 4, ar choinníoll go mbeidh an fhaisnéis agus an modh cumarsáide ar fáil d'infheisteoirí i dteanga oifigiúil an Bhallstáit nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-infheisteoir lonnaithe nó i dteanga a d'fhormheas údaráis inniúla an Bhallstáit sin.

(* Rialachán (AE) 2019/1156 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena n-éascaítear dáileadh trasteorann gnóthas comhinfeistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013, (AE) Uimh. 346/2013 agus (AE) Uimh. 1286/2014 (IO L 188, 12.7.2019, lch. 55).;

(7) in Airteagal 95(1), scriostar pointe (a).

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir 2011/61/AE

Leasaítear Treoir 2011/61/AE mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(aea) ciallaíonn ‘réamh-mhargú’ soláthar díreach nó indíreach faisnéise nó cumarsáide, faoi straitéisí infheistíochta nó smaointe infheistíochta a dhéanann BCIM AE, nó a dhéantar thar a cheann, d'infheisteoirí gairmiúla ionchasacha a bhfuil sainchónaí orthu san Aontas nó a bhfuil oifig chláráithe acu san Aontas d'fhonn a suim in CIM nó i ndeighleog, nach bhfuil bunaithe fós, nó atá bunaithe, ach nár tugadh fógra faoina mhargú go fóill i gcomhréir le hAirteagal 31 nó le hAirteagal 32, a thástáil, sa Bhallstát sin ina bhfuil sainchónaí ar na hinfeisteoirí ionchasacha nó ina bhfuil a n-oifig chláráithe, agus i ngach cás, nach tairiscint ná láithriú don infheisteoir ionchasach é go ndéanfadh sé infheistíocht i n-aonaid nó i scaireanna den CIM sin nó den urrann sin.”;

(2) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach ag tús Chaibidil VI:

“Airteagal 30a

Coinníollacha maidir le réamh-mhargú san Aontas ag BCIM AE

1. Áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfaidh BCIM AE údaraithe páirt a ghlacadh i réamh-mhargú san Aontas, ach amháin i gcás ina mbaineann an méid seo a leanas leis an bhfaisnéis arna cur i láthair d’infheisteoirí gairmiúla féideartha:

- (a) go bhfuil sí leordhóthanach le cur ar chumas infheisteoirí gealltanais a thabhairt aonaid nó scaireanna de CIM ar leith a fháil;
- (b) is ionann í agus foirmeacha síntiúis nó doiciméid chomhchosúla i ndrúachtfhoirm nó i bhfoirm chríochnúil; nó
- (c) is ionann í agus doiciméid bhunreachtúla, réamheolaire nó doiciméid tairisceana le haghaidh CIM nach bhfuil bunaithe fós i bhfoirm chríochnúil.

I gcás ina gcuirtear dréacht-réamheolaire nó doiciméid tairisceana ar fáil, ní chuimseofar iontu an fhaisnéis leordhóthanach chun go gcuirfead ar chumas infheisteoirí cinneadh infheistíochta a dhéanamh agus luafar go soiléir an méid seo a leanas:

- (a) ní hionann iad agus tairiscint nó cuireadh suibscríobh leis na haonaid nó na scaireanna de chuid CIM; agus
- (b) níor cheart a bheith ag brath ar an bhfaisnéis atá iontu ós rud é gur faisnéis neamhiomlán í agus d’fhéadfadh go dtiocfadh athrú uirthi.

Áiríteoidh na Ballstáit nach mbeidh ceangal ar BCIM AE fógra a thabhairt d’údaráis inniúla maidir le hinneachar nó le seolaithe an réamh-mhargaithe, ná aon choinníollacha nó ceanglais a chomhlíonadh seachas iadsan a leagtar amach san Airteagal seo, sula dtugann sé faoin réamh-mhargú.

2. Áiríteoidh BCManna AE nach bhfaighidh infheisteoirí aonaid ná scaireanna in CIM trí réamh-mhargú agus nach bhfaighidh infheisteoirí a dtéitear i dteagmháil leo mar chuid de réamh-mhargú aonaid ná scaireanna sa CIM sin ach amháin faoin margú a cheadaítear faoi Airteagal 31 nó faoi Airteagal 32.

Measfar gur de thoradh an mhargaithe aon suibscríbhinn ag infheisteoirí gairmiúla, laistigh de 18 mí tar éis don BCIM AE tús a chur le réamh-mhargú, le haonaid nó scaireanna CIM dá dtagraítear san fhaisnéis a soláthraíodh i gcomhthéacs an réamh-mhargaithe, nó CIM arna bhunú de thoradh an réamh-mhargaithe, agus beidh siad faoi réir an nós imeachta um fhógra a thabhairt is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 31 agus 32.

Áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfidh BCIM AE, laistigh de 2 sheachtain tar éis dó tús a chur leis an réamh-mhargú, litir neamhhoirmiúil, i bhfoirm páipéir nó trí mheáin leictreonacha, chuig údaráis inniúla a Bhallstáit baile. Sonrófar sa litir sin na Ballstáit inar tharla an réamh-mhargú agus na tréimhsí ina bhfuil sé ag tarlú nó ina tharla sé, cur síos gairid ar an réamh-mhargú lena n-áirítear faisnéis maidir le straitéisí infheistíochta a cuireadh i láthair agus, i gcás inarb ábhartha, liosta de na CIManna agus d’urranna na CIManna ar iadsan nó arbh iadsan ábhar an réamh-mhargaithe. Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM AE údaráis inniúla na mBallstát ina bhfuil nó ina raibh réamh-mhargú curtha ar bun ag an BCIM AE ar an eolas go pras. Féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstát ina dtarlaíonn nó inar tharla an réamh-mhargú a iarraidh go gcuirfeadh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM AE faisnéis bhreise ar fáil maidir leis an réamh-mhargú atá ag tarlú nó a tharla ina chríochnú.

3. Ní rachaidh tríú páirtí i mbun réamh-mhargú thar ceann BCIM AE údaraithe ach amháin i gcás ina bhfuil sé údaraithe mar ghnólacht infheistíochta i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), mar institiúid chreidmheasa i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), mar chuideachta bhainistíochta GCUÍ i gcomhréir le Treoir 2009/65/CE, mar BCIM i gcomhréir leis an Treoir seo, nó i gcás ina ngníomhaíonn sé i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE. Beidh tríú páirtí den sórt sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.

4. Áiríteoidh BCIM AE go ndéanfar doiciméadú leordhóthanach ar réamh-mhargú.

(*) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(**) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus mairseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).”;

- (3) in Airteagal 32(7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír, an tríú fómhír agus an ceathrú fómhír:

“Más rud é, de bhun athrú atá beartaithe, nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh a thuilleadh ag an mbainistiú a dhéanann an BCIM ar an CIM nó nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh a thuilleadh ag an BCIM ar shlí eile, cuirfidh údarás inniúla ábhartha Bhallstát baile an BCIM in iúl don BCIM faoi cheann 15 lá oibre tar éis dóibh an fhaisnéis uile dá dtagraítear sa chéad fómhír a fháil nach bhfuil an t-athrú le cur i bhfeidhm aige. Sa chás sin, cuirfidh údarás inniúla Bhallstát baile an BCIM fógra chuig údarás inniúla Bhallstát óstach an BCIM dá réir sin.

I gcás ina gcuirtear athrú atá beartaithe chun feidhme d’ainneoin na chéad fómhíre agus an dara fómhír, nó, de bhun athrú nach raibh beartaithe, nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh a thuilleadh ag an mbainistiú a dhéanann an BCIM ar an CIM nó nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh a thuilleadh ag an BCIM ar shlí eile, déanfaidh údarás inniúla Bhallstát baile an BCIM gach beart cuí i gcomhréir le hAirteagal 46, lena n-áirítear, más gá, toirmeasc sainráite ar mhargú an CIM agus tabharfaidh siad fógra dá réir sin d’údarás inniúla Bhallstát óstach an BCIM gan moill mhíchúí.

Mura ndéanfaidh na hathruithe difear don mhéid a chomhlíonann an bainistiú a dhéanann an BCIM ar an CIM an Treoir seo, nó don mhéid a chomhlíonann an BCIM an Treoir seo ar shlí eile, déanfaidh údarás inniúla Bhallstát baile an BCIM, laistigh de 1 mhí amháin, na hathruithe sin a chur in iúl d’údarás inniúla Bhallstát óstach an BCIM.”;

- (4) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

“Airteagal 32a

Fógra a chur ar ceal maidir le socruithe arna ndéanamh i gcomhair margú aonad nó scaireanna de roinnt CIManna AE nó iad go léir sna Ballstáit cé is moite de Bhallstát baile an BCIM

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh BCIM AE fógra a chur ar ceal maidir le socruithe arna ndéanamh i gcomhair margú i ndáil le haonaid nó scaireanna de roinnt dá CIManna nó díobh go léir i mBallstát a bhfuil fógra tugtha aige ina leith i gcomhréir le hAirteagal 32, i gcás ina bhfuil na coinníollacha seo a leanas go léir á comhlíonadh:

- (a) seachas i gcás na CIManna iata agus na gcistí a rialaítear le Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), déanfar iltairiscint chun gach aonad CIM den sórt sin, atá i seilbh infheisteoirí sa Bhallstát sin a athcheannach nó a fhuascailt, saor ó aon mhuirir nó asbhaintí, a chur ar fáil go poiblí ar feadh 30 lá oibre ar a laghad agus cuirfean an iltairiscint, go díreach nó trí idirghabhálaithe airgeadais, chuig gach infheisteoir sa Bhallstát sin, duine ar dhuine, arb eol a gcéannacht;
- (b) maidir leis an rún i dtaca le socruithe arna ndéanamh chun aonaid nó scaireanna de chuid dá CIManna nó iad go léir a mhargú sa Bhallstát sin a fhoirceannadh, poibleofar é trí mheán atá ar fáil go poiblí, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha, ar gnách é a úsáid chun CIManna a mhargú agus atá oiriúnach do ghnáth-infheisteoir in CIM;
- (c) maidir le haon socruithe conarthacha le hidirghabhálaithe nó toscairí airgeadais, déanfar iad a mhodhnú nó a fhoirceannadh le héifeacht ón dáta a chuirfean an fógra ar ceal ionas go gcuirfean cosc le haon tairiscint nó láithriú nua nó breise, díreach nó indíreach, i leith na n-aonad nó na scaireanna a sainaitnítear san fógra dá dtagraítear i mír 2.

Ón dáta dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fómhír ar aghaidh, déanfaidh an BCIM aon tairiscint nó láithriú nua nó breise, díreach nó indíreach, i leith aonaid nó scaireanna den CIM ar a ndéanann sé bainistiú a scor sa Bhallstát a bhfuil fógra tíolactha aige ina leith i gcomhréir le mír 2.

2. Déanfaidh an BCIM fógra a thíolacadh d’údarás inniúla a Bhallstáit baile ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fómhír de mhír 1.

3. Déanfaidh údarás inniúla Bhallstát baile an BCIM a fhíorú an bhfuil an fógra a chuir an BCIM isteach i gcomhréir le mír 2 comhlánaithe ina iomláine. Déanfaidh údarás inniúla Bhallstát baile an BCIM, tráth nach déanaí ná 15 lá oibre ó fhógra iomlán a fháil an fógra sin a tharchur chuig údarás inniúla an Bhallstáit a sainaitnítear sa fógra dá dtagraítear i mír 2, agus chuig ESMA.

Ar tharchur an fhógra de bhun na chéad fómhíre, cuirfidh údarás inniúla Bhallstát baile an BCIM an tarchur sin in iúl láithreach don BCIM.

Go ceann tréimhse 36 mhí ón dáta dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní chuirfidh an BCIM réamh-mhargú ar bun ar aonaid nó scaireanna na CIManna AE dá dtagraítear san fhógra, nó i ndáil le straitéisí infheistíochta nó smaointe infheistíochta comhchosúla, sa Bhallstát a saináithnítear sa fógra dá dtagraítear i mír 2.

4. Soláthróidh an BCIM an fhaisnéis a éilítear faoi Airteagal 22 agus faoi Airteagal 23 d'infheisteoirí atá fós infheistithe sa CIM AE mar aon le húdaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM.

5. Tarchuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM chuig údaráis inniúla an Bhallstáit a saináithnítear sa fógra dá dtagraítear i mír 2, faisnéis maidir le haon athrú ar an doiciméadacht agus an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (b) go (f) d'Iarscríbhinn IV.

6. Maidir le húdaráis inniúla an Bhallstáit a saináithnítear sa fógra dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu a bheidh ag údaráis inniúla Bhallstát óstach an BCIM, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 45.

7. Gan dochar do chumhachtaí maoirseachta eile dá dtagraítear in Airteagal 45(3), amhail ón dáta tarchurtha faoi mhír 45 den Airteagal seo, ní cheanglóidh údaráis inniúla an Bhallstáit a saináithnítear sa fógra dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ar an BCIM lena mbaineann a léiriú go bhfuil dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin náisiúnta á gcomhlíonadh aige, lena rialaítear ceanglais margaithe dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/1156 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**)

8. Ceadóidh na Ballstáit úsáid aon mhodha leictreonaigh nó eile cianchumarsáide chun críocha mhír 4.

(*) Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lch. 98).

(**) Rialachán (AE) 2019/1156 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena n-éascaítear dáileadh trasteorann gnóthas comhinfeistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 346/2013, (AE) Uimh. 346/2013 agus (AE) Uimh. 1286/2014 (IO L 188, 12.7.2019, lch. 55).;

(5) in Airteagal 33(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír agus an tríú fómhír:

“Más rud é, de bhun athrú atá beartaithe, nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh a thuilleadh ag an mbainistiú a dhéanann an BCIM ar an CIM nó nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh a thuilleadh ag an BCIM ar shlí eile, cuirfidh údaráis inniúla ábhartha Bhallstát baile an BCIM in iúl don BCIM faoi cheann 15 lá oibre tar éis dóibh an fhaisnéis uile dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil nach bhfuil an t-athrú le cur i bhfeidhm aige.

I gcás ina gcuirtear athrú atá beartaithe chun feidhme d'ainneoin na chéad fhomhíre agus an dara fómhír nó, de bhun athrú nach raibh beartaithe, nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh a thuilleadh ag an mbainistiú a dhéanann an BCIM ar an CIM nó nach mbeadh an Treoir seo á comhlíonadh a thuilleadh ag an BCIM ar shlí eile, déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM gach beart cuí i gcomhréir le hAirteagal 46 agus tabharfaidh siad fógra dá réir sin d'údaráis inniúla Bhallstát óstach an BCIM gan moill mhíchuí.”;

(6) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

“Airteagal 43a

Saoráidí a bheith ar fáil d'infheisteoirí miondíola

1. Gan dochar d'Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/760, áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfidh BCIM ar fáil, i ngach Ballstát ina bhfuil sé ar intinn aige aonaid nó scaireanna CIM a mhargú le hinfeisteoirí miondíola, saoráidí leis na cúraimí seo a leanas a dhéanamh:

- (a) orduithe um shuibscríobh, íocaíocht, athcheannach agus fuascailt de chuid infheisteoirí a phróiseáil, ar orduithe iad a bhaineann le haonaid nó scaireanna an CIM, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i ndoiciméid an CIM;
- (b) faisnéis a chur ar fáil d'infheisteoirí faoi conas is féidir orduithe dá dtagraítear i bpointe (a) a dhéanamh agus conas a íoctar fáiltais athcheannaigh agus fuascailte;

- (c) láimhseáil faisnéise a bhaineann le feidhmiú a gceart ag infheisteoirí de bharr a n-infheistíochta sa CIM sa Bhallstát ina bhfuil an CIM á mhargú, a éascú;
- (d) an fhaisnéis agus na doiciméid a éilítear de bhun Airteagail 22 agus 23 a chur ar fáil d'infheisteoirí chun críocha imscrúdú a dhéanamh orthu agus cóipeanna a dhéanamh díobh;
- (e) faisnéis atá ábhartha do na cúraimí a dhéanann na saoráidí a chur ar fáil d'infheisteoirí ar mheán marthanach mar atá sainmhínithe i bpointe (m) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2009/65/CE; agus
- (f) gníomhú mar phointe teagmhála le cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis inniúla.

2. Ní cheanglóidh na Ballstáit ar BCIM láithreach fhisiciúil a bheith aige sa Bhallstát óstach nó riarthóir tríú páirtí a cheapadh chun críocha mhír 1.

3. Áiríteoidh an BCIM go ndéanfar na saoráidí chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, lena n-áirítear go leictreonach, a sholáthar:

- (a) i dteanga oifigiúil an Bhallstáit nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit inar margaíodh an CIM nó i dteanga a d'fhormheas údaráis inniúla an Bhallstáit sin;
- (b) ag an BCIM féin, ag tríú páirtí atá faoi réir rialacháin agus maoirseachta lena rialaítear na tascanna a bheidh le déanamh, nó acu araon.

Chun críocha phointe (b), i gcás ina mbeidh na cúraimí le déanamh ag tríú páirtí, tabharfar fianaise ar cheapadh an tríú páirtí sin le Conradh i scríbhinn ina sonrúfar cad iad na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 nach mbeidh le déanamh ag an BCIM agus ina sonrúfar go bhfaighidh an tríú páirtí an fhaisnéis agus na doiciméid ábhartha ar fad ón BCIM.”;

(7) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

“Airteagal 69a

Measúnú ar an gcóras pasanna

Sula dtiocfaidh na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 67(6) i bhfeidhm, ar dá mbun a bheidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach in Airteagal 35 agus in Airteagal 37 go hAirteagal 41, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ina gcuirfear san áireamh toradh measúnaithe ar an gcóras pasanna dá bhforáiltear sa Treoir seo, lena n-áirítear leathnú an chórais sin chun BCManna neamh-AE a chumhdach. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí.”;

(8) in Iarscríbhinn IV, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

- “(i) na mionsonraí is gá, lena n-áirítear an seoladh, chun críocha sonrasctha nó chun aon táill nó muirir rialála is infheidhme a chur in iúl ag údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh;
- (j) faisnéis maidir leis na saoráidí chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43a a dhéanamh.”;

Airteagal 3

Trasú

1. Faoi 2 Lúnasa 2021, déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin náisiúnta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú. Cuirfidh siad an méid sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 2 Lúnasa 2021.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a leagfaidh síos na slite le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 4***Meastóireacht**

Faoin 2 Lúnasa 2024 déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, ar bhonn comhairliúchán poiblí agus i bhfianaise idirphléití le ESMA agus le húdaráis inniúla, ar chur i bhfeidhm na Treorach seo. Faoin 2 Lúnasa 2025, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo.

*Airteagal 5***Athbhreithniú**

Faoin 2 Lúnasa 2023, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair ina ndéanfar measúnú, *inter alia*, ar a fhiúntaí atá sé na forálacha is infheidhme maidir le cuideachtaí bainistíochta GCUI a chomhchuibhiú lena ndéanfar suim an infheisteora i smaoinemh nó straitéis infheistíochta ar leith a thástáil, agus cibé acu is gá nó nach gá aon leasuithe a dhéanamh ar Threoir 2009/65/CE chuige sin.

*Airteagal 6***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 7

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. CIAMBA

TREOIR (AE) 2019/1161 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Meitheamh 2019

Iena leasaítear Treoir 2009/33/CE a mhéid a bhaineann le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23-24 Deireadh Fómhair 2014, tá an tAontas tiomanta do chóras fuinnimh atá inbhuanaithe, iomaíoch, slán agus dícharbónaithe. I dteachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2014 dar teideal “*A policy framework for climate and energy for the period from 2020 to 2030*” (Creat Beartais don Aeráid agus don Fhuinneamh don tréimhse ó 2020 go 2030), leagtar síos gealltanais uailmhianacha don Aontas astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 40 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéal 1990, an cion fuinnimh in-athnuaite a ídítear a mhéadú go dtí 27 % ar a laghad, coigilteas fuinnimh de 27 % ar a laghad a bhaint amach, agus slándáil, iomaíochas agus inbhuanaitheacht fuinnimh an Aontais a fheabhsú. Ó shin, socraíodh i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ sciar den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite de 32 % ar a laghad d’olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030 agus socraíodh i dTreoir (AE) 2018/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ sprioc nua éifeachtúlachta fuinnimh don Aontas de 32,5 % ar a laghad faoi 2030.
- (2) Sa teachtaireacht uaidh an 20 Iúil 2016 dar teideal *A European Strategy for Low-Emission Mobility* (“Straitéis Eorpach maidir le Soghluaisteacht Íseal-Astaíochtaí”), d’fhógair an Coimisiún nach mór dlús a chur le dícharbónú na hearnála iompair agus, dá bhrí sin, go mbeidh gá dícheall a dhéanamh an sprioc astaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa agus astaíochtaí nialasacha truaileán aeir a bhaint amach faoi lár an chéid chun na gealltanais a thug an tAontas ag an 21ú Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a réachtáladh i bPáras sa bhliain 2015 a chomhlíonadh. Thairis sin, ní mór laghdú suntasach a dhéanamh gan mhoill ar astaíochtaí truaileán aeir a eascraíonn as an iompar agus atá díobhálach do shláinte an duine agus don chomhshaol. Is féidir é sin a bhaint amach le tionscnaimh bheartais éagsúla, lena n-áirítear bearta lena dtacaítear le hathrú i dtreo iompar poiblí, agus úsáid a bhaint as soláthar poiblí chun feithiclí glana a chur chun cinn.
- (3) Sa teachtaireacht uaidh an 31 Bealtaine 2017 dar teideal *Europe on the Move: an agenda for a socially fair transition towards clean, competitive and connected mobility for all* (“An Eoraip ag Bogadh: clár oibre le haghaidh ascnamh atá cothrom go sóisialta i dtreo na soghluaisteachta glaine iomaíche nasctha do chách”), cuireann an Coimisiún in iúl go bhfuil tairbhí iomadúla le baint ag saoránaigh, ag Ballstáit agus ag tionscail na hEorpa as méadú ar tháirgeadh agus ar úsáid feithiclí glana, as bonneagar breoslaí malartacha agus as seirbhísí nua soghluaisteachta a bhaineann leas as an digitiú agus as an uathoibriú san Aontas. Ar na tairbhí sin tá réitigh shoghluaisteachta níos sábháilte agus rianúla agus laghdú an nocht a d’astaíochtaí truaileán díobhálacha. Ina theannta sin, mar a luadh in aitheasc ar Staid an Aontais an 13 Meán Fómhair 2017, is é ceann de na príomhchuspóirí don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta ar leibhéal domhanda i réimse an dícharbónaithe.

⁽¹⁾ IO C 262, 25.7.2018, lch. 58.

⁽²⁾ IO C 387, 25.10.2018, lch. 70.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 13 Meitheamh 2019.

⁽⁴⁾ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

⁽⁵⁾ Treoir (AE) 2018/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (IO L 328, 21.12.2018, lch. 210).

- (4) Mar a fógraíodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún “An Eoraip ag Bogadh” dá dtagraítear cheana, is cuid den dara pacáiste tograí an Treoir seo, ar pacáiste é a rannchuideoidh le hiarrachtaí an Aontais soghluaisteacht íseal-astaíochtaí a bhaint amach. Leis an bpacáiste sin, a cuireadh i láthair i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Samhain 2017 dar teideal *Delivering on the European Strategy for low-emission mobility — A European Union that protects the planet, empowers its consumers, and defends its industry and workers* (“Soghluaisteacht Íseal-Astaíochtaí a bhaint amach — Aontas Eorpach a chaomhnaíonn an pláinéad, a thugann cumhacht don tomhaltóir agus cosaint dá thionscal agus dá oibrithe”), áirítear meascán de bhearta atá dírithe ar sholáthar agus éileamh chun an tAontas a chur ar an mbealach i dtreo soghluaisteacht íseal-astaíochtaí agus chun iomaíochas éiceachóras soghluaisteachta an Aontais a neartú ag an am céanna. Ba cheart cur chun cinn feithiclí glana a dhéanamh i gcomhthráth le tuilleadh forbartha ar an iompar poiblí mar bhealach chun brú tráchta a laghdú agus, dá bharr sin, astaíochtaí a laghdú agus cáilíocht an aeir a fheabhsú.
- (5) Tá nuálaíocht i dteicneolaíochtaí nua ina cabhair le hastaíochtaí CO₂ feithiclí a laghdú agus truailliú aeir agus torainn a laghdú, agus tacú le dícharbónú na hearnála iompair ag an am céanna. Is é an toradh a bheidh ar ghlacadh méadaithe d’feithiclí bóthair astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha ná go laghdófar astaíochtaí CO₂ agus astaíochtaí truaileán áirithe (ábhar cáithnínach, ocsaídí nítrigine agus hidreacarbóin gan mheátán) agus dá bharr sin go bhfeabhsófar cáilíocht an aeir i gcathracha agus i limistéir thruaillithe eile, agus ag an am céanna go gcuirfeadh le hiomaíochas agus fás thionscal an Aontais sna margáí domhanda d’feithiclí astaíochtaí ísle agus feithiclí astaíochtaí nialasacha, ar margáí iad atá ag méadú. Ba cheart don Choimisiún bearta beartais a shaothrú chun go ndéanfar glacadh forleathan na dteicneolaíochtaí nua sin sa tionscal agus fás acmhainneachta monaraíochta maidir leis na teicneolaíochtaí nua sin a chothú sna Ballstáit uile chun go rannchuideofar le cothrom iomaíochta agus le forbairt chothrom ar fud na mBallstát.
- (6) De réir réamhaisnéisí an mhargaidh, meastar go leanfaidh laghdú leanúnach ar phraghsanna ceannaigh feithiclí glana. Fágann costais oibríochtaí agus chothabhála níos ísle go bhfuil an costas iomlán úinéireachta níos iomaíche cheana féin sa lá atá inniu ann. Déanfar bacainní ar infhaighteacht agus glacadh feithiclí glana sa mhargadh a laghdú tuilleadh sa 10 mbliana atá amach romhainn a bhui leis an laghdú ar an bpraghas ceannaigh a bhfuiltear ag súil leis.
- (7) Cé go bhfuil an tAontas ar cheann de na príomhréigiúin taighde agus éicea-nuálaíochta ardluacha, is i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise atá na táirgeoirí busanna ceallra-leictreacha agus ceallraí is mó. Ar an gcaoi chéanna, spreagann na margáí sa tSín agus sna Stáit Aontaithe forbairtí sa mhargadh domhanda ó thaobh feithiclí ceallra-leictreacha de. Le beartas uailmhianach de chuid an Aontais maidir le feithiclí glana a sholáthar, cuideofar le nuálaíocht a spreagadh agus iomaíocht agus fás thionscal an Aontais a chur chun cinn tuilleadh i margáí na bhfeithiclí glana agus an bhonneagair teicneolaíochta lena mbaineann, ar margáí iad atá ag éirí níos domhanda. Mar a tugadh ar aire sa teachtaireacht uaidh an 3 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal *Making public procurement work in and for Europe* (“Ag cur soláthar poiblí ag obair san Eoraip agus ar son na hEorpa”), leanfaidh an Coimisiún d’iarrachtaí a stiúradh chun go n-áiríteofar cothrom iomaíochta agus rochtain níos fearr ar mhargáí soláthair phoiblí tríú tíortha a chur chun cinn, lena n-áirítear chun críocha feithiclí iompair de bhóthar a cheannach, a léasú, a ghlacadh ar cíós nó a fhruilcheannach.
- (8) Trína chur san áireamh gurb ionann caiteachas poiblí ar earraí, saothair agus seirbhísí agus tuairim is 16 % de OTI in 2018, is féidir le húdarais phoiblí, trína mbeartas um sholáthar poiblí, margáí d’earraí agus seirbhísí atá nuálach a chothú agus tacú leo. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart, le Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾, ceanglais shoiléire agus thrédhearcacha a leagan amach, lena n-áirítear spriocanna soláthair shoiléire agus fadtéarmacha mar aon le modh simplí chun iad a ríomh. Le Treoracha 2014/24/AE ⁽⁷⁾ agus 2014/25/AE ⁽⁸⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, leagtar amach rialacha íosta maidir leis an soláthar poiblí lena gcomhordaítear an dóigh a ndéanann údarais chonarthaigh agus eintitis chonarthaigh oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a sholáthar. Go háirithe, leagtar amach leis na Treoracha sin tairseacha airgeadaíochta foriomlána chun a chinneadh cé na conarthaí poiblí a bheidh faoi réir reachtaíocht an Aontais maidir le soláthar poiblí. Tá feidhm ag ar tairseacha sin freisin maidir le Treoir 2009/33/CE.
- (9) Tá sé riachtanach go mbeadh bonnagar leordhóthanach athluchtúcháin agus athbhreoslúcháin ar fáil chun go bhféadfar feithiclí breoslaí malartacha a imlonnú. An 8 Samhain 2017, ghlac an Coimisiún plean gníomhaíochta chun tacú le leathadh amach luathaithe an bhonneagair i leith breoslaí malartacha san Aontas, lena n-áirítear tacaíocht neartaithe do leathadh amach an bhonneagair atá ar fáil go poiblí trí bhithin chistí an Aontais, rud a chabhróidh le coinníollacha níos fabhraí a chruthú le haghaidh an aistrithe i dtreo feithiclí glana, lena n-áirítear san iompar poiblí. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ faoin 31 Nollaig 2020, agus tiolacfaidh sé togra reachtach chun an Treoir sin a leasú, má mheasann sé go bhfuil gá leis sin bunaithe ar an athbhreithniú sin.

⁽⁶⁾ Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn (IO L 120, 15.5.2009, lch. 5).

⁽⁷⁾ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

⁽⁸⁾ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

⁽⁹⁾ Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le húsáid a bhaint as bonnagar breoslaí malartacha (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).

- (10) Le Treoir 2009/33/CE, comhlánaítear reachtaíocht chothrománach soláthair phoiblí an Aontais agus tugtar isteach critéir inbhuanaitheachta, agus ar an dóigh sin is é is aidhm léi an margadh d'fheithiclí iompair de bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a spreagadh. Rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar Threoir 2009/33/CE in 2015 agus ba é a chonclúid nár spreagadh glacadh feithiclí glana sa mhargadh ar fud an Aontais de bharr na Treorach sin, go háirithe de thoradh laigí a mhéid a bhaineann lena raon feidhme agus leis na forálacha i leith ceannach feithiclí. Is é an conclúid a bhí ag an meastóireacht sin go raibh an tionchar a bhí ag an Treoir sin maidir le astaíochtaí gás ceaptha teasa agus astaíochtaí truaileán aeir a laghdú agus maidir le hiomaíochas tionscail a chur chun cinn an-teoranta.
- (11) Sa mheasúnú tionchair a rinne an Coimisiún ar athbhreithniú Threoir 2009/33/CE, leagtar béim ar na tairbhí a bhaineann le hathrú a dhéanamh ar an gcur chuige rialachais foriomlán i leith soláthair feithiclí glana ar leibhéal an Aontais. Trí spriocanna íosta soláthair a leagan síos, is féidir cuidiú leis an gcuspóir a bhaint amach glacadh feithiclí glana sa mhargadh a chur chun cinn agus a spreagadh i gcomparáid le bheith ag brath ar inmheánú costas seachtrach i gcinntí foriomlána soláthair, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar a ábhartha atá sé gnéithe comhshaoil a mheas i ngach cinneadh soláthair. Tá bonn cirt iomlán ag an gcur chuige sin i bhfianaise na dtairbhí meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhainfidh saoránaigh agus fiontair an Aontais as, sa mhéid go bhfágfar dóthain solúbthachta ag údaráis chonarthaigh agus ag eintitis chonarthaigh maidir le rogha na dticneolaíochtaí atá le húsáid.
- (12) Trí raon feidhme Threoir 2009/33/CE a leathnú trí chleachtais amhail feithiclí a léasú, a ghlacadh ar cíos agus a fhruilcheannach a chur san áireamh, chomh maith le conarthaí le haghaidh seirbhísí áirithe, áiritheofar go gcumhdófar gach cleachtas soláthair ábhartha. Maidir leis na seirbhísí a chumhdaítear le raon feidhme na Treorach seo, amhail seirbhísí poiblí iompair de bhóthar, seirbhísí sainchuspóireacha iompair paisinéirí de bhóthar, iompar neamhsceidh paisinéirí, chomh maith le seirbhísí poist agus beartán agus seirbhísí bailithe bruscair, ba cheart gurb ionann iad agus na seirbhísí ina dtagann na feithiclí a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar faoi réir na gcatagóirí feithiclí a chumhdaítear leis an Treoir seo, agus tá na feithiclí ina ngné mhór den chonradh. Ba cheart na seirbhísí sin a shainiú trí úsáid a bhaint as a gcóid faoi seach sa Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV) a liostaítear san Iarscríbhinn. Níor cheart don Treoir seo difear cúlghabhálach a dhéanamh do chonarthaí atá ann cheana.
- (13) Tá tacaíocht fhorleathan ann i measc geallsealbhóirí lárnacha do shainmhíniú ar feithiclí glana ina gcuirtear san áireamh na ceanglais maidir le gáis ceaptha teasa agus astaíochtaí truaileán aeir ó feithiclí saothair éadroim a laghdú. Chun a áirithiú go mbeidh dreasachtaí leordhóthanacha ann chun glacadh feithiclí astaíochtaí ísle agus feithiclí astaíochtaí nialasacha sa mhargadh san Aontas a chur chun cinn, ba cheart forálacha dá soláthar poiblí faoin Treoir seo a ailíniú leis an sainmhíniú ar feithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁰⁾. Leis an ngníomhaíocht a dhéantar faoin Treoir seo, rannchuideofar le comhlíonadh ceanglais na gcaighdeán a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/631. Chun cáilíocht an aeir a fheabhsú, ba cheart d'fheithiclí glana feidhmiú níos fearr i gcomparáid leis na híoscheanglais le haghaidh ocsaídí de nítrigin (NOx) agus cáithníní sármhíne - Líon na gCáithníní (PN) arna socrú ag na teorainnluachanna astaíochtaí faoi fhiordhálaí tiomána (RDE) atá i bhfeidhm. De bhreis ar feithiclí atá saor ó astaíochtaí, níl mórán feithiclí saothair éadroim ann sa lá atá inniu ann ag a bhfuil astaíochtaí truaileán aeir de 80 % nó níos lú de na teorainneacha astaíochtaí reatha. Táthar ag súil, áfach, go dtiocfaidh méadú ar líon na bhfeithiclí sin sna blianta amach romhainn, go háirithe hibridí inluchtaithe. Is féidir le cur chuige níos uailmhianaí i leith an tsoláthair phoiblí spreagadh breise suntasach a thabhairt don mhargadh.
- (14) Ba cheart feithiclí tromshaothair glana a shainmhíniú tríd an úsáid a bhaintear as breoslaí malartacha i gcomhréir le Treoir 2014/94/AE. I gcás ina bhfuil feithiclí arna soláthar le bithbhreoslaí leachtacha, breoslaí sintéiseacha nó breoslaí pairifíneacha a úsáid, ní mór d'údaráis chonarthaigh agus d'eintitis chonarthaigh a áirithiú, trí chlásail chonarthaigh shainordaitheacha nó trí mhodhanna éifeachtacha dá samhail laistigh den nós imeachta soláthair phoiblí, nach n-úsáidfeair ach na breoslaí sin sna feithiclí sin. Cé gur féidir le breiseáin bhreosla a bheith sna breoslaí sin, mar atá i gcás breosla atá bunaithe ar eatánól le haghaidh innill díosail oiriúnaithe (ED95) mar shampla, níor cheart iad a chumasc le breoslaí iontaise.
- (15) Chun cáilíocht an aeir i mbardais a fheabhsú, tá sé ríthábhachtach an flít iompair a athnuachan le feithiclí glana. Thairis sin, i dtaca le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, ní mór saolré an táirge a leathnú. Dá bhrí sin, maidir le feithiclí a chomhlíonann na ceanglais maidir le feithiclí glana nó astaíochtaí nialasacha mar thoradh ar iarfheistiú, ba cheart iad a áireamh i dtreo na spriocanna íosta soláthair faoi seach a bhaint amach.

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leagtar amach na caighdeáin feidhmíochta CO₂ maidir le hastaíochtaí do ghluasteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).

- (16) Baintear úsáid as feithiclí saothair éadroim agus feithiclí tromshaothair chun críocha difriúla agus tá leibhéal dhifriúla aibíochta margaidh ag baint leo, agus bheadh sé ina bhuntáiste dá ndéanfaí na difríochtaí sin a aithint i bhforálacha soláthair phoiblí. Aithníodh sa mheasúnú tionchair gur saintréith de chuid na margáí do bhusanna uirbeacha astaíochtaí ísle agus do bhusanna uirbeacha astaíochtaí nialasacha é an margadh a bheith níos aibí, ach go bhfuil na margáí do thrucaíl astaíochtaí ísle agus do thrucaíl astaíochtaí nialasacha ag céim níos luaithe den fhorbairt mhargaidh. De bharr leibhéal teoranta aibíochta an mhargaidh i gcás cóistí astaíochtaí ísle agus nialasacha, ról réasúnta teoranta an tsoláthair phoiblí sa chuid sin den mhargadh, agus a riachtanais oibríochtúla sonracha, níor cheart go n-áireofaí cóistí i raon feidhme na Treorach seo. I gcomhréir leis an gcur chuige a leantar i Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾ agus i Rialachán 107 de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), meastar gur busanna atá i bhfeithiclí de chatagóir M3 ina bhfuil limistéir inar féidir le paisinéirí seasamh iontu agus a cheadaíonn gluaiseacht mhinic paisinéirí, agus meastar gur cóistí atá i bhfeithiclí de chatagóir M3 ina bhfuil limistéar an-teoranta nó nach bhfuil aon limistéar iontu do phaisinéirí seasamh iontu. I bhfianaise an mhargaidh an-teoranta atá ann le haghaidh busanna dhá stór agus a dteorainneacha sonracha ó thaobh dearaidh de, is iomchuí, le linn na chéad tréimhse tagartha a chumhdaítear leis an Treoir seo, spriocanna soláthair íosta níos ísle a chur i bhfeidhm le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha a bhaineann leis an gcatagóir sin d'feithiclí tromshaothair sna Ballstáit ina bhfuil busanna dhá stór ina sciar shuntasach den soláthar poiblí.
- (17) Ionas nach ndéanfar ualaí díreireacha a fhorchur ar údarais phoiblí agus oibríteoirí, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann soláthar poiblí feithiclí áirithe a bhfuil tréithe sonracha acu i ndáil lena riachtanais oibríochtúla a dhíolmhú ó cheanglais na Treorach seo. Áirítear ar na feithiclí sin feithiclí armúrtha, otharcharranna, eileatrain, feithiclí de chatagóir M₁ atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, crainn tógála soghluaiste, feithiclí atá deartha agus tógtha lena n-úsáid go príomha ar láithreacha tógála nó i gcairél nó i saoráidí calafoirt nó aerfoirt, chomh maith le feithiclí atá deartha agus tógtha go sonracha nó oiriúnaithe lena n-úsáid ag na fórsaí armtha, ag an gcosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin agus ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choimeád. D'fhéadfadh baint a bheith ag na hoiriúnuithe sin le trealamh cumarsáide speisialaithe nó le soilse éigeandála a shuiteáil. Níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais dá bhforáiltear sa Treoir seo maidir le feithiclí atá deartha agus tógtha go sonracha le haghaidh saothar agus nach bhfuil oiriúnach chun paisinéirí ná earraí a iompar. Áirítear ar na feithiclí sin feithiclí a úsáidtear chun bóithre a chothabháil, amhail céachtaí sneachta.
- (18) Trí spriocanna íosta a leagan síos do sholáthar feithiclí glana atá le comhlíonadh in dhá thréimhse tagartha a thagann chun deiridh in 2025 agus in 2030 ar leibhéal na mBallstát, ba cheart rannchuidiú leis an gcinnteacht bheartais i gcás margáí ina bhfuil gá le hinfheistíocht a dhéanamh i soghluaisteacht astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha. Leis na spriocanna íosta, rannchuidítear le tacaíocht a thabhairt don chruthú margaidh le haghaidh na bhfeithiclí glana ar fud an Aontais. Soláthraíonn siad am chun próisis soláthair phoiblí a choigeartú agus is follasach an comhartha a thugann siad don margadh. Thairis sin, neartaítear an tiomantas do dhícharbónú na hearnála iompair trína cheangal go gcomhlíonfar leath den sprioc íosta le haghaidh na mbusanna arna soláthar sna tréimhsí tagartha sin trí bhusanna astaíochtaí nialasacha a sholáthar. Ba cheart a thabhairt ar aird go meastar gur busanna astaíochtaí nialasacha iad busanna tralaí, ar choinníoll gur ar leictreachas amháin a ritheann siad nó gur gléasra cumhachta astaíochtaí nialasacha amháin a bhíonn in úsáid acu nuair nach bhfuil siad nasctha leis an eangach, murab amhlaidh sin áireofar fós iad mar fheithiclí glana. Tugtar faoi deara sa mheasúnú tionchair go bhfuil ag méadú ar na Ballstáit spriocanna náisiúnta a leagan síos ag brath ar a n-acmhainneacht eacnamaíoch agus ar thromchúis na faidhbe. Ba cheart spriocanna éagsúla a leagan síos do na Ballstáit éagsúla bunaithe ar a n-acmhainneacht eacnamaíoch (Olltáirgeacht Intíre per capita) agus ar a nochtadh don truailliú (dlús daonra uirbigh). Léiríodh sa mheasúnú tionchair chríochoigh a rinneadh don Treoir seo go mbeidh an tionchar dáilte go cothrom i measc na réigiún san Aontas.
- (19) Ba cheart go mbeadh an tsolúbthacht ag na Ballstáit an dícheall chun na spriocanna íosta laistigh dá gcríoch a chomhlíonadh a dháileadh, i gcomhréir lena ggreat bunreachtúil agus i gcomhréir lena gcuspoirí beartais iompair. Maidir le leithdháileadh an dícheall laistigh de Bhallstát, d'fhéadfaí tosca éagsúla a chur san áireamh amhail difríochtaí idir acmhainneacht eacnamaíoch, cáilíocht an aeir, dlús daonra, saintréithe na gcóras iompair, beartais chun iompar a dhícharbónú agus truailliú aeir a laghdú, nó aon chritéir ábhartha eile.
- (20) Feithiclí nach scaoiltear aon astaíochtaí óna sceithphíopaí, fágann siad lorg comhshaoil freisin de bharr na n-astaíochtaí a thagann as slabhra soláthair an bhreosla, ón gcéim eastósctha go dtí an t-umar, agus de bharr phróiseas mhonarú na gcomhpháirteanna agus a leibhéal in-athchúrsáilteachta. Chun bheith comhréireach le cuspoirí na hinbhuanaitheachta, ba cheart go dtáirgfí ceallraí leis na hiarmhairtí comhshaoil is ísle lasmuigh agus laistigh den Aontas, go háirithe maidir le próiseas eastósctha na n-amhábhar atá le húsáid i dtáirgeadh ceallraí. Trí theicneolaíochtaí a chur chun cinn a thugann aghaidh ar an dúshlán sin, amhail ceallraí inbhuanaithe agus

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe le haghaidh sábháilteacht ghinearálta mótarfeithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 200, 31.7.2009, lch. 1).

in-athchúrsáilte, is féidir rannchuidiú le hinbhuanaitheacht fhoriomlán feithiclí leictreacha trí thionscnaimh amhail Comhghuaillíocht Ceallraí AE agus Plean Gníomhaíochta AE do Cheallraí agus i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Threoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾. Maidir leis an bhféidearthacht go mbeifí ag smaoineamh ar astaíochtaí CO₂ saolré agus astaíochtaí CO₂ “ón tobar go dtí an roth” ó fheithiclí, ba cheart é sin a mheas don tréimhse tar éis 2030, agus forálacha ábhartha de dhlí an Aontais maidir lena ríomh ag an bpointe ama sin á gcur san áireamh.

- (21) Sa mholadh uathí an 4 Aibreán 2017 chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tar éis an fhiosrúcháin maidir le tomhais astaíochtaí san earnáil gluaisteán ⁽¹³⁾, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar na Ballstáit beartais ghlasa soláthair phoiblí a chothú trí fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus feithiclí astaíochtaí sárísle a bheith á gceannach ag údarais phoiblí ar mhaithe lena gcuid flíteanna féin nó ar mhaithe le clár phoiblí nó leathphoiblí comhroinnte carranna, agus ar mhaithe le deireadh a chur le carranna nua a astaíonn CO₂ de réir a chéile faoin mbliain 2035.
- (22) Beifear in ann an tionchar is mó a bhaint amach más ar limistéir a bhfuil leibhéal aerthruaillithe agus truailliú de dheasca torainn measartha ard iontu a dhírítear an soláthar poiblí feithiclí glana. Moltar d'údarais phoiblí sna Ballstáit díriú ar na réimsí sin go háirithe agus spriocanna íosta soláthair baile á gcur chun feidhme acu. Moltar d'údarais phoiblí freisin bearta a dhéanamh, amhail na hacmhainní airgeadais leordhóthanacha a chur ar fáil d'údarais chonarhacha agus d'eintitis chonarhacha, chun nach mbeidh praghsanna ticéad níos airde do thomhaltóirí nó nach mbeidh laghdú ar na seirbhísí iompair phoiblí ann, nó nach ndéanfaí forbairt iompair ghlain nach iompar de bhóthar é amhail tramanna agus traenacha meitreo a dhíspreagadh mar thoradh ar na costais a bhaineann le comhlíonadh na spriocanna soláthair íosta arna mbunú sa Treoir seo. Ba cheart d'údarais phoiblí gníomhaíocht ghaolmhar a léiriú ina dtuairisciú faoin Treoir seo. Chun ualach díreireach a sheachaint agus chun torthaí ionchasacha na Treorach seo a optamú, ba cheart cúnaimh teicniúil iomchuí a chur ar fáil do na húdarais phoiblí.
- (23) Níl an t-iompar poiblí freagrach ach as sciar beag de na hastaíochtaí a thagann ón earnáil iompair. Chun dícharbónú na hearnála iompair a chur chun cinn tuilleadh, chun cáilíocht an aeir a fheabhsú tuilleadh agus chun cothrom iomaíochta a choimeád idir na hoibreoirí éagsúla, is féidir leis na Ballstáit a chinneadh, i gcomhlíonadh dhlí an Aontais, ceanglais chomhchosúla a fhorchur freisin ar oibreoirí príobháideacha agus ar sheirbhísí lasmuigh de raon feidhme na Treorach seo, amhail cuideachtaí tacsáí, cuideachtaí carranna ar cíos agus cuideachtaí comhroinnte carranna.
- (24) Tá an chostáil saolré ina huirlis thábhachtach ag údarais chonarhacha agus ag eintitis chonarhacha le haghaidh costais fuinnimh agus chomhshaoil a chumhdach le linn saolré feithicle, lena n-áirítear an costas a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus astaíochtaí truailléan eile ar bhonn modheolaíochta ábhartha chun a luach airgeadúil a chinneadh. I bhfianaise thearcúsáid na modheolaíochta le haghaidh costais saolré oibríochtaí a ríomh faoi Threoir 2009/33/CE agus i bhfianaise na faisnéise a chuireann údarais chonarhacha agus eintitis chonarhacha ar fáil faoi úsáid a modheolaíochtaí féin atá sainoiriúnaithe dá n-imthosca sonracha agus dá riachtanais shonracha, níor cheart é a bheith éigeantach modheolaíocht shainordaitheach ar leith a úsáid, ach seachas sin, ba cheart d'údarais chonarhacha agus eintitis chonarhacha a bheith in ann aon mhodheolaíocht costála saolré a úsáid chun tacú lena bpróisis soláthair ar bhonn na gcritéar tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch (“MEAT”) mar a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 67 de Threoir 2014/24/AE agus in Airteagal 82 de Threoir 2014/25/AE, agus cost-éifeachtacht thar shaolré na feithicle á cur san áireamh mar aon le gnéithe comhshaoil agus sóisialta.
- (25) Leis an tuairisciú ar sholáthar poiblí faoin Treoir seo, ba cheart forbhreathnú soiléir a fháil ar an margadh sa dóigh gur féidir faireachán éifeachtach a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Le tuairisciú den sórt sin, ba cheart tús a chur le réamhthíolacadh na faisnéise ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún faoin 2 Lúnasa 2022, agus ba cheart leanúint de leis an gcéad tuarascáil chuimsitheach ar chur chun feidhme na spriocanna íosta soláthair sa bhliain 2026 agus le ceann gach 3 bliana ina dhiaidh sin. Ba cheart an tréimhse ama a ailíniú le hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana faoi Theoracha 2014/24/AE agus 2014/25/AE. Chun an t-ualach riaracháin ar chomhlachtaí poiblí aonair a íoslághdú agus chun forbhreathnú éifeachtach ar an margadh a fháil, ba cheart tuairisciú simplithe a éascú. Soláthróidh an Coimisiún réitigh chun go ndéanfar clárú agus faireachán faoin mbunachar sonraí “Tender Electronic Daily” (TED), agus áiritheoidh sé go dtabharfar tuairisc chuimsitheach ar fheithiclí astaíochtaí ísle agus ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus ar fheithiclí eile breosláí malartacha i gcomhthéacs CPV an Aontais. Le cóid shonracha in CPV, cuideofar leis an gclárú agus leis an bhfaireachán faoi TED.

⁽¹²⁾ Treoir 2006/66/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí dramháiola agus taisc-cheallraí dramháiola, agus lena leasaítear Treoir 91/157/CEE (IO L 266, 26.9.2006, lch. 1).

⁽¹³⁾ IO C 298, 23.8.2018, lch. 140.

- (26) Is féidir tacaíocht bhreise do ghlacadh feithiclí glana agus dá mbonneagair sa mhargadh a bhaint amach trí bhearta spriocdhírthe tacaíochta poiblí a chur ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Áirítear ar bhearta den sórt sin úsáid níos mó a bhaint as cistí an Aontais chun tacú le flíteanna iompair phoiblí a athnuachan agus feabhas a chur ar an malartú eolais agus nósanna imeachta soláthair a ailníú chun go mbeifear in ann gníomhartha a dhéanamh ar scála dóthanach chun laghdúithe costais a bhaint amach agus dul i bhfeidhm ar an margadh. Aithnítear sna Treoirínte maidir le Státchabhair do chosaint an chomhshaoil agus don fhuinneamh 2014-2020 ⁽¹⁴⁾ an fhéidearthacht tacaíocht phoiblí a thabhairt chun forbairt bonneagair a chur chun cinn, ar bonneagair iad a theastaíonn le haghaidh breoslaí malartacha a dháileadh. Mar sin féin, beidh feidhm ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 107 agus 108 de, maidir le tacaíocht phoiblí den sórt sin fós.
- (27) Le bearta tacaíochta spriocdhírthe le haghaidh feithiclí glana a sholáthar, féadfar cabhrú le húdaráis chonarhacha agus le heintitis chonarhacha. Faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair don tréimhse 2014-2020, tá réimse cistí éagsúla ag an Aontas cheana chun tacú leis na Ballstáit, le húdaráis áitiúla agus leis na hoibreoirí lena mbaineann maidir lena n-aistriú go soghluaisteacht inbhuanaithe. Go háirithe, is príomhfhoinse maoinithe le haghaidh soghluaisteacht uirbeach iad Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa. Le Fís 2020, clár taighde an Aontais, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁵⁾, déantar cistiú ar thionscail taighde agus nuálaíochta maidir le gluaisteacht uirbeach agus le cathracha agus pobail chliste, agus leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾, tugtar tacaíocht do bhonneagar ábhartha a imlonnú i noid uirbeacha. Is féidir a áirithiú go n-úsáidfeair ionstraimí airgeadais ar bhonn níos spriocdhírthe fós lena n-áirítear sa chéad CAI eile don tréimhse 2021-2027 trí shainmhíniú soiléir ar fheithicil ghlan a thabhairt isteach agus spriocanna íosta a shocrú dá soláthar sa Treoir seo. Leis an bearta tacaíochta sin, cuideofar leis an ard-infheistíocht tosaigh in athruithe bonneagair a laghdú agus tacófar le hiompar a dhícharbónú.
- (28) Chun a áirithiú go saothrófar na tairbhí ionchasacha go hiomlán, ba cheart don Choimisiún treoir a sholáthar do na Ballstáit maidir le cistí éagsúla an Aontais a d'fhéadfaí a úsáid, agus ba cheart dó malartú eolais agus deachleachtas a éascú agus a struchtúru idir na Ballstáit chun ceannach, léasú, glacadh ar cíos nó fruileannach feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de ag údaráis chonarhacha agus ag eintitis chonarhacha a chur chun cinn. Ba cheart don Choimisiún leanúint de sheirbhísí comhairleoireachta teicniúla agus airgeadais a chur ar fáil d'údaráis agus oibreoirí áitiúla trí ionstraimí amhail an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht, JASPERS agus JESSICA. Ba cheart a áireamh leis an gcúnamh sin údaráis chonarhacha agus eintitis chonarhacha a spreagadh chun a gcuid acmhainní a chomhthiomsú i soláthar comhpháirteach feithiclí iompair de bhóthar astaíochtaí ísle agus atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, chun barainneachtaí scála a bhaint amach agus chun gnóthú chuspóirí na Treorach seo a éascú.
- (29) Chun go mbeadh an tionchar is mó is féidir ag na hinfeistíochtaí, is gá comhordú níos fearr a dhéanamh ar an tsoghluaisteacht agus ar an bpleanáil uirbeach, amhail trí phleananna maidir le soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe (PSUInna) a úsáid. Is ionann PSUInna agus pleananna a fhorbraítear i réimsí beartais aonair agus i gcomhar le leibhéal éagsúla rialachais trína ndéantar modhanna difriúla iompair, sábháilteacht ar bhóithre, seachadadh lasta, bainistíocht soghluaisteachta agus córais chliste iompair a chónascadh. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag PSUInna i ngnóthú spriocanna an Aontais maidir leis na laghdúithe ar astaíochtaí CO₂, aerthruailliú agus truailliú torainn.
- (30) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le formáid choiteann na dtuarascálacha ó na Ballstáit agus a gcuid socruithe tarchuir a leagan amach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾.
- (31) Faoin 31 Nollaig 2027, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2009/33/CE. Ba cheart go mbeadh togra reachtach ag gabháil leis an athbhreithniú, i gcás inarb iomchuí, chun an Treoir sin a leasú don tréimhse i ndiaidh 2030, lena n-áirítear maidir le spriocanna uailmhianacha nua a shocrú agus an raon feidhme a leathnú go catagóirí eile feithiclí, amhail feithicil de chatagóir L agus innealra

⁽¹⁴⁾ IO C 200, 28.6.2014, lch. 1.

⁽¹⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 — An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104).

⁽¹⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (AE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

⁽¹⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

láithreacha tógála. Ina athbhreithniú, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh chomh maith, *inter alia*, ar an bhféidearthacht an Treoir seo a ailíniú le haon mhodheolaíocht arna forbairt i gcomhthéacs caighdeán feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO₂ d'fheithiclí AE chun astaíochtaí CO₂ ar feadh na saolré agus astaíochtaí CO₂ “ón tobar go dtí an roth” a chomhaireamh, chomh maith leis an bhféidearthacht ceallraí inbhuanaithe agus in-athchúrsáilte mar aon le húsáid bonn ardghráid agus atrácht a chur chun cinn.

- (32) Cé nach bhfuil feidhm ag na spriocanna íosta soláthair a leagtar amach sa Treoir seo maidir le hinstiúidí an Aontais, is inmhianaithe go dtabharfadh instiúidí an Aontais ceannaireacht le dea-shampla.
- (33) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon spreagadh ar thaobh an éilimh a thabhairt d'fheithiclí glana chun tacú le hascnamh chuig soghluaisteacht íseal-astaíochtaí, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr creat beartais comhchoiteann fadtéarmach agus de bharr fairsinge, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (34) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin ⁽¹⁸⁾, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.
- (35) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/33/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/33/CE

Leasaítear Treoir 2009/33/CE mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

“Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan a chur chun cinn chun tacú le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí”;

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

“Airteagal 1

Ábhar agus cuspóirí

Leis an Treoir seo, cuirtear de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú go dtugann údarais chonartha agus eintitis chonartha aird ar thionchair fuinnimh agus comhshaoil saolré, lena n-áirítear tomhaltas fuinnimh agus astaíochtaí CO₂ agus astaíochtaí truailleáin áirithe, nuair a bhíonn feithiclí iompair de bhóthar áirithe á soláthar agus é mar chuspóirí leis sin an margadh le haghaidh feithiclí atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn agus a spreagadh agus feabhas a chur ar rannchuidiú na hearnála iompair le beartais chomhshaoil, aeráide agus fuinnimh an Aontais.”;

- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

“Airteagal 2

Díolúintí

Féadfaidh na Ballstáit a dhíolmhú ó na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo feithiclí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 2(2) agus i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus i bpointí 5.2. go 5.5. agus i bpointe 5.7. de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(*) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfeithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).”;

⁽¹⁸⁾ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

“Airteagal 3

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le soláthar tríd an méid seo a leanas:

- (a) conarthaí maidir le feithiclí iompair de bhóthar, arna ndámhachtain ag údaráis chonarhacha nó ag eintitis chonarhacha, a cheannach, a léasú, a ghlacadh ar cíos nó a fhruilcheannach a mhéid atá siad faoi oibleagáid na nósanna imeachta um sholáthar a leagtar amach i dTreoracha 2014/24/AE (*) agus 2014/25/AE (**) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm;
- (b) conarthaí seirbhíse poiblí de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) a bhfuil mar ábhar acu soláthar seirbhísí iompair paisinéirí de bhóthar os cionn tairseach a shocróidh na Ballstáit ach nach mó í ná an luach tairisí is infheidhme mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) den Rialachán sin;
- (c) conarthaí seirbhíse a leagtar amach i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo a mhéid atá na húdaráis chonarhacha nó na heintitis chonarhacha faoi oibleagáid na nósanna imeachta um sholáthar a leagtar amach i dTreoracha 2014/24/AE agus 2014/25/AE a chur i bhfeidhm.

Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo ach amháin maidir leis na conarthaí sin a ndearnadh an glao ar thairiscintí ina leith a sheoladh tar éis an 2 Lúnasa 2021 nó, i gcásanna nach bhforáiltear do ghlaos ar thairiscintí, i gcás inar chuir an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach tús leis an nós imeachta um sholáthar tar éis an dáta sin.

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) feithiclí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d’Airteagal 2(2) agus i bpointe (c) d’Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2018/858;
- (b) feithiclí de chatagóir M₃ seachas feithiclí d’Aicme I agus feithiclí d’Aicme A mar a shainmhínítear i bpointí (2) agus (3) d’Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (****).

(*) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

(**) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

(***) Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí d’iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 agus Rialachán (CEE) Uimh. 1107/70 (IO L 315, 3.12.2007, lch. 1).

(****) Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe le haghaidh sábháilteacht ghinearálta mótarfeithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 200, 31.7.2009, lch. 1);

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

“Airteagal 4

Sainmhínithe

Chun críche na Treorach seo:

- (1) ciallaíonn ‘údaráis chonarhacha’ údaráis chonarhacha mar a shainmhínítear iad i bpointe 1 d’Airteagal 2(1) de Threoir 2014/24/AE agus in Airteagal 3 de Threoir 2014/25/AE;
- (2) ciallaíonn ‘eintitis chonarhacha’ eintitis chonarhacha amhail mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4 de Threoir 2014/25/AE;
- (3) ciallaíonn ‘feithicil iompair de bhóthar’ feithicil de chatagóir M nó N mar a shainmhínítear í i bpointí (a) agus (b) d’Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2018/858;

(4) ciallaíonn 'feithicil ghlan':

- (a) feithicil de chatagóir M1, M2 nó N1 ag a bhfuil astaíocht uasta sceithphíopa arna sloinneadh in CO₂ g/km agus astaíochtaí truaileán i bhfiordhálaí tiomána atá faoi bhun céatadán de na teorainneacha astaíochtaí is infheidhme a leagtar síos i dTábla 2 den Iarscríbhinn, nó;
- (b) feithicil de chatagóir M3, N2 nó N3 a úsáideann breoslaí malartacha mar a shainmhínítear iad i bpointí (1) agus (2) d'Airteagal 2 de Threoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), cé is moite de bhreoslaí a tháirgtear as stoc beatha lena ngabhann riosca ard indéach um athrú ar an talamhúsáid ar cuireadh síneadh suntasach leis an limistéar táirgthe chun go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige i gcomhréir le hAirteagal 26 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**). I gcás feithicil a úsáideann bithbhreoslaí leachtacha, breoslaí sintéiseacha agus breoslaí pairifíneacha, ní dhéanfar na breoslaí sin a chumasc le gnáthbhreoslaí iontaise;

(5) ciallaíonn 'feithicil tromshaothair astaíochtaí nialasacha' feithicil ghlan, mar a shainmhínítear í i bpointe 4(b) den Airteagal seo, nach bhfuil inneall dócháin inmheánaigh inti nó ag a bhfuil inneall dócháin inmheánaigh a astaíonn níos lú ná 1 g CO₂/kWh arna thomhas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (***) agus a bhearta cur chun feidhme, nó feithicil a astaíonn níos lú ná 1 g CO₂/km arna thomhas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (****) agus a bhearta cur chun feidhme.

(*) Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le húsáid a bhaint as bonneagar breoslaí malartacha (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).

(**) Treoir AE 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

(***) Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfeithicil agus innill a chineálcheadú i leith astaíochtaí ó fheithicilí tromshaothair (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi fheithicilí a dheisiú agus a chothabháil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/EC agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE (IO L 188, 18.7.2009, lch. 1).

(****) Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfeithicilí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithicilí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithicilí (IO L 171, 29.6.2007, lch. 1).";

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"Airteagal 5

Spriocanna íosta soláthair

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás soláthair feithicilí agus seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 3 den Treoir seo, go gcomhlíonfar na spriocanna íosta soláthair d'fheithicilí saothair éadroim glana a leagtar amach i dTábla 3 den Iarscríbhinn agus na spriocanna íosta soláthair d'fheithicilí tromshaothair glana a leagtar amach i dTábla 4 den Iarscríbhinn. Sloinntear na spriocanna sin mar chéatadáin íosta d'fheithicilí glana den líon iomlán feithicilí iompair de bhóthar atá cumhdaithe ag comhiomlán na gconarthaí go léir dá dtagraítear in Airteagal 3, arna ndámhachtain idir an 2 Lúnasa 2021 agus an 31 Nollaig 2025, don chéad tréimhse thagartha, agus idir an 1 Eanáir 2026 agus an 31 Nollaig 2030, don dara tréimhse thagartha.

2. Chun spriocanna íosta soláthair a ríomh, is é an dáta soláthair phoiblí atá le cur san áireamh ná an dáta a thugtar an nós imeachta um sholáthar poiblí i gcrích, tríd an gconradh a dhamhachtain.

3. Maidir le feithicilí a chomhlíonann an sainmhíniú ar fheithicil ghlan faoi phointe 4 d'Airteagal 4 nó an sainmhíniú ar fheithicilí tromshaothair astaíochtaí nialasacha faoi phointe 5 d'Airteagal 4 mar thoradh ar iarfeistiú, féadfar iad a chomhaireamh mar fheithicilí tromshaothair ghlana nó astaíochtaí nialasacha, faoi seach, chun críche na spriocanna íosta soláthair a chomhlíonadh.

4. I gcás conarthaí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3(1), cuirfear san áireamh líon na bhfeithicilí iompair arna gceannach, arna léasú, arna nglacadh ar cíos nó arna bhfruilcheannach faoi gach conradh chun críocha measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na spriocanna íosta soláthair.

5. I gcás conarthaí dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 3(1), cuirfear san áireamh líon na bhfeithicilí iompair de bhóthar a úsáidfead chun na seirbhísí a sholáthar atá clúdaithe le gach conradh chun críocha measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na spriocanna íosta soláthair.

6. I gcás nach nglacfar na spriocanna nua don tréimhse tar éis an 1 Eanáir 2030, leanfaidh na spriocanna arna leagan síos don dara tréimhse thagartha d'fheidhm a bheith acu, agus ríomhfar iad i gcomhréir le míreanna 1 go 5, thar thréimhsí 5 bliana ina dhiaidh sin.

7. Féadfaidh na Ballstáit spriocanna náisiúnta níos airde nó níos déine ná na spriocanna sin dá dtagraítear san Iarscríbhinn a chur i bhfeidhm, nó féadfaidh siad a údarú dá n-údaráis chonarthaacha nó d'eintitis chonarthaacha déanamh amhlaidh.”;

(7) scriostar Airteagail 6 agus 7;

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“Airteagal 8

Eolas agus dea-chleachtais a mhalartú

Déanfaidh an Coimisiún an malartú eolais agus dea-chleachtais a éascú agus a struchtúru idir na Ballstáit maidir le cleachtais chun soláthar feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de ag údaráis chonarthaacha agus ag eintitis chonarthaacha a chur chun cinn.”;

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“Airteagal 9

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an coiste a bunaíodh le hAirteagal 9 de Threoir 2014/94/AE cúnaimh a thabhairt don Choimisiún.

Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).”;

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

“Airteagal 10

Tuairisciú agus athbhreithniú

1. Faoin 2 Lúnasa 2022, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na bearta a bheidh déanta chun an Treoir seo a chur chun feidhme agus faoi intinn na mBallstát i ndáil le gníomhaíochtaí cur chun feidhme sa todhchaí, lena n-áirítear uainiú agus comhroinnt díchill a d'fhéadfadh a bheith ann idir leibhéil éagsúla rialachais, agus faoi aon fhaisnéis eile a mheasann an Ballstát a bheith ábhartha.

2. Faoin 18 Aibreán 2026, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Beidh na tuarascálacha sin ag gabháil leis na tuarascálacha dá bhforáiltear sa dara fómhír d'Airteagal 83(3) de Threoir 2014/24/AE agus sa dara fómhír d'Airteagal 99(3) de Threoir 2014/24/AE agus beidh faisnéis iontu faoi na bearta arna nglacadh chun an Treoir seo a chur chun feidhme, faoi ghníomhaíochtaí chur chun feidhme sa todhchaí, chomh maith le haon fhaisnéis eile a mheasann an Ballstát a bheith ábhartha. Áireofar sna tuarascálacha sin freisin líon na bhfeithiclí agus catagóirí na bhfeithiclí arna gcumhdach ag na conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Treoir seo, bunaithe ar na sonraí arna soláthar ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo. Cuirfear an fhaisnéis i láthair ar bhonn na gcatagóirí a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

3. Chun cúnaimh a thabhairt do na Ballstáit maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe, déanfaidh an Coimisiún líon na bhfeithiclí agus catagóirí na bhfeithiclí a chumhdaítear leis na conarthaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 3(1) den Treoir seo a thabhairt le chéile agus a fhoilsiú trí na sonraí ábhartha a bhaint as fógraí faoi dhámhachtain conarthaí a fhoilsítear ar an mbunachar sonraí “Tender Electronic Daily” (TED) i gcomhréir le Treoracha 2014/24/AE agus 2014/25/AE.

4. Faoin 18 Aibreán 2027, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina sonrú na bearta a bheidh déanta ag Ballstáit ina leith sin, tar éis na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 2.

5. Faoin 31 Nollaig 2027, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach seo agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach maidir lena leasú don tréimhse tar éis 2030 a thíolacadh, lena n-áirítear spriocanna nua a leagan síos agus catagóirí eile feithiclí a áireamh inti, amhail feithiclí dhá nó trí roth.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9(2) lena leagtar amach formáid na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus a socruithe tarchuir.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir le Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV) (IO L 340, 16.12.2002, lch. 1).";

(11) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 2 Lúnasa 2021. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna déanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2019.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

A. TAJANI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. CIAMBA

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

**FAISNÉIS FAOI SPRIOCANNA ÍOSTA SOLÁTHAIR D'FHEITHICLÍ GLANA IOMPAIR DE BHÓTHAR
A CHUR CHUN FEIDHME CHUN TACÚ LE SOGLUAISTEACHT ÍSEAL-ASTAÍOCHTAÍ SNA BALLSTÁIT**

Tábla 1: Cóid an Stóir Focal Chomhchoitinn um Sholáthar (CPV) le haghaidh seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 3(1).

Cód CPV	Tuairisc
60112000-6	Seirbhísí iompair phoiblí de bhóthar
60130000-8	Seirbhísí sainchuspóireacha iompair paisinéirí de bhóthar
60140000-1	Iompar neamhsceidéalta paisinéirí
90511000-2	Seirbhísí bailithe dramhaíola
60160000-7	Iompar an phoist de bhóthar
60161000-4	Seirbhísí iompair beartán
64121100-1	Seirbhísí seachadta poist
64121200-2	Seirbhísí seachadta beartán

Tábla 2: Tairseacha astaíochtaí d'fheithiclí saothair éadroim glana

Catagóirí feithicilí	Go dtí an 31 Nollaig 2025		Ón 1 Eanáir 2026	
	CO ₂ g/km	Astaíochtaí truaileán aeir RDE ⁽¹⁾ mar chéatadán de theorainneacha astaíochtaí ⁽²⁾	CO ₂ g/km	Astaíochtaí truaileán aeir RDE ⁽¹⁾ mar chéatadán de theorainneacha astaíochtaí ⁽²⁾
M ₁	50	80 %	0	n/b
M ₂	50	80 %	0	n/b
N ₁	50	80 %	0	n/b

⁽¹⁾ Luachanna uasta dearbhaithe d'astaíochtaí faoi fhíordhálaí tiomána (RDE) de líon na gcáithníní (PN) in mg/km agus ocsaídí nítrigine (NOx) in mg/km mar a thuairiscítear i bpointe 48.2 sa deimhniú comhréireachta, mar a dtugtar tuairisc air in Iarscríbhinn IX de Threoir 2007/46/CE ^(*) le haghaidh turais RDE iomlána agus uirbeacha araon.

⁽²⁾ Na teorainneacha astaíochtaí is infheidhme a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 715/2007, nó ina comharbaí.

^(*) Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí a cheadú, mar aon le córais, comhphárteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a ceapadh do na feithiclí sin (Treoir Réime) (IO L 263, 9.10.2007, lch. 1).

Tábla 3: Spriocanna íosta soláthair do sciar na bhfeithiclí saothair éadroim glana i gcomhréir le Tábla 2 de líon iomlán na bhfeithiclí saothair éadroim arna chumhdach leis na conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 3 ar leibhéal na mBallstát

Ballstát	Ón 2 Lúnasa 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025	Ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030
Lucsamburg	38,5 %	38,5 %
An tSualainn	38,5 %	38,5 %
An Danmhairg	37,4 %	37,4 %
An Fhionlainn	38,5 %	38,5 %
An Ghearmáin	38,5 %	38,5 %
An Fhrainc	37,4 %	37,4 %
An Ríocht Aontaithe	38,5 %	38,5 %
An Ísiltír	38,5 %	38,5 %
An Ostair	38,5 %	38,5 %
An Bheilg	38,5 %	38,5 %
An Iodáil	38,5 %	38,5 %
Éire	38,5 %	38,5 %
An Spáinn	36,3 %	36,3 %
An Chipir	31,9 %	31,9 %
Málta	38,5 %	38,5 %
An Phortaingéil	29,7 %	29,7 %
An Ghréig	25,3 %	25,3 %
An tSlóivéin	22 %	22 %
An tSeicia	29,7 %	29,7 %
An Eastóin	23,1 %	23,1 %
An tSlóvaic	22 %	22 %
An Liotuáin	20,9 %	20,9 %
An Pholainn	22 %	22 %
An Chróit	18,7 %	18,7 %
An Ungáir	23,1 %	23,1 %
An Laitvia	22 %	22 %
An Rómáin	18,7 %	18,7 %
An Bhulgáir	17,6 %	17,6 %

Tábla 4: Spriocanna íosta soláthair do sciar na bhfeithiclí tromshaothair glana de líon iomlán na bhfeithiclí tromshaothair arna chumhdach leis na conarthaí dá dtagraítear in Airteagal 3 ar leibhéal na mBallstát (*)

Ballstát	Trucailí (catagóir feithicle N ₂ agus N ₃)		Busanna (catagóir feithicle M ₃) (*)	
	Ón 2 Lúnasa 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025	Ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030	Ón 2 Lúnasa 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025	Ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030
Lucsamburg	10 %	15 %	45 %	65 %
An tSualainn	10 %	15 %	45 %	65 %
An Danmhairg	10 %	15 %	45 %	65 %
An Fhionlainn	9 %	15 %	41 %	59 %
An Ghearmáin	10 %	15 %	45 %	65 %
An Fhrainc	10 %	15 %	43 %	61 %
An Ríocht Aontaithe	10 %	15 %	45 %	65 %
An Ísiltír	10 %	15 %	45 %	65 %
An Ostair	10 %	15 %	45 %	65 %
An Bheilg	10 %	15 %	45 %	65 %
An Iodáil	10 %	15 %	45 %	65 %
Éire	10 %	15 %	45 %	65 %
An Spáinn	10 %	14 %	45 %	65 %
An Chipir	10 %	13 %	45 %	65 %
Málta	10 %	15 %	45 %	65 %
An Phortaingéil	8 %	12 %	35 %	51 %
An Ghréig	8 %	10 %	33 %	47 %
An tSlóivéin	7 %	9 %	28 %	40 %
An tSeicia	9 %	11 %	41 %	60 %
An Eastóin	7 %	9 %	31 %	43 %
An tSlóvaic	8 %	9 %	34 %	48 %
An Liotuáin	8 %	9 %	42 %	60 %
An Pholainn	7 %	9 %	32 %	46 %
An Chróit	6 %	7 %	27 %	38 %
An Ungáir	8 %	9 %	37 %	53 %
An Laitvia	8 %	9 %	35 %	50 %

Ballstát	Trucailí (catagóir feithicle N ₂ agus N ₃)		Busanna (catagóir feithicle M ₃) (*)	
	Ón 2 Lúnasa 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025	Ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030	Ón 2 Lúnasa 2021 go dtí an 31 Nollaig 2025	Ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2030
An Rómáin	6 %	7 %	24 %	33 %
An Bhulgáir	7 %	8 %	34 %	48 %

(*) Ní mór leath den sprioc íosta i dtaca leis an sciar de bhusanna glana a chomhlíonadh trí bhusanna astaíochtaí nialasacha a sholáthar mar a shainmhínítear i bpointe 5 d'Airteagal 4. Déantar an ceanglas sin a ísliú chuig aon cheathrú den sprioc íosta don chéad tréimhse thagartha más rud é gur busanna dhá stór atá i níos mó ná 80 % de na busanna atá cumhdaithe ag comhiomlán na gconarthaí go léir dá dtagraítear in Airteagal 3 agus a rinneadh a dhámhachtain i rith na tréimhse sin i mBallstát.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

COMHAONTUITHE IDIRINSTITIÚIDEACHA

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún

Tugann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún dá n-aird nach raibh an próiseas chun an áit ina mbeidh suíomh an Údaráis Eorpaigh Saothair tagtha chun críche tráth glactha an Rialacháin bhunaidh (⁽¹⁾).

Á mheabhrú dóibh an gealltanas maidir le comhar dílis agus trédhearcach, agus na Conarthaí á meabhrú dóibh, admhaíonn na trí Institiúid luach an mhalartaithe faisnéise ó na céimeanna tosaigh den phróiseas chun suíomh an Údaráis Eorpaigh Saothair a roghnú.

Agus luathmhalartú faisnéise ar bun, is éasca a bheadh sé do na trí institiúid a gcearta a fheidhmiú de réir na gConarthaí trí na nósanna imeachta gaolmhara.

Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rún an Choimisiúin dá n-aire aon bhearta iomchuí a dhéanamh ionas go ndéanfar foráil sa Rialachán bunaidh d'fhoráil maidir leis an áit ina mbeidh suíomh an Údaráis Eorpaigh Saothair, agus a áirithiú go n-oibreoidh an tÚdarás Eorpach Saothair i gcomhréir leis an Rialachán sin.

(¹) IO L186, 11.7.2019, lch. 21

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA